# OIDEACHAS REILIGIÚIN

## Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal na hArdteistiméireachta

## TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

**LAISTIGH**

**TREOIRLÍNTE AR GACH ROINN DEN SIOLLABAS**

**LEIDEANNA MÚINTEOIREACHTA**

**CÉIMEANNA CHUIG OBAIR CHÚRSA RATHÚIL**

**MEASÚNÚ**

**DRÉACHT-CHEISTEANNA SAMPLACHA**

**ACMHAINNÍ AGUS LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN ÚSÁIDEACHA**

**MÓIDE**

**Creatlach an churaclaim don tsraith shinsearach**

## CLÁR ÁBHAR


**RÉAMHRÁ** **3**

**CUID 1 AN SIOLLABAS** 4
• Struchtúr, seicheamhú agus roghanna an tsiollabais 4
• Samplaí de phleananna oibre dhá bhliain 6

**CUID 2 TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ AR GACH ROINN DEN SIOLLABAS** 13

Roinn A: Ag cuardach brí agus luachanna 14
Roinn B: An Chríostaíocht: bunús agus leaganacha comhaimseartha 28
Roinn C: Reiligiúin an domhain 45
Roinn D: Cinneadh morálta a dhéanamh 60
Roinn E: An Reiligiún agus cúrsaí inscne 69
Roinn F: Saincheisteanna córa agus síochána 83
Roinn G: Adhradh, urnaí agus deasghnátha 99
Roinn H: An Bíobla: litríocht agus téacs naofa 107
Roinn I: Cúrsaí reiligiúin: taithí na hÉireann 139
Roinn J: An reiligiún agus an eolaíocht 153

**CUID 3 BEALAÍ CUIR CHUIGE MÚINTEOIREACHTA AGUS LEIDEANNA PRAITICIÚLA** 164

- Praiticí Roinnte – Bealach i dtreo na críonnachta spioradálta a mhúineadh Aiste le T.H. Groome 164
- Saincheisteanna conspóideacha a mhúineadh 169
- Ceistiúchán criticiúil a úsáid san oideachas reiligiúin 174
- Múinteoireacht don éagsúlacht 179
- Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide san oideachas reiligiúin 184

**CUID 4 MEASÚNÚ** **190**

**CUID 5 OBAIR CHÚRSA** 211

**CUID 6 LEABHARLIOSTA AGUS LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN** 217

**AGUISÍN 1 PLEANÁIL DON OIDEACHAS REILIGIÚIN:**

**CREATLACH AN CHURACLAIM DON tSRAITH SHINSEARACH** **222**

# RÉAMHRÁ

## Oideachas reiligiúin sa churaclam

Leagann cláir na hArdteistiméireachta béim faoi leith ar dhaltaí a ullmhú do riachtanais an bhreisoideachais agus na breisoilúna, don fhostaíocht, agus dá ról mar shaoránaigh rannpháirteacha thionscantacha. Leagtar béim ar intinn cheisteach, ar mhachnamh criticiúil, ar réiteach fadhbanna, ar fhéinmhuinín, ar thionscantacht agus ar fhiontraíocht i siollabais na hArdteistiméireachta. Ullmhaíodh an siollabas i gcomhthéacs na ngnéithe sin agus ag cur san áireamh an pháirt shuntasach a ghabhann le hoideachas reiligiúin i gclár na hArdteistiméireachta.

Cuideoidh gabháil mhachnamhach leis an eolas, leis an tuiscint, leis na scileanna agus leis na meonta faoi leith ar a bhfuil siollabas an oideachais reiligiúin bunaithe, le forbairt na scileanna ceistithe, smaointeoireachta agus fadhbréitigh atá lárnach i gclár na hArdteistiméireachta. Tá tábhacht faoi leith don tsaoránacht náisiúnta agus domhanda ag baint leis an mbéim sa siollabas ar fhiúntas an chreidimh reiligiúnaigh, ar an éagsúlacht agus ar an meas ar cóir a bheith ag daoine ar a chéile.

Caithfidh an dalta a leanann den chúrsa staidéir seo ról an cheistitheora chriticiúil agus ról an chuardaitheora mhachnamhaigh a ghlacadh chuige/ chuici féin, róil atá i gceartlár an ghealltanais don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Éilíonn an t-oideachas reiligiúin i gclár na hArdteistiméireachta cíoradh na saincheisteanna ar nós brí agus luachanna, nádúr na moráltachta, forbairt agus éagsúlacht chreidimh, prionsabail na sochaí córa, agus na himpleachtaí a bhaineann le dul chun cinn na heolaíochta. Déantar an cíoradh sin i gcomhthéacsanna pearsanta, áitiúla agus domhanda agus is acmhainn luachmhar é don tsaoránacht rannpháirteach a shamhlaítear in aidhm an oideachais.

## Aidhmeanna an oideachais reiligiúin don Ardteistiméireacht

Tairgeann oideachas reiligiúin na hArdteistiméireachta leanúnachas agus dul chun cinn ó chlár an Teastais Shóisearaigh. Is iad na haidhmeanna atá tugtha thíos aidhmeanna an oideachais reiligiúin don mheasúnú agus don teistiúchán san iar-bhunscoil.

1. Tuiscint a chothú go mbaineann tóraíocht an duine ar bhrí na beatha leis an gcine daonna ar fad, is cuma cén aois iad nó cén ré lena mbaineann siad.

2. Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh, agus a gcuirtear fós, an tóraíocht seo ar bhrí na beatha in iúl i reiligiún.

3. A aithint go ndeachaigh tuiscintí ar Dhia, ar thraidisiúin reiligiúin, go háirithe an traidisiún Críostaí, chun leasa an chultúir ina mairimid agus go dtéann siad i bhfeidhm fós ar ár stíl mhaireachtála phearsanta, ar chaidreamh idirphearsanta agus ar chaidreamh idir daoine aonair, a bpobail agus a mbaineann leo.

4. Tuiscint ar shaibhreas na dtraidisiún reiligiúin a chothú, agus aitheantas a thabhairt do léirmhíniú ar an mbeatha nach bhfuil bunaithe ar reiligiún.

5. Forbairt spioradálta agus mhorálta an dalta a chur chun cinn.

Leis na haidhmeanna céanna á moladh do chúrsaí na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh, cuirtear béim ar an ngaol idir an dá chlár.  Cé go dtairgeann clár an Teastais

Shóisearaigh bonn láidir do dhaltaí chun staidéar a dhéanamh ag leibhéal na hArdteistiméireachta, ba chóir go mbeadh daltaí nach bhfuil staidéar déanta acu ar an gcúrsa don Teastas Sóisearach ábalta dul i ngleic le cúrsa staidéir na hArdteistiméireachta. Bíonn an staidéar *ab initio* seo éascaithe ag struchtúr Roinn A a fheidhmíonn mar réamhrá agus fhorbhreathnú ar an gcuid eile den chúrsa.

Cé go bhfuil aidhmeanna an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta coitianta, bíonn an leibhéal rannpháirtíochta leis na topaicí staidéir éagsúil agus é curtha in iúl go soiléir ag cuspóirí le haghaidh gach roinn agus torthaí a bhaineann le gach cuid den chúrsa.

**Aidhmeanna na dtreoirlínte**

Tá na treoirlínte deartha chun tacú le múinteoirí oideachais reiligiúin na hArdteistiméireachta lena gcuid clár a phleanáil, le heispéiris foghlama na ndaltaí a dhearadh, le measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar na heispéiris sin agus leis na daltaí a threorú ina gcuid ullmhúchán do scrúdú na hArdteistiméireachta. Nuair a bhí na treoirlínte seo á n-ullmhú, tugadh suntas áirithe do thraidisiún láidir na modheolaíochtaí gníomhacha agus eispéireasacha a bhaineann le sraith shinsearach an oideachais reiligiúin. Ag tógáil ar an traidisiún sin, tarraingíonn na treoirlínte ar bhealaí cuir chuige foghlama na n-aosach, ar bhealaí nuálacha cuir chuige i leith foghlama atá ag teacht chun cinn de thoradh taighde ar inspreagthacht na n-aosach óg, an modh foghlama atá acu, agus an bealach measúnaithe atá acu maidir lena gcuid foghlama féin.

Tá sé riachtanach na treoirlínte a úsáid i bpáirtíocht leis an siollabas. Ba chóir do mhúinteoirí an siollabas a sheiceáil ó thaobh difríochtaí i ndáil le hábhar ag an ardleibhéal agus ag an ngnáthleibhéal.

Cosúil le treoirlínte uile an mhúinteora atá ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, foilsítear iad i bhfoirm dréachta i dtús báire. De réir mar a thugann múinteoirí léargas ar an siollabas do dhaltaí agus mar a oibríonn daltaí le topaicí agus torthaí, déanfar ábhar breise a fhorbairt chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil. Is tionscadal leanúnach atá gan chríoch iad na treoirlínte i gcónaí. Ní féidir iad a thabhairt chun críche go dtí go ndéantar léargais ghairmiúla na múinteoirí atá ag obair leis an siollabas sna seomraí ranga a chur san áireamh. Tá an méid seo fíor go háirithe i gcás ábhair ar nós oideachas reiligiúin atá ar shiollabas na hArdteistiméireachta den chéad uair.

## CUID 1

## AN SIOLLABAS

**Struchtúr, seicheamhú agus roghanna an tsiollabais**

Tá deich roinn sa siollabas agus tá sé roinnte ina thrí chuid. Moltar 180 uair teagaisc a thráthchlárú maidir le hoideachas reiligiúin na hArdteistiméireachta.

**Cuid a haon**

Tá an roinn seo **éigeantach** do gach dalta.

**Roinn A**: **Ag cuardach brí agus luachanna**

**Cuid a dó**

Ní mór do dhaltaí staidéar a dhéanamh ar dhá roinn ó na roghanna seo a leanas:

**Roinn B**: An Chríostaíocht: bunús agus leaganacha comhaimseartha

**Roinn C: Reiligiúin an domhain**

**Roinn D**: Cinneadh morálta a dhéanamh

**Cuid a trí**

Ní mór do dhaltaí staidéar a dhéanamh ar **cheann amháin** díobh seo a leanas don scrúdú cinn chúrsa. Caithfidh an topaic atá roghnaithe don scrúdú a bheith éagsúil ó na topaicí atá ainmnithe don obair chúrsa gach bliain.

Roinn E: An Reiligiún agus cúrsaí inscne

Roinn F: Saincheisteanna córa agus síochána

Roinn G: Adhradh, urnaí agus deasghnátha

Roinn H: An Bíobla: litríocht agus téacs naofa

Roinn I: Cúrsaí reiligiúin: taithí na hÉireann

Roinn J: An reiligiún agus eolaíocht

**Ord**

Moltar an siollabas a mhúineadh san ord atá leagtha amach thuas. Mar sin féin, ní chuirtear bac ar fhéidearthachtaí chun naisc a dhéanamh le ranna eile an tsiollabais mar a thagann deiseanna aníos. Féadfar obair chúrsa a dhéanamh i mbliain a haon nó i mbliain a dó den chlár nó an obair a scaipeadh amach thar dhá bhliain. Moltar an obair a dhéanamh ag deireadh na chéad bhliana agus tús na dara bliana chun strus nach gá a sheachaint ag deireadh na dara bliana.

**Pleanáil**

Nuair atá clár staidéir á phleanáil, tá sé tábhachtach smaoineamh i gcónaí ar na haidhmeanna, cuspóirí, ábhar agus torthaí foghlama atá leagtha amach sa siollabas. Bunófar measúnú an Oideachais Reiligiúin don Ardteistiméireacht ar na cuspóirí a bhaineann le heolas, le tuiscint, le scileanna agus le dearcadh, laistigh de gach roinn den chúrsa chomh maith le torthaí foghlama.

## Samplaí de phleananna oibre dhá bhliain

## Rogha 1

Molann an chéad chur chuige cur i láthair córasach agus téamach a leanann ord an tsiollabais.

### BLIAIN A hAON

**Téarma a haon**
**Roinn A: Ag cuardach brí agus luachanna**

1.1 An comhthéacs comhaimseartha

1.2 Traidisiún an chuardaigh

2.1 Teanga na siombailí

2.2 Traidisiún an fhreagra

3.1 Na déithe ársa

3.2 Coincheap an fhoilsithe

3.3 Dia a ainmniú, mar a bhí agus mar atá

4.1 An reiligiún mar fhoinse luachanna coiteanna

4.2 Foinsí saolta luachanna coiteanna

**Téarma a dó**
**Roinn B: An Chríostaíocht: bunús agus leaganacha comhaimseartha**

1.1 Patrún an fhillte

1.2 Íosa agus a theachtaireacht sa chultúr comhaimseartha

2.1 Tionchar na Róimhe

2.2 Fianaise ar Íosa ó Nazarat

2.3 Teagasc Íosa agus tionchar an teagaisc ar an bpobal

2.4 Íosa mar Mheisias

3.1 Coinbhleacht leis an gcóras

3.2 Bás agus aiséirí Íosa

4.1 Mar a fheictear na chéad phobail Chríostaí trí cheann de scríbhinní Phóil

5.1 Léirmhíniú na teachtaireachta sa lá inniu

**Téarma a trí**

Obair Chúrsa

1 Socraigh ar thopaic
2 Déan taighde agus bailigh eolas
3 Déan anailís agus machnamh ar an eolas
4 Déan tionscadal oibre an chúrsa a scríobh suas i ndréachtfhormáid

## BLIAIN A DÓ

### Téarma a haon

**Athbhreithnigh, déan eagarthóireacht agus críochnaigh an obair chúrsa.**

**Roinn C: Reiligiúin an domhain**

1.1 An reiligiún mar fheiniméan domhanda

1.2 An reiligiún príomha

2.1 Fís den slánú

2.2 Pobal na gcreidmheach

2.3 Traidisiún ceiliúrtha

2.4 Dúshláin sa traidisiún

2.5 An dialóg idirchreidimh

3.1 Cultais agus seicteanna

**3.2 Roinnt gluaiseachtaí reiligiúnacha nua (Ardleibhéal)**

4.1 Traidisiún beo

### Téarma a dó

Féadfar roinn amháin ó Chuid 3 a roghnú, lasmuigh de ranna atá ainmnithe don obair chúrsa.

### Téarma a trí

**Roinn B**

5**.2 Treochtaí sa Chríostaíocht (Ardleibhéal)**

**Roinn C**

**1.3 An naofacht (Ardleibhéal)**

**Cuid 2: Gaol idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas (Ardleibhéal)**

**4.2 Traidisiúin i ndialóg (Ardleibhéal)**

**Dul Siar**

**Nóta:** Ní hamháin go ndéileálann daltaí ardleibhéil le topaicí breise, ach ní mór dóibh freisin dul i ngleic leis an gclár oibre iomlán ar bhealach níos sonraithe agus ar mhodh criticiúil.

**Rogha 2**

Aibhsíonn an cur chuige seo na ceangail atá idir ranna éagsúla an tsiollabais. Roghnaítear ranna A, C, D, agus J le haghaidh staidéir sa chás seo.

## BLIAIN A hAON

### Téarma a haon

Beidh príomhbhéim an téarma seo ar Roinn A an tsiollabais, agus naisc a dhéanamh le ranna eile de réir mar is cuí.

**Roinn A: Ag cuardach brí agus luachanna**

1.1 An comhthéacs comhaimseartha – cuardach brí an duine, eochaircheisteanna an tsaoil chomhaimseartha, srl.

**Roinn J: An reiligiún agus an eolaíocht**

1.1 Ceistiúchán i gcomhthéacs – riachtanas daonna an cheistiúcháin, liosta na gceisteanna bunaidh, ceisteanna atá coitianta don reiligiún agus eolaíocht, srl.

**Roinn A: Ag cuardach brí agus luachanna**

1.2 Traidisiún an chuardaigh – ról na fealsúnachta, Sócraitéas, Platón agus Arastatail, srl.

2.1 Teanga na siombailí – teacht chun cinn na siombailí mar fhreagra ar cheisteanna an tsaoil, cumhacht na teanga siombalaí

2.2 Traidisiún an fhreagra

**Roinn J: An reiligiún agus an eolaíocht**

3.1 An díospóireacht faoi bhunús – cosmeolaíochtaí ársa agus comhaimseartha

**Roinn A: Ag cuardach brí agus luachanna**

3.3 Dia a ainmniú, mar a bhí agus mar atá

3.1 Na déithe ársa

**Roinn J: An reiligiún agus an eolaíocht**

1.1 Dia na mbearnaí agus dhá íomhá eile de Dhia

**Roinn D: Cinneadh morálta a dhéanamh**

1.2 Cén fáth moráltacht? – Luachanna pearsanta agus pobail, léiriú na luachanna pearsanta agus pobail in eochairdhoiciméid

**Roinn A: Ag cuardach brí agus luachanna**

4.1 An reiligiún mar fhoinse luachanna coiteanna

4.2 Foinsí saolta luachanna coiteanna

### Téarma a dó

Beidh príomhbhéim an téarma seo ar Roinn C an tsiollabais, agus naisc a dhéanamh le ranna eile de
réir mar is cuí.

**Roinn D: Cinneadh morálta a dhéanamh**

1.1 Brí na moráltachta – an mhoráltacht, smaointeoireacht na sibhialtachta ársa faoi mhoráltacht

1.3 An leas coiteann agus cearta an duine (Ardleibhéal)

2.1 An gaol idir mhoráltacht agus reiligiún – duine reiligiúnach agus duine morálta, córais eiticiúla in dhá thraidisiún seachas an Chríostaíocht, athruithe ar thuiscint na moráltachta ó ré na hEagnaíochta i leith

2.2 An mhoráltacht agus an traidisiún Críostaí

2.2 Peirspictíochtaí Reiligiúnacha ar an teip mhorálta

**Roinn C: Reiligiúin an domhain**

2.1 Fís den slánú – fís den slánú a mholann an dá thraidisiún, íomhá an duine daonna, nádúr an ghaoil idir an tarchéimnitheacht agus an daonnacht

**Roinn D: Cinneadh morálta a dhéanamh**

3.1 An mhoráltacht i sochaí iolraíoch

3.2 Teoiricí morálta i mbun gnímh

**Roinn J: An reiligiún agus an eolaíocht**

1.2 An Pobal – tábhacht an phobail i ndáil le fiontair eolaíocha agus diagachta, taighde oibiachtúil agus suibiachtúil, modh eolaíoch agus teoiricí an imscrúdaithe, diagacht agus teoiricí an léirmhínithe.

**Roinn D: Cinneadh morálta a dhéanamh**

4.1 I dtreo na haibíochta morálta

4.2 An coinsias

4.2 I mbun cinneadh a dhéanamh

**Roinn J: An reiligiún agus an eolaíocht**

4.1 Ceisteanna faoin mbeatha: cur síos eolaíoch agus reiligiúnach ar thús na beatha agus ar nóiméad an bháis

**4.2 An díospóireacht faoin ngéineolaíocht (Ardleibhéal)**

## BLIAIN A hAON

**Téarma a trí**

Obair Chúrsa

1 Socraigh ar thopaic

2 Déan taighde agus bailigh eolas

3 Déan anailís agus machnamh ar an eolas

4 Déan an obair chúrsa a scríobh suas

## BLIAIN A DÓ

**Téarma a haon**

Beidh príomhbhéim an téarma seo ar Roinn J an tsiollabais, agus naisc a dhéanamh le ranna eile de
réir mar is cuí.

**Roinn J: An reiligiún agus an eolaíocht**

2.1 An eolaíocht agus reiligiún ar dhá chonair ar leith
i mbealaí ar leith – Galileo, tús na heolaíochta
nua-aimseartha, freagairtí éagsúla na reiligiún

2.1 An eolaíocht versus reiligiún, eolaíocht agus
reiligiún i ré na hEagnaíochta, Descartes agus Newton

2.2 Teannas idir an eolaíocht agus an reiligiún – comhthéacs agus
teoiricí Darwin, freagairt ó cheann amháin de
mhór-reiligiúin an domhain

2.3 An eolaíocht agus reiligiún i ndialóg – an ghéarchéim éiceolaíoch, léargas diagaire agus léargas eolaí ar an ngéarchéim, tuiscint ar chruthú an domhain i gceann amháin de mhór-reiligiúin an domhain

**Tuiscint chodarsnach ó thraidisiún reiligiúnach eile (Ardleibhéal)**

**Súil Siar ar Roinn C**: Reiligiúin an domhain (bliain 1)

2.1 Fís den slánú – fís den
Slánú a mholann an dá thraidisiún, íomhá
an duine daonna, nádúr an

**Téarma a dó**

Beidh príomhbhéim an téarma seo ar Roinn C an tsiollabais, agus naisc a dhéanamh le ranna eile de
réir mar is cuí.

**Roinn C: Reiligiúin an domhain**

1.1 An reiligiún mar fheiniméan domhanda

1.2 An reiligiún príomha

**1.3 An naofacht (Ardleibhéal)**

**Roinn A: Ag cuardach brí agus luachanna**

3.2 Coincheap an fhoilsithe - foilsiú ó
Dhia i ndá théacs agus thraidisiún
éagsúla, **brí na tarchéimnitheachta in dhá thraidisiún reiligiúnacha.**
**(Ardleibhéal)**

**Roinn C: Reiligiúin an domhain**

2.2 Pobal na gcreidmheach (in dhá thraidisiún)

2.3 Traidisiún ceiliúrtha (in dhá thraidisiún)

2.4 Dúshlán sa traidisiún

**2.6 An dialóg idirchreidimh – an gaol idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas**

**(Ardleibhéal)**

3.1 Cultais agus seicteanna

**3.3 Roinnt gluaiseachtaí reiligiúnacha nua (Ardleibhéal)**

4.1 Traidisiún beo

**4.2 Traidisiúin i ndialóg (Ardleibhéal)**

**Téarma a trí**

Dul Siar

ghaoil idir an tarchéimnitheacht
agus an daonnacht
Súil Siar ar Roinn A: Ag cuardach brí
agus luachanna (bliain 1)
3.1 Na déithe ársa – coincheap
Dé sa Ghiúdachas, Chríostaíocht agus
Ioslamachas

**Roinn J: An reiligiún agus an eolaíocht**

**3.2 An fhisic nua agus reiligiún –
ceisteanna atá ag teacht chun cinn
(Ardleibhéal)**

Athbhreithnigh, déan eagarthóireacht agus
críochnaigh an obair chúrsa.

**Clár dhá bhliain a phleanáil i ndáil le hoideachas reiligiúin na hArdteistiméireachta**.

Tá an bhileog pleanála bhán seo a leanas deartha chun cabhrú leat do chlár oibre féin a phleanáil

**Bliain 1**

**An chéad téarma**

Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________

**An dara téarma**

Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________

**An tríú téarma**

Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________

**Tosaigh ar an obair chúrsa**

## Bliain 2

**An chéad téarma**

Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________

**Críochnaigh an obair chúrsa**

**An dara téarma**

Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________
Roinn ________________Cuid __________________

**An tríú téarma**

**Topaicí - Dul Siar**

-
-
-
-
-
-
-
-

**Nóta:** Moltar 180 uair teagaisc a thráthchlárú maidir le hoideachas reiligiúin na hArdteistiméireachta.

# CUID 2

# TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ AR GACH ROINN

# DEN SIOLLABAS

## RÉAMHRÁ

Déantar gach roinn den siollabas a iniúchadh go sonrach sna leathanaigh seo a leanas. **Tá na hábhair seo beartaithe mar léitheoireacht chúlra don mhúinteoir agus níl siad beartaithe mar acmhainní do dhaltaí**. Tá sé mar aidhm:

- cabhrú leis an múinteoir tuiscint níos fearr a fháil ar na príomhthopaicí agus ar an ábhar atá mar bhonn ag gach roinn den siollabas
- bealaí praiticiúla agus cruthaitheacha a mholadh inar féidir leis an múinteoir na topaicí sin a chíoradh agus a fhiosrú i gcomhthéacs an ranga.

Bíonn na heilimintí seo a leanas le fáil i ngach cuid:

- eolas cúlra don mhúinteoir ar phríomhthopaicí an tsiollabais
- gníomhaíochtaí molta do dhaltaí
- bealaí cuir chuige múinteoireachta molta
- naisc le ranna eile an tsiollabais a bheadh ábhartha
- acmhainní agus láithreáin ghréasáin úsáideacha.

Níl liosta na n-ábhar acmhainní atá liostáilte uileghabhálach, ach is samplaí iad ar na hacmhainní atá ar fáil agus atá molta ag múinteoirí. Moltar oiriúnacht ábhar an láithreáin ghréasáin a sheiceáil i gcónaí roimh é a mholadh do dhaltaí.

Gheobhaidh múinteoirí acmhainn luachmhar sna leathanaigh a leanas i ndáil le pleanáil ranga atá le húsáid leis an siollabas, atá mar bhundoiciméad do mhúinteoirí i gcónaí. Ba chóir do mhúinteoirí dul i gcomhairle leis an siollabas chun cinntiú go ndéantar na torthaí foghlama agus cuspóirí i ndáil le gach roinn den siollabas a bhaint amach.

## ROINN A

## Ag Cuardach Brí agus Luachanna

Tá an roinn seo den siollabas roinnte ina cheithre chuid: díríonn an chéad chuid ar an gcomhthéacs ina dtarlaíonn cuardach an bhrí agus na luachanna, an dara cuid ar an bhfreagra ar thóraíocht an bhrí agus luachanna, an tríú cuid ar chreideamh i nDia mar lócas don tóraíocht sin, agus an ceathrú cuid ar an gcaoi ina bhfreagraíonn reiligiún le saincheisteanna na beatha agus ina múnlaíonn sé na saincheisteanna sin.

### Gníomhaíocht dhírithe

Bheadh cuairt ar Leabharlann Chester Beatty nó ar a láithreán gréasáin go maith mar réamhrá don chuid sin den chúrsa.

### Topaic a haon: Ag tóraíocht brí

Tá an roinn seo roinnte ina dhá chuid: breathnaíonn an chéad chuid ar an gcomhthéacs comhaimseartha i ndáil le cuardach an bhrí agus luachanna, agus díríonn an dara cuid ar chomhthéacs cultúrtha níos leithne na bpríomhcheisteanna a mhúnlaigh stair na fealsúnachta. Is é cuspóir an roinnte sin ná cúnamh a thabhairt don mhúinteoir cuardach an bhrí agus luachanna a bhunú in eispéireas comhaimseartha na ndaltaí, ach le léiriú a thabhairt freisin go ndéanann ceisteanna a chuireann an tóraíocht sin in iúl na teorainneacha cultúrtha agus glúine uile a tharchéimniú. Ní hamháin go mbíonn gach duine ag cuardach brí agus luachanna ina shaol féin ach bíonn sraith ceisteanna coitianta ann a chuireann béim ar an gcuardach sin. Mar shampla de na heochaircheisteanna seo, áirítear:

- an bhfuil sprioc agus cuspóir leis an mbeatha agus más amhlaidh go bhfuil, cad iad agus conas a thagann daoine orthu?
- an bhfuil a leithéid de rud ann ar a thugtar an dea-bheatha agus, más amhlaidh go bhfuil, cad tá ann agus conas a thuigimid céard é féin?
- cad is cúis le fulaingt ar domhan, conas gur féidir linn déileáil leis, agus an mbeimid ábalta fáil réidh leis riamh?

Ceann de phríomhléargais na ranna seo den siollabas ná aitheantas go bhfuil na ceisteanna sin le fáil i ngach cultúr atá taifeadta ó thús na sibhialtachta.

Iarrtar ar dhaltaí in 1.1 tosca cultúrtha a aithint ar féidir iad a bheith mar chonstaic i ndáil le tóraíocht an bhrí agus luachanna agus samplaí a thabhairt ar fheiniméan comhaimseartha na neamhshuime maidir le cuardach an bhrí. Nuair atáthar ag déileáil leis an gceist, bheadh sé úsáideach dhá fhoirm neamhshuime atá go hiomlán éagsúil óna chéile a aithint leis na fréamhacha seo a leanas:

- glacadh gan cheistiú de loighic na réasúnaíochta ionstraimí
- teip ar bhrí ar bith a aimsiú sa bheatha.

Tá an fheasacht ar cheannas méadaithe na réasúnaíochta ionstraimí sa chultúr comhaimseartha ag dul i méid – cineál réasúnaíochta tomhaltaí a spreagann 'loighic an mhargaidh', áit ina mbíonn praghas agus seilfré ag gach rud agus duine.  Imeallaíonn éiteas mar sin an cineál luachanna atá le fáil in eitic suáilcí; bíonn claonadh ann saincheisteanna bunúsacha an bhrí agus luachanna a chur go leataobh i bhfabhar ceisteanna pragmatacha níos gearrthéarmaí. Gan amhras, is féidir le héiteas cultúrtha mar sin leibhéal na neamhshuime a mhéadú. Mar sin féin, is dearcadh casta é an neamhshuim. Bíonn sé mar mhasc go minic a cheileann dearcadh fíordhuairc ar an saol agus/nó an mothú folaimh nó fiú amháin teip ar bhrí na beatha a aimsiú. Féadfaidh dearcadh mar sin eascairt as breoiteacht, uaigneas, dífhostaíocht nó mothú an diúltaithe i gcaidreamh.  Cuirtear an dearcadh in iúl trí fhrásaí ar nós 'Is cuma', 'Níl tábhacht ar bith leis'. Ní hamháin go dtugann an neamhshuim seo le fios nach bhfuil rud ar bith le creidiúint, ach nach bhfuil duine ar bith le creidiúint ach an oiread.

**Naisc leis an siollabas**

Roinn J: An reiligiún agus an eolaíocht – Topaic 1.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- Spreagtar do dhaltaí samplaí den chultúr comhaimseartha a thabhairt nuair a bhreathnaítear ar an gcomhthéacs comhaimseartha (1:1) – ceol, ealaín, litríocht nó cultúr na n-óg – a léiríonn cuardach daonna an bhrí. Féadfaidh daltaí oibriú i ngrúpaí beaga chun teacht ar a gcuid samplaí féin.

- I measc na samplaí sin, áirítear:

    - Patrick Kavanagh: The Great Hunger
    - Péintéireacht Phicasso: Guernica
    - U2: I still haven't found what I'm looking for
    - Diana Ross: Do you know where you're going to?

**Bealaí cuir chuige múinteoireachta**

Nuair atá an téama seo á fhorbairt, iarrtar ar dhaltaí samplaí a thabhairt ar phríomhcheisteanna a bhaineann le cuardach an bhrí agus luachanna.  Tá sé tábhachtach cuireadh a thabhairt do dhaltaí teacht suas lena gceisteanna 'móra' féin.

D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a áireamh i measc na samplaí sin:

- cé as a dtagann sonas?
- cén fáth a bheith go maith?
- cén fáth a dtarlaíonn drochrudaí do dhaoine maithe?
- cén fáth a bhfuil olc ar domhan?
- an féidir le rudaí maithe teacht ón bhfulaingt?

D'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí tuairimí faoi shonas sa saol nua-aimseartha a aithint sna meáin. Mar shampla, scéal faoi dhuine ag buachan an Lotó.

**Acmhainní**

Cassidy, Sheila, Audacity to Believe

Keenan, Brian, An Evil Cradling
Tuohy, D. agus Cairns, P. (2000) Youth 2K: Threat or Promise to a Religious Culture
Baile Átha Cliath: Institiúid Oideachais Marino
Frankl, Viktor, Man's Search for Meaning

Chun cuid de théacs a leabhair seo a fheiceáil, féach:
http://www.geocities.com/~websinds/frankl/quotes.htm.

Tá acmhainní múinteoireachta ar Frankl le fáil ar www.teachnet.ie (féach ar shraith shinsearach OR)

Wiesel, Elie, Night, Crossword publications

Féach ar láithreán gréasáin Logos freisin (www.materdei.ie/logos), roinn D, cuid a dó ina bhfuil dhá alt faoin téama seo

(i) 'Ag cuardach brí'

(ii) 'Foinsí an bhrí sa saol'.

Tá alt gearr i roinn D, cuid a cúig freisin dar teideal, 'Apathy and religious indifference'.

Tugtar príomhphearsana i stair na fealsúnachta isteach sa siollabas ag an staid seo (1:2). Déantar é seo chun pointe iontrála machnaimh eile a chur ar fáil faoi na heochaircheisteanna a bhaineann le cuardach daonna an bhrí agus luachanna. Is é nádúr agus cuspóir na fealsúnachta ná machnamh a dhéanamh ar na saincheisteanna bunúsacha sin, ag tabhairt aitheantais don tuairim go bhfuil an duine daonna uathúil mar gheall ar chuardach na heagnaíochta. Bealach amháin chun stair na fealsúnachta a thuiscint ná breathnú uirthi mar thaifead de chuardach eagnaíochta an duine mar a dhéanann gach glúin agus cultúr ceisteanna bunúsacha an bhrí agus luachanna a athmhúnlú.

Ní mór do dhaltaí a bheith ábalta achoimre a chur i láthair in 1.2 ar dhá cheann de phríomhsmaointe Shócraitéas, Phlatón agus Arastatail. Éilítear orthu freisin míniú a thabhairt ar thábhacht gach smaoinimh i bhforbairt na fealsúnachta. Tá gach ceann de na fealsúna ag streachailt le ceisteanna atá mar chuid d'eispéireas uilíoch an duine. Mar shampla, d'fhéadfaí argóint a dhéanamh go bhfeictear coimhlint idir dhá thuairim den domhan atá fíoréagsúil óna chéile agus atá le feiceáil go laethúil sa saol comhaimseartha in agallaimh Shocraiteacha cosúil le Gorgias agus Protagoras. Déanann Sócraitéas na hargóintí seo a leanas i gcoinne na Sofaistí:

(i) is fearr an t-olc a fhulaingt ná an t-olc a dhéanamh

(ii) ní féidir breathnú ar an gceartas mar shraith rialacha atá leagtha síos ag daoine cumhachtacha ar an bprionsabal gurb é an rud láidir an rud ceart

(iii) tá dualgas orainn an fhírinne a chuardach seachas áitiú ar dhaoine eile go bhfuil ár gcuid tuairimí fíor

(iv) ní hionann an dea-bheatha agus pléisiúr.

Sna cásanna uile ina raibh Sócraitéas i gcoinne na Sofaistí, rinne sé argóint ar son oibiachtúlacht na luachanna ar nós an cheartais, an tsuáilcis agus na fírinne. Ina theannta sin, chreid sé go láidir

go raibh an duine daonna ábalta fíor-nádúr na luachanna sin a aithint agus go bhfuil an dualgas air cloí leo. An rogha eile a bhí ann, dar leis, ná cineál ainrialtachta morálta a chumhdaíonn prionsabal na cumhachta nach maireann ach an duine is láidre. Feictear dúinn sa lá atá inniu ann go bhfuil an díospóireacht sin chomh hábhartha céanna nuair a chuireann an tsochaí dúshlán faoi thuairimí suibiachtúla na corraitheachta agus na polaitíochta cumhachta araon.

Tá tionchar Phlatón riachtanach chun scagadh a dhéanamh ar an gcreideamh Socraiteach in oibiachtúlacht na gcoincheap cosúil leis an bhfírinne, leis an suáilceas, leis an gceartas, srl. Is léiriú ar an áitiús sin é teoiric na Smaointe atá aige. Bunaithe ar iomas go gcaithfidh na nithe seo a leanas a bheith i gceist le an rud atá fiúntach, luachmhar agus réadúil:

(i) rud atá síoraí seachas críochta

(ii) rud atá oibiachtúil agus gan a bheith suibiachtúil – nach bhfuil a bheithsine nó a luach ag brath orm

(iii) rud atá do-athraithe, agus nach bhfuil díomuan.

Ba é áitiús Phlatón ná gur ionann an rud uilíoch nó an Fhoirm/Smaoineamh agus an rud atá ann i ndáiríre. Níl sa duine aonair nó rud ach cóip ar an bhFoirm/Smaoineamh. Níl siad ann ach amháin go dtí pointe ina bhfuil siad rannpháirteach san Fhoirm/Smaoineamh. Tá áilleacht, fírinne, suáilceas, ceartas, srl., ann go fírinneach. Rudaí uilíocha is ea iad atá síoraí, oibiachtúil, do-athraithe, spioradálta agus réadúil. Meabhraíonn scríbhinní Phlatón dúinn an bealach ina bhfuil sprioc agus cuspóir na beatha, cuardach an bhrí agus luachanna múnlaithe ag grá uilíoch na háilleachta, na fírinne, na maitheasa agus an ghrá. Níl na coincheapa sin mar chuid den tsamhlaíocht agus ní cruthú suibiachtúil iad; níl áilleacht i súile an duine eile amháin agus ní féidir an dea-bheatha a chinneadh go simplí trí rudaí a airím atá go maith (corraitheacht). Tá áilleacht, fírinne, maitheas, agus grá ann go fírinneach, agus ina theannta sin, tá siad neamhbhásmhar.

Cé go bhfuil rudaí áirithe atá mealltach ann, níl teoiric *Smaointe* Phlatón gan cháinteoirí. Go háirithe, ní bheadh mórán bá ag daoine leis an gcarachtar déach – dhá dhomhan ar leith a chruthú, mar atá Foirm (neamhábhar/uilíoch) agus Ábhar (ábhar/pairticleártha). Lena chois sin, easaontaíonn an fealsúnaí iomráiteach Arastatail, dalta Phlatón, go bunúsach le háitiús Phlatón gurb iad na rudaí uilíocha nó na Foirmeacha/Smaointe atá ann go fírinneach. Baineann an phríomhthábhacht leis an rud aonair dar le hArastatail – is é an tsubstaint aonair atá ann go fírinneach. Is teibíocht an rud uilíoch atá gan bheithsine ar leith.

Mar sin féin, fiú dá nglacfaí leis an gcáineadh ar fhealsúnacht Phlatón ní féidir ardéirim an fhealsúnaí a shéanadh mar aon leis an tionchar ar leith a bhí aige ar stair na sibhialtachta Eorpaí. Ní hamháin go nglacann Arastatail lena áitiús go bhfuil caighdeán réasúnaíoch níos airde lenar féidir iompraíocht an duine a bhreith, ach leanann Aquinas agus teoiricí an Dlí Nádúrtha an bóthar céanna sa lá atá inniu ann. Seo seasamh radacach a thugann dúshlán díreach do ghlacadh méadaithe na coibhneasachta i ndomhan comhaimseartha 'an iarthair'. Leanann ábharthacht na gcaighdeán oibiachtúil á léiriú féin ina bhfeidhmiú trí ghiúiréithe idirnáisiúnta i gcásanna coiriúla in aghaidh na daonnachta, srl.

Lena chois sin, tá ábharthacht leanúnach na smaointeoireachta clasaicí léirithe ag áitiús Arastatail go bhfaightear léargas ar fhéidearthacht an duine nuair a thuigtear eisint an duine. Spreagann sé dúinn smaoineamh lasmuigh den eispéireas láithreach, agus freastal ar chríoch nó chuspóir (telos) gach neach beo. Mar a fuair sé amach, ní fhaighimid greim ar ár sprioc sa saol ach amháin má

bhímid coinsiasach den speiceas lena mbainimid. Dar le hArastatail, tá gach neach (substaint) déanta de 'ábhar agus foirm' – ábhar príomhúil agus foirm shubstainteach. Is é an t-ábhar a dhéanann duine uathúil, cé go n-insíonn an fhoirm cén speiceas lena mbaineann duine. Dá réir sin, mar a thuigtear i dtéarmaí bitheolaíochta go bhfuil féidearthacht ag dearcán forbairt ina chrann darach, i dtéarmaí an bhrí agus luachanna i saol an duine aonair, spreagann Arastatail dúinn breathnú níos faide ná an rud láithreach agus smaoineamh ar an bhfoirm dhaonna ina ionad sin – féidearthacht an nádúir dhaonna.

Tá Arastatail lánchinnte go bhfuil ceist an bhrí nasctha le ceisteanna faoi sprioc nó cuspóir an tsaoil. Ina theannta sin, aithníonn sé gur argóint chumhachtach atá ann go maireann gach orgánach beo ar mhaithe le cuspóir i bhfabhar cruinne ordaithe agus beithsine neach intleachtúil atá mar chúis leis an ord sin. Ag teacht le tuairimí Phlatón, deir Arastatail go bhfuil ord ceart, réasúnaíoch agus nádúrtha maidir le tóraíocht an fhéinréadaithe aonair agus sóisialta, ord a aimsíonn léiriú in anailís na foirme substaintí .i. an nádúr daonna.

Mar a chuireann an siollabas (1.2) in iúl, aithnítear tionchar Arastatail ar fud an domhain maidir le smaointeoireacht agus prionsabail na heolaíochta. Tá eolaíocht de gach cineál tiomanta do mhíniú a fháil ar údar na n-eispéireas tríd an bpróiseas de bheithsine údar nó údair na n-eispéireas sin a nochtadh. Ní hamháin gur sholáthraigh Arastatail an chéad anailís chórasach ar nádúr na cúisíochta, ach d'aithin sé freisin gur bhraith intleachtacht na cruinne agus, dá bhrí sin, féidearthacht na fisice ar aitheantas ná chéad chúise, agus thug sé Dia ar an gcéad chúis sin.

Iarrtar ar dhaltaí ardleibhéil forbairt na fealsúnachta sa tSean-Ghréig a fhiosrú, agus tagairt speisialta a dhéanamh do na Sofaistí. An pointe iontrála is luachmhara sa domhan sin ná machnamh a dhéanamh ar thús neamhghnách na fealsúnachta sa limistéar geografach beag in oirthear na Meánmhara atá suite idir Ionia ar chósta iarthair na Tuirce mar atá inniu agus pobail bheaga a mhair i ndeisceart na hIodáile agus sa tSicil. Sa 6ú céad RC, d'eascair urfhuascailt sa tsibhialtacht ón gcultúr Gréagach sa limistéar sin. Is beag urfhuascailt mar sin a tharla in áit ar bith nó ag am ar bith eile. Bhí na mórcheisteanna faoi thóraíocht ar thuiscint an domhain bunaithe ar iomais iontacha mar a leanas:

a ní rud súgartha na ndéithe atá sa chosmas ach is cruinne ordaithe atá i gceist

b tá an t-ordú seo intuigthe .i. inrochtana don réasúnaíocht dhaonna.

Bhí smaointeoirí na Gréige amuigh ansin leo féin sa mhéid agus gur chreid siad go raibh an chruinne oscailte don mhíniú réasúnach seachas miotaseolaíoch. Ní bheadh domhan eolaíoch agus teicneolaíochta an lae inniu ann murach an tuiscint dhaonna sin.

Tugtar na fealsúna réamh-Shocráiteacha go coitianta ar na fealsúna is luaithe. Bhain siad le saincheisteanna bunúsacha mar seo a leanas:

a an bhfuil aontacht ag baint leis an gcosmas, agus más amhlaidh go bhfuil, cad a chuimsítear ann?

b conas a mhínítear indibhidiúlacht nó éagsúlacht an eispéiris?

c conas a mhínítear na heispéiris is bunúsaí, is iad sin gluaiseacht, athrú nó teacht chun bheith?

Baineann an cheist dheiridh le taithí uilíoch na breithe, an fháis, an lofa agus an bháis. Sa chreideamh muiníneach i gcumhacht an aigne dhaonna chun rúin na cruinne a urfhuascailt, féadfar breathnú ar chultúr na Sean-Ghréige mar áit bhreithe na sibhialtachta Eorpaí.

Le linn na haoise ina dhiaidh sin, tháinig an Aithin chun cinn mar lárionad chultúr na Gréige. Tháinig aicme smaointeoirí (na Sofaistí) chun cinn sa chuid dheiridh den 5ú haois, agus fostaíodh iad mar mhúinteoirí taistil. I measc na n-ealaíon praiticiúil a mhúin na Sofaistí, ba í an reitric – ealaín an áitithe – an ceann ba thábhachtaí. Bhí tionchar suntasach acu ar an luathoideachas clasaiceach, cé nach bhfaca gach duine go raibh tairbhe ann. Is iad cuid de na ráitis is coitianta a chloistear ar nádúr na moráltachta agus ar an mbealach is fearr le cathair a rialú ná '*man is the measure of all things*' (Protagoras), agus '*justice is simply the interest of the stronger*' (Thrasymachus). Is cosúil go dtugann na dearcaí sin tacaíocht don líomhain go bhfuil na Sofaistí i bhfabhar sochaí a bheadh ullamh gach tiomantas i ndáil le fírinne, suáilceas agus ceartas a íobairt ar altóir na coibhneasachta morálta agus na seiftiúlachta polaitíochta. Cibé fírinne atá sa cháineadh sin, níl aon amhras faoi dháiríreacht an aighnis idir Sócraitéas agus na Sofaistí (féach thuas).

Chomh maith leis an staidéar ar an bhfealsúnacht chlasaiceach, éilítear ar dhaltaí ardleibhéil cur síos a dhéanamh ar thrí mhórimeacht i stair na fealsúnachta. Rud atá dosheachanta ná go bhfuil eilimint de thosaíocht shuibiachtúil ag baint le rogha ar bith den nádúr sin. Mar sin féin, ní bheadh liosta ar bith sásúil mura dtugann sé aird ar an bhfealsamh Descartes agus ar phointe ama na staire a chuir tús leis an Nua-aoiseacht. Nuair atáthar ag déileáil leis na tosca a d'imir tionchar ar theacht chun cinn na Nua-aoiseachta, ba chóir do mhúinteoirí aird na ndaltaí a tharraingt ar éifeachtaí na hAthbheochana, an Reifirméisin agus fhorbairt na heolaíochta nua-aimseartha.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Déan comparáid idir smaoineamh Phlatón faoin áilleacht agus fógraíocht chomhaimseartha a dhíolann íomhá na háilleachta.

**Acmhainní**

D'fhéadfadh sraith leabhar dar teideal Very Short Introductions,
foilsithe ag Oxford University Press le déanaí, a bheith úsáideach do mhúinteoirí.

Féach go háirithe ar na leabhair a leanas:

Annas, J. (2000) Ancient Philosophy Oxford: OUP Very Short Introductions Series

Barnes, J. (2000) Aristotle Oxford: OUP Very Short Introductions Series

Taylor, C. (2000) Socrates Oxford: OUP Very Short Introductions Series

I measc na n-acmhainní a éascaíonn rannpháirtíocht na ndaltaí le domhan na fealsúnachta, áirítear:

Delius, C. ed. (2000) The Story of Philosophy: From Antiquity to the Present Cologne, Konemann

Gaarder. J. (1995) Sophie's World. Londain, Phoenix House

Robinson, D and Groves, G. Introducing Plato. Icon Books (Leabhar cartún)

Naisc le scannáin – Dead Poet’s Society, The Breakfast Club, Lord of the Flies.

Tá nasc sa roinn seo freisin le siollabas léinn clasaicigh an Teastais Shóisearaigh.

## Topaic a dó: An fhreagairt ar an gcuardach

Tá an roinn seo roinnte ina dhá chuid: teanga na siombailí agus traidisiún an fhreagra. Is é príomhbhéim na ranna ná an bealach ina n-aimsíonn cuardach an bhrí, ó na sibhialtachtaí taifeadta is luaithe, i dteanga na siombailí agus miotas, teanga a aibhsíonn braistint na sácráilteachta. Acmhainn iontach amháin do mhúinteoirí is ea Mircea Eliade. Cuireann a chuid scríbhinní anailís dhomhain ar fáil faoi mhiotaseolaíochtaí na bpobal ársa agus conas a chuireann na miotais sin léargais in iúl ó na pobail sin maidir le brí agus cinniúint an chine daonna.

Déanann an siollabas teanga na siombailí a chíoradh i 2.1. Tagann siombailí chun cinn i bhfoirmiú na bhfreagraí ar shaincheisteanna na beatha toisc gné tharchéimnitheach na n-eispéireas as a n-eascraíonn na ceisteanna sin. I measc réimsí eile, fiosraíonn Mircea Eliade cumhacht na teanga siombalaí i measc daoine aonair, grúpaí agus sochaithe. Sampla de mhórán téamaí a fhiosraíonn Eliade ná 'dreapadh'. Mar a mhíníonn sé, úsáideann mórán sibhialtachtaí siombail an dreaptha chun urfhuascailt chuig leibhéal difriúil na beithsine a shonrú. Mar shampla, is éard atá i gceist leis an mbás ná an staid daonna a tharchéimniú agus imeacht chuig an saol eile. Go hiondúil, léirítear nó tuigtear an aistear chuig 'léibheann uachtarach' mar aistear in airde, mar shiúlóid ar chonair sléibhe nó mar streachailt. De réir mhiotais na hIndia, stiúrann an chéad duine a fhaigheann bás, Yama, na daoine eile trí bhearnais sléibhe. San Éigipt, úsáideann Ra dréimire chun dreapadh ón domhan go neamh. Labhair bundúchasaigh na hAstráile faoi chrann mór a dhreapann anamacha chun teacht ar neamh. Mar sin, bíonn céim in airde ag baint le neamh a bhaint amach. Is minic a fheictear siombail an dreaptha i dtéacsanna reiligiúnacha – dréimire Iacóib, Mahamad ag feiceáil dréimire ag éirí ón teampall, léiríonn Naomh Eoin na Croise foirfeacht mhistiúil mar dhreapadh Shliabh Chairmeil.

### Gníomhaíocht do dhaltaí

Tabhair cuireadh do dhaltaí breathnú ar imeacht ar leith sa saol agus súil a chaitheamh ar na bealaí a dhéanann traidisiúin reiligiúnacha éagsúla an ócáid a chomóradh ag baint leasa as teanga shiombalach.

### Naisc leis an siollabas

Roinn G: Adhradh, urnaí agus deasghnátha – Topaic 1.1.

Roinn H: An Bíobla: litríocht agus téacs naofa – Topaic 3.3.

### Acmhainní

D'fhéadfadh na saothair a leanas a bheith úsáideach do mhúinteoirí:

Eliade, M. (1976) Myths, Dreams and Mysteries, Londain: Fontana Library, Collins, 5ú Cló.

Frankfurt, H. (1974) Before Philosophy: The Intellectual Adventure of Ancient Man
Londain: Penguin Books - caibidil 1 agus 2, dar teideal, 'Myth and Reality' agus
'Egypt: The nature of the Universe'. Tugann Caibidil 7, dar teideal 'The Good Life' léiriú iontach ar eipic Gilgamesh.

**Traidisiún an fhreagra**

Déanann an siollabas traidisiún an fhreagra a chíoradh i 2.2. Iarrtar ar dhaltaí cur síos a dhéanamh ar thrí mhiotas ó chultúir ársa a dhéanann iarracht eochaircheisteanna a fhreagairt. Áirítear leis na miotais sin:

- cuntas ar chruthú an domhain i nGeineasas
- eipic Gilgamesh
- miotais an dreaptha mar a chuirtear i láthair thuas.

Tá an t-ádh ar Éirinn mórán tuamaí ársa a bheith sa tír. Tugann siad deis phearsanta do dhaoine féachaint ar chumhacht na teanga siombalaí chun bríonna faoi cheilt a thaispeáint. Is dóigh gurb iad na láithreáin is iomráití ná na tuamaí atá suite in aice a chéile: Sí an Bhrú, Cnóbha agus Dubhadh ar a dtugtar tuamaí pasáiste. Is téama seasmhach i miotaseolaíochtaí agus reiligiúin an domhain atá i gcoincheap an aistrithe saoil ó neach amháin go neach eile. Tugann sé léiriú do shraith casta eispéiris cosúil leis an aistriú ó dhorchadas go solas, ón mbroinn go dtí an domhan, ón mbeatha go dtí an bás, agus chuig beithsine nua tar éis an bháis. Go háirithe, déantar miotais a bhaineann le siombail an aistrithe a nascadh le haistear chuig an lár, agus féachtar ar an lár mar pharthas, an áit a mbuaileann neamh agus domhan ar a chéile.

Nochtann an fealsúnaí Brendan Purcell líon ollmhór na siombailí atá le feiceáil i Sí an Bhrú. I measc na siombailí a nochtann sé i Sí an Bhrú, tá siombailí a bhaineann le háit agus le ham, siombailí na páirtíochta nó an phósta, siombailí an mhuintearais i ndáil le haonacht chosmach, agus siombail an aistrithe ó bhás go dtí croí na beithe.

**ACMHAINNÍ**

Purcell. B. (1985) In Search of Newgrange: Long Night’s Journey into Day’, Kearney, R. eag. The Irish Mind Baile Átha Cliath: Wolfhound Press lgh. 39 – 55 agus 319 – 323.

In Search of Ancient Ireland, sraith d’fhíseáin faisnéise. Littlebird productions.

www.mythicjourneys.org/big/myth Miotais maidir le cruthú an domhain ó áiteanna mórthimpeall an domhain.

Éilíonn an siollabas (2.2) ar dhaltaí a bheith in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(i) fianaise a chur ar fáil ar thuiscint na naofachta sa tsochaí chomhaimseartha

(ii) triúr mórphearsana sa traidisiún daonnachach a shainaithint

(iii) an t-aindiachas agus an t-agnóiseachas a shainmhíniú, agus a mhíniú.

Iarrtar ar dhaltaí ardleibhéil cur síos gearr a dhéanamh ar dhá chosmeolaíocht san eolaíocht nua-aimseartha agus míniú níos sonraí a thabhairt ar fhreagairtí neamhreiligiúnacha i ndáil le cuardach an bhrí.

Mar fhreagra ar (i), féadfaidh daltaí staitisticí a scrúdú ón Staidéar Luachanna Eorpacha 1999/2000 a léiríonn fianaise den drogall láidir atá ar thuataí na hEorpa neamhaird a dhéanamh ar an tsaintréith shácráilte de mhór-ócáidí an tsaoil. Sampla amháin ná an céatadán ard de dhaltaí a cheapann go bhfuil sé tábhachtach searmanais reiligiúnacha a bheith ann do shearmanais bhreithe, phósta agus an bháis.

Mar fhreagra ar (ii), féadfar aird a tharraingt ar mhórphearsana sa traidisiún Daonnachach ar nós Erasmus (1466 – 1536), Karl Marx (1818 – 1883) agus Albert Camus (1913 – 1960). Cuireann na difríochtaí idir an triúr fealsúna sin réimse leathan den traidisiún Daonnachach i gcuimhne dúinn.

Mar fhreagra ar (iii), tá sraith sainmhínithe úsáideacha le fáil i roinn D, cuid a cúig den láithreán gréasáin LOGOS www.materdei.ie/logos. faoin gceannteideal 'The Challenges to Faith'.

**Acmhainní**

D'fhéadfadh na hacmhainní seo a leanas a bheith úsáideach do mhúinteoirí chun an téama a chíoradh:

Alt le Jeff Chu, 'O Father Where Art Thou?' A study of European religious practice. Time Magazine, 16.6.2003.

Cassidy. E. eag. (2002) Measuring Ireland: Discerning Values and Beliefs Baile Átha Cliath: Veritas

www.europeanvaulues.nl

Tá go leor láithreáin ghréasáin ar an daonnachas le fáil ach iad a chuardach ar inneall cuardaigh

**Naisc leis an Siollabas**

Roinn I: Cúrsaí reiligiúin: taithí na hÉireann – Topaic 1.1

Roinn J: An reiligiún agus an eolaíocht – Topaic 3.1.

**Topaic a trí: Coincheapa de Dhia**

Tá an roinn seo roinnte ina trí chuid:

(i) Na déithe ársa

(ii) Coincheap an fhoilsithe

(iii) Dia a ainmniú, mar a bhí agus mar atá

Is é an cuspóir is tábhachtaí den roinn seo ná cabhrú le daltaí machnamh a dhéanamh ar an mbealach ina bhfuil an coincheap de Dhia bainteach le cuardach an bhrí agus luachanna sna traidisiúin reiligiúnacha. Múnlaíonn modh an chuardaigh sin an bealach ina ndéantar Dia nó déithe a léiriú.

Beidh machnamh déanta ag daltaí i gCuid a 2 ar raon leathan scéalta miotasacha a léiríonn cuardach an bhrí agus luachanna i gcultúir ársa. Is téama athfhillteach atá anseo, agus déantar forbairt ar an téama i 3.1, roinn a scrúdaíonn an modh ina ndéantar Dia nó Déithe a léiriú sna scéalta sin. Ceann de na bealaí is fearr don mhúinteoir leis an téama sin a chur i láthair na ndaltaí ná raon leathan na ndéithe sa Hiondúchas a chur i láthair agus na feidhmeanna atá acu i ndáil le cuardach an bhrí agus luachanna sa reiligiún Hiondúch.

Ní féidir a rá go cinnte cé chomh hildiach is atá an Hiondúchas mar reiligiún, ach is é an t-ildiachas is coitianta i measc reiligiúin an domhain. Tá trí mhóreisceacht ag baint leis an riail sin, is iad sin an Giúdachas, an Chríostaíocht agus an tIoslamachas – na trí reiligiún aondiacha chlasaiceacha. Is é an Giúdachas an sampla is luaithe de reiligiún aondiach atá ann agus tugann luathstair an reiligiúin sin go leor fianaise ar nádúr ollmhór na coimhlinte a bhain leis an gcreideamh seo a chosaint i gcoinne thionchar an ildiachais i gcultúir na ndaoine comharsanacha.

Níl aon amhras ach go gcabhródh nochtadh an téama sin i luath-stair an Ghiúdachais le daltaí tuiscint a fháil ar an gcomhthéacs reiligiúnach agus cultúrtha maidir le teacht chun cinn an aondiachais. Bealach eile chun cabhrú le daltaí an feiniméan a thuiscint ná meabhrú dóibh faoi na naisc láidre atá idir an Giúdachas agus an Chríostaíocht, agus na naisc reiligiúnacha agus chultúrtha freisin a bhaineann leis an dá reiligiún i ndáil le hIoslamachas ar bhonn aonair agus comhchoiteann.

Éilíonn an siollabas i 3.2 go ndéantar scrúdú ar choincheap an fhoilsithe ó Dhia. Ba chóir do dhaltaí a bheith eolach agus iad ag plé leis an topaic seo, i gcontrárthacht le reiligiún ar nós an Bhúdachais, go dtugtar ‘reiligiúin an leabhair’ ar na trí phríomhreiligiún aondiacha de bharr na béime a chuirtear ar fhoilsiú ó Dhia sa bhriathar scríofa sna reiligiúin seo.

**Naisc leis an siollabas**

| | |
|---|---|
| Roinn C: | Reiligiúin an domhain – Topaic 2.1. |
| Roinn E: | An Reiligiún agus cúrsaí inscne – Topaic 1.2 agus 2.1. |
| Roinn J: | An reiligiún agus an eolaíocht – Topaic 1.1. |

Iarrtar ar dhaltaí ardleibhéil i 3.2 cur síos a dhéanamh ar an tuiscint atá acu ar an neach tarchéimnitheach i ndá thraidisiún reiligiúnacha. D’fhéadfaí machnamh úsáideach a dhéanamh ar an Ioslamachas agus ar an gCríostaíocht mar cuireann siad tuairimí contrártha ar fáil i ndáil le tarchéimnitheacht Dé. Mar shampla, dhiúltódh Moslamaigh d’fhoirceadal ar bith a dhéanfadh moladh maidir le féidearthacht i ndáil le Dia ionchollaithe.

Iarrtar ar dhaltaí i 3.3 trí íomhá thraidisiúnta agus trí íomhá chomhaimseartha de Dhia a ainmniú agus a mhíniú. I measc samplaí d’íomhánna mar seo, áirítear:

- Dia mar athair
- Dia mar chruthaitheoir
- Dia mar neach Uilechumhachtach
- Dia mar ghrá
- Dia mar mháthair
- Dia mar chara
- Dia mar fhuascailteoir.

Féadfaidh múinteoirí dul i gcomhairle le Caibidil 5 'Imagination and the Development of Religious Concepts' in Watson, B. (1993) The Effective Teaching of Religious Education Londain: Longmans lgh. 54 - 71.

Lena chois sin, iarrtar ar dhaltaí roinnt eispéireas éagsúil a aithint atá le fáil in eispéireas comhaimseartha an duine.

- Sampla den rud fáidhiúil ná tagairt a dhéanamh do thaithí oibre le daoine imeallacha.
- Sampla den rud mistiúil ná tagairt a dhéanamh d'fhoirmeacha comhaimseartha an mhachnaimh Bhúdaíoch.
- Sampla den rud naofa ná tagairt a dhéanamh do sheirbhís reiligiúnach thraidisiúnta.
- Samplaí den rud fileata agus aeistéitiúil ná taithí ar 'ghluaiseacht go dtí an saol eile' trí dhul i ngleic le litríocht, ceol agus ealaín.

Tá an idé go bhfuil an coincheap de Dhia fite fuaite i gcuardach an bhrí agus luachanna le feiceáil go soiléir sna cruthúnais thraidisiúnta ar bheithsine Dé. Tabharfaidh daltaí ardleibhéil faoin téama sin.

Féadfar na bealaí clasaiceacha le hinchreidteacht an chreidimh a ghrúpáil faoi dhá cheannteideal atá bunaithe ar dhá phointe tosaigh éagsúla,

(i) pointe tosaigh a thosaíonn le domhan an cháis dhaonna

(ii) pointe tosaigh a thosaíonn le domhan lasmuigh den chás daonna.

An bealach is fearr leis an gcéad chur chuige a chur in iúl ná sliocht iomráiteach a lua ó Fhaoistiní an easpaig Agaistín Hippo ón gcúigiú haois: 'You have made us for yourself, O Lord, and our hearts are restless until they rest in you'. Cuireann an sliocht seo in iúl an mhian atá ionainn ar fad tuiscint a fháil orainn féin agus ar an domhan ina mairimid; dúil san fhírinne agus cuardach an tsonais agus na síochána. Tá léiriú faighte ag an mian seo trí chuardach Dé i ngach cultúr agus i ngach glúin.

Tá leagan eile den chur chuige sin ón gcás daonna le fáil i scríbhinní Ainseilm (1033 – 1109), ab Bec sa Normainn agus Ardeaspag Canterbury. Bhí idé ag Ainseilm maidir le bunús réasúnach an chreidimh agus, dá bharr sin, thosaigh sé ag smaoineamh faoi bhealaí chun tacaíocht intleachta a thabhairt dá chreideamh i nDia. Ina thráchtas iomráiteach an 'Proslogion', d'fhorbair Ainseilm rud ar a dtugtar 'Argóint Ointeolaíoch' sa lá atá inniu ann. Is é an pointe tosaigh don argóint seo ná glanréasún seachas eispéireas an duine. Dar le hAinseilm, toisc go sainmhínítear Dia mar neach foirfe, tá Sé ann. Ó idé thosaigh de Dhia mar 'something greater than which no greater can be thought', déanann sé argóint go conclúid go bhfuil Dia ann go réadúil toisc go bhfuil Dia san aigne mar, murach sin, ní bheadh Dia mar 'something greater than which no greater can be thought'. Níl an argóint ointeolaíoch gan cháineadh, ach chonaic Ainseilm mórchuid na cáinte ag teacht. Mar sin féin, tá iontas ann fós de bharr na muiníne a léirítear i gcumas na haigne daonna chun eolas ar Dhia sa saol seo a bhaint amach.

I gcontrárthacht leis an argóint ointeolaíoch, glactar leis an gcosmas - an domhan lasmuigh den chás daonna - mar phointe tosaigh sna cúig bhealach iomráiteacha de chuid an fhealsúnaí agus

diagaire Thomas Aquinas sa tríú haois déag. 'Argóintí Cosmeolaíochta' a thugtar orthu sin. Tosaíonn gach ceann den chúig 'chruthúnas' le haitheantas ar eispéiris a tharraingíonn aird ar nádúr teagmhasach na beithsine mar atá. Mar a chonaic Aquinas, feicimid an domhan mar áit intuigthe, ordaithe, chuspóireach agus álainn, agus fós féin níl míniú ag an domhan ar a bheithsine, a intuigtheacht nó a áilleacht féin. Do chreidmhigh, treoraíonn an paradacsa sin daoine i dtreo glacadh le Dia mar bhunús agus sprioc an domhain mar atá.

**Topaic a ceathair: An reiligiún agus luachanna ag teacht chun cinn**

Iarrtar ar dhaltaí

(i) cur síos a dhéanamh ar an ngaol idir thuiscint ar Dhia agus choincheap an duine daonna

(ii) tabhair samplaí de bhealaí ina bhfuil tionchar ag na ceangail sin ar noirm iompraíochta sna traidisiúin reiligiúnacha.

Bealach maith chun teacht ar na torthaí gaolmhara ná tarraingt ar chomparáidí áirithe idir na trí reiligiún aondiacha chlasaiceacha: an Giúdachas, an Chríostaíocht agus an tIoslamachas. Cé go gcloíonn siad ar fad leis an aondiachas, tá coincheap Dé beagán difriúil óna chéile sna trí reiligiún dhomhanda sin. Leis an gcineál cur chuige seo, féadfar tuiscint a thabhairt do dhaltaí go bhfuil impleachtaí iompraíochta/eiticiúla ag baint le léiriú Dé sa reiligiúin agus a thuiscint ar an rud diaga/ar an gcaidreamh daonna, agus múnlaíonn siad an bealach ina ndéantar cuardach an bhrí agus luachanna a thuiscint.

Faoin gceannteideal 'Foinsí saolta luachanna coiteanna' (4.2), cuireann an siollabas deis ar fáil do dhaltaí machnamh seasta a dhéanamh ar fhreagraí neamhreiligiúnacha i ndáil le mórcheisteanna na beatha. Seo topaic a bhí mar théama athfhillteach sa roinn. Dí-eaglaisiú ná an próiseas ina ndéanann cultúr é féin a shainiú i gcomhthéacs 'an domhain seo'. San fhoirm is radacaí, déanann dí-eaglaiseachas tagairt ar bith do scóip reiligiúnach, shácráilte agus tharchéimnitheach an bhrí a eisiamh.

Iarrtar ar dhaltaí i 4.2 trí mhórimeacht a aithint i dteacht chun cinn an chórais luachanna saolta. Ina measc seo, áirítear:

- teacht chun cinn an daonnachais shaolta lena bhunús in Athbheochan sa chúigiú agus sa séú haois déag. Tá dlúthbhaint ag forbairt an dearcaidh dhí-eaglaisíoch le teacht chun cinn na ndisciplíní eolaíochta nua-aimseartha sna haoiseanna ina dhiaidh sin.
- teacht chun cinn an chultúir 'Cearta Daonna' i ndiaidh Réabhlóid na Fraince
- forbairt an Eiseachais sa fichiú haois, le córas luachanna atá dírithe ar ghabháil le saoirse dhaonna. Tá an tEiseachas bainteach le fealsúna na Fraince Jean Paul Sartre agus Albert Camus, agus bhí tionchar suntasach aige ar fhorbairt an daonnachais shaolta i bhfoirm chomhaimseartha.
- teacht chun cinn an Iarnua-aoiseachais. Is téarma é an Iarnua-aoiseacht a úsáideann fealsúna, eolaithe sóisialta, criticeoirí na healaíne agus criticeoirí sóisialta chun tagairt a

dhéanamh do ghnéithe an chultúir chomhaimseartha, na heacnamaíochta agus na gcoinníollacha sóisialta atá mar thoradh ar ghnéithe leithleacha de dheireadh an 20ú haois agus de shaol an 21ú haois luath. I measc na ngnéithe sin, áirítear domhandú, tomhaltachas, scoilteadh an údaráis agus tráchtearraíocht an eolais.

Lena chois sin, iarrtar ar dhaltaí i 4.2 léiriú conas gur féidir le foinsí lasmuigh den reiligiún luachanna coiteanna a mhúnlú. Cur chuige amháin ná díriú ar shochaithe 'an iarthair' nuair is cosúil go ndíríonn foinsí neamhreiligiúnacha na luachanna coiteanna ar an riachtanas chun tacú le beithsine an daonlathais liobrálaigh. An príomhluach coiteann a bhaineann le cultúir liobrálacha ná an chaoinfhulaingt. Tá caoinfhulaingt na ndifríochtaí laistigh de theorainneacha áirithe ag brath ar phríomhluachanna eile, is iad sin saoirse agus comhionannas na saoránach uile. Léirítear na luachanna sin go hiondúil faoi thiomantas maidir le foirm áirithe de chultúr cearta daonna.

Tabhair cuireadh do dhaltaí taighde a dhéanamh ar shamplaí de luachanna coiteanna san ionad oibre, m.sh. luach an chomhionannais mar atá le sonrú i reachtaíocht chomhionannais.

Ar deireadh, iarrtar ar dhaltaí machnamh a dhéanamh faoi ghaoil éagsúla idir reiligiúin agus an domhan saolta. Athraíonn na bealaí éagsúla ina mbaineann reiligiúin leis an gcultúr saolta idir dhaoine a thacaíonn le Dialathas agus dhaoine a thacaíonn le scaradh iomlán Eaglaise agus Stáit.

**Naisc leis an siollabas**

Roinn C: Reiligiúin an domhain – Topaic 2.1

Roinn D: Moráltacht – Topaic 1.2

**Acmhainní**

Cassidy, E. 'Modernity and Religion in Ireland: 1980 – 2000' in E. Cassidy eag. (2002)

Measuring Ireland: Discerning Values and Beliefs Baile Átha Cliath: Veritas lch. 17 – lch. 45.

www.teachnet.ie

www.utm.edu/research/iep/

www.seop.leeds.ac.uk/contents.html

www.philosophypages.com/socrates.clarke.edu/

www.connect.net/ron/plato.html

www.plato.evansville.edu/

www.socrates.clark.edu

www.aquinasonline.com/Topics/5ways.html

www.secularhumanism.org/

www.humanism.org.uk/

www.answers.org/apologetics/atheism2.html

## ROINN B

### An Chríostaíocht: Bunús agus Leaganacha Comhaimseartha

Is é príomhbhéim an choda seo ná cumas a thabhairt do dhaltaí nádúr stairiúil na Críostaíochta agus ról an chomhthéacs chomhaimseartha a fhiosrú i ndáil le múnlú an chreidimh agus an chleachtaidh ó am Íosa go dtí an lá atá inniu ann. Ba chóir do mhúinteoirí dinimic an leanúnachais agus an neamhleanúnachais a aithint mar aon le héagsúlacht agus le hinoiriúnaitheacht sa traidisiún Críostaí atá na céadta bliain d'aois, mar a mhúnlaítear creideamh agus cleachtadh i gcomhthéacsanna cultúrtha nua.

**Gníomhaíocht dhírithe**

Chun an chuid seo den chúrsa a chur i láthair, d'fhéadfadh múinteoirí cuireadh a thabhairt do dhaltaí breathnú sa cheantar áitiúil le haghaidh chomharthaí na Críostaíochta sa lá atá inniu ann. Féadfar comharthaí stairiúla nó comhaimseartha a bheith i gceist. Tabhair cuireadh do dhaltaí breathnú ar chomharthaí leanúnachais agus athraithe.

Bheadh cuairt ar Leabharlann Chester Beatty nó ar a láithreán gréasáin (www.cbl.ie) go maith mar réamhrá don chuid sin den chúrsa.

**Acmhainní**

www.holylandnetwork.com

Cross, F. eag. (1997) The Oxford Dictionary of the Christian Church Oxford

Dodd, J.H. (1974) The Founder of Christianity Londain: Collins

Freyne, Sean (2002) Texts, Contexts and Cultures Baile Átha Cliath: Veritas

Hogan, Maurice (2001) Seeking Jesus of Nazareth: an Introduction to the Christology of the Four Gospels Baile Átha Cliath: Columba Press

Johnson, Elizabeth A. (1990) Consider Jesus: Waves of Renewal in Christology Londain: Geoffrey Chapman

Kung, Hans (1995) Christianity: Essence History and Future Nua-Eabhrac agus Londain: Continuum

Lane, Dermot A. (1975) The Reality of Jesus Baile Átha Cliath: Veritas

Macquarrie, John (1990) Jesus Christ in Modern Thought Londain: SCM

McGrath, Alister E. (1998) Historical Theology: An Introduction to the History of Christian Thought Oxford

The Blackwell Encyclopaedia of Modern Christian Thought (1993) Oxford

Pelikan, Jaroslav (2000) Jesus Through the Centuries: His Place in the History of Culture

Yale University Press

Mar réamhra ar an mBíobla, áirítear:

Bruce Metzger eag. The Oxford Dictionary of The Bible

Brown, R.E Fitzmyer J.A. & R.E. Murphy eag. (1990) The New Jerome Biblical Commentary Londain: Chapman

Brown, Raymond (1997) An Introduction to the New Testament Nua-Eabhrac agus Londain: Doubleday

**Topaic a haon: Ag filleadh ar an mbunús**

Tugann 'filleadh ar an mbunús' próiseas dinimiciúil le fios a fheidhmíonn i ngach réimse den saol – na réimsí daonna agus nádúrtha araon. I dtéarmaí na n-institiúidí daonna, tugann an próiseas le tuiscint go bhfuil filleadh ar fhís bhunaidh an ghrúpa nó na gluaiseachta i gceist chun fís bhunaidh an bhunaitheora a athaimsiú. Féadfaidh an próiseas seo tarlú chun déileáil le géarchéim inmheánach nó sheachtrach a bhagraíonn do mharthain na hinstitiúide féin. Nó murach sin, chun díograis agus saoirse léirithe a eispéiris bhunaidh a athghiniúint ag staideanna ina mbítear ag brath an iomarca ar struchtúir bhunaithe. Go minic, bíonn sé deacair na struchtúir seo a athrú toisc a ndílseacht don stair. Bíonn dialóg chriticiúil idir an an t-am faoi láthair agus an t-am atá thart i gceist leis an bhfilleadh ar an mbunús. Tá sé tábhachtach na ceapa tuisle a bhaineann le cuimhne roghnach agus idéalú rómánsúil a sheachaint. Saobhann na nithe seo fíorchuspóir an ghnímh, is é sin treoir a phleanáil don todhchaí atá dílis ach dúshlánach.

Scrúdaíonn an chuid seo patrún na Críostaíochta maidir le filleadh ar an mbunús. Féadfaidh múinteoirí tosú trí chabhrú le daltaí iniúchadh a dhéanamh ar an bpatrún maidir le filleadh ar an mbunús (cúiseanna agus iarmhairtí) mar phatrún sna hinstitiúidí saolta agus reiligiúnacha.

D'fhéadfaidís fís bhunaidh a chur i láthair maidir le roinnt eagraíochtaí/grúpaí saolta agus reiligiúnacha d'fhonn a léiriú go bhfuil fís bhunaidh ag gach eagraíocht (m.sh. CLG agus athbheochan na gcluichí Gaelacha; na Náisiúin Aontaithe agus ord domhanda atá bunaithe ar dhlí agus dhaonlathas). Féadfaidh fís den todhchaí inspioráid agus spreagadh a thabhairt do dhuine aonair nó do ghrúpa. Nuair a chailltear fís, cailltear an treo freisin. Le linn ama, caithfidh eagraíochtaí a bhfís bhunaidh a athaimsiú go leanúnach agus léirmhíniú a dhéanamh uirthi in athuair i gcomhthéacs an cháis reatha.

Féadfaidh múinteoirí an spreagadh maidir le filleadh ar an mbunús a fhiosrú trí scrúdú a dhéanamh ar chásanna 'géarchéime' (cás ina bhfuil rudaí in aimhréidh, ina mbíonn na seanbhealaí ag teacht chun deiridh ach ina dtugann na féidearthachtaí nua deis le cinneadh a dhéanamh) a thugann treo nua.

Samplaí den traidisiún saolta ná bunú an Aontais Eorpaigh bunaithe ar an dlí agus an daonlathas chun cobhsaíocht, síocháin agus rath eacnamaíochta a athshlánú tar éis an uafáis a bhain leis an scrios sa Dara Cogadh Domhanda agus bagairt an Chogaidh Fhuair (féach inspioráid na mbunaitheoirí ar nós Adenauer, De Gasperi, Monnet agus Schumann); an staid tar éis 1989 sna tíortha in Oirthear na hEorpa ag dul siar go dtí www.europa.eu.int

Samplaí ó thraidisiúin reiligiúnacha – suim chomhaimseartha sa spioradáltacht Cheilteach in Éirinn.  Laistigh den Bhúdachas – an ghluaiseacht athbheochana Rissho-Rosei-kai a dhéanann iarracht teachtaireacht an altrúchais, na síochána agus na síthe leis an gcruinne a aibhsiú.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

D'fhéadfaí iarracht chruthaitheach ar fhís bhunaidh Íosa a dhéanamh trí cheacht samhlaíoch (rólghlacadh, litreacha a scríobh, grúpobair) a spreagann do dhaltaí iad féin a chur in áit na ndaoine a bhí mar an chéad lucht leanúna agus cuairt a thabhairt in athuair ar shaol agus fhís Íosa. Cad a chuimhneoidís faoina mhinistreacht phoiblí, agus céard iad na rudaí rathúla agus díomácha a bhain léi? Cad iad na príomhtheachtaireachtaí? Céard í an fhís a bhí ag Íosa a bhí chomh mealltach sin? Cén fáth go raibh an fhís chomh mealltach sin?

### 1.1 Patrún an fhillte

Cuirtear béim anseo ar an bpatrún seasmhach d'fhís bhunaidh na Críostaíochta a aimsiú in athuair.

- Maidir le Céilí Dé, féach Maher, Michael (1981) Irish Spirituality Baile Átha Cliath: Veritas lgh. 22-3 agus O'Dwyer, P. 'Celtic Monks and Culdee Reform,' in J. P. Mackey eag. An Introduction to Celtic Christianity, lgh. 140-171

- Maidir leis na hOird Déirce agus a mbunaitheoirí, féach Oxford Dictionary (agus téigh i gcomhairle le múinteoirí staire).

- Maidir le Mártan Liútar, féach McGrath, Alister (1998) Historical Theology Oxford

- Maidir le Gluaiseacht na Soiscéalaíochta sa Phrotastúnachas go luath sa 19ú haois, féach McGrath, Alister (1998) Historical Theology Oxford

- Maidir leis an Dara Comhairle Vatacánach, féach Sullivan, Maureen (2003) 101 Questions and Answers on Vatican II Paulist Press

- Maidir le Diagacht na Saoirse, féach scríbhinní Gustavo Gutierrez, Leonardo Boff agus Hans Kung.

Do Chríostaithe, tosaíonn an patrún 'fillte ar an mbunús' i gcónaí le hÍosa Críost. Níl Íosa Críost i bhfostú sa stair agus bíonn ábharthacht ag baint lena theachtaireacht i ngach aon aois.

### 1.2 Íosa agus a theachtaireacht sa chultúr comhaimseartha

Chomh maith le ceol, ealaín, agus litríocht, is modhanna cultúrtha nua iad scannáin agus TF ina ndéantar Íosa agus a theachtaireacht a chur i láthair sa chultúr comhaimseartha.  Le haghaidh na rannóige seo, d'fhéadfadh múinteoirí oibriú in éineacht leis na ranna Ceoil, Ealaíne agus Béarla. D'fhéadfadh múinteoirí spreagadh a thabhairt do dhaltaí ábhar ar láithreán gréasáin a fhiosrú freisin.

**Roinnt samplaí**:

Chinntigh Georges Roualt go raibh aghaidh Íosa mar ábhar mór a chuid ealaíne. Ag athrú óna luathshaothar eispriseanaíoch chuig péinteálacha aibí ar chuma íocóin d'Íosa, rinne sé iarracht

íomhá Íosa a chur i láthair sa domhan comhaimseartha.  Léirigh sé Íosa i measc na mbocht agus na ndealbh, agus i saol na prólatáireachta i bPáras.  Rinne an t-íomháineachas a rinne sé ar Íosa iarracht a theachtaireacht a théarnamh don lá atá inniu ann.

Cuireann an file Éireannach, Patrick Kavanagh, íomhá shacraimintiúil d'Íosa i láthair mar a fheictear i gcodanna an tsaoil. Tugann sé léiriú don bhealach ina mbíonn Íosa i láthair i ngaolmhaireachtaí agus in imeachtaí, agus nach mbaineann sé le cianionaid naofa na ndéithe amháin.

Féach Tom Stack, (2002) No Earthly Estate: God And Patrick Kavanagh: An Anthology Baile Átha Cliath: Colomba

Seo a leanas moltaí áirithe a chuireann cultúir, spreagthaí agus comhthéacsanna éagsúla in iúl.

**Ceol**:    Arvo Paart (An Eastóin); Henryk Gorecki (An Pholainn), Jim McMillan (An Albain); John Taverner (Sasana); Oliver Messien (An Fhrainc)

**Ealaín:** Georges Rouault (An Fhrainc); saothair níos déanaí le Andy Warhol (Meiriceá); Marc Chagall, Stanley Spencer, Mark Rothko, Barnett Newman, Hughie O'Donoghue

**Scannán**: Jesus of Nazareth le Franco Zeffirelli agus The Gospel according to Matthew le Piero Pasolini; féach ar scannáin freisin atá léirithe ag Kryzsztof Kieslowski, Olmi agus Andrey Tarkovsky

**Litríocht**: Alexander Solzhenitysn (Rúiseach); Ivan Dostoevsky (Rúiseach); Walker Percy (Meiriceánach); Leo Tolstoy (Rúiseach)

Sraith de chláir faisnéise le Neil MacGregor ar íomhánna Íosa Críost le fáil ar an bhfíseán Seeing Salvation (BBCV, 7179). Féadfaidh múinteoirí dul i gcomhairle freisin le Daniel Murphy, (1997) Christianity and Modern European Literature Baile Átha Cliath:  Four Courts Press.

**Topaic a dó: Fís Íosa i gcomhthéacs**

Tabharfaidh múinteoirí cumas do dhaltaí idirdhealú a dhéanamh idir chéannacht Íosa Nazórach mar dhuine stairiúil agus léirmhíniú ar a shaol mar fhinné an chreidimh.

Téama suimiúil gur féidir a fhorbairt le daltaí ná an cheist a bhaineann leis na bealaí chun aithne a chur ar Íosa na staire. D'fhéadfadh léirmheas gearr ar an gcuardach sa 19ú haois i ndáil le hÍosa na staire agus ar bheathaisnéisí Íosa a bheith úsáideach.  Mar atá curtha in iúl ag Albert Schweitzer, fuarthas amach gur féidir le hiarrachtaí chun fís Íosa a choimriú a bheith mar theilgean dár dtuiscintí féin ar an gcur síos atá againn ar Íosa.

*The study of the life of Jesus has had a curious history. It set out in quest of the historical Jesus, believing that when it had found him it could bring him straight into our time as a Teacher and Saviour. It loosed the bands whereby he had been riveted for centuries to the stony rock of ecclesiastical doctrine, and rejoiced to see life and movement coming into the figure once more, and the historical Jesus advancing, as it seemed to meet it. But he does not stay but passes by our time and returns to his own. What surprised and dismayed the theology of the last 40 years was that, despite all forced and arbitrary interpretations, it could not keep him in our time, but had to let him go. He returned to his own time, not owing to the application of any historical ingenuity,*

*but by the same inevitable necessity by which the liberated pendulum returns to its original position.*

Albert Schweitzer (1906) The Quest for the Historical Jesus lch.399.

## 2.1 Tionchar na Róimhe

In aimsir Íosa, ba iad na Rómhánaigh a bhí i gceannas sa Phalaistín. Is féidir le múinteoirí tosú trí mhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi atéann réimeas polaitiúil ar bith i bhfeidhm ar iompar daoine mar shochaí. Is féidir leo a chur in iúl ansin go ndéantar tagairt fós i gCré na Críostaíochta gur 'fhulaing agus go bhfuair Íosa bás faoi Phointias Píoláit', prócadóir na Róimhe ag an am sin.

Sa roinn seo, beidh ar mhúinteoirí cúlra stairiúil maith agus beacht ar Íosa a chur i láthair (go háirithe ón ngabháil a rinne Alastar Mór i 323 ar aghaidh agus gabháil Iarúsailéim ag Poimpéas i 63 R.C.). Ba chóir an stair seo a mhúineadh ar bhealach a dhéanann cur síos ar aimsir Íosa mar am ina raibh athruithe agus géarchéimeanna móra i gceist, a raibh tionchar acu go polaitiúil, go sóisialta agus go reiligiúnach. Féach Seán Freyne, (1988) The World of the New Testament Baile Átha Cliath: Veritas. Beidh léarscáileanna den Sean-Neasoirthear úsáideach freisin, go háirithe an Phalaistín.

Agus tionchar riail na Róimhe á aithint, ba chóir na pointí seo a leanas a chur in iúl:

**Córas polaitiúil**

Sheas an Róimh don ord polaitiúil sa Phalaistín in aimsir Íosa. Ba chumhacht eachtrannach a bhí ann agus bhraith an chuid ba mhó de na daoine gan taca i gcoinne na cumhachta seo, agus dar ndóigh lean mothúcháin den fhuath uaidh seo. Déanann Íosa tagairt d'eachtra amháin ina raibh coimhlint sa teampall ina ndearna saighdeoirí na Róimhe ár ar roinnt Gailíleach (Lúc 13:1-5).

**Córas sóisialta**

Bhíodh na daoine an-mhíshásta le ríshliocht Héaróid. Bhí go leor caimiléireachta ann i measc lucht riaracháin na Róimhe. Ba chnámh spairne a bhí sna cánacha. De bharr an méid seo ar fad bhí go leor corraíola sóisialta ann sa Phalaistín in aimsir Íosa. Ba holc le muintir Iosrael daoine eile a bheith i gceannas orthu agus creideamh acu gurb iad cine tofa Dé iad.

**Córas reiligiúnach**

Cé go raibh múinteoirí reiligiúnacha maithe díograiseacha ann, bhí go leor d'údaráis reiligiúnacha na linne sách tuata, ag cur a gcuid uaillmhianta féin chun tosaigh trí ghéilleadh do chumhacht na Róimhe.

**Acmhainní**

Barrett, C.K. , The New Testament Background. Doiciméid Roghnaithe; caibidlí 1 agus 2.

Freyne, S., (2002) Texts, Contexts and Culture Londain: Collins

D. Oakman agus K.C. Hanson (1998) Palestine in the Time of Jesus. Social Structures and Social Conflicts Minneapolis: Fortress Press.

Malina, Bruce (1996) The Social World of Jesus and the Gospels Londain: Routledge.

Leagann go leor de léann na linne seo béim ar Ghiúdachas Íosa. Tá sé tábhachtach gan tosú leis na páirtithe/fealsúnachtaí/seicteanna nuair atá plé ar bun maidir le cúlra Giúdachais Íosa, ach 'an gnáth-Ghiúdachas' a aithint mar a cleachtadh in aimsir Íosa é. San áireamh anseo tá an teampall, íobairtí, oilithreacht, ofrálacha ón talamh, paidreacha, seasamh leis an dlí, an tSabóid, timpeallghearradh, dóchas don todhchaí (meisiasachas agus eascateolaíocht)

Féach E. P. Sanders, (1992) Judaism. Practice and Belief 63 bce- 66 ce, Londain: SCM Press nó leabhar eile leis a bhfuil níos mó tóra air, The Historical Figure of Jesus, Penguin Books, (1993)

Agus ról na nDíograiseoirí agus na Sadúcach, na bhFairisíneach agus na nEiséanach á léiriú, ba chóir an ghné shainiúil dá bhfreagairt don ghéarchéim a fhiosrú, ag cabhrú le daltaí dul thar steiréitíopaí simplí. Is féidir cur síos a fháil ar na grúpaí seo in Barrett, The New Testament Background agus in Sean Freyne, Texts, Contexts and Cultures, caibidlí 3, 9 agus 10.

### 2.2 Fianaise ar Íosa ó Nazarat

Tugann an roinn seo cuireadh roimh bhreathnú ar fhoinsí fianaise téacsacha ar Íosa. Tá idir théacsanna reiligiúnacha agus tuata i gceist. Ba chóir go mbeadh ábhar don roinn seo ar fáil go héasca mar gheall go dtosaíonn go leor leabhair faoi Íosa Críost le plé maidir leis an bhfianaise ar Íosa.

**Plinias Óg:** Ceapadh é ina leagáid ar chúige Rómhánach na Bitíne in iarthuaisceart na hÁise Bige in 111 A.D. I gceann de na litreacha a scríobh sé chuig an Impire Rómhánach, Trajon, tugann sé comhairle don impire faoi mar ba chóir dó caitheamh leis an ngrúpa reiligiúnach ar a dtugtar 'Críostaithe', a bhí ag fás go tapa.

**Tacitus:** Ba staraí Rómhánach a bhí ann a scríobh faoin tine mhór a bhí i gcathair na Róimhe i 64 AD ina chuid Annála. D'inis sé mar a chúisigh an tImpire Néaró, a creideadh go ginearálta gurb eisean a thosaigh an tine, na Críostaithe go bréige as an tine a thosú sa Róimh. Dúirt sé go bhfuair na Críostaithe a n-ainm ó Chríost, ar chuir an prócadóir Pointias Píoláit chun báis é le linn réimeas Thibir.

**Acmhainní**

Stanton, Graham, (1992) Gospel Truth? Londain: Harper Collins, caibidlí 8-16.

Theissen, Gerd, (2002) In the Shadow of the Galilean Athchló Londain. Is cóireáil shamhlaíoch é seo ar Íosa ina chomhthéacs.

Seán Freyne, (1988) The World of the New Testament Baile Átha Cliath: Veritas.

Kee, H.C. (1991) What can we know about Jesus Cambridge University Press.

Schnackenburg, Rudolf (1995) Jesus in the Gospels: A Biblical Christology (Louisville, Kentucky: Westminster Press.

Theissen, Gerd & Merz, Annette (1998) The Historical Jesus: A Comprehensive Guide Londain: SCM Press.

**2.3. Teagasc Íosa agus tionchar an teagaisc sin ar an bpobal**

*'Anyone who gets involved with Jesus gets involved with the Kingdom of God.'*

Jürgen Moltmann, Jesus Christ for Today's World, leathanach 7.

*The reign of God is the situation that results when God's will is really done. What is God's will? As revealed in Jesus, God's will is our well-being. God wants the wholeness, the healing, and the salvation of every creature and of all of us taken together. The reign of God, then, involves justice and peace among everyone, healing and wholeness everywhere, fullness of life enjoyed by all….What would the reign of God be like in urban images, in images taken from life in the United States, in Central American images, in Palestinian images, in South African images?*

Elizabeth Johnson (1990) Consider Jesus Londain: Geoffrey Chapman lch. 52.

B'fhéidir go léifeadh múinteoirí lua Elizabeth Johnson thuas agus ceist a chur ar dhaltaí plé a dhéanamh ar an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar ríocht (réimeas) Dé in Éirinn na linne seo.
Is gá do mhúinteoirí béim a leagadh ar an gcaoi inar thug Íosa Ríocht Dé leis ina phearsa, lena ndúirt sé agus lena rinne sé. Is iad na comharthaí coincréiteacha air ná Íosa é féin agus a kerygma (a sheanmóireacht), a phraiticí agus a ghníomhartha do na daoine bochta agus leochaileacha, dá shaol féin agus dá phobal.

Tuiscint na nGiúdach ar Ríocht Dé in aimsir Íosa: is féidir le múinteoirí ceangal a dhéanamh idir an roinn seo agus an comhthéacs reiligiúnach agus sochpholaitiúil ag an am (2.1). Tá fréamh an natha cainte 'Ríocht Dé' i luathstair pholaitiúil Iosrael. Chreid muintir Iosrael gurb é Dia an t-aon rí amháin ar Iosrael mar gheall go raibh Sé tarchéimnitheach, gur chruthaigh Sé gach rud agus gur chothaigh sé náisiún na nGiúdach. Ach le himeacht aimsire bhí siad den tuairim go raibh rí ar an saol seo ag teastáil uatha, a rialóidh orthu le ceartas Dé agus a bheadh mar ionadaí Air i measc na ndaoine. Ba é Rí Dáiví an rí ab fhearr in Iosrael, ach bhí lochtanna air mar sin féin. Thart ar aimsir Dháiví creideadh go n-ardófaí mac Dháiví lá amháin a ligfeadh do Dhia rialú agus a thabharfadh síocháin Dé chuig an domhan. In aimsir Íosa, mhúin na raibithe do na daoine gur chóir dóibh maireachtáil mar a bheadh Ríocht Dé tagtha cheana féin le go n-athróidh cáilíocht a mbeatha. D'fhógair Íosa go deimhin, áfach, go raibh an Ríocht tagtha.

**Ceithre eochair-shaintréith de Ríocht Dé de réir sheanmóireacht Íosa**

a Tá an Ríocht bunaithe ar Dhia, an tAthair a mhaitheann peacaithe agus a fhuasclaíonn na daoine bochta (Mth 11:25-27; féach freisin an phaidir 'Ár nAthair' [Mth 7:9-10; Lúc 11:11-12]). Tá sé tábhachtach cíoradh a dhéanamh leis na daltaí ar a bhfuil i gceist ag Íosa nuair a ghlaonn sé ar an 'Athair' (Abba). Níl sé ag moladh patrarcachta, ach íomhá ar Dhia mar thuismitheoir grámhar. Is é an bhéim atá ag an misean a fhaigheann Íosa ó Dhia, an tAthair ná síocháin Dé a thabhairt chun an domhain (féach na Biáide: Mth 5:9). Tá gaol idir an síocháin seo agus coincheap na nGiúdach de Shalom. Ciallaíonn sé foirfeacht an chomhlíonta i ngach ciall. Molann Íosa grá a chruthaíonn cultúr seo na síochána. Is féidir le múinteoirí dul i mbun ransaithe smaointe le daltaí le teacht ar shamplaí de phríomhghnéithe 'ghrá' Íosa. Téigh thar an ngnáthchatagóiriú ar dhaoine anseo, ag tabhairt grá do dhaoine eile cosúil leis an ngrá a thugann tú duit féin, ag tabhairt grá do do naimhde (Mth 5:43-44).

b Is mar gheall go gcleachtann Íosa féin na gnéithe cothaitheacha, trócaireacha, atruacha agus fuascailteacha den Athair ('Abba') go dtéann sé amach chuig na daoine bochta, na lobhráin, na daoine ocracha, ag rá: 'Tá Dia gar duit, slánaíonn sé thú, saorann sé thú.' Tá an for-rochtain chuimsitheach seo orthu siúd atá eisiata ina gné eile den Ríocht. Léirítear í i gcomharthaí cosúil le bheith ag ithe le peacaithe (Mth 9:12), na parabail cosúil le Lúc 15 (parabail na trócaire), Mth 22:1-14 (iad siúd a dtugtar cuireadh chuig an bhféasta dóibh); Lúc 14:15-24 (iad siúd a dtugtar cuireadh chuig féile an phósta dóibh); na Míorúiltí (daoine a mhaitheadh agus a scaoileadh as staideanna nithiúla den imeallú) agus Díbirtí Deamhan (Saorann Íosa daoine ó sheilbh dheamhnach); [Mth 12:27; Lúc 10:18]. Tá gaol ag comharthaí seo na Ríochta leis an 'Eacsadas Nua'. Díreach mar a rinne Dia idirghabháil san Éigipt chun a chuid daoine a shaoradh ón sclábhaíocht, anois, le briathra agus le gníomhartha, tá Íosa ag saoradh daoine ó gach cineál sclábhaíochta (Mth 6:30-44; Mth 14:13-20; Lúc 9:10-17; Eoin 6:1-15).

c Tá iarmhairtí ag Ríocht Dé ar dhearcadh reiligiúnach agus ar dhearcadh sóisialta na ndaoine araon. I dtéarmaí an dearcaidh reiligiúnaigh de, tá an caidreamh le Dia le bheith mar an caidreamh a bheadh ag páiste roimh Athair geanúil, ag cur Dia chun tosaigh i do shaol féin agus ag leanúint éilimh radacacha Íosa (Mth 6:1-8; Mth 6:25-34; Mth 7: 7-11). I dtéarmaí an dearcaidh shóisialta de, is féidir le múinteoirí míniú a thabhairt ar mar a ghlacann Íosa an phaidir chlasaiceach 'Seama' de ghrá do Dhia amháin (atá an-lárnach i reiligiún na nGiúdach, féach Deot 6:4) agus go ndéanann sé nasc idir an phaidir sin le haithne eile, grá na gcomharsan (Léiv 19:18).
Is príomhthéacs a dhéanann tagairt don nasc seo é Mc 12:28-34. I measc na samplaí go bhféadfaí a úsáid chun an nasc a fheiceáil, tá Mth 5:23-24 (ofráil le fágáil ag an altóir agus athmhuintearas a dhéanamh ar dtús); Mth 25:31-46 (scéal an Bhreithiúnais Dheireanaigh); Eoin 13:34; 15:12-13.17 (an 'Aithne Nua'); Lúc 15:11-32 (An Mac Drabhlásach) agus Lúc 10:29-37 (An Samárach Maith).
Thar rud ar bith eile, mhol Íosa cultúr den roinnt, seachas saibhreas a bhailiú (féach Lúc 6: 20, 30, 38).

d Is pobal bráithriúil d'fhir agus de mhná atá sa phobal nua a thosaíonn le hÍosa (Mth 23:8-12). Is caidreamh den fhrithpháirteachas agus den chomhionannas atá eatarthu (Eoin 13:35). Tá a stíl mhaireachtála difriúil, agus ní cheadaítear d'aon duine 'tiarnas a imirt orthu' (Mc 10:42-44). Má fhreastalaíonn Íosa ar a ndeisceabail agus a gcosa a ní, caithfidh siadsan freastal ar a gcéile freisin (Eoin 13:14). D'fhéadfadh múinteoirí staid na mná i bpobal nua Íosa a thabhairt le fios: Mth 19:3-9; Eoin 4 (An Samárach mná); 8:3-11 (bean a bheirtear uirthi i mbun adhaltranais); Lúc 7:36-50 (an bhean 'pheacúil' i teach an Fhairisínigh); Lúc 8:1-3 (mná atá páirteach ina mhisean).
Tá mná i measc an lucht leanúna is dílse atá ag Íosa agus bíonn siad ag feidhliú leo i gcónaí: Mth 27:55; Eoin 19:25; Eoin 20:11-18.

## 2.4 Íosa mar Mheisias

Ciallaíonn an teideal 'Meisias' 'An tUngthach'. Bhí leisce ar Íosa an teideal a úsáid é féin mar gheall ar na ionchais shochpholaitiúla éagsúla a bhí comhcheangailte leis an teideal seo. Bhí roinnt snáitheanna den ionchas meisiasach in aimsir Íosa. Ní an Meisias a raibh na daoine ag súil leis a bhí in Íosa, ach tríd an saol a chaith sé ag freastal ar dhaoine, ag seanmóireacht faoin Ríocht agus ag tabhairt suas a shaol do dhaoine eile, thaispeáin Íosa ciall mhalartach ar an teideal 'Meisias'. Bheadh sé tábhachtach a aibhsiú, áfach, nach bhfuil an tuairim den mheisias chomh lárnach i smaointeoireacht na nGiúdach agus a thugann diagacht na gCríostaithe le fios uaireanta. Bheadh sé tábhachtach a aibhsiú freisin gur phearsa daonna atá sa Mheisias den chuid is mó, cé

go bhfuiltear ag tosú ar íomhánna de Mhac an Duine ón domhan eile a fheiceáil sa traidisiún apacailipteach. Mar gheall air seo, bíonn sé deacair a thuiscint cé mar a d'úsáideadh Íosa é féin an Meisias, nó cé mar a bhaineadh daoine eile úsáid as i leith Íosa lena linn féin.

Tá caibidil mhaith faoin meisias agus an úsáid a bhaintear as i leith Íosa in Apocalyptic (Routledge, 1996) le John Collins.

Féach freisin Freyne, S agus Beuken, W. eagarthóirí, Messianism through History Concilum, An International Journal in Theology, 1993, SCM Press, Londain.

i. Sagartúil

Sa Sean-Tiomna bhí an tsagartacht comhcheangailte le hÁrón agus le treibh Léiví. Bhíothas den tuairim gur idirghabhálaithe le dul isteach i léibheann na ndéithe a bhí sna sagairt nárbh fhéidir déanamh dá n-uireasa. Chuaigh tábhacht na sagartachta i méid faoin riail Hasmónach dhá chéad bliain roimh Chríost. Spreag sé an smaoineamh de Mheisias Sagartúil de shliocht Áróin nó Léiví a chabhródh chun ríocht Dé a athbhunú. Níor labhair Íosa air féin i dtéarmaí na sagartachta seo riamh. Fuair sé locht ar dhearcadh roinnt de na sagairt (féach parabal Lúcáis faoin Samárach Maith [Lúc 10:31ff]).

ii. Dáivíoch

'*Within Judaism it was expected that a descendant of David would inaugurate the messianic era (Mk 11:10) –a fact which explains the christological importance of the genealogies in Matthew and Luke who trace the descent of Jesus back through David* (Mt 1:1-17; Lk 3:23-38)' – D. Lane, The Reality of Jesus, p. 77. Bhí monarcacht na nIosraeilíteach agus na daoine ag súil le Dáiví in athuair le hidirghabháil ina gcás sochpholaitiúil deacair. Feicimid go raibh na daoine ag iarraidh Íosa a chorónú ag an míorúilt den arán agus éisc, ach imíonn Íosa leis.

iii. Fáidhiúil

'*Jesus is understood as a prophet within the long line of prophets that had gone before him…In the eyes of those around him he clearly comes across as a prophet…A prophet in those days was usually understood as an authoritative messenger and spokesman of God….Thus we find the crowds referring to Jesus as a prophet and in the same breath claiming: 'God has visited his people' (Lk 6:16)…The theophany accompanying (the baptism of Jesus) and the going forth with a mission is very characteristic of the prophetic call'*. D. Lane, The Reality of Jesus, lgh 33-34.

Bhí na daoine ag súil le fáidh cumhachtach cosúil le Maois, a thug na daoine ón sclábhaíocht go dtí an tsaoirse. Féach diúltú Íosa ar dhearcadh Pheadair den Mheisias (Mc 8:31ff).

Féach leabhair Chríosteolaíochta cosúil le C.H. Dodd, The Founder of Christianity (Londain: Collins, 1970) agus R. Kereszty, Jesus Christ: Fundamentals of Christology (Nua-Eabhrac: Alba House, 1991).

**Topaic a trí: An teachtaireacht i gcoinbhleacht**

Tagraíonn an teachtaireacht i gcoinbhleacht don chur i gcoinne a bhí mar fhreagairt roimh Íosa agus a lucht leanúna. Ní mór do mhúinteoirí caitheamh go híogair leis an gcuid seo. Baineann sé le gnéithe den chreideamh Críostaí a d'fhéadfadh gan a mbrí iomlán a thabhairt mura rachfaí domhain go leor sna himeachtaí (mar shampla trí Íosa a chur i láthair go simplí mar ghríosóir

sóisialta a tharraingíonn trioblóid air féin). Ní mór a bheith cúramach freisin gan na Giúdaigh a chur i láthair go diúltach. Féach doiciméid ábhartha ar an gceist seo in E.Fisher eag., Catholic-Jewish Relations (1999) Londain: CTS.

### 3.1 Coinbhleacht leis an gcóras

Tagraíonn seo do fhreagairt dhiúltach na gceannairí polaitiúla agus reiligiúnacha roimh Íosa agus roimh a fhís. D'fhéadfadh múinteoirí rólghlacadh a úsáid chun fiosrú a dhéanamh ar na bagairtí a bhí i gceist le pearsa agus teachtaireacht Íosa.

#### An bhagairt do luachanna impiriúla na Rómhánach

Tuigtear tuairim Íosa den Ríocht mar bhagairt ar chumhachtaí na Róimhe sa Phalaistín. Is cosúil go ndéanann tuairim Íosa den chumhacht mar sheirbhís (tá an té atá chun tosaigh chun deiridh, agus té atá chun deiridh chun tosaigh) luachanna impiriúla a iompú bun os cionn.

#### An bhagairt ar bhunaíocht reiligiúnach na nGiúdach

Is cosúil go ndéanann an méid a maíonn Íosa agus a ndearcadh i leith an Dlí (Torah) an Dlí a cheistiú. Rinneadh míthuiscint ar a chuid focal maidir leis an Teampall a scriosadh agus a atógáil mar ghníomh reibiliúnach. Maíonn sé go maitheann sé peacaí agus mar sin eitíonn ceannairí oifigiúla dó mar dhiamhaslóir. Caithfear a bheith cúramach agus cur síos a dhéanamh ar theagasc Íosa i gcomhthéacs smaointeoireacht na nGiúdach. Go háirithe, níor chóir a 'threisiú ar noirm' (Chuala sibh go ndúradh... Ach is é deirimse libh) a léamh mar rud atá i gcoinne an dlí (Mth 5:21-46). Déanann sé colscaradh a dhiúltú trí Gheineasas a lua i gcoinne Deotranaimí; ní diúltú ar eitic Ghiúdach atá sa tsuim atá aige maidir leis an ngá ag an duine a bheith ag sárú dualgais reiligiúnacha (m.sh. an tSabóid) ach é de réir chritíc na bhfáithe ar reiligiún gan mhoráltacht (m.sh. Ámós, Hóisé). Sa phágántacht Ghréagach agus Rómhánach bhí eitic agus reiligiún mar dhá réimse sách scartha óna gcéile. Déantar cur síos ar chreideamh na nGiúdach áfach mar 'aondiachas eiticiúil' agus caithfear féachaint ar theagasc morálta Íosa tríd an léargas sin (m.sh. an Seanmóir ar an Sliabh). Is dúshláin atá i ngníomhartha Íosa sa teampall (Mc 11:15-19; Eoin 2:13-22) roimh an institiúid reiligiúnach i bhfoirm áirithe, agus tá na tuiscintí atá ag scoláirí ar na gníomhartha seo an-difriúil óna gcéile. Is eipeasóid mhaith í seo le go mbeidh na daltaí rannpháirteach ag oibriú amach na bhféidearthachtaí éagsúla. Ar deireadh, ba chóir féachaint air i gcoinne chúlra de mhinistreacht iomlán Íosa agus gan é a thógáil mar ghníomh leithlisithe, cibé acu ag tús nó ag deireadh a shaoil phoiblí.

#### Acmhainní

Tá alt faoi Íosa agus an Ríocht in imleabhar 4 den Anchor Bible Dictionary(Doubleday, 1992) 7 n-imleabhar (ar fáil ar CD-ROM anois freisin) le Denis Duling.
Déileálann sé leis na ceisteanna ar fad faoin ríocht a thagann aníos, ceisteanna stairiúla agus eiticiúla araon, agus taispeántar mar a tháinig tuiscintí difriúla chun cinn sa léann comhaimseartha.

Horsley, Richard Jesus and the Spiral of Violence, agus an ceann is déanaí, Jesus and Empire, The Kingdom of God and the New World Disorder.

Lane, D. (1975) The Reality of Jesus Baile Átha Cliath: Veritas

Jürgen Moltmann, (1994) Jesus Christ for Today's World Londain: SCM

Theissen, G. agus Merz, Annette (1998) The Historical Jesus. A Comprehensive Guide Londain: SCM Press.

### 3.2 Bás agus aiséirí Íosa

Is éard atá i gceist le cuntas a thabhairt ar bhreith agus ar bhás Íosa mar ócáid sa stair ná ord na n-imeachtaí a aimsiú chomh maith agus is féidir ó na Soiscéil. Tá idir thriail Ghiúdach agus thriail Rómhánach i gceist. Is féidir le múinteoirí béim a leagadh ar an ngluaiseacht idir an triail Ghiúdach agus an ceann Rómhánach. Ní raibh údarás ag an gComhairle breith an bháis a ghearradh, mar sin bhí orthu Íosa a chur faoi bhráid Phíoláit. Léiríonn seo claonpháirtíocht shuimiúil idir na húdaráis reiligiúnacha agus an stáit mar fhreagairt ar Íosa.

**Acmhainní**

Dodd, C.H. (1992) The Founder of Christianity

D. Senior, Jesus: A Gospel Portrait Mahwah: Paulist Press.

Theissen, Gerd & Merz, Annette (1998) The Historical Jesus: A Comprehensive Guide Londain: SCM Press.

Le cabhrú le daltaí anailís a dhéanamh ar an bhfreagairt ó thaobh an chreidimh de i measc lucht chomhaimsire Íosa, tá roinnt freagairtí go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh orthu: freagairt Pheadair agus na n-aspal a theitheann, Muire a sheasann go dílis ag an gcros, an Taoiseach Céid a sheasann os comhair na croise agus a deir 'níl amhras ann ná gurbh é Mac Dé an fear seo'. Ó scríbhinn Phóil feicimid mar a baineadh ciall as daoradh Íosa do bhás ar chros mar chomhartha den eisiamh. Cineál báis a bhí ann nár gearradh ach ar na coirpigh ba mheasa agus orthu siúd a measadh a bheith 'taobh amuigh' de chúnant Dé.
D'fhéadfadh múinteoirí iarradh ar dhaltaí taighde a dhéanamh agus cuntais ghairide dialainne a chumadh ó dhearcadh fhinné amháin ar léan agus ar bhás Íosa.

Eochairthéacs faoin aiséirí is ea: 1 Cor. 15. D'fhéadfadh sé gurb é seo an fhianaise is sine i scríbhinn atá ann ar an aiséirí. Baineann an fhianaise seo le thart ar 38-40 sa Chomh-Ré.

*In spite of irreconcilable divergences all traditions agree on one thing: Jesus appeared to certain disciples after his death; he proved himself living and was proclaimed to have risen from the dead. That is the centre, the core, where all the traditions (about the Resurrection) meet... The various statements are, as it were, always on the move to try to put this central point into words. The actual centre, the Resurrection itself, is, however, never directly reported or even described... The reality of the Resurrection is inseparable from its testimony. This means that in considering the Resurrection, we are not considering a unique and finished, identifiable fact of the past, but a present reality which influences Christians today. Historical facts, the empty grave in particular, can serve as indicators and signs for faith, but they cannot provide proof of the Resurrection. Far more important than such 'facts', however, is the existential proof of the credibility which the witnesses of the Resurrection gave in their life and in their death for their faith.*

*Kasper (1976) Jesus the Christ Nua-Eabhrac: Paulist Press, lch 129.*

B’uair d’athruithe a bhí san aiséirí do na deisceabail. Tá géarchéim i ndán dóibh i ndiaidh an chéasta ar chros, agus teitheann siad le fanacht beo. Is tús nua atá san fhianaise ar aiséirí Íosa (scéal Eamáús i Lúc 24:13-35). Tríd an gcreideamh, aithníonn na deisceabail go bhfuil Íosa aiséirithe, beo, ag obair agus i láthair sa stair. Tugann Íosa neart dóibh anois le dul amach agus seanmóireacht a dhéanamh ar theacht Dé ina measc. Is féidir le múinteoirí béim a leagadh ar mar a thagann beocht nua chun an phobail. I nGníomhartha na nAspal, tugann Lúcás ráiteas achomair ar an bpobal luath leis na gnéithe den éisteacht le teagasc na nAspal (agus dá bhrí sin an Briathar), na cruinnithe, briseadh an aráin agus paidreacha (Gníomhartha 2:42). Leagann Soiscéal Mhatha béim ar an gcúnant. Sa ré ársa rinne Dia cúnant a bheith lena dhaoine. Anois breathnaítear ar láithreacht Íosa aiséirithe mar láithreacht eascateolaíoch Dé i measc a dhaoine. B’fhéidir go bhféadfaí breac-chuntas a thabhairt ar struchtúr Shoiscéal Mhatha ar scríobhadh é i bhfianaise bhás agus aiséirí Íosa. Téann sé ó ainm Íosa ‘Imeánúéil’ (Mth 1:23) go dtí a ghealltanas ‘Óir mar a mbíonn beirt nó triúr... bímse féin ansin ina measc’ (Mth 18:20) go dtí a ghealltanas deiridh ‘Táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil’ (Mth 28:18- 20). Taispeánann Soiscéal Eoin (Eoin 20-21) an pobal ag cruinniú thart ar Íosa Críost aiséirithe.

**Cuid a ceathair: Foirmiú pobail Chríostaí**

Cuirfidh múinteoirí ceann amháin de trí phobal a ndeachaigh Pól i mbun comhfhreagrais leo i láthair, an Choraint, Teasaloinicé nó Filipe.

Tá sé tábhachtach go dtaispeánfadh múinteoirí conas a múnlaíodh saol agus creideamh an phobail Luath-Chríostaí i gcomhthéacs an tsaoil i gcathair Ghréagach-Rómhánach. Tá an bhéim ar mheasúnú ar chomhthéacs cultúrtha an phobail agus an tionchar a bhí ag an teagasc faoi shaol, bhás agus aiséirí Íosa ar mhúnlú an phobail sin. Is rud seasta in athbhreithniú ar bith ar phobail Luath-Chríostaí ná cibé an bhfuil cúlra Giúdach nó Gintlí, nó meascán den dá chúlra, i gceist.

**Acmhainní**

**Trácht ar an mBíobla:**

Brown, Raymond E. Fitzmyer, Joseph A. & Murphy, Roland E. (1990) The New Jerome Biblical Commentary Londain: Geoffrey Chapman

B’fhéidir go mbeidh an tsraith de thráchtaireachtaí diagacha ar an mBíobla dar teideal New Testament Message a d’fhoilsigh Veritas sna 1970í agus 1980í i leabharlann na scoile.

Féach:
Murphy-O’Conner, Jerome (1979) 1 Corinthians Baile Átha Cliath: Veritas

Fallon, Francis T. (1980) 2 Corinthians Baile Átha Cliath: Veritas

Getty, Mary Ann (1980) Philippians & Philemon Baile Átha Cliath: Veritas

Reese, James M. (1979) 1 & 2 Thessalonians Baile Átha Cliath: Veritas

I gcás an phobail ag Filipe, cathair deich míle ón Muir Aeigéach, d’fhéadfadh múinteoirí tagairt a dhéanamh don cheist maidir le luachanna agus stíl mhaireachtála an phobail a bhí i gcoimhlint leo sin a bhí ag an gcultúr mórthimpeall orthu. Mar gheall go bhfuil freasaitheacht shuntasach roimh an bpobal óna gcomhshaoránaigh (1:28-30), glaonn Pól orthu a bheith ina ‘gclann gan cháim ag

Dia i lár glúine atá truaillithe claon' (2:15). Fós féin, feiceann Pól gur chuid den fhadhb atá acu ná a ndeighiltí inmheánacha féin, a bhfuil féin-tóiríocht agus uabhar ina gcúis leo. Tá luachanna sa chultúr is féidir leo glacadh chucu féin. Gríosaíonn Pól iad, ag rá 'bíodh bhur n-aire ar an rud fíor, ar an rud uasal, ar an rud cóir, ar an rud naofa, ar an rud measúil, ar an rud creidiúnach, ar an rud atá suáilceach inmholta' (4:8). Ba chóir do mhúinteoirí cabhrú le daltaí fiosrú a dhéanamh ar an nasc idir tuairimí áirithe laistigh den phobal agus an bhagairt roimh a aontacht, eadhon leithleachas agus leitheadas (2:3). Molann Pól modh beatha Íosa féin mar eiseamláir dóibh.

Agus scrúdú á dhéanamh ar an bpobal Críostaí i dTeasaloinicé, an chathair leis an daonra is mó agus príomhchathair na Macadóine agus a bhí ar cheann de na cathracha móra in Impireacht na Róimhe, is féidir le múinteoirí béim a leagadh ar bhraistint Phóil gur phobal nuabhunaithe é seo atá ina gcónaí i dtimpeallacht naimhdeach, le cúram agus treoir tréadach Phóil ag teastáil uathu. Tugann an tagairt gur iompaigh na Teasalónaigh ó 'íola' (1:9) le fios gur phobal Gintlí-Críostaí atá san eaglais seo go príomha. Is féidir go dtugann an chaoi a gcaitear le téama na gceirdeanna láimhe in 1 Teasalónaigh 4:11 le fios go mbaineann an chuid is mó de na baill den eaglais le haicme an lucht oibre (meán nó íosaicme). Rinne Pól é féin a cheird ag siopa in áit an mhargaidh (2:9). Tá sé soiléir freisin ó 4:13-18 go measann Pól go bhfuil dóchas na dTeasalónach easnamhach, go háirithe agus aghaidh á tabhairt ar an taithí phianmhar gur bhásaigh roinnt dá gcuid ball. Dá réir sin, leagtar an bhéim ar chaithréim Íosa ar an mbás agus ar theacht an Tiarna sa todhchaí, an parousia. Ní mór dóibh a saol a chaitheamh ag ullmhú don ócáid seo, ach ní chiallaíonn sé sin go bhfuiltear neamhghnóthach, mar a bhí roinnt daoine sa phobal, is cosúil, agus iad ag cruthú cruatain i measc daoine eile (4:11-12; 5:14).

In aimsir Phóil, bhí an Choraint ina príomhchathair ar chúige Rómhánach na hAcháia. B'iarsclábhaithe nó fir a saoradh a bhí in go leor de na coilínigh. Bhí sí suite go maith ó thaobh na tíreolaíochta de mar gheall go raibh fáil aici ar an Muir Aeigéach agus ar Mhuir Aidriad araon, mar sin ba chrosbhóthar tábhachtach idir an tOirthear agus an tIarthar a bhí i gceist. Ba chathair chalafoirt a bhí ann, le go leor tráchtála, agus borradh faoin saol eacnamaíochta. Rinneadh go leor leor trádála ann, agus thaisteal líon ollmhór taistealaithe tríd an gcathair. Bhí cáil ar an gcathair as cluichí Istmia, ar eagraíodh iad gach dara bliain. Bhí na cluichí seo ar na dara cluichí ba thábhachtaí i ndiaidh na gcluichí Oilimpeacha. Is cosúil gur daoine móra le rá agus daoine saibhre a bhí sna Críostaithe a ainmníodh sa litir seo. Is soiléir, áfach, in 1 Cor. 1:26-29 nár bhain formhór na heaglaise le huasaicme na linne sin, .i. iad siúd a bhí 'ina saoithe ... cumhacht acu... ina n-uaisle de réir folaíochta'.

Bhí cuid acu ina ndaor nuair a glaodh orthu (7:21; 16:15), agus déanann Pól tagairt do roinnt daoine san eaglais mar 'daoine nach bhfuil maoin acu' (11:22). Scríobh Pól 1 Corantaigh le linn dó fanacht ar feadh píosa fada i gcathair Eifeasais (16:8). Chuala sé tuarascáil a chuir isteach air faoi dheighiltí tromchúiseacha sa phobal ó 'mhuintir Chlóé' a tháinig ar ais ón gCoraint go hEifeasas (1:11-12). Bhí gníomhartha agus dearcadh na gCorantach ag déanamh bagartha ar aontacht na heaglaise agus ba chosúil nár thug siad an méid sin faoi deara fiú. Míníonn sé sin an bhéim atá sa chéad litir ar thús áite an ghrá mar an saol údarach i gCríost (12:1-13) agus ar an eaglais mar aon chorp amháin Chríost (12:1-31).

**Naisc leis an siollabas**

Roinn E: An Reiligiún agus cúrsaí inscne – Topaic 2.2.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

Déan iniúchadh ar mar atá roinnt pobal Críostaí sa lá atá inniu ann ag iarraidh filleadh ar an bhfís bhunaidh.

Sainaithin na tréithe i bpobal amháin na Luath-Chríostaíochta a ndearna tú staidéar air. Déan colláis chun na tréithe sin a léiriú

**Topaic a cúig: Teachtaireacht na Críostaíochta sa lá inniu**

Leis na figiúirí ón daonáireamh is déanaí, is féidir le daltaí iniúchadh a dhéanamh ar an timpeallacht reiligiúnach in Éirinn atá ag athrú, go mór mór le líon na gCríostaithe Ceartchreidmheacha Gréagacha, Rómhánacha agus Rómánacha in Éirinn atá ag dul i méid chomh maith le go leor eaglaisí Críostaí Afracacha.
D’fhéadfaí ceist a chur ar dhaltaí machnamh a dhéanamh ar an taithí atá acu de bhualadh le Críostaithe ó thraidisiúin éagsúla.

**Acmhainní**


Liechty, Joseph & Clegg, Cecilia (2001) Moving Beyond Sectarianism: Religion, Conflict and Reconciliation in Northern Ireland Baile Átha Cliath: Columba Press

Cooney, Dudley Levistone (2001) The Methodists in Ireland Baile Átha Cliath: Columba

Ellis, Ian (1992) Vision and Reality: A Survey of Twentieth Century Irish Inter-Church Relations Béal Feirste: Ollscoil na Ríona, Béal Feirste

Holmes, Finlay (2000) The Presbyterian Church in Ireland: A Popular History Baile Átha Cliath: Columba

Milne, Kenneth, A Short History of the Church of Ireland, Baile Átha Cliath: Colomba Press

Sykes, Stephen et al., (1999) The Study of Anglicanism Londain:SPCK

Ware, Timothy (1997) The Orthodox Church Londain: Penguin


**5.1 Léirmhíniú na teachtaireachta sa lá inniu**

B’fhéidir go spreagfaí daltaí chun agallaimh a chur ar thuismitheoirí/sheantuismitheoirí/chomharsana aosta maidir leis an léirmhíniú a bhí ar theachtaireacht na Críostaíochta le linn a n-óige, agus mar a caitheadh an saol dá réir, i leith roinnt de na ceisteanna a liostaítear in 5.1.

Ní mór do mhúinteoirí roghnú chun fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi ina bhfuil sainchreideamh Críostaí amháin ag leanúint le misean Íosa trína theagasc agus a chuid oibre, dar leis. Tabharfaidh láithreáin ghréasáin na sainchreideamh éagsúil Críostaí naisc ar gach ceann de na topaicí.

Laistigh den traidisiún Caitliceach Rómhánach d’fhéadfaí fiosrú a dhéanamh ar roinnt de na pobail nua eaglaiseacha ar nós L’Arche (www.larche.ie), Focolare (focolare.org) agus Sant’Egidio (santegidio.org) mar shamplaí coincréiteacha d’obair shainchreideamh Críostaí amháin agus mar a fheiceann sé air féin ag leanúint le misean Íosa. Tá teagmháil éacúiméineach acu ar fad le sainchreidimh éagsúla.

Cruinníonn Comhairle Dhomhanda na nEaglaisí níos mó ná 340 eaglais Chríostaí le chéile i níos mó ná 100 tír agus léiríonn a láithreán gréasáin na gníomhaíochtaí éagsúla a bhíonn idir lámha aici (www.wcc-coe.org).

**Naisc leis an siollabas**

Roinn F: Saincheisteanna córa agus síochána

**Acmhainní**

Maidir le Críostaithe a bhfuil foréigean, éadulaingt agus seicteachas os a gcomhair, féach Liechty, Joseph & Clegg, Cecilia (2001) Moving Beyond Sectarianism: Religion, Conflict and Reconciliation in Northern Ireland Baile Átha Cliath: Columba Press.

Féach freisin Bardy, Peter agus Grosch, Paul (1994) The Puzzle of Ethics Londain: Fount (go háirithe caibidil 14 maidir le Teoiric an Chogaidh Chóir).

Féach freisin Clár Oideachais Síochána de chuid Comhairle Éireannach na nEaglaisí www.irishchurches.org.

Tionscnamh éacúiméineach a chuir Comhairle Dhomhanda na nEaglaisí le chéile chun comóradh a dhéanamh ar an deich mbliana chun foréigean a shárú www.overcomingciolence.org.

Maidir le tuiscint na Críostaíochta ar sochaí chuimsitheach chóir, féach an Lárionad Dídeanaithe San Uinseann i mBaile Phib, Baile Átha Cliath. www.vincentians.ie

Litir na nEaspag Caitliceach, The Work of Justice (1977).

Féach freisin Pobail Corrymeela (www.corrymeela.org) agus Cornerstone (www.cornerstone@dnet.co.uk).

Maidir le Críostaithe agus obair an cheartais, féach gníomhaireacht um fhorbairt na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí, www.trocaire.org agus freisin gníomhaireacht um fhorbairt na hEaglaise Anglacánaí www.Christian-aid.org.uk.

Tá acmhainn O.R. déanta ag Trócaire ar an téama seo atá dírithe ar dhaltaí dar teideal Faith in Action –Trócaire at work.

Maidir le freagairt na Críostaíochta ar an mbás agus ar bhás a fháil, féach Fondúireacht na hOspíse i gCrois Araild d'Ospís Phroinsias, Ráth Eanaigh. Féach freisin an Ospís i mBéal Feirste (www.mariecurie.org.uk).

Maidir le struchtúir agus údarás phobal na Críostaíochta, féach láithreáin ghréasáin.

Samplaí d'údarás:

- is é an Tionól Ginearálta atá i gceist do na Preispitéirigh (www.presbyterianireland.org)
- is é an Sionad Ginearálta atá i gceist d'Eaglais na hÉireann (www.ireland.anglican.com)
- is í an Chomhdháil atá i gceist don Eaglais Mheitidisteach. (www.irishmethodist.org).

## 5.2 Treochtaí sa Chríostaíocht

Is samplaí atá sna topaicí sa roinn dheiridh den 'filleadh ar an mbunús' reatha in dhá réimse lárnacha i saol na Críostaíochta – adhradh agus Críosteolaíocht. Cabhróidh múinteoirí le daltaí ardleibhéil treochtaí agus forbairtí comhaimseartha a fhiosrú laistigh den tóraíocht ar aontacht sa Chríostaíocht, nó ceisteanna adhartha comhaimseartha den Chríosteolaíocht. Léiríonn an dá thopaic éagsúlacht agus iolarthacht chomhthéacsúil, ach mar sin féin déanann siad línte soiléire a tharraingt idir an méid a bhí inghlactha agus nach raibh sa luath-eaglais. Breathnaítear ar na gnéithe seo mar bhealaí chun creideamh agus cleachtadh comhaimseartha a athspreagadh.

Tugann an roinn seo faoin gCríosteolaíocht ar ais chuig an tús muid. Luamar Schweitzer ansin ag caint faoin deacracht a bhaineann le hÍosa na staire a athghabháil agus a thabhairt isteach inár linn féin. Anseo feicimid conas a dhéantar an nasc sin tríd an gCríosteolaíocht. Rinneadh an nasc cheana féin sa luath-eaglais ag Teasaloinicé, Filipe agus ag an gCoraint, áit a leagadh níos mó béime ar fhíoras bheatha Íosa ina dhuine ná ar na sonraí faoi. Tá Pól ag caint agus ag scríobh ón ndearcadh gurb é Íosa an Críost, bronntóir an Spioraid, an Tiarna, Mac Dé i gcumhacht, srl. Seo tús na Críosteolaíochta i bhfianaise thaithí an aiséirithe. Leanann scríbhneoirí na soiscéal orthu leis an bhforbairt seo, ag forshuí a bpictiúir creidimh den Chríost ar insintí faoi Íosa na staire, mar gheall nach ndearna siad aon idirdhealú idir Íosa an ama a chuaigh thart a raibh aithne acu air agus Críost Aiséirithe ar chreid siad ann ina dhiaidh. Críochnaíonn an próiseas seo le ráiteas Eoin gurb é Íosa an Briathar, nó féin-fhoilsiú Dé. Ina dhiaidh sin bhí teagmháil le fealsúnacht na Gréige, agus ceapadh an Chalcadóin uaidh sin 'Dia gan amhras agus duine gan amhras'. Leis an Reifirméisean thángthas ar ais ar an ndiagacht bhíobalta ag díriú níos mó ar Chríost mar Shlánaitheoir; leis an Eagnaíocht rinneadh briseadh síos ar an gcaidreamh idir Íosa agus an Críost nár ceistíodh roimhe sin, agus d'eascair an díospóireacht faoi Íosa na staire i gcoinne Críost an chreidimh atá fós go mór linn sa lá atá inniu ann (Féach caibidil 8 in Texts, Contexts and Cultures le Sean Freyne). Bhain na díospóireachtaí comhaimseartha sa Chríosteolaíocht go mór mór leis an gceist seo; conas dul thar an mbearna idir Íosa agus an Críost (cf. m.sh. mórshaothar Schillebeeckx in dhá imleabhar, Jesus and the Christ). Déanann leabhar Dermot Lane, The Reality of Jesus, plé den scoth ar an gceist seo. Leis na treochtaí atá ann le déanaí, féachtar ar conas a bhaineann an Chríosteolaíocht le roinnt de phríomhcheisteanna an tsaoil nua-aoisigh agus iarnua-aoisigh, m.sh, Críosteolaíochtaí Feimineacha (Johnson, Schussler-Fioorenza), Diagacht na Saoirse (Boff, Sobrino), Reiligiúin an Domhain (Knitter; Tracy), Éiceolaíocht (Edwards; Mackey, McDonagh).

Agus scrúdú á dhéanamh ar an tóraíocht ar aontacht Chríostaí, tá sé tábhachtach rudaí atá bainte amach agus deacrachtaí araon a aithint. D'fhéadfadh múinteoirí cuireadh a thabhairt do chainteoirí a dhéanann ionadaíocht thar ceann traidisiúin eile eaglaise chun bualadh leis na daltaí agus caint faoina dtaithí den tóraíocht ar aontacht Chríostaí.

**I measc na bpríomhnithe a baineadh amach tá:**

Cairdis nua a bunaíodh; feabhsúchán sa tuiscint agus sa ghlacadh le rialacháin maidir le póstaí measctha; plé idirchreidmheach tromchúiseach diagach leanúnach; comhoibriú beoga i seirbhísí paidreacha i rith Sheachtain na hUrnaí don Aontacht Chríostaí; rannpháirtíocht ghníomhach na mban de gach sainchreideamh i Lá Domhanda Urnaí Bliantúil na mBan; an fás ar fhóraim Eaglaise i dTuaisceart Éireann de chléir agus daoine tuata de gach sainchreideamh; rannpháirtíocht na n-iarrthóirí ar mhinistreacht i dtionscnaimh éacúiméineacha; leibhéil phraiticiúla comhoibrithe cosúil leis an gclár um oideachas ar son na síochána; cúrsaí sna staidéir éacúiméineacha, turais agus tionscnaimh thrasphobail; cuairteanna trasteorann; seirbhísí comónta

charúl Nollag; comhdhálacha, taispeántais ealaíne; staidéir stairiúla agus foilseacháin stairiúla a eagraítear i gcomhpháirt lena gcéile.

**Príomhdheacrachtaí:**

Deacrachtaí foirceadlacha sa tuiscint ar an Eocairist, ar an Eaglais agus ar an údarás; claontachtaí agus cuimhne ar an am atá thart a fháil le hoidhreacht; dáileadh geografach na n-eaglaisí in Éirinn (Protastúnach den chuid is mó sa Tuaisceart; Caitlicigh den chuid is mó sa Deisceart) a bhfuil sé mar thoradh leis ná gur minic gur beag teagmháil a bhíonn ann i measc na mball de na traidisiúin dhifriúla; seicteachas; trioblóidí polaitiúla.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Agus míniú á thabhairt ar an gcuimhne ar Íosa atá le fáil in dhá ghnásaíocht den adhradh Críostaí, d’fhéadfaí cuireadh a thabhairt do dhaltaí páirt a ghlacadh i seirbhís chomaoineach nó in Aifreann, nó seirbhís chomaoineach nó Aifreann a choimeád. D’fhéadfaí cuireadh a thabhairt do shagart/mhinistir ó eaglais eile teacht agus labhairt leis na daltaí.

**Ceisteanna comhaimseartha sa Chríosteolaíocht:**

Is féidir le múinteoirí rogha a dhéanamh i measc scríbhneoirí éagsúla chun teacht ar thuiscintí comhaimseartha ar Íosa. Mar shampla, leagann Jürgen Moltmann béim ar thréigeadh agus íospartacht Íosa ó dhearcadh iar-Uileloisctha. Míníonn sé freisin nasc Íosa leis an Spiorad agus ábharthacht theachtaireacht Íosa i ré géarchéime éiceolaíche.

Scríobhann Elizabeth Johnson ó dhearcadh dhiagacht na saoirse agus na diagachta feiminí. Déanann sé nóta de sheanmóireacht Íosa ar an gceartas agus ar an tsíocháin, ar chuimsitheacht na mban, ar sheanmóireacht Abba i mbealach a chruthaíonn pobal daonna den fhrithpháirteachas, ar an gcaoi shainiúil inar chaith sé le mná le grásta agus meas. Déanann sí nóta de na scéalta faoi mhná sna Soiscéil.

**Acmhainní**

Féach an paimfléad ar Chaidreamh Éacúiméineach in Éirinn atá ar fáil ó Chomhairle Éireannach na nEaglaisí (48 Elmwood Avenue, Béal Feirste BT 9 6 AZ nó www.irishchurches.org.

Féach freisin Hurley, Michael (1998) Christian Unity: An Ecumenical Second Spring
Baile Átha Cliath: Veritas

Le samplaí a fháil ar chaidrimh éacúiméineacha ar leibhéil dhifriúla i dTuaisceart Éireann, féach www.community-relations.org.uk.

Tá láithreán gréasáin den scoth ag Comhairle Dhomhanda na nEaglaisí a chlúdaíonn go leor de na téamaí a phléitear leo sa roinn seo den siollabas. www.wcc-coe.org.

## ROINN C

### Reiligiúin an Domhain

Nuair a bhítear ag tabhairt faoi staidéar ar reiligiún eile tá sé tábhachtach go mbeadh a ghuth féin ag an traidisiún reiligiúnach. Tosaigh leis an taithí agus leis an gcaoi a ndéantar an reiligiún a chleachtadh sa ghnáthshaol, ansin tabhair isteach na coincheapa sainiúla atá le fiosrú. Déileáil le comparáidí agus codarsnachtaí de réir mar a thagann siad chun cinn. Más féidir, tabhair cuireadh do bhall den traidisiún reiligiúnach chun bualadh leis na daltaí agus é mar aidhm leis déileáil leis na ceisteanna atá le fiosrú sa roinn seo.

### Acmhainní

Is aiste úsáideach chun tús a chur leis an staidéar seo í 'The Comparative Study of Religions', in Brodd, J. agus Wilt, M. (1998) Teaching Manual for World Religions - a voyage of discovery Minnesota: Saint Mary's Press. Tugtar míniú ann ar choincheapa agus shamplaí den chaoi a mbíonn siad le fáil i reiligiúin dhifriúla.

Devitt, P. (2000) Willingly to School Baile Átha Cliath: Veritas. Is réamhrá atá úsáideach í caibidil 8 'Why teach world religions?' don mhúinteoir maidir le roinnt de na ceisteanna a bhaineann le reiligiúin an domhain a mhúineadh.

Tá láithreán gréasáin den scoth ag Comhairle Dhomhanda na nEaglaisí. www.wcc-coe.org. Tá rannóg na nasc le reiligiúin an domhain thar a bheith úsáideach.

Bheadh cuairt ar leabharlann Scoil Éacúiméinice na hÉireann an-úsáideach freisin do dhaltaí nó do mhúinteoirí ar mian leo fáil a bheith acu ar litríocht maidir le reiligiúin an domhain. (fón 01-2601144) nó tabhair cuairt ar a láithreán gréasáin ag www.tcd.ie/ise/

### Topaic a haon: Feiniméan an reiligiúin

### 1.1 An reiligiún mar fheiniméan domhanda

Beidh ar dhaltaí tuiscint a bheith acu ar fheiniméan an reiligiúin (Roinn A Cuid 3.1) chun déileáil leis na coincheapa a fhiosraítear anseo.

### Cineálacha reiligiúin

Léiríonn éagsúlacht na reiligiún na bealaí ar thug daoine freagairt reiligiúnach ar a dtaithí ar an mistéir sa saol. Chun go dtuigfidh daltaí go bhfuil creideamh ársa, éagsúil agus dinimiciúil, bheadh sé úsáideach dóibh fiosrú a dhéanamh ar na cineálacha reiligiúin atá ann, ag aithint príomhthréithe an reiligiúin chun na nithe seo a leanas a fháil amach

a cad é atá sainiúil faoi reiligiún

b cad iad na nithe a chomhroinneann reiligiúin éagsúla

Aithníonn eagrán 2001 de Barrett's World Christian Encyclopaedia 10,000 reiligiún uathúil, agus tá milliún daoine nó níos mó ina lucht leanúna ag 150 de na reiligiúin seo.

Tugann an leathanach gréasáin 'Major Religions of the World' www.adherents.com liosta de 22 'mór-reiligiún domhanda' agus níl san áireamh ach na reiligiúin sin a bhfuil láithreacht shuntasach acu i níos mó ná aon tír amháin.

Is bealach amháin ina bhféadfaí cur síos a dhéanamh ar chineálacha reiligiúin ná iarracht a dhéanamh roinnt reiligiún a rangú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Príomha/Treibhe
- Ársa
- Neamhdhiachúil
- Diachúil
- Aondiach

Cuireann http://www.interfaithcalendar.org/ modh ar fail chun é seo a dhéanamh faoi 'families of religions'.

**Ceist dhírithe**

Cad a d'fhéadfadh staidéar ar dháileadh na reiligiún a insint dúinn faoin reiligiún?

Is féidir teacht ar léarscáileanna agus chairteacha a chuireann dáileadh domhanda na reiligiún in iúl ag http://www.wadsworth.com. Féach faoi 'maps'.

Tabhair cuairt ar http://www.adherents.com chun staitisticí cothrom le dáta a fháil maidir le líon daoine agus dáileadh.

**Reiligiún na hEorpa**

Go traidisiúnta is reiligiún Críostaíochta a bhí i reiligiún na hEorpa. Tá athrú déanta ar phróifíl reiligiúnach na hilchríche de bharr athruithe sna patrúin lonnaíochta agus fás sa dí-eaglaiseachas áfach.

**Acmhainní**

Cassidy, E. eag. (2002) Measuring Ireland: Discerning Values and Beliefs Baile Átha Cliath: Veritas

Chu, Jeff, 'O Father, Where Art Thou?' in Time Magazine, 16/6/2003. (Alt faoi chleachtas reiligiúnach na hEorpa.)

**Traidisiúin reiligiúnacha in Éirinn**

**Ceist dhírithe**

Ag úsáid na faisnéise atá ar fáil ó dhaonáireamh na bliana 2002, cad iad na treochtaí a fheiceann tú ag forbairt in Éirinn?

Tá staitisticí ag an bPríomh-Oifig Staidrimh http://www.cso.ie/text/principalstats/cenrel.html a théann siar go 1881. Is fiú go mór anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis ó na daonáirimh i 1991 agus in 2002 agus ag scrúdú treochtaí atá ag teacht chun cinn.

**Acmhainní**

LOGOS (2002) Communities of Faith in Ireland Today Baile Átha Cliath: Coláiste Oideachais Mater Dei, CDROM

Tá leathanach nasc ag www.materdei.ie/logos/A3 chuig láithreáin ghréasáin go leor de na traidisiúin reiligiúnacha atá ar fáil in Éirinn sa lá atá inniu ann.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Tabhair faoi shuirbhé i do cheantar áitiúil le fáil amach cad iad na traidisiúin reiligiúnacha a bhfuil fianaise orthu ann.

**Naisc leis an siollabas**

Roinn 1: Ag cuardach brí agus luachanna.

Topaic : Athruithe sa chreideamh agus ar chleachtadh reiligiúnach in Éirinn sa lá atá inniu ann.

**Acmhainní**

Tuohy, D. agus Cairns, P. (2000) Youth 2K: Threat or Promise to a Religious Culture
Baile Átha Cliath: Institiúid Oideachais Marino

Ward, C. agus Greeley, A. (2000) 'How 'secularised' is the Ireland we live In?' Doctrine and Life 50 lgh 581-617.

**1.2 An reiligiún príomha**

Tá fréamh ag gach reiligiún i dtraidisiúin phríomha na bpobal luath. Téann reiligiún príomha (bunaidh nó tosaigh) siar chomh fada le 50,000 RCR agus eascraíonn sé as traidisiúin na bpobal treibhe a bhí ag brath ar an talamh agus ar an nádúr. I measc an ghrúpa seo, áirítear na mílte de thraidisiúin reiligiúnacha sainiúla a gcuirtear le chéile iad de bharr cosúlachtaí ar nós cruinneshamhail réamh-theicneolaíochta, reiligiún ag cuimsiú gach rud beo, easpa teorainneacht dhocht idir na gnéithe spioradálta agus tuata den saol, canóin bhéil seachas canóin scríofa a úsáid, agus achtú an mhiotais sna deasghnátha.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- I ngrúpaí, roghnaigh reiligiún príomha agus déan taighde ar a mhiotais, a dheasghnátha, a ealaín, a cheol, agus a thraidisiúin. Ansin, cuir an reiligiún i láthair don rang ar bhealach cruthaitheach.

- Féach i do cheantar féin chun samplaí a fháil de reiligiúin luach-Cheilteacha (Nasc le Roinn A) agus an tionchar a bhí acu ar fhorbairt na Críostaíochta.

- Ullmhaigh deasghnáth go traidisiúnta - déan tagairt d'ionaid shácráilte, tótaim, éadaí an tseamain, an cros Mháigeach, paidreacha Ceilteacha, srl.

- Déan scrúdú ar théacsanna cosúil le hóráid an Taoisigh Seattle le tabhairt le fios conas a chuaigh reiligiúin príomha in oiriúint le ceisteanna nua-aimseartha. http://www.webcom.com/duane/seattle.html

**Ceisteanna dírithe**

Cad iad na gnéithe den reiligiún a ndearna tú staidéar air atá le feiceáil sna reiligiúin chomhaimseartha?

Cad é tionchar an reiligiúin phríomha ar gach reiligiún?

**Acmhainní**

Brody, Jeffrey (1997) World Religions A Voyage of Discovery Minnesota: Saint Mary's Press. Tugann Brodd léiriú ar Iarúbaigh na hAfraice, ar na Bundúchasaigh agus ar threibh Lakota i Meiriceá Thuaidh.

Daoine bundúchasacha: is féidir éisteacht le scéalta ó thraidisiún na mBundúchasach ag http://www.dreamtime.net.au/dreaming/index.htm.

**Manna**

Déanann coincheap an mhanna tagairt don chumhacht nach bhfuil ina cúis go dtarlaíonn rudaí ar leith, ach an fháth atá leo. Is éard atá i gceist leis ná tionchar a imirt sa domhan le briathra nó gníomhartha a bhfuil deasghnáth déanta díobh go minic ach nach bhfuil foinse a gcumhachta oscailte le breathnú orthu. Tagann manna as gaol le déithe agus sinsir cháiliúla. Déanann taoisigh treibhe manna a ndaoine agus a dtailte a ionchollú, chomh maith le gach duine atá láidir, eagnaí nó deaslámhach.

**Teir**

Tá aon rud a bhfuil manna aige teir (rud a chiallaíonn marcáilte ar leithligh). Déanann rialacha teire cumhacht nó naofacht an mhanna a chaomhnú. Má dhéantar teir a shárú, scaoiltear manna neamhrialaithe atá dainséarach don saol agus don ord sóisialta. Baineann teir le cumhacht na ndaoine, na n-áiteanna nó na nithe ar leith. Ordaíonn rialacha na teire go leagtar rudaí agus gníomhartha áirithe ar leataobh do bhaill áirithe den ghrúpa mar gheall go bhfuil siad sácráilte, agus ní cheadaítear do dhaoine eile iad a úsáid nó a dhéanamh.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Tabhair samplaí den teir ó do thraidisiún féin – cén fáth go bhfuil na gníomhartha, áiteanna nó nithe toirmiscthe?

**Tótam**

Seo focal de chuid Ojibwa Cheanada a thagann ón bhfocal dotem/oteman, rud a chiallaíonn ‘an duine atá gaolta liom’. Tagraíonn an téarma do bheith nádúrtha (ainmhí, planda nó feiniméan nádúrtha, go hiondúil) atá mar shiombail ar eisint spioradálta dhuine aonair nó grúpa. Is minic go ndéantar finte a ainmniú ar speicis ainmhithe, mar sin cuireann an tótam ballraíocht den fhine chéanna in iúl agus déanfar baill na fine a aithint leis an tótam sainiúil a dhéanann nasc idir an duine aonair agus a shinsearacht spioradálta.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- Déan tótam
- Smaoinigh ar dhuine a bhfuil meas agat air/uirthi, cad iad a dtréithe? Smaoinigh ar ainmhí nó gné den tírdhreach a d’fhéadfadh léiriú a thabhairt orthu.

**Seaman**

Is focal de chuid muintir Evinki na Sibéire é ‘seaman’ agus bíonn sé le fáil in go leor traidisiúin phríomha. Tá seamain tábhachtach in go leor reiligiúin phríomha mar cheannairí reiligiúnacha agus spioradálta a ndaoine, leigheasóirí, agus léirmhínitheoirí ar fheiniméin nádúrtha. Déanann siad traidisiún a gcine a chur de ghlanmheabhair agus thug siad síos tríd na glúine é in amhráin, scéalta agus drámaí. Is é a bhí i seaman ná fear nó bean a thug bua an tseamain leis/léi le hoidhreacht óna s(h)insir, agus é mar chuspóir acu a bheith ina (h)idirghabhálaí beo idir an cine daonna agus na spioraid a chónaíonn sa chosmas. Is feiniméan é an seamanachas atá ag dul i méid sa domhan Thiar.

Taispeántas ar líne maidir le seamanachas:
http://www.tampere.fi/vapriikki/nayttely/samaanit/shaman.htm

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

Féach ar shamplaí den chaoi ar tháinig na coincheapa seo chun cinn sna traidisiúin reiligiúnacha a bhfuil tú ag déanamh staidéar orthu.

**Acmhainní**

Smith, J.Z. eag. (1996) The Harper Collins Dictionary of Religion San Francisco: Harper

Lienhardt, R.G. ‘Primitive Religion’ in Encyclopaedia Britannica

Crim, K. eag. (1981) The Perennial Dictionary of Living Religion San Francisco: Harper

## 1.3. An naofacht

Tosaíonn gach reiligiún le heispéireas machnamhach ar an naofacht agus ar thábhacht na freagartha daonna ar a bhfuil naofa dóibh. Déanann Rudolf Otto cur síos ar an naofacht mar rud a théann thar coincheapa réasúnacha/eiticiúla. Is iad na gnéithe neamhréasúnacha nó mothúchánacha de reiligiún a  bhíonn i gceist. Baineann sé le heispéireas na rúndiamhaire, braistint den Eachtarthacht, ag glacadh leis go bhfuil réadúlacht ann a tharchéimníonn leibhéal an ghnátheispéiris.

**An gaol idir an tsácráilte agus an tsaoltacht sa reiligiún**

Tagann an focal 'sácráilte' ón bhFraincis agus ón Laidin. Ciallaíonn sé 'ag coisriceann' sa dá theanga sin, agus tagraíonn sé do na gnéithe sin den eispéireas a spreagann dearcadh ómóis agus urraime. Ní hé fiúntas intreach ruda a chiallaíonn go bhfuil sé sácráilte, ach go ngineann sé mothúchán d'uamhan/mhistéir i bpearsa nó i bpobal. Ní bhíonn an rud sácráilte ann leis féin. Mar mhalairt air sin, bíonn sé ar fáil in áiteanna áirithe nó ag amanna áirithe. Is féidir teacht ar sa nádúr nó i nithe agus i ndaoine áirithe, daoine a ndéanaimid tagairt dóibh mar dhaoine naofa. Tá an fhreagairt air seo foirmeálta le deasghnátha, cleachtais agus comhlíonadh éagsúla.

Tagraíonn an rud saolta do ghnáth-eispéireas an tsaoil.

**Naisc leis an siollabas**

Roinn G: Adhradh, urnaí agus deasghnátha.

**Acmhainní**

Drumm, M. & Gunning, T. (1999) A Sacramental People, Baile Átha Cliath: Columba Press

Beck, M. et al eag. (1997) Exploring Religion An Astráil: Oxford University Press Caibidil 15, 'Ways of Holiness'.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- D'fhéadfadh daltaí taighde a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as nithe sainiúla cosúil le solas, uisce, ola, íocóin, paidríní srl. i dtraidisiúin éagsúla (m.sh. paidríní urnaí san Ioslamachas, paidríní sa Chaitliceachas agus paidríní mala sa Bhúdachas).

- Fiosraigh mar a úsáidtear nithe i ndeasghnátha reiligiúnacha - cosúil le hola, uisce, arán nó solas a úsáid sna sacraimintí i roinnt sainchreidimh Chríostaí.

- Fiosrú a dhéanamh ar urraim d'áiteanna mar áiteanna sácráilte: http://www.arthistory.sbc.edu/sacredplaces/sacredplacesintro.html

- Taighde a dhéanamh ar shaol duine ó do thraidisiún féin agus ó thraidisiún eile, a measann tú é/í a bheith naofa:

- Conas a fhoilsíonn an duine seo an naofacht?

- Cad iad na tréithe a léiríonn siad?

- Cé a mheasann tú a bheith naofa ó do thaithí saoil féin?

- Cad é fúthu a spreagann an dearcadh seo ionat ina leith?

**Topaic a dó: Súil níos géire ar na mórthraidisiúin bheo**

Tabhair faoi deara nach mór do gach dalta staidéar a dhéanamh ar dhá thraidisiún reiligiúnacha: ceann ó liosta A agus ceann ó liosta B sa siollabas. Chomh maith leis sin, ní mór do dhaltaí ardleibhéil staidéar a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas, faoi na topaicí a léirítear faoi 2.1, 2.2, 2.3, 2.4 agus 2.5 den siollabas.

### 2.1 Fís den slánú sa dá thraidisiún

Go ginearálta, is cuid mhór de reiligiúin é an slánú. Is féidir slánú a thuiscint mar shaoirse nó shábháilteacht ó fhórsaí scriosacha. Tagraíonn sé do bhraistint den tsláinte nó den iomláine. Ag brath ar an reiligiún, is féidir le slánú a bheith ag tagairt don saol seo nó don saol eile agus is gníomh a thionscnaíonn Dia atá ann, é sin nó bíonn sé ag brath go huile agus go hiomlán ar ghníomhartha an dhuine aonair. Tá gaol idir ceist an tslánaithe agus ceist na cinniúna; cá bhfuil beatha an duine ag dul? Tá an cheist níos casta i gcás na reiligiún ina múintear go maireann daoine níos mó ná saol amháin.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Laistigh den dá thraidisiún, aithin: Cad a chiallaíonn na téarmaí ‘slánú’ agus ‘saoradh’ – an dtuigtear gur mar an gcéanna iad nó an bhfuil difríochtaí ann? Cén chaoi a mbaintear an slánú amach?

**Acmhainní**

I gcomhair fiosrú Críostaí ar na coincheapa seo féach Gutierrez, G. (1973) A Theology of Liberation Nua-Eabhrac: Orbis Books Caib. 9 ‘Liberation and Salvation’.

**Samhail an duine dhaonna**

Ní amháin go n-insíonn reiligiúin dúinn faoi Dhia, ach insíonn siad dúinn cad é a bhaineann le bheith i do dhuine daonna. Fiosraítear ceist na hantraipeolaíochta i ngach ceann de na mór-reiligiúin in Holm, J. & Bowker, J. eag. (1994) Human Nature and Destiny Londain: Pinther Publishers

Le samhail an dhuine dhaonna a thuiscint is féidir go mbeidh gá an tsamhail ar Dhia atá ar fáil sa reiligiún áirithe sin a bhreithniú.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

* Léigh cuntas den chaoi ar cruthaíodh an duine de réir an téacs diaga den traidisiúin reiligiúnach - cad a deir sé leat faoin duine daonna? Déan comparáid agus codarsnacht idir an cuntas sin agus cuntas ó thraidisiún eile.

• Ullmhaigh colláis de scéalta/luanna/phictiúir/amhráin/cheol/théacs diaga as gach ceann de na traidisiún atá roghnaithe agat. Ba chóir go gcuirfeadh an cholláis seo ar chumas do dhaoine comparáid agus codarsnacht a dhéanamh ar an tsamhail den duine daonna a fhaightear sna traidisiúin seo.

**Nádúr an ghaoil idir an tarchéimnitheacht agus an daonnacht**

Is gá dul i ngleic leis na ceisteanna seo a leanas agus taighde á dhéanamh ar an dá thraidisiún:

- Cad a chiallaíonn an téarma ‘neach tarchéimnitheach’ sa traidisiún seo?
- Cén chaoi a thuigtear agus a chuirtear in iúl an gaol idir an tarchéimhnitheacht agus an duine daonna?

### 2.2 Pobal na gcreidmheach

**Bealaí cuir chuige múinteoireachta**

Is bealach amháin chun tabhairt faoin roinn seo ná próifíl a ullmhú ar phobal beo. Tá sé níos fearr má tá an pobal seo i do cheantar féin. D’fhéadfadh agallamh le ball den phobal a bheith i gceist leis an bpróifíl, ina dtugtar aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas agus ina ndéantar tuairisciú orthu. (D’fhéadfadh an t-agallamh seo a bheith mar bhunús le tuarascáil nó alt nuachtáin a bhféadfaí é a chur isteach chuig nuachtán áitiúil.)

I measc na nithe go bhféadfaí díriú orthu, áirítear:

- líon na mball den phobal
- an chaoi a eagraítear an pobal/an struchtúr atá air
- conas a dhéantar é a mhaoiniú?
- cé atá i gceannas?
- cé atá i gceannas ar an adhradh?
- ról na mban sa phobal
- cé a dhéanann cinntí don phobal?
- an bhfuil aon nasc ag an bpobal le pobal níos leithne nó pobal domhanda?
- cén tuiscint atá ar údarás laistigh den phobal seo agus cad as a dtagann an t-údarás - an bhfuil sé i dtéacs, sa cheannaire, sna daoine nó sa traidisiún?
- cén chaoi a mbíonn na baill den phobal seo rannpháirteach sna ceisteanna mórthimpeall orthu, mar shampla, rannpháirteachas i gceartas sóisialta nó gníomhaíochtaí idir-reiligiúnacha?
- cén dearcadh atá acu i leith an domhain agus na sochaí a bhfuil siad mar chuid de?

### 2.3 Traidisiún ceiliúrtha

Tá gnásaíochtaí reiligiúnacha le fáil i ngach traidisiún reiligiúnach. Déantar gnásanna trí úsáid a bhaint as gníomhartha daonna, tá siad mar chuid de ghnáthghníomhaíochtaí an duine ach ionchorpraítear eilimintí den siombalachas, coisreacan – an rud a dhéantar naofa nó sácráilte, athdhéanamh, agus cuimhneamh a thugann ciall reiligiúnach don ghnás ar leith.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

- Breathnaigh ar ghnás tionscnaimh/glac páirt ann/cuimhnigh air. Cad iad na gnéithe de ghnás a bhí le feiceáil go soiléir? Cad a bhí á chur in iúl sa ghnás? Cén chaoi a ndearnadh ceiliúradh air?

- Cuir agallamh ar dhuine atá ar tí dul faoi ghnás tionscnaimh nó tuismitheoir linbh atá le baisteadh. Céard leis a bhfuil siad ag súil ón ngnás? Cén fáth go bhfuil siad ag tabhairt faoin ngnás? Déan comparáid agus codarsnacht idir an gnás seo agus gnás tionscnaimh i reiligiún eile.

**Acmhainní**

Drumm, M. (1998) Passage to Pasch Baile Átha Cliath: The Columba Press

Beck, M. et al eag. (1997) Exploring Religion An Astráil: Oxford University Press, Caibidil 11 'Religious Rites'.

**Mar a shonraítear agus mar a cheiliúrtar an t-am agus /nó na séasúir**

Ag tógáil ar an gcoincheap de 'amanna tábhachtacha' ba chóir an chaoi a ndéanann traidisiúin reiligiúnacha cuntas a choinneáil ar imeacht ama agus na séasúr a chur in iúl do na daltaí. Bealach amháin chun é seo a dhéanamh ná fiosrú a dhéanamh ar na difríochtaí idir féilirí na gealaí agus na gréine agus comparáid a dhéanamh ar na bealaí a choinníonn traidisiúin reiligiúnacha dhifriúla cuntas ar an am. I reiligiún ar bith tá imeachtaí áirithe a tharla san am atá thart atá lárnach dá scéal agus mar thréithe de chreideamh agus de chleachtas na ndaoine atá ina mball de. Cuimhnítear ar na hócáidí seo le linn séasúir áirithe freisin.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

- Déan féilire de na séasúir a ndéantar iad a cheiliúradh i do thraidisiúin roghnaithe http://www.interfaithcalendar.org

- Aithin cén chaoi a ndéantar an séasúr a cheiliúradh – cad iad na féilte atá mar chuid den séasúr? Más féidir déan comóradh ar an gceiliúradh ar shéasúr nó ar fhéile ar leith i dtraidisiún nach é do thraidisiún féin é.

**Ceiliúradh ar na céimeanna i dtimthriall na beatha**

Déanann gach reiligiún comóradh ar na príomhócáidí i saol a ndaoine – breith, bás, dul isteach in aois an duine fhásta, caillteanas, bás, pósadh, breoiteacht, srl.

**Acmhainní**

Tá an láithreán gréasáin seo a leanas thar a bheith úsáideach nuair atá comparáid á dhéanamh idir deasghnátha aistrithe saoil: http://re-xs.ucsm.ac.uk/re/passage.

Acmhainn atá úsáideach chun tús a chur leis an staidéar seo ná The Usborne Encyclopaedia of World Religions atá nasctha leis an Idirlíon.

Tá sraith d'ailt fhaisnéiseacha maidir le féilte éagsúla na nGiúdach ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon ar láithreán gréasáin LOGOS www.materdei.ie/logos/C3

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

Roghnaigh céim i mbeatha an duine – nósanna breithe, pósadh, an t-aistriú chuig ógántacht, deasghnátha sochraide – agus cuir tuarascáil i láthair ar an gcaoi a ndéantar ceiliúradh ar an gcéim seo i ngach ceann den dá thraidisiún a bhfuil staidéar á dhéanamh agat orthu

## 2.4 Dúshláin sa traidisiún

D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a chur:

- céard iad na dúshláin roimh an bpobal seo?
- céard iad na féidearthachtaí amach anseo don phobal seo?

## 2.5 An dialóg idirchreidimh

Tá an domhan ag éirí níos iolraíche agus braitheann go leor daoine nach mór dóibh reiligiúin eile, agus an dearcadh atá ag baill de reiligiúin eile ar an domhan, a thuiscint. Úsáidtear an téarma 'an dialóg idirchreidimh' chun cur síos a dhéanamh ar an bplé idir-reiligiúnach. Is plé nó malartú smaointe agus tuairimí é dialóg, go háirithe i measc grúpaí a bhfuil sé mar aidhm acu coinbhleacht a réiteach nó teacht ar chomhaontú. Is príomhriachtanas de dhialóg mar sin é suim leanúnach ar an gcaoi a chuireann reiligiúin eile a n-eispéireas ar an naofacht in iúl.

Thosaigh an smaoineamh do dhialóg idirchaidrimh le Parlaimint Dhomhanda na Reiligiún i Chicago i 1893.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

Faigh amach céard atá ag tarlú i do cheantar áitiúil chun dialóg idirchreidimh a chur chun cinn.

- Faigh amach faoi na Tionóil Idirchreidimh in Assisi i 1986 agus in 2002.
- Eagraigh imeacht inar féidir le baill de thraidisiúin reiligiúnacha dhifriúla a n-eispéireas ag déileáil le ceist ar leith a roinnt.

**Acmhainní**

**www.multifaithnet.org**

**Ról an chreidimh reiligiúnaigh in dhá cheann de na suímh choinbhleachta chomhaimseartha ar domhan**

**Acmhainní**

www.religioustolerance.org

www.overcomingviolence.org

**Topaic a trí: Gluaiseachtaí reiligiúnacha nua**

Faoin topaic seo, déanfaidh daltaí gnáthleibhéil staidéar ar 3.1 cultais agus seicteanna. Ní mór do dhaltaí ardleibhéil staidéar a dhéanamh freisin ar 3.2 roinnt gluaiseachtaí reiligiúnacha nua.

## 3.1 Cultais agus seicteanna

### Cad is cultas ann?

Tagann an focal cultas ón bhFraincis *culte*, agus tá a fhréamh sa Laidin *cultus*. Ciallaíonn cultas 'adhradh' nó 'deabhóid roimh dhuine nó ní'. Is téarma débhríoch atá san fhocal 'cultas' mar gheall nach bhfuil sainmhíniú uilíoch ann ar chultas agus tá tuairimí éagsúla ann faoin gciall atá leis. Ar bhealach úsáidtear anois é i leith grúpa, reiligiún nó stíl mhaireachtála ar bith nach dtuigeann daoine, nó nach n-aontaíonn siad leis. Ní mheasann duine ar bith a reiligiún féin a bheith ina chultas mar gheall ar íomhá diúltach a chuirtear in iúl de rialú intinne agus cineálacha eile mí-ionramhála atá ceangailte leis an téarma seo. Is gnách go ndíríonn na meáin a n-aird ar na tréithe de chultais nach bhfuil chomh neamhurchóideach sin. Ina measc, tá:

- comhéigean síceolaíoch a úsáid chun a bhaill a earcú, síolteagasc a dhéanamh orthu agus iad a choinneáil
- deasghnátha tionscnaimh rúnda
- bunaitheoir/ceannaire atá féincheaptha, dogmach, carasmatach agus meisiasach
- creideamh go 'maitheann an toradh na modhanna' chun cistí a iarraidh agus daoine a earcú
- sochaí ollsmachtach scothroghnach a bhunú

I measc na samplaí is measa den mhéad seo, áirítear grúpaí reiligiúnacha scriosacha lá an bhrátha inar dúnmharaíodh na baill nó ina chuir na baill lámh ina mbás féin, m.sh grúpa ar nós Solar Temple agus Heaven's Gate.

Is féidir le múinteoirí cabhrú le daltaí a bheith íogair faoin mbaol a bhaineann leis an lipéad 'cultas' a chur i leith grúpa creidimh díreach mar gheall nach bhfuil cur amach acu ar a chreidimh agus a chleachtais.

### Cad is seict ann?

Tá an téarma *seict*, a n-úsáidtear é uaireanta in ionad *cultas*, chomh débhríoch céanna. Tagann sé ón bhfocal Laidin *secta*, focal a chiallaíonn 'comhlacht eaglaise eagraithe.' Dá bhrí sin is féidir le seict tagairt a dhéanamh do na nithe seo a leanas:

- sainchreideamh
- grúpa reiligiúnach easaontach, a bunaíodh de thoradh siosma (deighilt; scaradh).
- grúpa atá ag cloí le foirceadal nó ceannaire sainiúil.

Go diagach, úsáidtear an téarma seict i leith grúpa a scar amach ó chomhlacht nó ó ghluaiseacht níos mó - go ginearálta de thoradh difríochtaí beaga san fhoirceadal agus/nó sa chleachtas - ach

nuair nach meastar go ginearálta go bhfuil a theagasc agus a chleachtais neamh-cheartchreidmheach.

### 3.2 Roinnt gluaiseachtaí reiligiúnacha nua

Is féidir leis an bhfrása seo tagairt a dhéanamh do raon níos leithne de ghrúpaí creidimh nua nó grúpaí creidimh atá ag teacht chun cinn. Is feiniméan thar a bheith casta agus éagsúil atá sna gluaiseachtaí reiligiúnacha nua seo. Tá siad 'nua' sa mhéid is go gcuireann siad iad féin i láthair mar mhalairt ar reiligiún institiúideach oifigiúil. Tá siad 'reiligiúnach' sa mhéid is go maíonn siad go gcuireann siad fís reiligiúnach den domhan i láthair, agus go dtugann siad freagairt ar bhuncheisteanna an tsaoil.

**Acmhainní**

Idirphlé Éireann
www.esatclear.ie/~dialogueireland

An Lárionad um Staidéar ar Reiligiúin Nua
www.cesnur.org/default.htm

Factnet
www.factnet.org/index.html

American Family Foundation
www.csj.org

Apologetics Index
www.gospelcom.net/apologeticsindex

An Institiúid um Acmhainní do Chríostaithe
www.equip.org

Staitisticí
www.adherents.com

Religious Tolerance
www.religioustolerance.org/cultmenu.htm

Watchtower Fellowship Inc.
www.watchman.org

Eaglais na hEoleolaíochta
www.scientology.org

Bartley, Peter (1989) Mormonism, the Prophet, the Book and the Cult Baile Átha Cliath: Veritas

Barker, Eileen (1991) New Religious Movements Londain: HMSO

Coulter, Carol (1984) Are Religious Cults Dangerous? Baile Átha Cliath: Mercier

Harris, Doug (1999) The Jehovah's Witnesses. Their beliefs & practices Londain: Gazelle Books

Harrison, Shirley (1990) 'Cults', the Battle for God Londain: C. Helm

Hassan, Steven (1988) Combating Cult Mind Control, Aquarian Press

LeBar, James J. (1989) Cults, Sects, and the New Age Indiana: OSV

Vilar, Juan Diaz (1992) Religious Sects, A summary of their basic beliefs Nua-Eabhrac: Catholic Book Publishers

Sraitheanna úsáideacha: Zonderan Guide to Cults and Religious Movements.

**Topaic a ceathair: Traidisiúin bheo eile**

**4.1 Traidisiún beo**

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

Tabhair cuireadh do dhaltaí tabhairt faoi obair thionscadail ag úsáid láithreáin ghréasáin agus leabhar, ag ligean do na mór-reiligiúin agus traidisiúin bheo dhomhanda labhairt ar a son féin. Féach an sampla thíos.

**An Creideamh Baha'i**

Níor thosaigh an creideamh Baha'i go dtí an naoú haois déag san Iaráin agus faoi láthair tá níos mó ná trí mhilliúin duine ina lucht leanúna air ar fud an domhain. Tagann ainm an reiligiúin ó ainm fir ar a dtugtar Baha'u'llah, a chiallaíonn 'Glóir Dé'. Creideann lucht Baha'i gurb é Baha'u'llah an fáidh is déanaí de líon mhór fáithe, lena n-áirítear Maois, Krishna, An Búda, Críost agus Mahamad.

Is é an prionsabal is tábhachtaí do Baha'i ná aonacht an chine dhaonna. Níl ach aon chine amháin ann, an cine daonna, agus is orainne atá an fhreagracht a bheith ag streachailt ar son ord nua na síochána, an cheartais, agus chun deireadh a chur le claontacht reiligiúnach agus chiniúil.

Is iad cúig phríomhchreideamh Baha'i ná

1. Is ionann gach duine, beag beann ar inscne ná cine.
2. Ba chóir go mbeadh aontacht ann i measc na reiligiún.
3. Níor chóir go mbeadh fíorbhochtaineacht ná fíorshaibhreas ann.
4. Ba chóir oideachas a chur ar gach duine.
5. Ba chóir go mbeadh an fíor-reiligiún ar comhchuibheas le heolas eolaíochta.

Teagmháil: An Creideamh Baha'i, Tionóil Náisiúnta na hÉireann, 24, Bóthar Burlington, Baile Átha Cliath 4.
Teil: 01-6683150

**Acmhainní**

http://www.bahai.ie/

http://www.bahai.org/

**Reiligiún na Síne**

Is dhá reiligiún thábhachtacha a tháinig ón tSín iad an Taochas agus an Confúiceachas. Forbraíodh an dá reiligiún seo sa 6ú haois RCR agus cé gur tír chumannach í an tSín, áit nach ndéantar an reiligiún a spreagadh, tá lucht leanúna de thart ar chúig mhilliún duine ag gach ceann den dá reiligiún.

Tá an Taochas bunaithe ar theagasc an Tao Te Ching. Creidtear gur scríobh Lao-Tzu an leabhar seo ach maíonn scoláirí áirithe go raibh roinnt údair i gceist leis. Is é 'an Bealach' an t-aistriúchán is coitianta a thugtar ar an Tao. Chun go mbeidh siad ag caitheamh a saoil de réir an Tao, is gá don lucht leanúna ábhair sheachráin shaolta a sheachaint agus maireachtáil ag déanamh cinntí ar an toirt.

**Acmhainní**

http://www.human.toyogakuenu.ac.jp/~acmuller/contao/laotzu.htm –
aistriúchán ar an Tao Te Ching

http://www.clas.ufl.edu/users/gthursby/taoism/intros.htm – leathanach de naisc úsáideacha faoin Taochas.

http://www.chebucto.ns.ca/Philosophy/Taichi/books.html#taoism

**Confúiceachas**

Is córas de theagasc morálta, sóisialta, polaitiúil agus reiligiúnach a bhunaigh Confúicias atá sa Chonfúiceachas. B'fhealsamh Síneach a bhí i gConfúicias a mhair sa séú haois. Bhí sé i gceist ag scríbhinní Confúicias treoir a thabhairt do rialtóirí na Síne ag an tús, agus leagadh béim ar iompar ceart sa tsochaí iontu. Ó shin i leith, tá forbairt déanta ag a lucht leanúna ar na smaointe seo agus ghlac siad le gnéithe áirithe den Taochas agus den Bhúdachas. Leagann Confúiceachas níos mó béime ar bheith i mar shaoránach maith ná ar an spioradáltacht ach bíonn ról tábhachtach ag deasghnátha sa traidisiún seo freisin.

**Acmhainní**

http://religion-cults.com/Eastern/Confucianism/confuci.htm eolas bunaidh ar an gConfúiceachas le hábhar léitheoireachta molta.

**Saíceachas**

Bhunaigh an Gúrú Nanak an Saíceachas thart ar cúig chéad bliain ó shin san India. Is creideamh aondiach sainiúil atá ann, a bhfuil fís d'Ard-Dia Cruthaitheora amháin i gceist ann. Tá fréamhacha an tSaíceachais san Ioslamachas agus sa Hiondúchas araon agus tuigtear gur iarracht atá ann na difríochtaí eatarthu a réiteach.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le pobal na Saíceach in Éirinn ag: 78, Ascaill na Lúb, Bóthar Mhuirfean, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

**Acmhainní**

http://www.sikhs.org/summary.htm – Eolas ginearálta faoin Saíceachas

http://punjabgovt.nic.in/Culture/culture.htm – Cultúr agus stair na Puinseaibe.

**Reiligiún traidisiúnta na hAfraice**

http://www.afrikaworld.net/afrel/ **-** láithreán gréasáin den scoth a thugann faisnéis faoi reiligiúin thraidisiúnta na hAfraice, leabharliosta, léarscáil de dháileadh an luchta leanúna agus aistí faoi na pointí ina dtrasnaíonn reiligiúin thraidisiúnta na hAfraice le mór-reiligiúin dhomhanda eile.

## ROINN D

### Cinneadh Morálta a Dhéanamh

Is féidir an téarma moráltacht a shainmhíniú ar go leor bealaí difriúla, agus cuid acu níos simplí ná an chuid eile. Fiú amháin nuair a bhaintear úsáid as sainmhíniú sách simplí, áfach (m.sh. baineann moráltacht lena bhfuil ceart agus mícheart, nó an maith agus an t-olc), léiríonn anailís níos doimhne ar an sainmhíniú ceisteanna níos casta i gcónaí: Conas a bhíonn a fhios ag daoine cad atá ceart agus mícheart? An bhfuil rud éigean ceart má bhíonn pléisiúr ann dá bharr? Conas a bhíonn a fhios againn go bhfuil rud éigean go maith? An bhfuil a leithéid de rud ann agus an t-olc? Cén fáth go roghnaímid rud mícheart a dhéanamh nuair atá a fhios againn go bhfuil sé mícheart? An mbaineann moráltacht le gníomhartha nó leis an gcarachtar? Conas a bheimid inár ndaoine maithe? An bhfuil reiligiún riachtanach dúinn le bheith morálta? Cén gaol idir a bhfuil go maith domsa agus a bhfuil go maith do dhaoine eile? Conas a rachaidh mé i ngleic le cinntí morálta deacra? Téann Roinn D den siollabas i ngleic le go leor de na ceisteanna seo.

### Topaic a hAon: Ag smaoineamh ar an moráltacht

### Gníomhaíocht dhírithe

Agus an roinn seo á cur i láthair, d’fhéadfaí daltaí a spreagadh chun smaoineamh ar chásanna coincréiteacha ina mbíonn daoine daonna ag gníomhú ar bhealach a chomhaontaítear a bheith ‘maith’. Ag úsáid samplaí ó fhoinsí sna meáin, d’fhéadfadh daltaí an méid atá maith faoin duine (an gníomhaí morálta) agus a g(h)níomhartha a aithint, cad a d’fhéadfadh a bheith ina chúis spreagtha don duine (m.sh. cás dóibh siúd atá i ngátar), cén fáth go bhfuil an duine sin toilteanach íobairtí pearsanta a dhéanamh (m.sh. compord, sábháilteacht) chun cabhrú le daoine eile, agus cad a chuireann ar chumas duine gníomhú go morálta (m.sh. tá saorthoil ag an duine daonna - tá sé de nós ag beitheanna an mhaith a lorg nó í a bheith ina toilmhian acu; tá daoine daonna sóisialta, agus dá bharr sin gníomhaíonn siad ar bhealach a léiríonn feasacht faoi dhaoine eile; tá cumas réasúnaíochta ag daoine daonna, a chuireann ar a gcumas machnamh ar a bhfuil i gceist leis an maith agus gníomhú de réir an mhachnaimh seo, seachas gníomhú de réir a nádúir). Is féidir é seo a nascadh níos déanaí le Roinn D, Cuid 2, áit a ndéantar plé ar an ngaol idir an mhoráltacht agus an reiligiún.

### Cuid a haon: Ag smaoineamh ar an moráltacht

### Acmhainní


Mc Quarrie, John eag. A New Dictionary of Christian Ethics

Newland, George (1985) Making Christian Decisions Mowbray

Malherbe, Abraham L. (1986) Moral Exhortation, A Greco-Roman Sourcebook
Philadelphia: The Westminster Press

Norman, Richard (1998) The Moral Philosophers: An Introduction to Ethics, Second Edition
Nua-Eabhrac: Oxford University Press (Is foinse mhaith atá sa leabhar seo maidir le Platón agus Arastatail.)

Copleston, Frederick (1993) A History of Philosophy Volume 1: Greece and Rome from the Pre-Socratics to Plotinus Nua-Eabhrac: Image

Holm, Jean and Bowker, John eag. (1994) Making Moral Decisions, ón tsraith Themes in Religious Studies Londain: Pinter (Tá Caibidil 5 den leabhar seo ag plé le moráltacht sa Ghiúdachas, lena n-áirítear an scrioptúr Eabhrach).

**1.2 Cén fáth a mbeifeá morálta?**

Cén fáth a mbeifeá morálta? Is dócha gurb é an cur chuige is fearr ar an gceist seo ná ransú smaointe agus plé a dhéanamh ar dtús, seachas teoiricí a chur i láthair, mar gheall go spreagfaidh na gníomhaíochtaí sin na daltaí chun machnamh pearsanta a dhéanamh ar na fáthanna chun an mhaith a lorg agus an t-olc a sheachaint. D'fhéadfaí sainmhínithe soiléire ar luachanna (luachanna pearsanta agus pobail) a chíoradh tar éis na ngníomhaíochtaí seo. D'fhéadfaí sainmhíniú a thabhairt ar luach mar thréith nó ghné inmhianta den smaointeoireacht nó iompar a meastar é a bheith go maith, tábhachtach agus fiúntach. Is iad luachanna pearsanta na luachanna a imríonn tionchar ar mhoráltacht an duine aonair (m.sh. dílseacht i leith cairde; tóir an tsármhaitheasa; atrua). Is iad luachanna pobail ná luachanna a imríonn tionchar ar dhearcadh agus iompar morálta pobal cosúil le grúpaí reiligiúnacha, teaghlaigh, an tsochaí (m.sh. oideachas a chur chun cinn; comhshaol glan sábháilte a chosaint; atrua; cúram do dhaoine imeallaithe; comhionannas). D'fhéadfaí daltaí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar an ngaol idir a luachanna féin agus luachanna na bpobal difriúil a bhfuil siad páirteach iontu. An bhfuil go leor de na luachanna comhroinnte? An bhfuil luachanna pearsanta acu atá i gcoimhlint le luachanna ar bith de na pobail seo? Mar shampla, más ceann de na luachanna pearsanta atá agam ná saol sláintiúil sona a chinntiú dom féin, agus leagann roinnt de mo chuid cairde luach ar dhul amach oíche Sathairn agus a bheith ar meisce, d'fhéadfadh coimhlint a bheith ann idir luachanna pearsanta agus luachanna an phiarghrúpa/phobail. Mar sin d'fhéadfaí teacht ar ais chuig an gcothromaíocht idir luachanna pearsanta agus pobail arís i gCuid 3 (maidir le coinbhleacht mhorálta i sochaí iolraíoch) agus Cuid 4 (maidir le haibíocht mhorálta agus an coinsias).

Iarrann Topaic 1.2 ar dhaltaí freisin machnamh a dhéanamh ar mar a chuirtear luachanna pearsanta agus pobail in iúl in dhá chairt. Tugann sé seo deis chun nasc a dhéanamh idir Roinn D agus Roinn F (Saincheisteanna Córa agus Síochána) agus Roinn H (An Bíobla ina chlasaic bheo).

Is féidir teacht ar Dhearbhú Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe ar go leor láithreáin ghréasáin, lena n-áirítear www.un.org.

Is cairt shuimiúil eile í an Dearbhú i dTreo Eitic Dhomhanda. Seo an toradh ar iarracht a rinne Parlaimint de Reiligiúin an Domhain chun luachanna morálta atá comhroinnte i measc reiligiúin dhifriúla a aithint. Is féidir teacht ar an Dearbhú é féin ag www.uni-tuebingen.de - nó in Küng, Hans agus Kuschel, Karl-Josef eag. (1993) A Global Ethic: The Declaration of the Parliament of the World's Religions Londain: SCM Press. Tá cúlra níos doimhne ar an smaointeoireacht taobh thiar den dearbhú seo ar fáil sa leabhar thuas, agus in Küng, Hans (1990) Global Responsibility: In Search of A New World Ethic Londain: SCM Press. Tá freagairtí ar an Dearbhú ó bhaill de thraidisiúin reiligiúnacha dhifriúla ar fáil in Morgan, Peggy agus Braybrooke, Marcus eag. (1998) Testing the Global Ethic: Voices from the Religions on Moral Values Oxford: The World Congress of Faiths/CoNexus Press. Tá an leabhar deireanach sin deartha mar uirlis oideachais, agus mar sin tá sé oiriúnach do dhaltaí scoile. D'fhéadfaí daltaí a spreagadh chun luachanna pearsanta (m.sh. an ceart i leith maoin phríobháideach) agus luachanna pobail (comhbhá le daoine bochta an domhain) a aithint sna doiciméid seo, agus machnamh a dhéanamh ar mar a léiríonn na

doiciméid an idirghaolmhaireacht idir luachanna pearsanta agus pobail agus, go háirithe, an gá luachanna an phobail a thógáil san áireamh nuair atá luachanna aonair á ndearbhú.

Is féidir go gcabhróidh sé le daltaí féachaint go coincréiteach ar an ngaol idir luachanna pearsanta agus pobail trí mhachnamh a dhéanamh ar imeachtaí domhanda a thagann chun cinn i rith thréimhse an staidéir.

### 1.3 An leas coiteann agus cearta an duine

Déantar machnamh i gCuid 1.3 ar an leas coiteann agus ar chearta an duine. D'fhéadfadh an dá chairt thuas a bheith an-úsáideach mar acmhainní, agus thabharfaidís deis feasacht a fhorbairt i measc daltaí maidir leis na naisc atá idir na fo-ranna éagsúla de Roinn D. Lena chois sin, d'fhéadfadh daltaí smaoineamh ar na sainmhínithe a ghabhann leis an leas coiteann ó dhoiciméid mar Gaudium et Spes agus Pacem in Terris (ar fáil ar www.vatican.va). Lasmuigh de chomhthéacs reiligiúnach, agus á chur go simplí, d'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar an leas coiteann mar rud a théann chun leasa an phobail/na sochaí trí chéile. I mbeagán focal, ní hionann an mhoráltacht agus duine a bheith ag lorg rud a théann chun leasa dó/di féin amháin. Baineann sé freisin le machnamh a dhéanamh ar cad a théann chun leasa daoine eile agus conas is féidir freastal ar leas na sochaí ina hiomláine. D'fhéadfaí an bhéim fhóntaíoch a chuirtear ar an tuairim a bhaineann leis an leas is mó don líon is mó daoine (uaireanta, d'fhéadfaí a rá, go dtarlaíonn sé seo agus go mbíonn cearta daoine aonair siar leis) a chur i gcodarsnacht le tuiscint ar an leas coiteann a dhéanann iarracht smaoineamh i gcónaí ar leas daoine agus ag an am céanna leas na sochaí i gcoitinne a chur chun cinn.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

- Agus staidéar á dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear an leas coiteann agus cearta an duine in iúl i ndlí sibhialta na hÉireann, d'fhéadfadh duine smaoineamh ar dhlíthe a bhaineann le tiomáint (m.sh. teorainneacha luais, teorainneacha ar thiomáint ar meisce) agus conas a léiríonn siad an gá atá le cothromú a dhéanamh ar chearta an duine chun tiomána le cearta daoine eile maidir le sábháilteacht. Is sampla úsáideach eile í reachtaíocht maidir le caitheamh tobac in áiteanna poiblí. Is féidir féachaint ar na topaicí seo trí thaighde a dhéanamh ar reachtaíocht, ar an tuairim phoiblí agus ar dhíospóireacht seomra ranga.

- D'fhéadfadh sé a bheith áisiúil freisin díospóireacht sna meáin a leanúint thar thréimhse ama (m.sh. rannóg na litreacha i nuachtán ar thopaicí cosúil le cosc ar chaitheamh tobac i dtithe tábhairne agus i mbialanna, nó cibé cad atá sa nuacht ag an am).D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach freisin smaoineamh ar chnámha scéil samhailteacha. Soláthraíonn an cleachtadh thíos samhail a d'fhéadfaí a úsáid:

Sna samplaí seo a leanas, caithfear cinneadh a dhéanamh faoi cad is fearr a d'fhreastalódh ar an leas coiteann. Ní mór ceann de na cinntí a dhéanamh go tapa, agus i gcás an chinnidh eile, beidh níos mó ama ag an duine smaoineamh ar a chuid roghanna. Conas is fearr dar leat a d'fhreastalófaí ar an leas coiteann i ngach ceann acu? Tabhair cúiseanna le d'fhreagra agus aithin láidreachtaí agus laigí do chonclúide.

1 Tá carr póilíní ag leanúint feithicil ghoidte trí shráideanna baile mór tráthnóna amháin. Ina gcuid iarrachtaí dul ar a dteitheadh, bíonn iompar an-chontúirteach go deo ar bun ag na daoine atá sa charr, agus iad ag imeacht ar luas idir lánaí. Tuigeann an póilín go mbeidh siad ag cur sábháilteacht an phobail i mbaol go mór má éiríonn leis na daoine seo

éalú, mar bhí iompar contúirteach den sórt seo ar bun acu cheana. Tuigeann siad freisin go mbeidh leanaí ag teacht amach as scoil níos faide síos an bóthar faoi cheann cúpla nóiméad.

2 Measann duine go bhfuil cúrsaí cánach ró-ard sa tír seo. Tá sé saibhir cheana féin, ach tá a fhios aige go gcuideodh an t-airgead a shábhálfadh sé trí roinnt cánacha a imghabháil chun iasacht a thóg sé amach le méadú a chur ar a ghnó a ghlanadh. Tugann a ghnó obair do dhaoine a bhí dífhostaithe roimhe seo. Measann sé go bhfuil airgead sábháilte aige don stát (agus do cháiníocóirí!) trí fhostaíocht a chur ar fáil. Tá a fhios aige freisin go bhfuil lagtrá eacnamaíochta sa tír, agus go bhfuiltear ag gearradh siar ar chúram sláinte agus ar oideachas.

3 Mar thoradh ar thubaiste nádúrtha (m.sh. spéirling) tá gá ionad mór daonra a aslonnú d’fhonn daoine a thabhairt slán. Mar sin féin, tá baol ann go dtarlóidh tranglam tráchta mar gheall ar an líon mór feithiclí ar na bóithre amach as an gcathair, rud a chuirfidh moill mhór ar chomh tapa is a bheifear in ann na daoine a aslonnú. Ordaíonn an rialtas go gcaithfidh áitritheoirí úsáid a bhaint as feithiclí iompair phoiblí, sa chás go bhfuil siad ag freastal ar cheantar áirithe ar mhaithe le haslonnú a dhéanamh, agus caithfidh na daoine sin a gcuid feithiclí féin a fhágáil ina ndiaidh. Cuireann roinnt daoine ina choinne seo, mar tá a fhios acu go scriosfaidh an spéirling a gcuid feithiclí, agus b’fhearr leo taisteal ina bhfeithicil féin le hais bus/traein atá plódaithe.

**Cuid a dó**: **An Mhoráltacht agus an Reiligiún**

**Acmhainní**

Bauman, Zigmund (1993) Post Modern Ethics Blackwell

Bigar, Nigel (1997) Good Life: Reflections on What we Value Today SPCK

Gula, Richard (1989) Reason Informed by Faith: Paulist Press (Tá caibidil mhaith anseo faoin ngaol idir creideamh/reiligiún agus an mhoráltacht.)

Hauermas, Stanley (1981) Vision and Virtue Notre Dame Press

Hollenbach, David (2002) Common Good and Christian Ethics Cambridge University Press

MacNamara, Vincent (1988) The Truth in Love: Reflections on Christian Morality Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan

MacNamara, Vincent (1985) Faith and Ethics: Recent Roman Catholicism Baile Átha Cliath: Dominican Publications

Is téacsanna diagachta iad na téacsanna thuas a mholtar don mhúinteoir i gcomhair tagartha. Ní bheidís oiriúnach ach do na daltaí is cumasaí sa rang.

Chun plé níos éadroime a dhéanamh ar an topaic, féach:

Brown, Colin (1998) Crash Course on Christian Ethics Londain: Hodder agus Stoughton

Jenkins, Joe (1999) Ethics and Religion (ón tsraith Heinemann Advanced Religious Studies) Oxford: Heinemann. Is téacs do na *A-levels* é seo, a dhéileálann freisin le topaicí atá ábhartha do chodanna eile de Roinn D.

**2.1 An gaol idir an mhoráltacht agus an reiligiún**

Chun smaoineamh ar na difríochtaí idir duine reiligiúnach agus duine morálta, b'fhéidir go spreagfaí daltaí smaoineamh ar thriúr difriúla i mbun na ndea-rudaí agus na ndrochrudaí céanna. Is Críostaí duine acu, daonnachaí an duine eile agus is Moslamach an tríú duine. Conas is féidir linn duine amháin a idirdhealú ón duine eile? Is mar a chéile an rud a dhéanann siad (m.sh. ag cabhrú lena chéile nó ag goid). D'fhéadfaí cur síos a dhéanamh mar sin ar an ngníomh mar an chuid sin dá moráltacht atá le feiceáil go héasca. Tá cuid shuntasach den mhoráltacht a théann níos doimhne ná an gníomh, áfach - spreagadh, an rud atá ar intinn ag duine a dhéanamh, an bealach a fhéachann duine ar an saol (cruinneshamhail), srl. Múnlaíonn na tosca seo go léir an duine a dhéanann an gníomh. Is féidir le duine a bheith morálta gan a bheith cráifeach, ach tá difríocht idir an gníomh maith a dhéanann sé/sí agus gníomh an duine atá cráifeach, a múnlaítear a m(h)oráltacht tríd an gcruinneshamhail reiligiúnach atá aige/aici. Ar an gcaoi chéanna, is féidir le duine a bheith 'cráifeach', sa mhéid go gcreideann sé/sí i nDia, in urnaí srl. ach is féidir leis/léi drochrud a dhéanamh freisin.

Clúdaíonn iniúchadh ar an mhoráltacht ó ré na heagnaíochta i leith tréimhse ollmhór staire agus raon ollmhór smaointe. Mar sin féin, i dtéacsanna mar The Moral Philosophers (tagairt déanta dó cheana) agus i dtéacsanna tosaigh eile faoin bhfealsúnacht, tugtar faisnéis faoi chuid de na príomhsmaointe a tháinig chun cinn ó ré na heagnaíochta (m.sh. saoirse agus cearta an duine) agus faoi na fealsúna a rinne forbairt ar na smaointe sin. Maidir le saincheisteanna daingne cosúil le sclábhaíocht, cogaíocht, pionós an bháis, fostú páistí, srl. d'fhéadfaí daltaí a spreagadh chun tabhairt faoi thaighde bunaithe ar an ngréasán agus sa leabharlann maidir le stair na gceisteanna sin. D'fhéadfaí dul i gcomhairle le heagraíochtaí cosúil le Amnesty International (www.amnesty.org), Trócaire (www.trocaire.org), agus le Antislavery International (www.antislavery.org).

**2.2 An mhoráltacht agus an traidisiún Críostaí**

Déanann Topaic 2.2 forbairt bhreise ar an ngaol idir an mhoráltacht agus an reiligiún trí smaoineamh ar mhoráltacht sa traidisiún Críostaí, ag tagairt do na Deich nAitheanta agus don Chúnant, na príomhphrionsabail agus an fhís eiticiúil a bhain le seanmóireacht Íosa, an tuiscint a bhí ag Íosa ar ghaol ceart, agus an tuiscint a bhí ag Íosa ar dhlí an ghrá. Mholfaí anseo staidéar sonraithe a dhéanamh ar théacsanna sa soiscéal, ag léiriú fís mhorálta Íosa (m.sh. parabail; an Seanmóir ar an Sliabh; leigheas ar an tSabóid, srl.). Bheadh sé áisiúil iarracht a dhéanamh fís Íosa a chur i bhfeidhm i gcásanna comhaimseartha, agus chabhródh sin le naisc a bhunú le ranna eile den siollabas. (Mar shampla, conas a bheadh tionchar ag an tuiscint a bhí ag Íosa ar ghaol ceart agus ar ghrá ar shaincheisteanna comhaimseartha a bhaineann le lucht iarrtha tearmainn, na riachtanais atá ag daoine sa domhan forbraíochta, srl.?)

Déanann Topaic 2.2 tagairt freisin don pheirspictíocht a bhaineann le traidisiúin Chríostaí dhifriúla maidir leis an ngaol atá idir reiligiún agus an mhoráltacht. Tá na foinsí tagartha do mhúinteoirí maidir leis an gceist seo mar an gcéanna leo sin do 2.1 maidir leis an ngaol idir an mhoráltacht agus an reiligiún.

**Acmhainní**

MacNamara, Vincent The Truth in Love (Tagairt déanta dó cheana.)

Brown, Colin Crash Course on Christian Ethics

Brown, David (1993) Choices, Ethics and the Christian Blackwell (Don tuiscint atá ag an gCaitliceach Rómhánach agus ag an Anglacánach ar an dlí nádúrtha.)

Harrington, Donal (1996) What is Morality? Baile Átha Cliath: The Columba Press

Holm, Jean & Bowker, John eag. Making Moral Decisions (Tagairt déanta dó cheana.)

Morgan, Peggy & Lawton, Clive eag. (1996) Ethical Issues in Six Religious Traditions Dún Éideann: Edinburgh University Press

**2.3 Peirspictíochtaí reiligiúnacha ar an teip mhorálta**

Déanann Topaic 2.3 iniúchadh ar pheirspictíochtaí reiligiúnacha ar an teip mhorálta, ag tagairt do pheaca pearsanta agus sóisialta agus an gaol atá eatarthu. Ag tarraingt ó na smaointe a bhaineann le cúnant, gaol ceart, grá, srl. a clúdaíodh cheana féin i Roinn 2.2, d'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar an bpeaca mar aon smaoineamh, focal nó gníomh a dhéanann damáiste don chaidreamh atá agam le Dia, liom féin agus le daoine eile, laistigh agus lasmuigh den phobal Críostaí. Caithfear a rá go múnlaítear an léargas atá ag duine maidir leis an bpeaca go mór trí fhís fhoriomlán an duine maidir le cúrsaí reiligiúin nó easpa na físe sin. Mar shampla, d'fhéadfadh duine (as aon traidisiún reiligiúnach) a fheiceann Dia mar dhéantóir dlíthe agus mar dheontóir slánaithe an peaca a fheiceáil mar rud 'a bhriseann dlí Dé'. D'fhéadfadh duine a fheiceann Dia mar chineál tuismitheoir grámhar an peaca a fheiceáil mar theip leis an ngrá a thabhairt ar ais. Is féidir é a thuiscint mar choimhthiú éigin, sa mhéid gur féidir leis an damáiste a dhéanaim mé a choimhthiú ó Dhia, uaim féin (de bhrí nach raibh mé díreach liom féin) agus ó dhaoine eile. Is é sin, cruthaíonn sé eascairdeas agus easpa síthe mar tá an rud a rinne mé ag teacht salach ar m'fhís mhorálta, agus déanann sé damáiste don ghaol atá agam leo sin a bhfuil grá agam dóibh agus a bhfuil imní agam dóibh, dar liom. Is féidir peaca pearsanta a thuiscint mar aon éigeart a dhéanann duine as a stuaim féin agus a bhfuil iarmhairtí aige dó/di féin agus/nó dóibh sin a mbíonn éifeacht dhíreach ag an éigeart sin a dhéanann sé/sí orthu.

Tá gné shóisialta ag baint le go leor peacaí áfach, sa mhéid is go mbíonn iarmhairtí acu don tsochaí trí chéile. Is féidir leis an bpeaca a bheith ina rud sóisialta mar sin de bhrí gur féidir le gníomhartha an duine iarmhairtí sóisialta a bheith acu, agus freisin mar gheall go roghnaítear sa tsochaí an t-éigeart a dhéanamh (m.sh. trí bheartais a fhorbairt a dhéanann damáiste do dhaoine eile, cosúil le hapartheid). Tá roinnt bealaí ina mbíonn gaol idir an peaca pearsanta agus an peaca sóisialta. Mar shampla, is féidir saint daoine a léiriú i sochaí a dhéanann neamhaird de riachtanais daoine eile. Is féidir le foréigean ciniúil a bhíonn ar bun ag daoine dul ar aghaidh agus foréigean sóisialta a chruthú (m.sh. círéibeacha). Déantar dúshaothrú forleathan ar oibrithe bochta i dtíortha forbraíochta mar gheall ar iarrachtaí daoine eile saibhreas thar cuimse a bhaint amach. Léiríonn an peaca sóisialta é féin freisin mar éagóir struchtúrach, ina bhfaigheann an rud mícheart tacaíocht ó struchtúir oifigiúla, eagraithe na sochaí (m.sh. ciníochas).

Déanann imlitreacha/tréadlitreacha ó go leor eaglaisí Críostaí maidir le ceartas sóisialta tagairt don smaoineamh a bhaineann le héagóir struchtúrach agus don ghaol idir an peaca pearsanta agus an peaca sóisialta.

Chun féachaint ar an gcaoi a láimhseáladh an peaca le déanaí, féach Connolly, Hugh (2002) Sin ón tsraith New Century Theology Londain: Continuum. Chun féachaint ar an mbealach a láimhseáiltear an tuiscint ar theip mhorálta i dtraidisiún neamh-Chríostaí, féach Making Moral Decisions le Jean Holm agus John Bowker.

D'fhéadfaí daltaí a spreagadh freisin chun dul i mbun cainte le daoine i dtraidisiúin eile, le múinteoirí b'fhéidir atá ag eagrú cuairteanna ó ionadaithe na dtraidisiún sin, é a dhéanamh níos éasca dóibh comparáid a dhéanamh idir an tuiscint Chríostaí agus neamh-Chríostaí atá ar theip/pheaca morálta, agus conas a shíolraíonn sé sin ón tuiscint atá acu ar Dhia.

**Topaic a trí: Prionsabail agus teoiricí morálta**

Déanann Topaic 3.1 machnamh ar mhoráltacht i sochaí iolraíoch. I ngnáth-chomhrá, úsáideann daoine an téarma iolraíoch go ginearálta chun cur síos a dhéanamh ar shochaí ina bhfuil go leor creideamh agus cleachtas difriúil. I ndáiríre, baineann an téarma le teoiric a deir go bhfuil go leor tuairimí difriúla nó smaointí éagsúla laistigh den tsochaí agus go bhfuil sé de cheart ag gach grúpa a gcuid cleachtas cultúrtha agus reiligiúnach féin a chur i bhfeidhm. Ar ndóigh, d'fhéadfadh coinbhleacht mhorálta a bheith mar thoradh air seo, nuair a thagann na luachanna atá ag grúpa amháin salach ar na luachanna atá ag grúpa eile. Sampla de seo ná b'fhéidir an argóint idir dream atá ar son na beatha agus grúpaí atá ar son rogha a bheith ag an duine sa díospóireacht maidir le ginmhilleadh.
D'fhéadfadh an choinbhleacht sa Bhreatain a bheith ina sampla eile, idir grúpaí atá ar son sealgaireachta agus grúpaí eile atá ina haghaidh.
Is í foinse na coinbhleachta idir na grúpaí atá ar son na beatha agus ar son rogha ná, ar lámh amháin, an tuairim go gcaithfear an leanbh sa bhroinn a chosaint ó dhochar agus, ar an lámh eile, an tuairim gur faoin mbean é cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil sí ag iarraidh páiste a bheith aici nó nach bhfuil. Luíonn foinse na coinbhleachta idir na grúpaí atá ar son agus in aghaidh sealgaireachta, ar lámh amháin, sa tuairim go bhfuil sealgaireacht cruálach agus nach bhfuil aon ghá leis agus go bhfuil luach ag baint le beatha gach ainmhí agus, ar an lámh eile, an tuairim gur lotnaidí iad cuid de na hainmhithe agus gur chóir iad a sheilg, nó go mbaineann daoine sásamh as sealgaireacht, go mór mhór amuigh faoin tuath, agus mar sin gur rud luachmhar í. Le haghaidh plé ar an ról atá ag reiligiún i gcomhthéacs iolrachais féach: Hollenbach, David (2002) Common Good and Christian Ethics Cambridge University Press.

Glactar leis de ghnáth go dtagraíonn bunchreidmheachas don bhéim ar an léirmhíniú liteartha agus feidhmiú scrioptúr agus dlíthe reiligiúin, agus d'fhéadfaí an tuairim a chur san áireamh gur chóir gur ionann dlíthe reiligiúin áirithe agus dlíthe an stáit. Ní mór caitheamh go stuama leis an topaic seo, de bhrí go bhfuil tuairimí coitianta faoi Ioslamachas bunaithe ar thuairimí steiréitíopacha maidir le bunchreidmheachas Ioslamach.

Tugann Francis Beckwith agus Gregory Koukl sainmhíniú ar an bhfeiniméan a bhaineann le coibhneasacht mar rud chomh fada is a bhaineann sé le saincheisteanna morálta nach bhfuil aon fhreagraí cearta ná míchearta air, nach bhfuil aon bhreithiúnais mhíchuí ná chuí ag gabháil leis, agus nach bhfuil aon bhealaí réasúnta ná réasúnacha trína ndéantar idirdhealú morálta a mbíonn feidhm leo ag gach tráth, i ngach áit, agus i gcás gach duine.

Relativism: Feet Firmly Planted in Mid-Air, (1998) Grand Rapids: Baker Books, lch. 12-13.

Scríobhann John Kekes, dar le coibhneasacht:

*What values people accept depends on the context in which they were born, on their genetic inheritance and subsequent experiences, on the political, cultural, economic, and religious influences on them; in short, what they value depends on their subjective attitudes and not on the objective features of values. The implication of relativism is that there cannot be a uniquely reasonable system of values, because when all is said and done no value any conception embodies can be justified on objective grounds.*

John Kekes (1993) The Morality of Pluralism Princeton: Princeton University Press.

Bealach áisiúil chun na téarmaí seo a mhúineadh, agus sainmhínithe tugtha, ná smaoineamh ar conas a ndéanfadh na daoine sin a dhéanann cinntí morálta de réir gach prionsabail topaicí mar ginmhilleadh, eotanáis, cogadh, srl a láimhseáil.

**Acmhainní**

Chun téarmaí atá liostaithe i gCuid 3.2 den siollabas a láimhseáil, féach Joe Jenkins, Ethics and Religion agus Colin Brown, Crash Course on Christian Ethics.
Féach freisin: Cooke, David (1983) The Moral Maze: A Way of Exploring Christian Ethics Londain: SPCK.

**Topaic a ceathair: An forás morálta**

Breathnaíonn Topaic 4 ar fhorás morálta, ar an gcoinsias agus ar chinnteoireacht ag obair. D'fhéadfaí daltaí a spreagadh chun smaoineamh ar conas a smaoiníonn agus a ghníomhaíonn leanaí a bhfuil aithne acu orthu maidir leis an moráltacht – is féidir leo siúd a bhfuil deartháireacha nó deirfiúracha óga acu rudaí an-úsáideacha a thabhairt faoi deara. Tugann go leor téacsleabhair shíceolaíochta A-level/chéad bhliana tríú leibhéal foramharc ar theoiricithe morálta cosúil le Lawrence Kohlberg. Féach mar shampla, Gross, Richard agus McIlveen, Rob (1998) Psychology: A New Introduction London: Hodder and Stoughton, 382-392.

Agus muid ag smaoineamh ar thopaic chasta an choinsiasa, d'fhéadfaí daltaí a spreagadh chun codarsnacht a dhéanamh idir cur síos neamhimleor (m.sh. is ionann an coinsias agus an rud a mheasaim atá ceart nó mícheart) agus iad sin a thugann an tuairim san áireamh go bhfuil ceart/mícheart oibiachtúil ann, go gcaitear an coinsias a threorú, agus go gcuidíonn traidisiúin reiligiúnacha le cinnteoireacht ar bhonn morálta a bhíonn ar bun ag an duine, agus gur féidir míthuiscint a bheith ann faoin gcoinsias mura dtreoraítear i gceart é, nó má tá sé bunaithe an iomarca ar mhothúcháin.

D'fhéadfaí daltaí a spreagadh chun smaoineamh ar roinnt aincheisteanna morálta, agus conas a bheadh difríocht i gcinneadh a dhéanann duine, ag brath ar aibíocht mhorálta an duine, cibé ar bhraith siad ar mhothúcháin astu féin, cibé an bhfuair siad nó nach bhfuair siad treoir sách maith óna gcoinsias, srl. Is féidir leis na haincheisteanna céanna plé a tharraingt faoi na héilimh dhifriúla a dhéanann an coinsias, údarás reiligiúnach agus údarás sibhialta. D'fhéadfaí cur leis sin má leanann na daltaí díospóireachtaí faoi na ceisteanna seo i nuachtáin, srl. Maidir le coireacht agus pionóis, d'fhéadfadh múinteoirí úsáid a bhaint as roinnt modheolaíochtaí a spreagann plé, obair thionscadail, agus fiú amháin staidéar a dhéanamh ar scannán (m.sh. Dead Man Walking nó Million Dollar Baby).

Agus machnamh á dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le cinnteoireacht ar bhonn morálta, is féidir go leor téacsleabhar ar oideachas reiligiúin na sraithe sinsearaí atá ann cheana féin a úsáid (m.sh. Niall Boyle, The Challenge of God). Ag baint úsáide as samplaí nithiúla de chinntí

morálta, is féidir daltaí a spreagadh chun céimeanna i gcinnteoireacht ar bhonn morálta a aithint. D'fhéadfaí aithint na saincheiste/an ghnímh atá i gceist a bheith san áireamh anseo, smaoineamh ar an mbeart, ar an gcúis agus an spreagadh a fuarthas chun an cinneadh a dhéanamh agus cé chomh ceart/mícheart is atá beart, cúis nó spreagadh den sórt sin.

I measc 'céimeanna' eile, áirítear: smaoineamh ar na luachanna morálta (lena n-áirítear iad sin a bhfuil foinsí reiligiúnacha acu) atá tábhachtach don duine, agus conas atá na luachanna sin in ann an cinneadh a threorú; an coinsias a threorú ó fhoinsí údaráis éagsúla; smaoineamh ar an gcineál duine is mian leis/léi a bheith, agus conas b'fhéidir a threoródh sé sin an cinneadh (m.sh. táim ag iarraidh a bheith macánta, a bheith truachroíoch, ní mímhacánta, agus leithleasach); smaoineamh ar iarmhairtí an chinnidh don duine agus do dhaoine eile (d'fhéadfaí iarmhairtí do charachtar an duine a chur san áireamh anseo, chomh maith le hiarmhairtí níos daingne).

**Acmhainní**

Hogan, Linda (2001) Confronting the Truth: Conscience in the Catholic Tradition, Darton, Longman agus Todd

Gula, Richard (1998) Reason Informed by Faith

Harrington, Donal (1998) What is Morality

The Irish Bishops' Conference, Conscience Baile Átha Cliath: Veritas

Don rannóg dheiridh a phléann le saincheisteanna mar choireacht agus pionós, eitic mhíochaine, srl. féach McKenna, John Moral Choices (1992) Baile Átha Cliath: School and College Publishing. Acmhainn teagaisc atá ann a thugann go leor ábhar le plé sa seomra ranga.

## ROINN E

## An Reiligiún agus Cúrsaí Inscne

**Topaic a haon:** **An inscne, an tsochaí agus an reiligiún**

### 1.1 An inscne agus an tsochaí

Is éard atá i gceist le cothromas inscne sa tsochaí ná fáil réidh le steiréitíopaí a chuireann teorainn leis na deiseanna agus roghanna saoil a bhíonn ag fir agus ag mná araon. I saol an lae inniu, tá iarrachtaí móra déanta i ndisciplíní na fealsúnachta, na socheolaíochta, na bitheolaíochta agus na síceolaíochta ag léiriú agus ag imirt tionchair ar róil athraitheach na bhfear agus na mban sa tsochaí. Is struchtúr sóisialta é an téarma ‘inscne’ agus áirítear idir fhir agus mhná leis. Léiríonn an téarma ‘gnéas’, ar an lámh eile, ceachtar den dá thréith a bhaineann le bheith mar fhear nó mar bhean, bunaithe ar orgánaigh a gcuid feidhmeanna atáirgthe.

**Gníomhaíocht dhírithe**

**Obair ghrúpa agus aiseolas:**

Iarr ar na daltaí an tuiscint atá acu ar na téarmaí seo a leanas a phlé:
‘inscne’, ‘buanchruthú gnéasach’, ‘leithcheal ar bhonn gnéis’.

Féadfaidh gach dalta an príomhphointe atá i ngach ceann d’fhreagraí na ngrúpaí a scríobh ina d(h)ialann/c(h)óipleabhar agus aiseolas.

**Gníomhaíocht leantach:**

Mínigh do na daltaí go bhfuil taighde/staidéar déanta ag daoine atá ina saineolaithe i réimsí na fealsúnachta, na socheolaíochta, na bitheolaíochta agus na síceolaíochta ar chothromas inscne.

Ag baint úsáide as na ráitis seo a leanas mar bhunús do na cainteanna, fiafraigh dóibh cé acu de na cheithre théarma a bhfuil líne fúthu thuas a bhaineann leis na habairtí seo a leanas:

a Males and females view the world differently’ (Gilligan 1982, fealsúnacht).

b ‘Although men and women share common biologies, we cannot assume they are not treated differently’ (Harrison 2001, socheolaíocht).

c ‘There may exist a great deal of neurophysiological and anatomical differences between the brains of males and females’ (Sabbatini 1997, bitheolaíocht).

d ‘Boys become fascinated with the legal elaboration of rules while girls have a more pragmatic approach to rules’ (Piaget 1972, síceolaíocht).

**Acmhainní**

**Fealsúnacht:**

Gilligan, C. (1982) In a Different Voice Massachusetts: Harvard University Press

**Socheolaíocht:**

Harrison, W. (2001) 'Truth is slippery stuff ' Investigating Gender Buckingham: Open University Press

**Bitheolaíocht**:

Sabbatini, R. (1997) 'Are There Differences between the Brains of Males and Females?' http://www.epub.org.br/cmn11mente/eisntein/cerebro-homens.html

**Síceolaíocht:**

Krupnick, C. (1985) 'Women and Men in the Classroom: Inequality and its Remedies'

Nóta: Is minic a bhíonn sé deacair teacht ar sheoltaí idirlín mura ndéanann an t-úsáideoir ach cliceáil orthu nó an seoladh idirlín a chlóscríobh. Mar sin féin, má chlóscríobhann an t-úsáideoir ainm na n-údar thíos agus na teidil a chomhfhreagraíonn dá gcuid ainmneacha in inneall cuardaigh tiocfaidh na láithreáin ghréasáin ar fad suas go héasca ar an scáileán.

## 1.2 Ionad na mban agus na bhfear i dtéacsanna naofa agus i dtraidisiúin bheo na reiligiún difriúil

Baineann ceist na hinscne le gach aon reiligiún. Bíonn ar níos mó agus níos mó fear agus ban dúshlán a thabhairt do phatrúin inscne aitheanta a gcuid traidisiún faoi seach ar mhaithe lena réadú féin agus a bpobail chreidimh féin. I gcuid mhaith de théacsanna na mór-reiligiún domhanda, bíonn ról ceannasach ag fir, agus is fir den chuid is mó a bhíonn i nDia/ndéithe. Rinne diagairí agus scoláirí áirithe na scrioptúr an argóint go ndearna sé sin díspeagadh mór ar stádas na mban. Bíonn ar níos mó agus níos mó fear agus ban léirmhíniú a fháil in athuair ar a gcuid téacsanna reiligiúnacha d'fhonn claontuairimí inscne atá ann nó claontuairimí a mheastar a bheith ann a nochtadh. Táthar ag tabhairt dúshlán leanúnach do chlaontuairimí cultúrtha atá dírithe ar an bhfear i dtraidisiúin na mór-reiligiún domhanda. Fós féin, taispeánfaidh imscrúdú níos géire ar na téacsanna naofa agus ar thraidisiúin go bhfuil bunteachtaireacht chomhionannais ag gabháil, i bprionsabal, leis na reiligiúin seo.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

Roinn an rang i ngrúpaí taighde de cheathrar nó chúigear daltaí. Iarr ar gach grúpa mór-reiligiún domhanda a roghnú agus aitheasc a ullmhú ar an topaic: **Tá níos mó le tairiscint ag an reiligiún seo ó thaobh cothromais inscní ná ag aon reiligiún eile.** Roghnaigh cainteoir(í) as gach grúpa chun an cás a chur i láthair. B'fhéidir go mbeadh na ráitis seo a leanas áisiúil chun an chaint a thosú.

'Níl Giúdach ná Gréagach oraibh feasta, níl saor ná daor, fireann ná baineann; is aon sibh uile i gCríost Íosa.' (Gal 3:28, An Chríostaíocht)

‘The Qur’an offers both sexes moral and spiritual equality’ (Kassam, 2001, Ioslamachas)

‘Chruthaigh Dia an duine ar a dheilbh féin, ar dheilbh Dé is ea a chruthaigh sé é. Fireann agus baineann is ea a chruthaigh sé iad.’ (Gein 1:27 Scrioptúir Eabhracha, Giúdachas)

‘Buddha said, ‘There must be no trafficking of slaves or women’’ (Colledge, 1999, Búdachas);

‘The rite of initiation (upanayana), which marked the beginning of Vedic studies, was open to both men and women’ (Sugirtharajah, 2000, Hiondúchas)

• Bain úsáid as na seoltaí idirlín faoi roinn C den siollabas chun taighde a dhéanamh ar reiligiúin dhomhanda.

**Acmhainní**

**An Chríostaíocht:**

Malone, M. T. (2000) Women and Christianity Baile Átha Cliath: The Columba Press

**Ioslamachas:**

Kassam, Z. (2001) ‘Islamic Ethics and Gender Issues’ Ethics in the World Religions Runzo, J. agus Martin, N. eag. Oxford: Oneworld lch. 115- 134

**Giúdachas:**

Wright, A. (2000) ‘Judaism’, Women in Religion Holm, J. agus Bowker, J. eag Londain: Continuum lch. 113-140.

**Búdachas:**

Colledge, R. (1999) Mastering World Religions Londain: Macmillan Press lch. 209-251.

**Hiondúchas:**

Sugirtharajah, S. (2000) ‘Hinduism’ Women in Religion Holm, J. agus Bowker, J. eag. Londain: Continuum lch. 59-83.

## Topaic a dó: Cúrsaí Inscne agus an Chríostaíocht

Ceann amháin le roghnú as 2.1, 2.2, 2.3 nó 2.4.

### 2.1 Mná agus fir sna Scrioptúir Eabhracha

Is minic nach bhfacthas an tábhacht chéanna le mná sna Scrioptúir Eabhracha is a chonacthas leis na fir. I measc samplaí tá Rút (Rút 1-4) agus Eistir (1:10). Deirtear go bhfuil Rút, mar shampla, síochánta agus dílis deabhóideach le linn foréigin agus gur thug Eistir a muintir slán ó dhíothú mar gheall ar an misneach mór a bhí aici. I measc na mbanlaochra nach bhfuil an oiread sin eolais againn orthu tá Hágár (Geineasas 16:1-16), banphrionsa as an Éigipt a tháinig ó cheann de na

teaghlaigh ab uaisle agus a bhí ina sclábhaí ag bean chéile Abraháim, Sárá. Caithfidh sí mac a shaolú do Abrahám mar gheall nach bhfuil Sárá in ann leanbh a iompar í féin (Gein 16:1) agus níl aon dul as aici. Caitear chomh dona léi is go n-éalaíonn sí. Tagann teachtaire de chuid an Tiarna uirthi, arb é Dia é féin é. Tá sise ar dhuine den bheagán daoine sa Bhíobla a bhfuil Dia 'feicthe' aici agus a mhair leis an scéal a insint. Fulaingíonn Hanná (1 Samúéil 1:1-2.10; 2:18-21) a bhfuil a tír á scriosadh ag na págánaigh, ón ngalar is measa a d'fhéadfadh a bheith ar bhean de chuid na linne sin, neamhthorthúlacht. Fós féin, cé go bhfuil lucht a comhaimsire ag siotgháire fúithi, tá creideamh láidir aici i nDia agus bíonn mac aici, Samúéil, bíonn garmhac aici an Rí Dáiví agus seisear leanaí ina dhiaidh sin. I bhfad níos déanaí ina dhiaidh sin, tugann Muire as Nazarat a cuimhneachán féin do Hanná nuair a chanann sí an Magnificat (Lúc 1:46-56). I measc mná eile ar fiú labhairt orthu tá Éabha (Gein. 2.4b-4, 2a; 4.25) atá ina páirtí ag Ádhamh agus Sárá atá ina páirtí ag Abrahám (Gein. 11.29-23.20). Caitear anuas ar Éabha go minic sa traidisiún, téann sí i mbun cainte leis an nathair nimhe agus bíonn sí ag cur cathú ar Ádhamh. Má fhéachaimid níos géire ar Éabha feicimid go bhfuil sí cruthaithe in íomhá Dé (Gein. 1.27). Ní chuireann sí cathú ar Ádhamh i ndáiríre, ach cosúil le hÁdhamh, is í an nathair nimhe a chuir cluain uirthi (Gein 3.6b). Níl a pionós-se, obair níos mó agus go leor leanaí a thabhairt ar an saol (Gein. 3.16), dada níos measa ná an pionós a chuirtear ar Ádhamh, a bheith ag obair an chuid eile dá shaol (Gein. 3.17-19). Tá Éabha ina comhchruthaitheoir le Dia 'Éabha' 'Máthair gach ní beo'. Tá Sárá, cosúil le Hanná aimrid, mar sin, náirítear í. Is é a fear céile Abrahám, fear eiseamláireach an chreidimh. Caitear léi mar shearbhónta agus bíonn drochmheas uirthi (Gein 18.6). Cé go ndéantar i bhfad níos mó gaisce faoina fear céile sna Scrioptúir, éiríonn léi labhairt le Dia áfach (Gein. 18.15). Cé go bhfuil sí anonn go maith sna blianta, faigheann sí luach saothair a creidimh sa deireadh trí ghealltanas mic (Gein 17. 19, 21).

Is iomaí scéal creidimh atá sna Scrioptúir Eabhracha faoi fhir ach déantar beag is fiú don chaidreamh a bhíonn acu le mná, má scríobhtar faoi ar chor ar bith, i gcomparáid leis an ról a bhíonn acu i stair an tslánaithe. Tá aithne níos fearr ar na fáithe Ámós (1-9), Hóisé (1-14), Íseáia (1-66) agus Irimia (1-52) as na hiarrachtaí a rinne siad dul i gcoinne éagóir shóisialta na linne. Feictear an tábhacht a bhíonn sna mná do na fir seo go soiléir sa cháineadh géar a rinne siad ar dhaoine bochta agus ar dhaoine a bhí faoi chois, agus ar ndóigh bhí mná agus leanaí ag bun a gcuid struchtúr sóisialta. Le paisean agus misneach mór, rinne siad impí go síoraí ar a bpobail ionúin filleadh ar Dhia ionas go dtiocfadh an chóir gan srian ina dhiaidh sin. Bhí an-tábhacht ag baint le Maois agus le hIób freisin. Is é Maois an páiste beag tréigthe a tháinig slán, an prionsa a fhulaingíonn, an deoraí a fhilleann abhaile ón ngaineamhlach le teaghlach agus le misean. Is eisean an fáidh drogallach agus duine de na carachtair is bríomhaire sa Bhíobla atá ann. Eisean a thugann sampla na humhlaíochta diaganta (Uimhr 12.3), agus tá sé ina eiseamláir mar fháidh, shagart, bhreitheamh agus rí. Is duine ann féin é mar gheall ar an dlúthaíocht thar cuimse atá aige le Dia (Eacs 33-34) agus mar athair agus mháthair a mhuintire (Uimhr 11.12). Staonann sé faoi dhó ón onóir náisiún nua a dhéanamh (Eacs 32.10); bíonn sé i ndán dó bás a fháil san fhásach as peaca a mhuintire (Deot 1.37); cuirtear in uaigh anaithnid é (Deot 34.6); cuirtear síos air mar dhia d'Árón agus d'Fharó (Eacs. 4.16) ach tá loinnir ón gcneas ar a aghaidh (Eacs 34.29-35). Is é Iób, chomh fada is a bhaineann sé leis féin, fíor-eiseamláir na suáilce agus tá a chreideamh slán daingean (Iób 1.2); ach déanann Iáivé tástáil shíoraí ar a chreideamh (1.13-22; 19.8-12) agus bíonn a chairde ag magadh faoi (4.1-14; 5.17). Cuireann a chairde iallach air mallacht a chur ar an lá a rugadh é (3.2-5) ach leanann sé ag tóraíocht Dé agus na heagna ach ní féidir ceachtar acu a aimsiú (28.1-9). Cuireann fulaingt mhíchóir Iób iallach air a chuid íomhánna de Dhia a athrú ionas go bhféadfadh sé, mar fhear cóir a bhfuil creideamh aige, tuiscint a fháil ar a bhfuil sé ag fulaingt. Tá íomhá aige de Dhia mar rí ón oirthear, Dia an chúitimh, Dia an cheartais, agus Dia na huilechumhachta. Ní éiríonn leis, faigheann sé amach sa deireadh nach féidir leis rud ar bith a dhéanamh ina staid dhaonna ach seasamh ag déanaimh uamhain agus iontais de Dhia nach

dtuigfidh sé i gceart go brách. Ar deireadh, áfach, ba é Iób amháin agus ní a chairde a bhraith go bhfuil níos mó i gceist le Dia ná tuiscint dhaonna.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

B'fhéidir go bhféadfadh an múinteoir súil a chaitheamh ar an réamhrá atá ag gabháil le gach duine de na carachtair thuas sa Bhíobla Dea-Scéala, Collins/Fontana. Tugann an réamhrá seo cuntas gairid agus gonta ar ábhar na scéalta sa Bhíobla. Féadfaidh na daltaí roinnt de na tagairtí scrioptúrtha thuas a roghnú a phléann leis na carachtair fhireanna agus bhaineanna araon. Cuir na buanna/carachtair a léiríonn na fir i gcomparáid le buanna/carachtair na mban.

**Acmhainní**

Dennis, T. (1994) Sarah Laughed Londain: SPCK

Guttieriez, G. (1986) On Job Nua Eabhrac: Orbis

Propp, W. (2000) 'Moses', Eerdman's Dictionary of The Bible, Freedman, D. eag. Michigan: Eerdman's Publishing Company, lch. 919-922

Walton, R. (1970) A Source Book of The Bible for Teachers Londain: SCM Press

Schneiders, S. (1986) The Gender of God in the New Testament and the Spirituality of Women, Nua Eabhrac: Paulist.

## 2.2 Mná agus fir sna Scrioptúir Chríostaí

Díreach mar a thabharfaidh an múinteoir faoi deara ó roinnt de na tagairtí scrioptúrtha atá roghnaithe sa bhosca 'gníomhaíochta' ar an gcéad leathanach eile, bhí roinnt teagmhála ag Íosa le mná. Bhí Máire Mhaigdiléana ar dhuine de na mná Gailíleacha ba mhó le rá a lean Íosa. Cé nach n-insíonn aon cheann de na soiscéil an scéal faoin gcéad uair a chas Máire Mhaigdiléana agus Íosa le chéile, tá sí le feiceáil sna ceithre shoiscéal ar fad, agus ról tábhachtach aici mar fhinné ag bás, adhlacadh agus ag aiséirí Íosa. Tar éis d'Íosa éirí ó na mairbh, ba í Máire Mhaigdiléana an chéad duine a chonaic é, ní a chuid deisceabal ná Muire a mháthair. D'imigh Máire Mhaigdiléana leis an scéal a insint do chomrádaithe Íosa ach níor chreid siad í (Mc 16.9-11). Seo í an bhean a sheas le hÍosa ar feadh a shaoil; sise an bhean a léiríodh sa Bhíobla mar an duine ba ghaire d'Íosa. Ní striapach a bhí inti ach bhí míthuiscint sa traidisiún níos déanaí gur striapach a bhí inti, b'fhéidir mar gheall ar a fhairsinge is a bhí an t-ainm 'Mary' (Muire) ag an am agus mar gheall ar líon mór na n-ainmneacha 'Mary' atá sna Scrioptúir. Bhí droch-mheabhairghalar ag dul di agus thosaigh sí ag leanúint Íosa mar gheall ar an leigheas a fuair sí. Léiríonn an teagmháil a bhí aici le hÍosa ag an tuama go raibh caidreamh speisialta eatarthu.

Meastar go bhfuil scéal an tSamáraigh mná ar an teagmháil ba spéisiúla a bhí ag Íosa le mná sna Scrioptúir. Fiafraíonn sí, 'Conas go n-iarrann tusa, agus gur Giúdach thú, deoch ormsa agus gur Samárach mná mé?' Bhí a fhios aici go raibh scannal faoi dhó ag baint leis an gcaoi ar chaith Íosa léi. Ar dtús ba Shamárach í agus bhíodh an ghráin ag na Giúdaigh ar na Samáraigh. Ina theannta sin, bean a bhí inti. Tháinig deisceabail Íosa ansin agus bhí ionadh orthu go raibh sé ag caint le bean (Eoin 4:27). Sa chomhthéacs cultúrtha a bhí ann ag an am, bhí sé sách dona Íosa a bheith ag caint le bean, gan trácht ar Shamárach mná. Bhí fir chéile éagsúla aici freisin ach mar ab amhlaidh le mná na linne sin, ní raibh cead aici féin tús a chur le colscaradh agus bhí sé sách éasca ag an bhfear imeacht ón bpósadh. Is léir gur bean 'scaoilte' a bhí inti seo agus ar deireadh

bheadh uirthi a bheith freagrach as a cuid ilchumaisc. Bhí fear i ndiaidh fear aici le blianta. Ach ní mar an gcéanna a fheiceann Íosa na rudaí a fheicimidne. I gCríost, níl aon Ghiúdach ná aon Samárach ann, níl a leithéid de rud ann agus a bheith ómósach ná náirithe, níl fireann ná baineann ann níos mó. Tá sé in ann féachaint uirthi agus gan a fheiceáil ach duine. Is daoine iad beirt atá ina seasamh ag tobar i dteas mór an lae. Tá buicéad aici. Tá seisean te agus tá tart air. Agus mar sin deir sé: 'Tabhair deoch dom'. Agus as sin tosaíonn comhrá a chuirfidh deireadh leis an tart atá uirthi. Ní hamháin go labhraíonn sé léi. Tugann sé seans di deacrachtaí an tsaoil a fhágáil ina diaidh agus tosú arís mar dhuine a bhfuil rud éigin tábhachtach le fógairt aici. Glacann sí lena chomhairle in aghaidh an tsrutha, agus bíonn sí mar aspal ag na Samáraigh.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

- B'fhéidir go dtabharfadh an múinteoir cuireadh do na daltaí na scéalta atá liostaithe thíos ón mBíobla a léamh agus cur chuige agus dearcadh Íosa i leith na mban mar a fheictear iad sna scéalta a phlé.

  Is rogha iad na tagairtí seo a leanas de roinnt de na teagmhálacha a bhí ag Íosa le mná:

  **Mth**. 1:1-17; 5:27; 8:14-17; 9:18-26
  **Mc.** 1:29-31; 5:21-43; 7:24-30; 16:1-8
  **Lúc.** 1:14; 2:17-18; 5.14; 16.14-15
  **Eoin** 2.1-11; 4.1-42; 11.1-44; 20.1-2

- Iarr ar na daltaí scéal amháin a roghnú as aon cheann nó as roinnt de na tagairtí thíos, agus dráma a dhéanamh de na himeachtaí ina gcuid focal féin agus iad ag obair i ngrúpaí beaga. Nó b'fhéidir go bhfearr le grúpaí daltaí dán beag nó cuntas nuachtáin a scríobh den teagmháil ina gcuid focal féin.

  Féadfar am a leagan síos do na daltaí chun a saothar a dhéanamh/léamh os comhair na ndaltaí eile.

  Gníomhartha 12:12-14; 16:13-14, 15, 40; 18:2-3; 18:26
  agus i bPól 1 Coir 7; 1 Coir 11; 1:14-34; Eif 5:24.

- B'fhéidir gur mhaith le ranganna eile dul isteach in dhá ghrúpa agus díospóireacht a dhéanamh ar an ráiteas seo a leanas:

  *Mary Magdalene received the highest revelation of the meaning of the resurrection. The right of women to equal place among the disciples is defended through her.* (Ruether, 1977).

**Naisc leis an Siollabas**

Roinn B: An Chríostaíocht: bunús agus leaganacha comhaimseartha. – Topaic 2.3.

**Acmhainní**

Schussler Fiorenza, E. (1992) But She Said Bostún: Beacon Press

Schneiders, S. (1991) The Revelatory Text: Interpreting the New Testament as Sacred Scripture Nua Eabhrac: Harper Collins

Chun réamhrá níos ginearálta a fháil, féach an tsraith leabhar Introducing Feminist Theology le Sheffield Academic Press.

## 2.3 Athrú ar na peirspictíochtaí de Mhuire, máthair Íosa

Mar a tharlaíonn le scéalta eile sa Tiomna Nua, ní bhíonn na scéalta go baileach céanna ag na Soiscéalaithe faoi Mhuire. Mar shampla, tá na naíonscéalta i soiscéal Mhatha agus Lúcáis ach níl siad le fáil i soiscéal Mharcais ná i soiscéal Eoin. Ní dhéantar trácht uirthi a bheith i gCána ach amháin i Soiscéal Eoin (Eoin 2.1-11). Mura ndéantar soiléiriú air seo do dhaltaí óga, d'fhéadfadh deacracht a bheith acu na scrioptúir a chreidiúint. Tá sé an-tábhachtach a thaispeáint go raibh daonnacht mhór ag baint le Muire. Chun teacht arís ar Mhuire na staire, caithfear filleadh ar na scrioptúir san áit a dtosaíonn a scéal. Léiríonn siad bean a thug grá, a mhair agus a d'fhulaing ar an saol seo. Bhí ionadh mór uirthi (Lúc 1:26-38); téann sí ar a teitheadh ó Héaród (Mth 2.13); cailleann sí a páiste (Lúc 2.41-49) agus feiceann sí é ag fáil bháis go míthrócaireach (Mth 27:32-55). Tá misneach (Lúc 1.38) agus creideamh (Lúc 2.19) aici nach bhfuil ag mórán agus bhain sí amach cinniúint na mbocht agus na ndaoine imeallaithe. Bhain sí le pobal a ndearna Impireacht mhór na Róimhe coilíniú air. Lena linn sin ar fad, tá an Magnificat i Soiscéal Lúcáis ar cheann de na fianaisí is tábhachtaí maidir lena creideamh (Lúc 1.46-56).

Tá sé ráite ag roinnt daoine go ndearnadh beag is fiú de dhaonnacht Mhuire i dtraidisiún fada na Críostaíochta agus go raibh sé dodhéanta ag an ngnáthdhuine aithris a dhéanamh uirthi mar eiseamláir. Deirtear uaireanta, mar shampla, gur iompaíodh Muire isteach in íocón a bhfuil sé dodhéanta ag mná go háirithe aithris a dhéanamh air, m.sh. an 'Mhaighdean agus an Mháthair'. Is fuascailteoir iontach í i súile daoine eile agus tá sí, trína daonnacht, i ndlúthpháirtíocht leis an gcine daonna. Bhí Muire mar ábhar ag loighic dhiaga, ag crábhadh deabhóide, ag míthuiscintí coitianta agus na céadta d'íomhánna ar feadh tréimhse 2000 bliain. Thosaigh cultas Mhuire ag méadú i 431 AD nuair a fógraíodh í mar Theotokos (Iompróir Dé) ag Comhairle Eifeasais. (Ciallaíonn an téarma Laidin *Mater Dei Incarnati* Máthair Dé Ionchollaithe). Faoin Meánaois, is beag nach ndearnadh diagú uirthi i samhlaíocht na ndaoine, rud nár thaitin le húdaráis na hEaglaise. Cuireadh le cráifeacht na ndaoine mar gheall ar na taispeántaí de Mhuire agus tá na scrínte is fearr aithne a cuireadh suas ina honóir lonnaithe i Lourdes, Fatima, Medjugorje agus ag Cnoc Mhuire. Aithníonn na milliúin daoine, Críostaithe agus neamh-Chríostaithe araon, na háiteanna seo mar áiteanna a bhfuil leigheas mór spioradálta agus fisiceach le fáil.

### Bealaí cuir chuige múinteoireachta

Bealach amháin chun tabhairt faoin topaic seo ná cabhrú leis na daltaí Muire na staire a athaimsiú trí chuid/gach ceann de na athfhriotail thuas ón scrioptúr a roghnú mar bhunús don mhúinteoireacht. Is fiú trácht ar shoiscéil Mhatha agus Lúcáis ina n-iomláine de bharr go bhfuil roinnt dá gcuid scéalta difriúil óna chéile. Bheadh sé úsáideach tacaí nó bileoga a scríobh leis na tagairtí scrioptúrtha ó gach duine de na Soiscéalaithe seo agus iarraidh ar na daltaí na difríochtaí a fheiceann siad sna scéalta a bhreacadh síos.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

- Tabhair cuireadh do dhaltaí cuairt a thabhairt ar an séipéal/áit adhartha áitiúil agus aird a thabhairt ar íocóin, péinteálacha, pictiúir, obair snoíodóireachta agus ar Thuras na Croise ina bhfuil Muire le feiceáil.

- Ullmhaigh tuairisc ghairid ar ar aimsigh siad agus na cineálacha íomhánna de Mhuire is feiceálaí dar leo. An léiríonn siad Muire na staire nó imprisean ealaíontóra de Mhuire? Tabhair tuairisc don rang ansin.

**Acmhainní**


Reuther, R. (1979 ) Mary the Feminine Face of the Church SCM Press

Brown, R. eag. (1978) Mary in the New Testament, New Jersey: Paulist Press

O'Carroll, M. (1982 ) Theotokos, Minnesota: The Liturgical Press

Cunneen, S. (1996) In Search of Mary, Nua Eabhrac: Ballantine Books

Balasuriya, T. (1997) Mary and Human Liberation Londain:

Mowbray Macquarrie, J. (1992) Mary for All Christians Londain: Harper Collins

Mc Loughlan, William agus Pinnockk, Jill, eag. Mary for Earth and Heaven: Essays on Mary and Ecumenism


**2.4 Peirspictíochtaí inscne ar an gcumasú agus ar an eisiamh**

Tá neamh-inrochtaineacht nó deacracht rochtain a fháil ar mhinistrí oirnithe ar cheann de na saincheisteanna is conspóidí i roinnt traidisiún Críostaí. San Eaglais Chaitliceach Rómhánach, tá an tomhas is tábhachtaí bunaithe ar an ngá atá le fearúlacht chun oirniú a fháil. Déanann daoine atá i gcoinne na tuairime seo an argóint (ag teacht le Comhairle na Calcadóine 451 AD) nár shlánaigh Críost an cine daonna trína chuid fearúlachta ach trína dhaonnacht. Dar le go leor daoine, bíonn sé dodhéanta mar gheall ar an eisiamh seo ag bean gairm ón Spiorad Naomh chuig Ord Coisricthe a fhreagairt. Ciallaíonn an cleachtas seo freisin nach dtugtar an deis do mhná próisis thábhachtacha chinnteoireachta a dhéanamh san Eaglais.

Freastalaíonn go leor ban ar scoileanna idirchreidmheacha agus bíonn siad i mbun díospóireachta i gcúrsaí diagachta agus fanann siad laistigh dá gcuid eaglaise féin lena linn sin. Fuarthas rochtain ar oideachas agus ar mhinistreacht dhiagachta m.sh. Comhthionólaithe (1853), Úinitéirigh, Uilíochaithe, Protastúnaigh Meitidisteacha (1870-80idí). Fuair oirniú ban ceadú ó Mheitidistigh agus ó Preispitéirigh ó Thuaidh (1956) ó Liútaraigh (1965) ó Easpagóidigh (1975); ó Eaglais na hÉireann (1990). Tá tábhacht na mban Caitliceacha mar dhiagairí ag dul i méid ó na 1960idí i leith. Léiríonn an teacht chun cinn seo gluaiseacht an-tábhachtach san Eaglais Chaitliceach. Ina theannta sin, spreag sé díospóireacht oscailte faoi éacúiméineachas idir fir agus mná as gach sainchreideamh Críostaí.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

Faoi threoir an mhúinteora agus má bhíonn taighde déanta aige/aici roimh ré, tabhair cuireadh d'aoichainteoir teacht isteach sa rang chun cuntas cothrom a thabhairt ar dhuine éigin ar tharla eisiamh agus/nó cumhachtú dó/di i reiligiún mar gheall ar chúrsaí inscne.

**Acmhainní**

Sacred Congregation for the Doctrine of the Faith (1976) Inter Insigniores Catholic Truth Society

McEnroy, C. (1996) Guests in their own House Nua Eabhrac: The Crossroad Publishing Company

http://www.episcopalchurch.org/ens/99-112D.html

http://www.womenpriests.org/church

http://www.scotland.anglican.org/history_women.html

**Topaic a trí: Scéalta ban**

Tháinig diagacht agus spioradáltacht fheimineach chun cinn san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe timpeall ar na 1970idí. Tharla na diagachtaí seo mar gheall gur thuig feiminigh sa saol tuata go raibh cos ar bolg á dhéanamh ar mhná agus go bhfuil sé ag dul ar aghaidh leis na cianta. Thosaigh diagairí feimineacha, go háirithe sna mór-reiligiúin dhomhanda, i mbun staidéir ar na scrioptúir agus ar theagasc a gcuid traidisiún faoi seach agus fuair siad amach gur annamh a scríobhadh ná a insíodh scéalta ban. Is annamh go mbíodh scéalta agus stair na mban ag teacht le scéalta agus stair na bhfear agus sa chás go raibh siad ann is minic a dhéantaí dearmad orthu, nó chuirtí faoi chois iad nó théidís amú ar fad.

**3.1 Diagachtaí agus spioradáltachtaí feimineacha**

I measc na saintréithe atá ag baint le diagacht fheimineach, áirítear na trí ní seo a leanas:

- an gá atá le claontuairim fhireann a aithint sa diagacht
- an gá atá le dúshlán a thabhairt do chlaontuairimí den sórt sin
- an gá atá le téamaí diagachta a atógáil trí fhís mhalartach a lorg don chine daonna agus don domhan.

Dhírigh diagairí feimineacha an atógáil seo ar staidéir chriticiúla ar na scrioptúir. Leanann siad freisin ag dul siar ar bhealaí cuir chuige maidir le stair na heaglaise agus iad ag féachaint as an nua ar an traidisiún agus ag athsmaoineamh go cuimsitheach air i bhfianaise an taighde agus na tuisceana reatha. Tugann diagacht fheimineach aghaidh freisin ar shaincheisteanna eitice agus ar shíceolaíocht thréadach.

I measc na saintréithe atá ag baint le spioradáltachtaí feimineacha áirítear na trí ní seo a leanas:

- an gá atá ag mná a gcuid scéalta féin a insint .i. faoina dtraidisiúin chreidimh féin

- an gá atá le béim a chur ar dheasghnáth atá rannpháirteach, aeistéitiúil, agus pobalaíoch, agus a bhaineann leis na heispéiris atá ag mná

- an gá atá le nasc a dhéanamh idir fás spioradálta pearsanta agus cóir shóisialta/eaglaiseach.

Roimhe seo agus sa lá atá inniu ann, is iomaí bean a d’fhág a traidisiún creidimh ina diaidh mar gur chreid sí nár éist a pobail chreidimh léi agus gur trí thuiscint na bhfear amháin a ligeadh do na mná an creideamh a chleachtadh. Mothaíonn siad gur cuireadh iallach orthu bealaí nua a aimsiú maidir le diagacht agus spioradáltacht, rud a bhí lasmuigh dá dtraidisiúin chreidimh faoi seach uaireanta.

**Diagacht fheimineach agus traidisiúin Chríostaí**

Tá cuid mhaith comhthuisceana ann idir diagairí feimineacha agus na traidisiúin Chríostaí. Ní hé atá i gceist le feimineachas Críostaí ná imeacht ó chreideamh a raibh meas mór agat air. Ina áit sin, bunaíonn daoine a ghabhann le feimineachas Críostaí é ar luachanna na Soiscéal. Deir siad go láidir go dtaispeánfar go bhfuil gnéasachas contrártha leis an gCríostaíocht má thagann an duine ar ais chuig príomhtheagaisc na soiscéal. Leis sin, is féidir léirthuiscint eile a bhaint as na scrioptúir agus go deimhin tá diagairí feimineacha á dhéanamh seo laistigh den traidisiún Críostaí. Is traidisiún é seo nach bhfuil imithe uainn, is fórsa cumhachtach é den saol atá ag dul ar aghaidh sa phobal atá in ann athrú gan a fhéiniúlacht a chailleadh. Sa Luath-Eaglais, tugadh stádas mar bhanlaochra, mhairtírigh agus aiséitigh do mhná. Rinne siad staidéar ar an scrioptúr, ar léitheoireacht dhiaga i nGréigis agus i Laidin agus fuair siad oiliúint in Eabhrais. Ó thús ama ar fad, bhí ord baintreacha ag an Eaglais a rinne gníomhartha reiligiúnacha agus carthanachta éagsúla. Sa cheathrú haois, bhí oird bhandeagánach ann a chabhraigh leis an easpag le deasghnátha agus le feidhmeanna múinteoireachta a bhain le mná. Is samplaí iad na húdair a bhfuil cuntas fúthu i roinn 3.1 thíos de scríbhneoirí feimineacha a chaith a saol ag atógáil scéalta ban ón scrioptúr agus ón traidisiún mar iarracht iad a dhéanamh oiriúnach do mhná agus d’fhir araon sa lá atá inniu ann. Is fiú a thabhairt faoi deara gur féidir le fir chomh maith le mná tuairimí feimineacha a bheith acu, mar baineann feimineachas le himeallú eispéiris na mban agus saol cóir, cuimsitheach a thógáil do chách.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

- Iarr ar na daltaí colláis a dhéanamh d’fhocail a bhfuil cuntas orthu sa sainmhíniú a thugtar ar fheimineachas thíos. Ba chóir gach ceann de na focail a sheiceáil i bhfoclóir agus ba chóir ciall na bhfocal sin a chur isteach sa cholláis ar bhealach éigin cruthaitheach.

**Sainmhíniú**

*Feminism is a comprehensive ideology rooted in women’s experience of sexual oppression; it engages in a critique of patriarchy as an essentially dysfunctional system; embraces an alternative vision for humanity and the earth; actively seeks to bring this vision to realisation. (Schneiders, 1991).*

**Acmhainní**

Schneiders, S. (1991) Beyond Patching Nua Eabhrac, Baile Átha Cliath: Paulist Press: lch. 391-396.

Parsons, S. eag. Feminist Theology Cambridge: Cambridge University Press

Johnson, E. (1992) She Who Is Nua Eabhrac: Crossroad

Holloway, R. eag. (1991) Who Needs Feminism? Men Respond to Sexism in the Church Londain: SPCKL (Tá rogha alt sa cheann deiridh sin a scríobh diagóirí fir a ghabhann le prionsabail an fheimineachais)

## 3.2 Saothar na mban

Ar na mná ar chóir staidéar a dhéanamh orthu, tá mná ar chuidigh a saol, a saothar, a mbealaí cuir chuige agus a dteagasc chun cruth a chur ar Chríostaíocht an lae inniu chomh maith leis an saol roimhe seo. I measc beirt mhórscríbhneoirí na Meánaoise, tá Julian of Norwich (1342-1416) agus Catherine of Siena (1347-1380). Is faoi dhiagacht mháithreachas Dé is mó a scríobh Julian. Ba scríbhneoir cráifeach as Sasana í, ba ancaire nó díthreabhach í. Chuir sí a saothar, Revelations of Divine Love, i gcrích c. 1393. Léiriú atá ann ar dhíograis mhistiúil i bhfoirm 16 fhís d'Íosa. I measc na smaointe is láidre ina saothar tá an grá mór a bhí ag Dia d'fhir agus do mhná agus carachtar gráiniúil an pheaca dhaonna. Meastar go bhfuil sí ar an misteach ba mhó riamh.

Is mar mhisteach is fearr a bhfuil aithne ar Catherine of Siena, cosantóir na mbocht agus dochtúir tuata na hEaglaise. Ó bhí sí an-óg thosaigh Catherine ag feiceáil físeanna agus ag déanamh rudaí antoisceacha. Thug sí suas a maighdeanas do Chríost nuair a bhí sí seacht mbliana d'aois. Ghlac sí aibíd na dTreasach Doiminiceach in aois a sé bliana déag. Tar éis trí bliana de dheonuithe neimhe agus comhrá le Críost, thug sí faoi eispéireas mistiúil ar a dtugtar 'gabháil spioradálta', le linn charnabhal 1366 a meastar a tharla sé sin. Thosaigh sí ag freastal ar na heasláin, go speisialta iad sin a raibh na galair ba mheasa orthu, d'fhreastail sí ar na boicht, agus thosaigh sí ag obair chun peacaigh a iompú. Ina measc siúd sna hoird reiligiúnacha a raibh tionchar ollmhór acu ar leasú sóisialta agus reiligiúnach bhí Hildegard of Bingen (1098-1179); Teresa of Avila (1515-1582); Mary Ward (1585-1645); Louise de Marillac (1591-1660); Catherine McAuley (1778-1841); Mary Aikenhead (1787-1858); Jean Jugan (1792-1879); Teresa Ball (1794-1861); Catherine Laboure (1806-1876); Margaret Aylward (1810-1889); Therese of Lisieux (1873-1897).

I measc scríbhneoirí comhaimseartha scoláireachta, a bhfuil a gcuid saothar ar fáil go héasca, áirítear: Rosemary Radford Ruether; Elizabeth Schussler Fiorenza; Sandra Schneiders; Rita Gross; Carol Christ; Nicola Slee; Mercy Amba Oduyoye; Susan Frank Parsons; Bridget Gilfillan Upton; Kowk Pui-Lan; Sally McFague; Madonna Kolbenschlag; Joan Chittister; Carolyn Osiek; Kari Borresen; Carter Heyward; Ada Maria Isasi-Diaz.

**Bealaí cuir chuige múinteoireachta**

Tá an t-idirlíon áisiúil chun próifíl a fháil de mhná, dá gcuid beathaisnéisí agus dá gcuid scéalta. Tá lear mór eolais le fáil ar an Idirlíon ach ceann ar bith de na hainmneacha thuas a chur isteach ar inneall cuardaigh aitheanta.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

- D’fhéadfaí daltaí a spreagadh freisin chun ceann/péire de na hainmneacha thuas a roghnú, is é sin, duine de na scríbhneoirí feimineacha, diagairí nó bunaitheoirí na n-ord rialta agus taighde a dhéanamh ar fhaisnéis do thionscadal ranga nó aonair.

- Nó d’fhéadfadh na daltaí dul i dteagmháil le ceann de na hoird rialta agus agallamh a iarraidh le ball/baill maidir le fís an bhunaitheora, agus ról an oird rialta in Éirinn sa lá atá inniu ann. B’fhéidir go gcuideodh sé an t-agallamh a dhíriú ar bhunú an oird, ar a bhunaitheoir, a saol, a saothar agus a fís, comhthéacs cultúrtha na linne, an bhaint atá aici anois le sláinte/oideachas/cóir shóisialta/muintir an pharóiste.

**Acmhainní**


Slee, N. (2002) ‘The Holy Spirit and Spirituality’ Feminist Theology Parsons, Susan eag. Cambridge University Press

Cavallini, G. (1998) Catherine of Siena, Londain: Geoffrey Chapman

Tinsley, A. (1997) A Neighbour Kind and Known; The Spirituality of Julian of Norwich Baile Átha Cliath: The Columba Press


**Acmhainní Breise**

**Topaic 1.1**


Drudy, S. and Lynch, K. (1993) Schools and Society in Ireland Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan

Eby, D. (1990) ‘Gender and Brain Imaging’, [ar líne] http://www.talentdevelop.com/gender.html

Gray, J. (1992) Men are from Mars, Women are from Venus Harper Collins

Oakley, A. (1972) Sex, Gender and Society Londain: Temple Smith

Boys, M. (1989) Educating in Faith San Francisco: Harper

Skelton, C. (2001) ‘Typical Boys? Theorizing masculinity in educational settings’ Investigating Gender Buckingham: Open University Press


**Topaic 1.2**


Ahmed, L. (1992) Women and Gender in Islam New Haven: Yale University Press

Brodd, J. agus Wilt, M. (1998) Teaching Manual for World Religions Minnesota: St. Mary’s Press

Colledge, R. (1999) Mastering World Religions Londain: Macmillan Press

Franklin, A. agus Sturmey Jones, R. (1987) Opening the Cage Londain: Allen agus Unwin

Narayanan, V. (2001) ‘Hindu Ethics and Dharma’ Ethics in the World Religions

Runzo, J. & Martin, N. eag. Oxford: Oneworld lch. 177- 195.

Zaehner, R.C. (2001) The Hutchinson Encyclopaedia of Living Faiths

Oxford: Helicon lch. 263-341.

**Topaic 2.1**

Carmody, D.L (1988) Biblical Women: contemporary reflections on scriptural texts Nua Eabhrac: Crossroad

Clines, D. (1990) What does Eve Do to Help? And Other Readerly Questions to the Old Testament Sheffield: Sheffield Academic Press

Meyers, C. (1988) Discovering Eve: Ancient Israelite Women in Context Oxford: Oxford University Press

Pace, S. (1990) The Women of Genesis; From Sarah to Potiphar’s Wife Minneapolis: Fortress Press

Trible, P. (1978) God and the Rhetoric of Sexuality Philadelphia: Fortress Press

**Topaic 2.2**

Barton, S. (1991) ‘Women, Jesus and the Gospels’ Who Needs Feminism? Holloway, D. ed. Londain: SPCK lch. 32- 58.

Gilfillan Upton, B. (2002) ‘Feminist theology as biblical Cambridge: Cambridge University Press: lch. 97-113.

Schussler Fiorenza, E. (1995) In Memory of Her Nua Eabhrac: SCM Press

Struthers Malbon, E. (2000) In the Company of Jesus Louisville: John Knox Press

Moltmann Wendel, E. (1982) The Women around Jesus, Londain: SCM Press

Witherington, B. (1987) Women in the Ministry of Jesus Cambridge: Cambridge University Press

Carroll, D. (1998) Unusual Suspects Baile Átha Cliath: The Columba Press

**Topaic 2.3**

Anthony, M. (1989) ‘Mary in the Orthodox Tradition’ Mary in the Church Hyland, J. eag. Baile Átha Cliath: Veritas lch. 95- 103.

Flannery, A. (1996) ‘Our Lady’, An Chomhairle Vatacánach 11 eag. Baile Átha Cliath: Dominican Publications lch. 80-95.

Leahy, B. (2000) The Marian Profile, Londain: New City

Paterson, J. (1989) 'Anglicans and Mary: A Church of Ireland Response to the Paper of Dom Alberic Stacpoole' Mary in the Church, Hyland, J. eag. Baile Átha Cliath: Veritas lch. 79-94.

Paul VI, To Honour Mary (1974) An Róimh: The Vatican Polyglot Press

Stacpoole, A. (1989) 'Mary in ecumenical dialogue' Mary in the Church Hyland, J. eag. Baile Átha Cliath: Veritas:, lch. 57-78.

Tavard, G. (1996) The Thousand Faces of the Virgin Mary Minnesota: The Liturgical Press

**Topaic 2.4**

Grey, M. (1993) The Wisdom of Fools? SPCK: Londain: Lakeland, P. (1975) Can Women be Priests? Baile Átha Cliath: The Mercier Press

Ruether, R. (1986) Women-Church Nua Eabhrac: Harper agus Row

Swidler, A. agus Swidler, L. (1977) Women Priests: A Catholic Commentary on the Vatican Declaration eag. Nua Eabhrac: Paulist Press

**Topaic 3.1**

Ruether, R. (1983) Sexism and God-Talk Londain: SCM Press

Kolbenschlag, M. (1987) Women in the Church Washington DC: The Pastoral Press

Ruether, R. (1987) 'Feminist Theology' The New Dictionary of Theology (Eag. Komonchak, J; Collins, M;Lane, D.) Gill and Macmillan

Ruether, R. (1998) Women and Redemption: A Theological History

Minneapolis: Fortress Press

Schussler Fiorenza, E. (1994) In Memory of Her SCM Press

**Topaic 3.2**

Cady, S. agus Ronan, M. (1986) Sophia: the Future of Feminist Spirituality
San Francisco: Harper & Row

Christ, C. agus Plaskow, J. (1979) Womanspirit Rising: A Feminist Reader in Religion,
San Francisco: Harper & Row

Conn, J.W. (1987) (Eag. Komonchak, J; Collins, M; Lane, D.) 'Spirituality' The New Dictionary of Theology Wilmington: Glazier

# ROINN F

## Saincheisteanna Córa agus Síochána

**Topaic a haon: Ag machnamh ar an gcomhthéacs**

“*Social analysis can be defined as an effort to obtain a more complete picture of a social situation by exploring its historical and structural relationships.*” Peter Henriot S.J.

I gcuid a haon, iarrtar ar dhaltaí forbairt a dhéanamh ar an eolas agus ar an tuiscint atá acu ar phrionsabail na hanailíse sóisialta agus fáil amach conas na prionsabail sin a chur i bhfeidhm i gcásanna a tharlaíonn dóibh féin ar leibhéil áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Is í an aidhm ná imscrúdú a dhéanamh ar rudaí mar atá siad agus ar an bhfáth go bhfuil siad mar sin. Déanann duine imscrúdú ar shaincheisteanna, agus níos tábhachtaí ná sin, déanann duine iarracht féachaint ar a bhfuil taobh thiar de na saincheisteanna le feiceáil cad is cúis leo. Leis sin caithfear féachaint ar shaincheisteanna eacnamaíocha mar shaothar, bochtaineacht, leithdháileadh ioncaim, fostaíocht agus dífhostaíocht, patrúin táirgeachta agus tomhaltas, srl. I measc saincheisteanna polaitiúla, áirítear an rialtas, an dlí, an córas ceartais, ceardchumainn, grúpaí stocaireachta, agus mar sin de. Nuair a bheifear ag féachaint ar thosca cultúrtha caithfear imscrúdú a dhéanamh ar na foshuíomhanna lena mairimid agus fiafraí cá as a dtagann siad agus conas a choimeádtar iad. Is tosca suntasacha iad an córas oideachais, na mórmheáin chumarsáide, agus tionchair reiligiúnacha sa chás seo. Caithfear struchtúir shóisialta a scrúdú freisin, agus áireofar leis sin féachaint ar an gcaoi ina bhfuil an tsochaí roinnte i ngrúpaí nó i gcodanna agus an gaol atá acusan le chéile. Mar shampla, teaghlaigh, aicmí sóisialta, cineálacha gairme, grúpaí eitneacha, srl.

Tá anailís shóisialta dírithe ar uirlisí a thabhairt do dhaoine a chuideoidh leo a gcás féin a thuiscint ionas go ndéanfaidh siad gníomh ar mhaithe le hathrú. Go bunúsach, is uirlis í anailís shóisialta le bunathrú sóisialta chun feabhais a dhéanamh. Tá tionchar ag breithiúnais luacha ar an gcur chuige seo maidir leis an tsochaí a imscrúdú, agus is gníomhaíocht chonspóideach í. Ba chóir do mhúinteoirí é seo a rá le daltaí. Mar chuid den phróiseas oideachasúil cuideofar le daltaí smaoineamh go criticiúil agus measúnú a dhéanamh ar na bealaí difriúla tuisceana atá ann maidir le conas a oibríonn an tsochaí (nó mar a theipeann uirthi oibriú); cé a bhaineann leas as agus cé nach mbaineann; cé aige a bhfuil cumhacht agus cé aige nach bhfuil.

### 1.2 An anailís shóisialta i mbun gnímh

Iarrann anailís shóisialta i mbun gnímh ar na daltaí prionsabail na hanailíse sóisialta a chur i bhfeidhm i gcás ceann amháin (G.L.) nó dhá (A.L.) réimse amach as liosta trí réimse: ocras domhanda, bochtaineacht in Éirinn, agus idirdhealú in Éirinn. **(Iarrfar ar dhaltaí Ardleibhéil an dá réimse a ndearnadh staidéar orthu a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile.)**

Tugann an modh trí chéim seo a leanas achoimre ar a bhfuil i gceist le hanailís shóisialta.

1. Is í an chéad chéim ná na luachanna a thugann duine chuig an tasc a léiriú go soiléir. Ciallaíonn sé sin go gcaithfimid tuiscint a bheith againn ar pheirspictíochtaí, ar chlaontuairimí agus ar sheasaimh a mbíonn tionchar acu ar na ceisteanna a chuirimid agus ar na breithiúnais a dhéanaimid. Tá sé sin ceangailte leis an ráiteas go bhfuil breithiúnais luacha i gceist le himscrúdú ar bith.

2 Is í an chéad chéim eile ná cur síos ginearálta a thabhairt ar an gcás a bhfuilimid ag iarraidh é a thuiscint (m.sh. bochtaineacht, idirdhealú, foréigean, srl). Is féidir é sin a dhéanamh trí fhíricí agus threochtaí a bhailiú, trí scéalta a bhailiú, nó trí labhairt le daoine a bhfuil baint láidir acu leis an gcás. D'fhéadfaí cur chuige níos córasaí a ghlacadh trí shuirbhé nó cheistneoir. Is í an aidhm ag an bpointe seo ná léargas a fháil ar an gceist agus tuiscint thosaigh a fháil ar an gcás.

3 Is í an tríú céim ná anailís a dhéanamh. Leis seo oibrítear trí shraith ceisteanna faoi stair an cháis, na mórstruchtúir a raibh tionchar acu ar an gcás, na príomhluachanna a bhí ag feidhmiú, cé aige a bhfuil cumhacht, cad iad na príomhchaidrimh a bhfuil tionchar acu ar an gcás, agus cén cineál treo a d'fhéadfadh an cás a ghlacadh amach anseo. Ansin, trí phróiseas ceistiúcháin chriticiúil, tosaíonn duine ag teacht ar chonclúidí faoi bhunghnéithe an cháis.

Chomh luath is a bhíonn prionsabail na hanailíse sóisialta múinte agus curtha i bhfeidhm ar shamplaí ionadaíocha ag an múinteoir, féadfaidh na daltaí na prionsabail sin a chur ag obair sna réimsí sonracha a éilítear i gcuid 1.2 (.i. ocras domhanda, bochtaineacht in Éirinn, idirdhealú in Éirinn). Chaithfí na daltaí a spreagadh le bheith chomh cruinn, cóir agus chomh cuimsitheach agus is féidir leo agus iad i mbun imscrúdaithe ar thopaicí atá casta agus a spreagann mothúcháin i ndaoine. Ba chóir don mhúinteoir aithris a dhéanamh ar an gcur chuige smaointeoireachta criticiúla seo nuair a bhíonn sé/sí ag cur ábhar i láthair agus ag eagrú plé ar an gceist. D'fhéadfaí aoichainteoir (a roghnófaí go cúramach), a bhfuil taithí aige/aici maidir le cás sóisialta áirithe, a bheith úsáideach sa phróiseas seo.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

- B'fhéidir go bhféadfaí cabhrú le daltaí a bheith ina léitheoirí criticiúla ar na meáin ionas go bhfaighidh siad amach na luachanna atá á dtabhairt ina gcuid tuairiscí agus tráchtaireachta, agus atá á léiriú iontu. Gheobhaidh múinteoirí agus daltaí ábhar comhaimseartha ábhartha sna codanna gnó de nuachtáin agus irisí agus go speisialta sna rannóga 'Gné ailt' agus 'Tuairim'. Cuideoidh anailísí deireadh bliana agus díospóireachtaí faoin gcáinaisnéis go háirithe anseo. D'fhéadfaí daltaí a spreagadh chun comhad a chruthú ina bhfuil gearrthóga ó na foinsí seo.

- Déan forbairt ar chumas na ndaltaí ceistiú criticiúil a dhéanamh trí 'Na Chúig Cén Fáth' a chleachtadh. Baineann an modh seo úsáid as próiseas de 'Cén fáth?' a iarraidh ar a laghad cúig huaire chun ceisteanna casta a bhriseadh síos.
  Tosaigh le ráiteas atá fíor. Mar shampla:

Tá cos seipteach ag an leanbh.
Cén fáth?

Mar gheall gur sheas sí ar dhealg.
Cén fáth?

Mar gheall nach bhfuil aon bhróga aici.
Cén fáth?

Mar gheall nach bhfuil an t-airgead ag a tuismitheoirí chun iad a cheannach di.
Cén fáth?

Mar gheall gur beag airgid a íoctar lena hathair mar shaothraí feirme.
Cén fáth?

Mar gheall nach bhfuil cead aige dul isteach i gceardchumann.

Ansin abair leis na daltaí féachaint ar an gcéad cheist agus ar an bhfreagra deiridh agus na naisc eatarthu a phlé.

**Acmhainní**

Holland J. agus Henriot, P. (1980, eagrán athbhreithnithe 1983) Social Analysis: Linking Faith and Justice Washington DC: Orbis Books

S. Healy and B. Reynolds, (1985) Ireland Today: Reflecting in the Light of the Gospel Maigh Nuad: Kairos

Dunne, J. Ingram, A. agus Litton, F. eag. (2000) Questioning Ireland: Debates in Political Philosophy and Public Policy Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin

Healy S. agus Reynolds, B. eag. (1998) Social Policy in Ireland: Principles, Practice and Problems Baile Átha Cliath: Oak Tree Press

Irish Bishops' Pastoral, Prosperity with a Purpose ar fáil ar líne ag www.prosperitywithapurpose.ie

Cassidy, Eoin eag. (2000) Prosperity with a Purpose: What Purpose? Baile Átha Cliath: Veritas

80:20 Development in an Unequal World (2002) England: 80:20 Educating and Acting for a Better World, Ireland and Tide (Teachers in Development Education)

Drumm, M. (1998) Famine, Christian Perspectives on Development Issues Trócaire, Veritas, Cafod

Tá acmhainn teagaisc ghairid curtha le chéile ag Trócaire dar teideal Hunger – The Real Reasons, ina bhfuil cás-staidéir ag imscrúdú na gcúiseanna atá le hocras domhanda.

Dorr, Donal (1991) The Social Justice Agenda Baile Átha Cliath: Gill and MacMillan

**Láithreáin Ghréasáin**

CORI (Comhdháil na nOrd Crábhaidh in Éirinn) Láithreán gréasáin ar chóir: www.cori.ie/justice

Cuireann Trócaire eolas maith agus cainteoirí maithe ar fáil maidir le bochtaineacht agus ocras sa domhan forbraíochta. www.trocaire.org

I measc láithreáin ghréasáin eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha:

Development education: http://www.developmenteducationireland.org

Bread for the World Institute: http://www.bread.org/

Eagraíochtaí forbraíochta: http://www.oneworld.net/

Na Náisiúin Aontaithe: http://www.un.org/pubs/cyberschoolbus/index. html

An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine: http://www.cpa.ie/

An láithreán náisiúnta 'Know Racism': http://www.knowracism.ie/

An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chiníochas agus Idirchultúrachas: http://www.nccri.com/

An tÚdarás Comhionannais: http://www.equality.ie/

Láithreán gréasáin don Lucht Siúil: http://www.paveepoint.ie/pav_home_a.html

## Topaic a dó: Coincheap na córa agus na síochána

Tá an chuid seo roinnte i gceithre fo-rannóg:

1 cóir
2 síocháin
3 peirspictíochtaí reiligiúnacha
4 foréigean.

### 2.1 Físeanna den chóir

Féachann físeanna den chóir ar cúig bhealach ina féidir coincheap na córa a thuiscint. Luaite **'gaol ceart'** i dtús báire. Baineann an chóir leis an ngréasán gaolta atá mar chuid dár saol. Feictear cóir mar dhílseacht do shraith gaolta atá in ord ceart. Is féidir leis an réasún an chiall a bhaineann leis an gcur chuige seo a thabhairt leis ó thaobh maireachtáil go maith lena chéile. Tugann cur chuige atá go hiomlán reiligiúnach sainmhíniú ar ghaol ceart mar ghaol ceart a bheith agat le Dia, leat féin, le daoine eile agus leis an gcruthú. Dá réir sin, feictear an gaol atá ag Dia leis an gcine daonna agus leis an gcruthú mar shamhail de ghaol ceart a iarrtar orainne a leanúint.

### Gníomhaíocht do Dhaltaí

Féadfaidh daltaí léarscáil a dhéanamh de na gaolta éagsúla ina saol agus smaoineamh ar cad is gá a dhéanamh ionas go n-oibreoidh na gaolta sin go maith. Is féidir éagóracha a thuiscint go maith mar iompar a chuireann cosc ar ghaolta maithe. Is furasta samplaí a lua agus bheadh ábhar maith plé anseo don rang.

Luaitear ansin an chóir mar **dhíoltas.** Tá an fócas anseo ar chothromaíocht a fháil ar an éigeart a rinneadhle pionóis as na héagóracha seo. Má dhéanann duine éagóir, éilíonn an chóir go gcuirfí an chothromaíocht i gceart. Is minic a luaitear an frása cáiliúil as an mBíobla 'Súil ar shúil, fiacail ar fhiacail,' (Eacs 21:24) i bplé ranga faoi choireacht agus faoi phionós. Léiríonn an frása seo gné díoltais na córa. Laige amháin a fheictear sa tuiscint seo ar chóir ná go dteipeann air cóir a chothromú le trócaire. Ní aithníonn sé go bhfuil sé ceart go leor a bheith trócaireach uaireanta

agus staonadh ó cheanglais dhiana na córa, go speisialta nuair atá gá an cúrsa foréigin a bhriseadh agus oibriú go dian dícheallach ar son athmhuintearais (m.sh. Coimisiún na Fírinne agus an Athmhuintearais san Afraic Theas).

Tugann Íosa dúshlán do choincheap na córa sa Seanmóir ar an Sliabh, áit a spreagann sé a lucht leanúna a bheith go hiomlán síochánta (féach Mth 5:38-48).

Is **cothrom na féinne** an tuiscint is simplí agus is dírí atá againn den chóir, agus ceann nach mbeidh aon deacracht ag daltaí a thuiscint. Conas a shocraímid cad atá 'cothrom'? Tá an Riail Órga ar cheann de na bealaí is fearr atá ar eolas againn againn chun an cheist thábhachtach seo a fhreagairt: Nithe ar bith ab áil libh daoine a dhéanamh daoibhse, déanaigí amhlaidh sin dóibh. Ar bhonn dearfach nó go deimhin diúltach, faightear an foraithne seo i gcúpla traidisiún reiligiúnach. Thug Aquinas, ag macallú Arastatail, sainmhíniú ar shuáilce na córa mar 'the strong and firm will give everyone their due'. Ach ansin cad is brí lena cheart féin, nó *their due,* a thabhairt do dhuine? B'fhearr le hArastatail é sin a dhéanamh amach ar bhonn uimhríochta, agus faigheann gach duine a luach saothair ón tsochaí de réir mar a chuireann sé/sí leis an tsochaí. Laige amháin a bhaineann leis an seasamh seo ná gur féidir leis an gcóir a bheith dleathaíoch, agus an Dlí ag cothromú cúrsaí de réir mar atá tuilte ag gach duine.

Tá an chóir mar **chur chun cinn na cothroime** bunaithe ar aitheantas gur daoine muid go léir a bhfuil na cearta agus an dínit chéanna againn. Chun caitheamh le smaoineamh na córa mar chomhionannas féach Forrester, D.B. (2001) On Human Worth: A Christian Vindication of Equality Londain: SCM.

Tuigtear an chóir, ar deireadh, mar sheasamh ar son **cearta daonna.** Cuireann sé seo fiúntas agus dínit bhunúsach gach aon duine in iúl. Sa lá atá inniu ann, is bealach coitianta í an chóir agus cearta daonna a nascadh chun uilíocht an éilimh atá ar chóir agus a cuid riachtanais a chur in iúl. Ba chóir go mbeadh sé éasca teacht ar shamplaí de seo. Smaoineoidh múinteoirí láithreach tagairt a dhéanamh do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe.

**Acmhainní**

Hogan, L (1998) Human Rights. Arna fhoilsiú ag Trócaire, Veritas agus CAFOD

Tá láithreán Human Rights Watch ag http://www.hrw.org

Láithreán Amnesty International: http://www.amnesty.ie/

B'fhéidir go mbeadh suim ag múinteoirí agus ag daltaí in aiste le Mary Ann Glendon faoi Dhearbhú na NA: http://www.catholiceducation.org/articles/social _justice/sj0006.html

## 2.2 Físeanna den tsíocháin

Bealach amháin chun sainmhíniú a thabhairt ar shíocháin ná nuair nach bhfuil aon neamhréiteach nó easaontas follas ann. D'fhéadfadh sé sin mar sin féin neamhaird a dhéanamh d'éagóracha folaithe nó neamhaitheanta. Thabharfadh sainmhíniú níos oiriúnaí ar shíocháin aitheantas gur chóir ar dtús fáil réidh le héagóracha sula féidir le síocháin tarlú i ndáiríre. Tá an chóir agus an tsíocháin ceangailte mar sin. Sna traidisiúin Ghiúdachais-Chríostaíochta tá an dá cheann i gcroílár fhís Dé den shalom (síocháin); 'an tsíocháin a bheidh mar thoradh ar an gcóir' (Iseáia 32:17). Le déanaí anuas, tá suim mhór á cur i 'réiteach coinbhleachta' go síochánta (2.2). Is sampla coitianta í idirghabháil. Is sampla maith é obair George Mitchell i bpróiseas síochána Thuaisceart Éireann

d'idirghabhálaí i mbun gnímh. Is í an aidhm a bhíonn leis ná an dá pháirtí sa choinbhleacht a chur i mbun cainte, ionas go n-éistfidh siad lena chéile i gcomhthéacs sábháilte, agus tríú páirtí ag déanamh idirghabhála eatarthu. Is é cuspóir an phróisis ná tuiscint a fháil ar nádúr na coinbhleachta i ndáiríre agus bacainní mothúchánacha agus eile a sheachaint d'fhonn peirspictíocht nua a fháil ar an gcás. Tá sé tábhachtach sa phróiseas seo iarracht a dhéanamh gan an milleán a chur ar aon taobh amháin. Ina theannta sin, ní mór cumhacht a thabhairt do na páirtithe a bheith freagrach i ngach a ndéanann siad agus comhréiteach a dhéanamh más gá gan a n-uabhar a chailleadh. Trí scileanna oiriúnacha a úsáid agus dea-thoil na ndaoine lena mbaineann ar ndóigh, is féidir cur ar chumas na bpáirtithe a gcuid difríochtaí a réiteach go síochánta.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

- Agus staidéar déanta ar scileanna réitithe coinbhleachta sa rang, tabhair cuireadh do dhaltaí rólghlacadh a dhéanamh ar conas coinbhleachtaí faoi leith a réiteach. Tá go leor leabhar ar fáil faoi seo atá éasca ag daltaí a léamh lena n-áirítear:

  Macbeth, Fiona and Fine, Nic (1995) Playing with Fire: Creative Conflict Resolution for Young Adults Gabriola Island, BC: New Society Publishers

  Stacey, H. (1997) Let's Mediate: A Teacher's Guide to Peer Support and Conflict Resolution Skills for All Ages Briostó: Lucky Duck Publishers

  Is féidir láithreán gréasáin do mhúinteoirí le hacmhainní sa réimse seo a fháil ag http://www.teachervision.com/lesson-plans
  Úsáid an t-inneall cuardaigh ar an láithreán seo chun pleananna ceachta a fháil ar 'conflict resolution'.

**Acmhainní**

Singer, P. eag. A Companion to Ethics. Déantar iniúchadh fealsúnach, tuata ann ar réimse ginearálta na córa agus na síochána.

Réamhrá ginearálta eile ná Beauchamp, L. (2001 tríú heagrán) Philosophical Ethics: An Introduction to Moral Philosophy Bostún: McGraw Hill

Leabhar níos deise ó thaobh stíle is ea Ingram, D. &Parks, J. (2002) The Complete Idiot's Guide to Ethics, Indianapolis, IN: Alpha Books.

Is féidir peirspictíochtaí éacúiméineacha a fháil faoi chóir agus shíocháin sa Department of Theological Questions/Irish Inter Church Meeting, (1997) Freedom, Justice and Responsibility in Ireland Today Baile Átha Cliath: Veritas.

Féach freisin Williams, T. agus Falconer, A. (1994) eag. Sectarianism: Papers of the 1994 Corrymeela Ecumenical Conference Dublin: Dominican Publications i gcomhar le Scoil Éacúiméinice na hÉireann.

Is féidir tuairimí Críostaí Neamh-Chaitliceacha ar shaincheisteanna córa agus síochána a fháil in:

Geisler, N. (1991) Options in Contemporary Christian Ethics Grand Rapids, Mich. Baker House

Hauerwas, S. (1981) A Community of Character Notre Dame, Ind. University of Notre Dame Press

Hauerwas, S. (1985) Against the nation: war and survival in a liberal society Minneapolis, Winston Press

Meeks, M.D. (1989) God the Economist: The Doctrine of God and Political Economy Minneapolis: Fortress Press

Is féidir cur chuige daingean reiligiúnach Caitliceach Rómhánach maidir le cóir agus síocháin a fháil in Charles, R. (1999) An Introduction to Catholic Social Teaching San Francisco.

Ignatius, agus Himes, K. (2001) Responses to 101 Questions on Catholic Social Teaching New Jersey: Paulist

Tá láithreán gréasáin ar a bhfuil na téacsanna ar fad de na doiciméid ábhartha ón Magisterium Caitliceach, lena n-áirítear Pacem in Terris agus The Challenge of Peace ar fáil ag http://www.osjspm.org

Groome, T. (1998) Educating for Life, Allen, Texas: Tá plé úsáideach ag Thomas More faoi chóir agus an múinteoir Reiligiúin i gcaibidil 8.

### 2.3 Peirspictíochtaí reiligiúnacha ar an gcóir agus ar an tsíocháin

#### An traidisiún Giúdach-Críostaí

Sa chreideamh Eabhrach, is dearbh-shainordú í an chóir mar tá Dia cóir agus caithfidh siadsan atá i gcúnant le Dia maireachtáil go cóir. Scríobh an scoláire ar na Scrioptúir Eabhracha Walter Brueggemann, 'In biblical faith, the doing of justice is the primary expectation of God'. Ar fud na scrioptúr Eabhrach ar fad baineann Dia leis an gcine daonna, ní mar bhreitheamh a bhfuil púicín air ag cothromú na córa chun an méid atá tuilte againn ar bhonn dlíthiúil a thomhas, ach déanann sé é le trua, le trócaire agus le cineáltas grámhar. I measc eochairthéacsanna tá cuntais ar an gCruthú in Geineasas, scéal Eacsadas, mar a ghlaoigh na Fáithe (go háirithe Íseáia, Irimia, Míocá, Hóisé) ar ais ar an gcúnant. Sa Tiomna Nua, d'fhéadfadh duine béim a chur ar an Seanmóir ar an Sliabh (Mth 5), parabal an Bhreithiúnais Dheireanaigh (Mth 25), Soiscéal Naomh Lúcáis ar fad agus Litir Naomh Séamas, i measc téacsanna eile.

Is féidir eolas maidir leis an gcóir agus an tsíocháin sa Bhíobla a fháil i gcúpla ceann de na leabhair a luadh cheana agus, freisin, féach:

Brueggemann, W. (1986) To Act Justly, Love Tenderly, Walk Humbly Nua Eabhrac, Paulist Press

Donohue, J. 'Biblical Perspectives on Justice' in Haughey, J. (1977) The Faith that does Justice: examining the Christian sources for social change Nua Eabhrac: Paulist Press.

Charles, R. (1998) Christian Social Witness and Teaching: The Catholic Tradition from Genesis to Centesimus Annus, Iml. 1: From Biblical Times to the Late Nineteenth Century Herefordshire: Gracewing caibidlí 1 agus 2.

Chuideodh réamhrá bíobalta ar dhiagacht mhorálta freisin: O'Rourke, B. M. (1996) Living the Truth in Love Nua  Eabhrac: St. Paul, go háirithe caibidlí 7 agus 8.

**An tIoslamachas**

Tá an tIoslamachas tógtha ar 'cúig cholún' le maireachtáil; cúig dhualgas reiligiúnacha mar bhunús chun géilleadh do Dhia. Is é an Zakat an ceathrú colún agus baineann sé le déirce a dhéanamh. Spreagann an Córán flaithiúlacht agus molann sé iad siúd 'those who remain steadfast in prayer; and those in whose wealth is recognised wealth for the needy who asks and him who is prevented for some reason from asking' (Sura 70:23- 25).

Mar sin is éard atá i gceist leis an Zakat ná dul níos faide ná díreach cúnamh a thabhairt in éigeandáil. Feictear déanamh déirce mar éileamh a dhéanann Dia ar son an chothromais agus na córa (Sura 2.110). San Ioslamachas, is le haghaidh daoine a dteastaíonn rudaí uathu na rudaí atá inár seilbh againn. Is í an riail atá ann ná go dtabharfaidh gach Moslamach atá fásta agus sláintiúil céatadán de thuillimh na bliana uathu. Ní gá do na boicht é sin a dhéanamh.

**Hiondúchas**

Tagraíonn Ceithre Varna an Hiondúchais do sheasamh (nó aicme) duine sa tsochaí. I sochaithe Hiondúcha, go speisialta san India, tugtar córas na sainaicmí air seo. Bhain an chéad chuspóir a bhí ag an gcóras seo, is cosúil, le cúrsaí eacnamaíochta seachas le cúrsaí reiligiúnacha, sa mhéid gur roinn sé daoine de réir an róil a bhí acu sa saol. Bhí an tsochaí ársa roinnte i gceithre aicme (varna): na Brámain, na hUaisle nó Laochra, na Comóntaigh agus na Seirfigh. Rinneadh forbairt ar an gcóras chun an creatlach sóisialta a choimeád ag imeacht go síochána ach níos déanaí sa stair bhí an córas sách deighilte. Ba ghearr go bhfacthas na daoine sa cheathrú aicme mar an t-aos seachanta, ag bun an chéimlathais, agus bhí na Brámain ag barr an dréimire. Cé go bhfuil cosc dleathach anois ar chleachtas an aois sheachanta san India, cuimsíonn sainaicmí na n-aos seachanta thart ar aon chúigiú de dhaonra na hIndia. Maireann siad ar imeall sráidbhailte agus maireann siad trí jabanna uirísle agus truaillithe a dhéanamh cosúil le bheith ag obair le leathar sna teanúis nó ag déanamh obair láimhe ar fheirmeacha. Ní thacaíonn Hiondúchas an lae inniu le sainaicmí agus tá gluaiseacht láidir ar bun chun na coinníollacha sóisialta a mhaolú agus stádas na ndaoine a chonacthas mar an t-aos seachanta roimhe seo a ardú. B'fhéidir gur mhaith le daltaí taighde a dhéanamh ar shaol Gandhi a raibh feachtais ar bun aige chun an t-aos seachanta a fhuascailt, dream ar a dtugadh sé Harijans, 'clann Dé'.

**Búdachas**

Tá 'Conair na n-ocht rian' i gcroílár an Bhúdachais. Tá sé déanta suas de thuairimí cearta, ard-aidhmeanna cearta, aitheasc ceart, iompar ceart, slí bheatha cheart, iarracht cheart, aireachas ceart, agus gnóthachtáil mhídheamhain cheart. Is í an chríonnacht bun agus barr na conaire seo. Ní féidir aon dul chun cinn a dhéanamh dá huireasa. Cé go ndealraíonn sé ar an talamh go bhfuil an cód maireachtála diúltach sa mhéid go labhraíonn sé faoi staonadh ó rudaí áirithe a dhéanamh, d'fhéadfadh rud dearfach a bheith laistigh de rud a d'fhéadfadh teacht amach i dteanga dhiúltach. Déarfadh Búdaí nua-aimseartha an lae inniu leat go mbaineann sé le cáilíochtaí dearfacha a chleachtadh, cosúil le cineáltas, atrua, flaithiúlacht, fírinneacht agus cóir. I gcroílár phrionsabal fhealsúnacht an Bhúdaí tá sé níos uaisle rud a thabhairt ná a thógáil.

**Acmhainní**

Encyclopaedia Britannica [CD-ROM] nó ciclipéidí maithe eile ar CD-ROM.

Tá ailt bhreátha ar eitic Indiach, Bhúdaíoch, Ioslamach, Ghiúdach agus Chríostaí in Blackwell Companion to Ethics.

Áit iontach le tús a chur le taighde ginearálta ar na téamaí thuas ná láithreán gréasáin oideachasúil an BBC, ar a bhfuil naisc chuig roinnt acmhainní ábhartha:
http://www.bbc.co.uk/learning/library

Láithreán Logos (naisc le leas Éireannach):
www.materdei.ie/logos

Multi-faith Net (le naisc chuig go leor creidimh shonracha): http://www.multifaithnet.org/

http://www.thebigview.com/buddhism/

## 2.4 Foréigean

Is é ceann de na bealaí a rinne daoine iarracht coimhlint a 'réiteach' ná le foréigean. I measc na bhfáthanna a thugtar uaireanta mar údar le foréigean áirítear cearta pearsanta nó cearta náisiúnta a chosaint (ceart na slándála, mar shampla). Is féidir cur síos a dhéanamh ar fhoréigean 'pearsanta' go héasca, ach cad is foréigean 'struchtúrach' ann? Tagraíonn sé seo don dochar a dhéanann dlíthe éagóracha, mar shampla, nó nósanna imeachta nó córais pholaitiúla, dhlíthiúla nó shóisialta éagóracha. Sampla amháin is ea dúshaothrú eacnamaíoch na ndaoine bochta in go leor tíortha. Is sampla eile atá i bhforéigean stáit trí chéasadh. D'fhéadfaí cur síos ar an mbochtaineacht mar chineál foréigin, go háirithe an fhíorbhochtaineacht, nuair is féidir bás forleathan a bheith ann dá bharr. Labhraíonn an Eaglais Chaitliceach Rómhánach ar 'fhoréigean institiúideach':

*As the Christian believes in the productiveness of peace in order to achieve justice, he also believes that justice is a prerequisite for peace. He recognizes that in many instances Latin America finds itself faced with a situation of injustice that can be called institutionalized violence, when, because of a structural deficiency of industry and agriculture, of national and international economy, of cultural and political life, whole towns lack necessities, live in such dependence as hinders all initiative and responsibility as well as every possibility for cultural promotion and participation in social and political life,'...thus violating fundamental rights*

Latin American Bishops' Conference, Medellin, 1968. Doiciméad 'Síochána', uimh. 16

Is é cogadh an sampla is antoiscí den fhoréigean, go háirithe i rith na linne seo. Rinne Naomh Agaistín 'teoiric an chogaidh chóir' a fhorbairt sa 4ú haois. Tosaítear le bonn tuisceana go bhfuil cogadh olc agus ansin déantar iarracht teacht ar chothromaíocht idir é seo agus prionsabal na féinchosanta mar rogha an dá dhíogha, cé go bhfuil coinníollacha diana ag baint leis. Baineann na coinníollacha 'jus ad bellum' le cén fáth agus cén uair go bhfuil sé ceadaithe dul ar iontaoibh an chogaidh; údar cóir, údarás inniúil, intinn cheart, dídean deiridh, dóchúlacht an ratha agus comhréireacht. Baineann na coinníollacha 'jus in bello' le hiompar an chogaidh: comhréireacht (an maitheas atá ar intinn i gcomhréir leis an olc a ndéantar) agus idirdhealú (a dhéanann ionsaithe díreacha ar neamhchomhraiceoirí agus spriocanna neamh-mhíleata a thoirmeasc). Bíonn sé deacair cinneadh a dhéanamh i dtaobh cogadh ar leith a chomhlíonann na coinníollacha seo nó nach gcomhlíonann, go háirithe ag tús an chogaidh.

**Gníomhaíocht do Dhaltaí**

Tabhair cuireadh do dhaltaí sampla a thógáil de chogadh amháin agus critéir an chogaidh chóir a úsáid ina leith. Déan plé leis na daltaí cibé an bhfuil an teoiric seo fós ábhartha nó úsáideach i saol an lae inniu nó nach bhfuil.

**Acmhainní**

Ó thraidisiún an Reifirméisin, féach Ramsey, P. agus Hauerwas, S. (2001) The Just War: Force and Political Responsibility Rowman agus Littlefield

Ón ndearcadh tuata, féach Walzer, M. (1992, dara heagrán) Just and Unjust Wars: A Moral Argument With Historical Illustrations Basic Books

Tá roinnt acmhainní oideachais curtha ar fáil ag Trócaire chun cabhrú le múinteoirí agus daltaí iniúchadh a dhéanamh ar choimhlintí le déanaí san Afganastáin agus san Iaráic. Tá fáil orthu ar iarratas.

**Topaic a trí: An riachtanas reiligiúnach don ghníomhú ar son na córa agus na síochána**

Déileálann an tríú chuid de Roinn F leis an gcomhshaol mar cheist phráinneach ceartais.

**Géarchéim – cén ghéarchéim?**

I mí na Bealtaine 2002 d'fhoilsigh Clár Forbartha agus Comhshaoil na NA leabhar dar teideal The Global Environment Outlook 3 mar ullmhúchán do Chomhdháil na NA ar Fhorbairt Inbhuanaithe i Johannesburg i mí Lúnasa 2002. Thug an tuarascáil faoi shuirbhé a dhéanamh ar an méadú ar dhíghrádú na timpeallachta ón gcéad comhdháil de chuid na NA ar an timpeallacht agus forbairt a eagraíodh i Stócólm i 1972. Ansin d'fhéach sé 30 bliain ar aghaidh chun féachaint ar an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar an domhan dá leanfaimid ar aghaidh ar an gcumas céanna. B'ábhar eagla a bhí i dteachtaireacht na tuarascála do gach daoine, go háirithe daoine óga. Cosúil le gach glúin dá ndeachaigh rompu, tógtar an ghlúin óg agus súil acu go mbeidh todhchaí níos fearr i ndán dóibh ná mar a bhí ag a dtuismitheoirí. Sonraíonn an tuarascáil nach mbeidh todhchaí mhaith i ndán do ghlúin ar bith amach romhainn mura ndéanfaimid athrú ar an scrios atá ar bun againn, mar gheall go bhfuil bás na beatha á fheiceáil againn cheana féin.

Má leanaimid ar aghaidh ag maireachtáil lenár ngnóthaí mar atá, meastar go mbeidh aon cheathrú de mhamaigh an domhain imithe go deo laistigh de 30 bliain. Tá níos mó ná 11,000 speiceas plandaí, agus 1,200 speiceas éan ar tí an díothaithe freisin. Seo an séú maidhm díothaithe is mó i 3.8 míle milliún bliain den saol ar an domhan agus is toradh díreach ar ghníomhaíochtaí daonna é, ag scriosadh gnáthóg ainmhithe eile.

Déanann an tuarascáil meastachán go mbeidh dhá trian de dhaonra an domhain ina gcónaí i limistéir ina mbeidh brú ar uisce faoi 2032. Go deimhin, tuartar go ndéanfar cogaí an chéid seo le haghaidh rochtana ar uisce, seachas rochtain ar bhreosla iontaise.

Go minic, is maith linn smaoineamh ar Éirinn mar thír a bhfuil timpeallacht sách neamh-mhillte aici. Tá daonra beag againn agus ní dheachamar i mbun tionsclaíochta go dtí le déanaí. Mar sin féin, bhí an méid seo le rá ag tuarascáil a foilsíodh le déanaí:

*Ireland's environmental record is one of the worst in Europe, cited as unsatisfactory in seven of ten major categories by the European Commission. Ireland has been brought to the European Court of Justice or is on notice for breaches of the directives concerning waste management, water, environmental impact assessment, habitats, combustion pollution, the disposal of toxic waste, pollution by nitrates and waste oil. Under the Kyoto agreement to reduce greenhouse gases by 8 percent by 2012 in the European Union, Ireland got a special arrangement to increase its level of pollutants by 13 percent (Indeed may overshoot the increase by between 40 and 60 percent). Irish water quality standards have been in decline for 25 years. The proportion of unpolluted waters in Ireland fell from 76 percent in 1987 to 67 percent in 1999, with a rise in moderately polluted rivers and lakes from 11 percent to 14 percent.*

Brian Harvey, Rights and Justice Work in Ireland: a new base line
Joseph Rowntree Charitable Trust (2002) lch 23.

**'Glasú' na hEaglaise**

Bhí buairt faoi iomláine an Chruthaithe mar chuid thábhachtach de chlár oibre Chomhairle Dhomhanda na nEaglaisí (CDE) le tríocha bliain anuas. Rinne cruinniú na Comhairle in Amstardam i 1948 tar éis an Dara Cogadh Domhanda glaoch chun sochaí 'chóir' a chruthú. Faoi 1975, bhí an Chomhairle tiomanta do 'shochaí chóir, rannpháirtíoch, inbhuanaithe' a chruthú. Chuimsigh an téarma 'inbhuanaithe' cuid de na gnéithe an-tábhachtacha i ndíospóireacht na córa, go háirithe an smaoineamh maidir le híogaireacht na n-éiceachóras. Bhí roinnt de na toscairí den tuairim go raibh gá le gné diagachta níos sainráite. Mar sin shocraigh an Chomhairle ar 'Ceartas, Síocháin agus Iomláine an Chruthaithe' ag cruinniú na Comhairle i Vancouver i 1983. D'eagraigh an Chomhairle go leor comhairliúcháin ar thopaicí éagsúla éiceolaíochta. I measc na cinn is mó atá i mbéal an phobail, áirítear an doiciméad ar théamh domhanda dar teideal Accelerated Climate Change: Sign of Peril, Test of Faith a foilsíodh i 1994.

Thóg sé níos mó ama ar an Eaglais Chaitliceach dul i ngleic le buarthaí faoin timpeallacht. I 1988 d'fhoilsigh Easpaig Chaitliceacha na nOileán Filipíneach an chéad tréadlitir faoin gcomhshaol dar teideal What is Happening to our Beautiful Land? Chuaigh Comhdhálacha Easpag eile i ngleic le ceisteanna timpeallachta ina dtíortha féin. Bhí an Pápa Eoin Pól II eolach ar staid dhainséarach na timpeallachta domhanda, agus d'éiligh sé 'tiontú éiceolaíoch' ag éisteacht ghinearálta ar an 17 Eanáir 2001. Is é a dúirt sé

*If we scan the regions of our planet, we immediately see that humanity has disappointed God's expectations. Man, especially in our time, has without hesitation devastated wooded plains and valleys, polluted waters, disfigured the earth's habitat, made the air unbreathable, disturbed the hydrogeological and atmospheric spheres and turned luxuriant areas into deserts and undertaken forms of unrestrained industrialization, humiliating the flower-garden of the universe to use the image of Dante Alighieri (Paradiso, XX11, 151.) We must therefore encourage and support the 'ecological conversion' which in recent decades has made humanity more sensitive to the catastrophe to which it has been heading. Man is no longer the Creator's 'steward', but an autonomous despot, who is finally beginning to understand that he must stop at the edge of the abyss.*

D'fhoilsigh Ardeaspag Chaiseal agus Imleach, Dermot Clifford, tréadlitir faoin timpeallacht in 2003 dar teideal The Whole of Creation is Groaning. Go nuige seo, níl tréadlitir faoin timpeallacht eisithe ag Easpaig Chaitliceacha na hÉireann.

Tá go leor grúpaí reiligiúnacha atá dáiríre faoin ordú morálta atá ann saothrú ar son na córa, le haird ar leith ar cheisteanna éiceolaíocha. Tá láithreán gréasáin ag lucht Cholm Cille (www.columban.com/index.htm) ina bhfuil go leor plé agus faisnéise maidir le ceisteanna éiceolaíocha agus córa.

**Acmhainní**

Tá roinnt tráchtairí ar reiligiún agus ar an timpeallacht sa leabharliosta thíos.


Berry, Thomas (1999) The Great Work Nua-Eabhrac: Bell Tower

Boff, Leonardo (1995) Ecology and Liberation Nua-Eabhrac: Orbis Books, Maryknoll

Boff, Leonardo (1997) Cry of the Earth, Cry of the Poor Nua-Eabhrac: Orbis Press

Collins, Paul (1995) God's Earth: Religion as if matter really mattered Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan

Colborn, Theo, Myers, John Peterson, Dumanoski, Dianne, (1996) Our Stolen Futures Londain: Little Brown and Company

Douthwaite, Richard (1992) The Growth Illusion Baile Átha Cliath: The Lilliput Press

Foltz, Richard, C (2002) Worldviews, Religion, and the Environment; A Global Anthology Stáit Aontaithe Mheiriceá: Thomas Wadsworth

Global Environment Outlook United Nations Environment Programme (UNEP) (2002) Londain: Earthscan Publications, 120 Pentoville Road, London, N1 9JN, An Ríocht Aontaithe. www.earthscan.co.uk

Goldsmith, Edward (1996) The Way: An Ecological World-View Devon: Themis Books, Foxhole, Dartington, Totnes, Devon, TQ9 6EB.

Grey, Mary eag. (1999) Ecotheology Sasana: Sheffield Academic Press

Habel, Norman eag. (2001) Readings from the Perspective of Earth Sheffield: Sheffield Academic Press

Hallman, David eag. (1994) Ecotheology Nua-Eabhrac: Orbis Press, Maryknoll

Hill, Brennan (1998) Christian Faith and the Environment Nua-Eabhrac: Orbis Press, Maryknoll

Johnson, Elizabeth A. (1993) Women, Earth and Creator Spirit Nua-Eabhrac: Paulist Press

Lovelock, J.E. (1987) Gaia; A new look at life on Earth Oxford University Press.

McFague, Sally, (1993) The Body of God Londain: SCM Press

McDonagh, Sean (1986) To Care For the Earth Londain: Chapman

McDonagh, Sean (1990) The Greening of the Church Londain: Chapman

McDonagh, Sean (1995) Passion for the Earth Londain: Chapman

McDonagh, Sean (1998) Greening the Christian Millennium Dominican Publications

McDonagh, Sean (2001) Why are we Deaf to the Cry of the Earth? Baile Átha Cliath: Veritas

Moltmann, Jurgen (1985) God in Creation Londain: SCM

Rasmussen, Larry (1996) Earth Community and Earth Ethics Nua-Eabhrac: Orbis Books, Maryknoll

Shiva, Vandana, (1991) The Violence of the Green Revolution Penang, an Mhalaeisia: Third World Network

Toolan, David (2001) At Home in the Cosmos Nua-Eabhrac: Orbis Books, Maryknoll

Wilson, Edward (1999) The Diversity of Life An Bhreatain: Penguin Books

**Cur chuige múinteoireachta**

Bhainfeadh an chuid seo den siollabas leas as naisc thraschuraclaim le heolaíocht, tíreolaíocht, litríocht, filíocht agus ealaín.

Is fiú súil a choinneáil amach i gcomhair cláir faisnéise faoi cheisteanna éiceolaíochta ar an teilifís freisin.

## 3.2 Traidisiúin reiligiúnacha agus an timpeallacht

**Giúdachas**

Tá coincheapa na Sabóide, Schmitta (a litrítear mar 'Shemitah', 'Schmittah' nó 'Shmita' freisin) agus an Iubhaile ar fáil i gCód na Naofachta (féach go háirithe Léivític 25 agus Deotranaimí 15). B'uair na scíthe agus loghadh na bhfiach a bhí i mBliain na Sabóide (gach seachtú bliain). Ba mheicníocht radacach a bhí i mBliain na hIubhaile (gach 50 bliain) chun ceartas a athbhunú agus tús úr a thabhairt do na boicht. Bhí saoirse ón bhfiach, saoirse ón sclábhaíocht agus athdháileadh na talún mar chroí den fhís Eabhrach den Iubhaile. Cuireann na coincheapa seo meas ar an domhan in iúl de bharr gur le Dia ar deireadh thiar é agus mar sin is chun leasa gach duine an domhan agus gach a bhfuil ann.

Sa Ghiúdachas, breathnaítear ar an gcruthú mar an mhaith, agus léiríonn sé glóir an chruthaitheora. Tá an bhithéagsúlacht, ilghnéitheacht shaibhir an dúlra, le caomhnú. Tá ord ar orgánaigh bheo ó bhun go barr, leis an gcine daonna ag an mbarr. Déanann Geineasas 1 cur síos ar phróiseas cruthaithe ina dtagann an t-ord as an anord. Cuimsíonn gréasán an tsaoil gach uile rud, ach tá daoine ar barr an struchtúir seo. Is faoi dhaoine atá an fhreagracht an bheatha a chothabháil go gníomhach. Trí dhaoine a chur ar bharr ordlathas an chruthaithe, tá staid speisialta freagrachta acu i leith an dúlra.

Tá an talamh agus na daoine ag brath ar a gcéile. Is scéal an chine thofa agus na talún tofa atá sa Scrioptúr Eabhrach. Tá rath na talún ag brath ar umhlaíocht daoine roimh chúnant Dé: 'Má ghéilleann sibh go dílis do na haitheanta a ordaímse daoibh inniu agus go ngránn sibh an Tiarna,

agus a sheirbhís a dhéanamh ó chroí go hiomlán, ó anam go hiomlán, tabharfaidh mé fearthainn daoibh do bhur dtalamh go tráthúil' (Deot. 11:13-17).

**Acmhainní**

Carroll, D Land (1998) Arna fhoilsiú ag Trócaire, Veritas agus CAFOD

Is féidir teacht ar ailt den scoth faoin Sabóid ag http://judaism.about.com/cs/shabbat/ agus http://www.jewfaq.org/shabbat.htm

Déanfaidh go leor daoine ceangail idir 'Iubhaile' agus an feachtas leanúnach le déanaí chun fiachas an Tríú Domhan a chur ar ceal. Féach http://www.debtireland.org, http://www.jubilee2000uk.org/ agus http://www.jubileeusa.org/ chun go leor faisnéise a fháil mar gheall air seo.

Maidir leis an 'Iubhaile' í féin i smaointeoireacht na nGiúdach, féach http://www.allsands.com/Religious/Jewish/whatisjubilee_vtb_gn.htm

Féach http://judaism.about.com/library/asktherabbi/bl_simmons_jubilee.htm freisin

**Búdachas**

Is prionsabail mhorálta atá i gcúig fhoraithne an Bhúda a cheanglaíonn ar dhaoine gan marú, goid, dul i mbun mí-iompair gnéasaigh, bréaga a insint, nó meiscigh a thógáil. Is é an t-idéal ná maireachtáil go síochánta 'sítheach' le do chorp féin, leis an dúlra agus le daoine eile.

Baineann an chéad fhoraithne go díreach leis an gcomhshaol agus le gach ainmhí beo. Gaireann sé ar a lucht leanúna staonadh ó bheitheanna beo a mharú. Áirítear leis seo daoine, ainmhithe agus feithidí. Sin an fháth go bhfuil go leor Búdaigh ina bhfeoilséantóirí (ach níl siad ar fad!), mar gheall go bhfuil marú ainmhithe i gceist le feoil a ithe. Is suimiúil an rud é nár chuir an Búda cosc iomlán ar feoil a ithe. Bhí cead ag a manaigh feoil a ithe ar an gcoinníoll nár maraíodh dóibh go sonrach í.

Dé réir na fealsúnachta Búdaíche, tá an saol ar fad luachmhar agus tá an saol ar fad nasctha. Ní amháin go n-éilíonn an meas seo ar an mbeatha gan aon bheatha a mharú, ach freisin an bheatha a chosaint agus cúram a thabhairt di. Spreagann an dara proiceapta – gan an méid nach dtugtar a thógáil – cosaint éiceolaíoch freisin. Tugtar machnamh ar thomhaltas, riachtanais agus theastálacha daonna le fios leis seo. Cuirfidh duine de lucht leanúna ceisteanna air féin dá bharr, 'Cé mhéad atá ag teastáil uaim ar an saol seo ó thaobh iarmhais ábharach de? An bhfuil mé ag tógáil níos mó d'acmhainní an domhain ná mar atá ag dul dom?

**Acmhainní**

Is féidir teacht ar ábhar scoile simplí ag http://www.buddhanet.net/elearning/buddhism/pbs_unit06.htm

Tá alt mionsonraithe ar chiall na gcúig fhoraithne ar fáil ag: http://www.kwanumzen.com/primarypoint/v14 n1-1996-spring-NeilBartholomew-TakingFivePrecepts.html

Seo a leanas roinnt suíomhanna faoin mBúdachas agus éiceolaíocht:

http://www.buddhismtoday.com/index/ecology.htm

http://www.loudzen.com/skydancer/links/ecolin ks.html

**An tIoslamachas**

Is coincheap Ioslamach é 'Leasionadaí Rí an Domhain' atá an-chosúil leis an gcoincheap Ghiúdach-Chríostaí de 'mhaoirseacht an domhain' (atá ar fáil sna cuntais in Geineasas ar an gcruthú). Tugtar khalifa – nó ról na maoirseachta – ar an dualgas sácráilte a leag Dia ar an gcine daonna. Meastar go bhfuil 500 véarsa sa Chórán a thugann treoir don chaoi ar chóir do Mhoslamaigh breathnú ar an dúlra agus an gaol ar chóir a bheith acu leis, cosúil leis an méid seo a leanas a thugann achoimre bheacht ar ról an chine dhaonna: It is He who has appointed You viceroys in the earth (6: 165.) De réir an dlí Ioslamaigh, meastar comhpháirteanna an dúlra cosúil le talamh, uisce, aer, tine, foraoiseacha agus solas gréine a bheith mar chomh-mhaoine gach ainmhithe, agus ní do dhaoine amháin iad. Agus mar sin, tá áit speisialta ag an gcine daonna i scéim Dé. Is mó ná cairde an domhain muid; is muidne a chaomhnóirí. Cé gur páirtithe muid atá comhionann le gach rud eile sa dúlra, tá freagrachtaí breise orainne. Gaireann Dia orainn cúram a thabhairt don chruthú i gcomhar le Tiarna an chruthaithe.

*It is God who causes the seed-grain and the fruit kernel to split and sprout. It is He who brings forth the living from the dead; and the dead too from the living. How is it, then, that you are still in a delusion?*

(Córán 6.95)

Láithreán gréasáin úsáideach faoin Ioslamachas agus éiceolaíocht is ea: An Fhondúireacht Ioslamach um Éiceolaíocht agus um Eolaíochtaí an Chomhshaoil: http://www.ifees.org

**Naisc leis an Siollabas**

Roinn J: An reiligiún agus eolaíocht. Topaic 2.4.

**Acmhainní**


Flood, Gavin (athchló 1999) An introduction to Hinduism, Cambridge University Press

Tucker, Mary Evelyn & Williams, Duncan Ryuken eag. (1997) Buddhism and Ecology Harvard University Press

Harris, Elizabeth J. (1998) What Buddhists Believe Oxford Oneworld Publications

Sivaraksa, Sulak (1992) Seeds of Peace: A Buddhist Vision for Renewing Society California: Parallax Press

Khalid, Fazlun & O'Brien, Joanne eag. Islam and Ecology Londain: Chapman

Rose, Aubery eag. Judaism and Ecology Londain: Chapman

Nóta: Tá na leabhair thuas agus go leor eile nach iad ar fáil ar iasacht ó Scoil Éacúiméinice na hÉireann, uimhir ghutháin 01-2601144.

## ROINN G:

## Adhradh, Urnaí agus Deasghnátha Cuid a haon: Siombailí, Deasghnátha agus Sacraimintí

**Gníomhaíocht dhírithe**

Le go mbeidh tuiscint ag daltaí ar thábhacht na siombailí, tá sé tábhachtach go ndéanfadh siad machnamh ar ról an déanaimh siombailí ina saol. I ngrúpaí beaga, d'fhéadfadh daltaí ceisteanna mar seo a leanas a phlé:

- conas a chuirimid ár ngrá do dhuine eile in iúl ag úsáid siombailí?
- conas a chuimhnímid orthu siúd atá ar shlí na fírinne ag úsáid siombailí?
- conas a dhéanaimid cairdeas a cheiliúradh ag úsáid siombailí?

D'fhéadfaí daltaí a spreagadh freisin chun dialann a chumadh de shiombailí a léireodh féiniúlacht gach duine aonair. Cabhraíonn an ghníomhaíocht seo le daltaí ról na siombailí ina saol féin a thuiscint.

**1.1 Siombailí**

Is gné shuntasach de bheatha an duine taithí a bheith acu ar shiombailí. Le feidhm an deasghnátha agus an adhartha a thuiscint agus meas a bheith agat air tá sé tábhachtach go dtuigtear gur tréith de shaol an duine é a bheith in ann siombailí a chruthú agus a léirthuiscint. Bainimid úsáid as focail agus teanga gach lá chun smaointe, mianta, mothúcháin agus faisnéis a chur in iúl. Déanann focail an gnó go maith dúinn ach tagann deacrachtaí chun cinn leo nuair a dhéanaimid iarracht labhairt faoi réaltachtaí níos doimhne agus níos mistéirí, cosúil le grá, bás nó an flaitheas spioradálta. D'fhéadfaí daltaí a spreagadh chun na deacrachtaí a bhíonn orthu le teanga sna cásanna seo a phlé agus freisin chun siombailí a chruthú a léiríonn na réaltachtaí níos doimhne seo.

Nuair a chailleann focail a gcumas léiriú maith go leor a thabhairt ar an eispéireas daonna, baintear úsáid as siombailí. Níor mhór go dtuigfeadh daltaí cumhacht na siombailí sna cásanna seo. Is féidir le siombailí réaltacht a chur in iúl nach féidir a dhéanamh ar aon bhealach eile. San áit a gcuireann comhartha píosa amháin faisnéise in iúl, tá go leor céille agus bríonna le baint as siombailí. D'fhéadfadh brí éagsúil a bheith ag siombail ar leith do dhaoine éagsúla. Is féidir le siombailí léirthuiscint a thabhairt ar an eispéireas daonna agus dá bhrí sin is féidir leo dul i gcion ar dhaoine go mór.

**Cineálacha difriúla siombailí** (ba chóir go gcuirfeadh an múinteoir siombailí fíora i láthair don rang)

1 Tá siombailí ann a chuireann féiniúlacht náisiúnta in iúl cosúil le bratach, dath nó stíl éadaí. Is féidir le siombailí náisiúnta mothúcháin láidre a spreagadh agus féiniúlacht a neartú.

2 Tá siombailí pearsanta ann, agus d'fhéadfadh sé nach bhfuil brí acu ach don duine aonair lena mbaineann siad, cosúil le litir, pictiúr nó áit.

3 Tá siombailí reiligiúnacha ann a fhoilsíonn tréithe na diagachta, nó a chuireann freagairt dhuine ar fhoilsiú den chineál sin i láthair.

**Acmhainní**

www.symbols.com
www.symbols.net

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- D'fhéadfadh daltaí úsáid teanga siombalaí sa saol laethúil a fhiosrú, mar shampla i dteachtaireachtaí téacs ar an bhfón, i gcomharthaí bóithre, srl.

- D'fhéadfadh daltaí iniúchadh a dhéanamh freisin ar shaibhreas na siombailí atá lárnach d'fhéiniúlacht mhór-reiligiúin an domhain. Mar gheall ar thionchar amhairc na siombailí seo d'fhéadfaí cairt bhalla a dhearadh don seomra reiligiúin nó don seomra ranga. Is gníomhaíocht í seo atá oiriúnach mar ghrúpobair.

**Naisc leis an siollabas**

Roinn A: Ag cuardach brí agus luachanna – Topaic 2.1.

**1.2 Deasghnátha**

Déantar ceiliúradh ar ócáidí an-tábhachtacha le deasghnátha. Is iad an dá shampla is fearr ná an bhreith agus an bás. Tá deasghnátha a bhaineann le breith linbh agus bás duine ar fáil i ngach aon chultúr. Is gnás atá i ndeasghnáth a leanann patrún socraithe ag úsáid focal agus siombailí chun imeachtaí nó athruithe tábhachtacha a cheiliúradh. Is iad na príomhathruithe atá ar fáil i ngach cultúr ná an bhreith, caithreachas/aosacht, pósadh/tiomantas agus bás. Is soiléir gur ócáidí thar a bheith pearsanta atá iontu seo ar fad, agus dá bharr sin teastaíonn cabhair ón duine aonair brí a bhaint astu. Bíonn na hócáidí seo ina n-ócáidí pobail trí dheasghnátha a úsáid agus cabhraíonn rannpháirtíocht ó phobal le féiniúlacht nua ar leith a atreisiú.

Mar gheall go leantar an patrún céanna arís agus arís eile i ndeasghnátha is féidir linn labhairt maidir le deasghnáthas. Is é an ghné dhiúltach a bhaineann leis seo ná nach mbeadh sé ach de nós ag daoine dul trí dheasghnáth áirithe gan a bheith ag machnamh faoi agus go gcaillfí a bhrí. Is é an ghné dhearfach atá leis ná gur féidir le daoine teacht ar thuiscint a éiríonn níos doimhne i gcónaí ar an mbrí taobh thiar den deasghnáth trí theacht ar an bpatrún céanna arís agus arís eile.

Is féidir linn labhairt ar dhá chineál deasghnátha – deasghnátha reiligiúnacha agus deasghnátha saolta. Dearbhaíonn deasghnátha reiligiúnacha ( a dhéanann ceiliúradh ar bhreith, phósadh agus bhás mar shampla) daoine aonair mar bhaill de phobal creidimh agus éiríonn a gcaidreamh le daoine eile agus le Dia níos doimhne. Is sampla de dheasghnáth saolta é pósadh i gclárlann. Sa chás seo, bailíonn an lánúin le chéile in éineacht lena dteaghlach agus lena gcairde chun féiniúlacht nua a cheiliúradh, ach ní dhéantar tagairt ar bith don neach tarchéimnitheach/Dhia.

**Acmhainní**

Chun tuilleadh faisnéise a fháil ar na cineálacha éagsúla adhartha agus deasghnáth in Éirinn féach:

CD-ROM Communities of Faith in Ireland Today Baile Átha Cliath: Coláiste Oideachais Mater Dei agus láithreán gréasáin www.logos.ie

Drumm, M. (1998) Passage to Pasch Baile Átha Cliath: Columba Press, lgh 27-37.

Tá láithreán gréasáin maith faoin liotúirge ar fáil ag www.obs.org/liturgy/

D'fhéadfadh grúpaí daltaí páirt a ghlacadh i ndeasghnátha nó breathnú ar dheasghnátha i dtraidisiúin chreidimh dhifriúla agus i gcomhthéacs tuata agus tuarascáil a thabhairt don rang ar ábhar an deasghnátha agus rannpháirtíocht na ndaoine a bhí i láthair. (Féach Múinteoireacht don Éagsúlacht, Cuid 3, chun tuilleadh a fháil amach mar gheall air seo.

### 1.3 Sacraimintí

Tá sacraimintí ag croílár an adhartha i roinnt traidisiún Críostaí. Ar dtús, tá sé tábhachtach go ndéanfadh daltaí machnamh ar chumas comhartha/siombaile le duine a athrú. Ní mór do dhaltaí machnamh a dhéanamh freisin ar chumas comhartha/siombaile réaltacht níos doimhne a nochtadh. Is féidir tuiscint níos fearr a fháil ar an tuiscint reiligiúnach ar shacraimintí dá bharr – mar chomharthaí/shiombailí a d'ordaigh Críost chun tuiscint níos fearr ar an réaltacht a nochtadh, ar a dtugtar grásta. Is féidir breathnú ar ghrásta mar theagmháil speisialta le Dia.

- Is deasghnátha reiligiúnacha iad na sacraimintí a bhaineann leis an traidisiún Críostaí ina féidir leo sin atá ag glacadh páirte iontu féiniúlacht a cheiliúradh atá leagtha síos ag saol agus bás Íosa Críost. Tabhair faoi deara anseo mar is féidir le sacraimintí feidhmiú mar dheasghnátha.

- Úsáidtear focail agus siombailí sna sacraimintí chun réaltacht níos doimhne a nochtadh ar a dtugtar grásta. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach ndéanann siombailí sacraimintiúla réaltacht níos doimhne a nochtadh amháin, ach glacann siad páirt sa réaltacht sin freisin.

Tá difríocht idir na traidisiúin Chaitliceacha Rómhánacha agus na traidisiúin Phrotastúnacha sa tuiscint atá acu ar shacraimintí. Sa traidisiún Caitliceach Rómhánach, tuigtear na seacht sacraimint mar theagmháil le Críost. Trí ghníomh Chríost agus chumhacht an Spioraid Naoimh, cuireann na sacraimintí a gcomharthaíonn siad i láthair. Tá na seacht sacraimint ag croílár an tsaoil agus an eispéiris reiligiúnaigh do Chaitlicigh Rómhánacha mar gheall go gcreidtear gur ordaigh Críost iad agus ar an bhfáth seo déanann siad an grásta a áirithiú.

Laistigh de thraidisiún an Reifirméisean, leagfadh Anglacánaigh (mar shampla) béim ar oibiachtúlacht ghníomh Dé trí na sacraimintí, ach bheadh béim freisin ar ríthábhacht an chreidimh laistigh den duine aonair a fhaigheann grásta Dé. Go stairiúil, leag Anglacánaigh béim ar an gComaoineach Naofa agus ar an mBaisteadh Naofa mar an dá 'shacraimint soiscéil', mar gheall go leanann siad ó ordú díreach Chríost é féin sna Soiscéil.

### Gníomhaíocht do dhaltaí

D'fhéadfadh daltaí páirt a ghlacadh i gcruinniú sacraimintiúil nó breathnú ar chruinniú sacraimintiúil in dhá eaglais Chríostaí éagsúla. D'fhéadfaidís ceannaire an chruinnithe agus roinnt de na daoine i láthair a chur faoi agallamh. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do Shagart nó Mhinistir as traidisiún creidimh ar leith chun an ranga i gcomhair plé maidir le sacraimintí.

**Topaic a dó: An Urnaí**

**Gníomhaíocht dhírithe**

Déan plé le daltaí faoin bhfáth go bhfuil sé tábhachtach do dhaoine óga machnamh a dhéanamh ar an saol. Tar éis roinnt plé, b'fhéidir go bhfaighidh daltaí amach go mbíonn siad ag machnamh i rith tréimhsí athraithe nó ag ócáidí tábhachtacha cinniúnacha ina saol. Is féidir leis an bplé cabhrú le daltaí roinnt de na príomhchinntí agus príomhfhadhbanna saoil a bhíonn roimh dhuine óg a aithint: gairm bheatha/staidéar, cairdeas/caidrimh agus freagracht/dualgas.

**2.1 An gá atá le machnamh**

Is féidir linn labhairt mar gheall ar dhá chineál eispéiris; gnáth-eispéireas/eispéireas laethúil nó eispéireas domhain/neamhghnách. Is sampla d'eispéireas domhain atá in eispéireas reiligiúnach. Is eispéiris iad seo ar féidir leo an duine aonair a oscailt don ghné sin den saol a dtugtar reiligiúnach air.

- Is féidir a rá gurb í tréith na gné reiligiúnaí de bheatha an duine ná a cumas flaitheas nua brí a oscailt don duine aonair.

- Tugann eispéireas reiligiúnach brí nua leis mar gheall go gcruthaíonn sé nó go n-athraíonn sé an gaol idir an féin agus an neach tarchéimnitheach.

- Dearbhaíonn eispéireas reiligiúnach luach na beatha fiú amháin i gcoinne deacrachtaí ollmhóra.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do dhaltaí measúnú a dhéanamh ar an méid ama a chaitheann siad ina n-aonar nó i gciúnas. Bain úsáid as gníomhaíocht féinmheasúnaithe anseo.

- D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do dhaltaí machnamh a dhéanamh ar an ról is féidir a bheith ag dialann agus cuntas dialainne a choinneáil a bheith sa mhachnamh. I measc na samplaí oiriúnacha tá Dialann Anne Frank agus Go Ask Alice.

- D'fhéadfadh daltaí measúnú a dhéanamh ar chomh mór agus a chuireann a dtimpeallacht scoile féin ar chumas daltaí am a chaitheamh i gciúnas nó ag machnamh. Mura bhfuil seomra urnaí nó machnaimh sa scoil d'fhéadfaí ceist a chur orthu conas a dhéanfadh siad gnáthsheomra a iompú ina sheomra machnaimh. Is é an dúshlán anseo ná timpeallacht a chruthú a dhéanfadh freastal ar gach traidisiún reiligiúnach chomh maith leo siúd nach mbaineann le traidisiún reiligiúnach ar bith.

**2.2 An duine daonna ina phaidreoir**

Is féidir urnaí a thuiscint go leathan mar chumarsáid dhaonna le Dia nó le réaltachtaí spioradálta. Is féidir le hurnaí a bheith ina téacs nó gníomh labhartha ach is í tréith bhunúsach na gníomhaíochta seo ná dul ó labhairt faoin Neach Tarchéimnitheach sa tríú pearsa 'é' nó 'í' go labhairt faoin Neach Tarchéimnitheach sa dara pearsa 'tú'.
Is gníomhaíocht í an urnaí ina bhfuil an croí agus an intinn dírithe in éineacht i dtreo an Neach Tarchéimnithigh mar Eile bríoch. Sna mórthraidisiúin reiligiúnacha, is féidir a rá

gur bunaíodh an urnaí i nDia mar gheall gur Dia a nocht dúinn ar dtús é. Is freagairt phearsanta atá san urnaí ar an bhfoilsiú seo.

Is freagairt atá in adhradh thar ceann an chreidmhigh. Trí dheasghnátha agus shearmanais, freagraíonn creidmhigh ar an mistéir osnádúrtha nó dhiaga ina gclúdaítear leis an gcreideamh iad. Tá mothúchán den uamhan ina thréith den adhradh uaireanta – mothúchán de réaltacht atá i bhfad níos mó ná an cine daonna ag teacht orthu – agus is féidir ciúnas, eagla nó urraim a bheith ann dá bharr.

**Naisc leis an siollabas**

Roinn C: Reiligiúin an domhain – Topaic 2.3.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

D'fhéadfadh daltaí teicníochtaí machnaimh agus urnaí a bhíonn in úsáid ag na mórthraidisiúin reiligiúnacha a aithint agus, nuair is cuí, páirt a ghlacadh i roinnt acu. www.sacredspace.ie

## 2.3 Comhthéacsanna urnaí

Is féidir urnaí a rá in áit ar bith nó ag am ar bith, ach is é is minice go léirítear urnaí atá bunaithe laistigh d'adhradh phobal creidimh in ionaid bheannaithe agus ag amanna beannaithe. Dá bharr sin, labhraímid faoi **am naofa** agus **spás naofa**. Tá sé tábhachtach a mhúscailt i measc daltaí an chaoi go dtagann siad ar an dá choincheap seo ina saol féin má tá siad chun brí an adhartha, na hurnaí agus an deasghnátha a thabhairt leo.

Tá amanna ann atá chomh tábhachtach sin go ndéantar deasghnátha agus siombailí a cheangal leo. Baineann na samplaí is fearr sna sibhialtachtaí ársa le deasghnátha cosmacha, talmhaíochta agus pearsanta/teaghlaigh. Sa chuid is mó de na mór-reiligiúin dhomhanda, cuirtear lá ar leith ar leataobh gach seachtain i gcomhair urnaí, adhartha agus deasghnátha (Moslamaigh – Dé hAoine; Giúdaigh – Dé Sathairn; Críostaithe – Dé Domhnaigh). Ba chóir daltaí a spreagadh freisin chun amanna mar sin a aithint sa tsochaí chomhaimseartha agus ina saol féin.

Samplaí Cosmacha/Talmhaíochta:

Na laethanta is giorra agus is faide den bhliain; gealach úr, gealach lán, ceiliúradh an fhómhair. I dtraidisiún na gCeilteach bhí ceithre phríomhfhéile comhcheangailte le ceithre phríomh-am; Samhain (1 Samhain), Imbolg (1 Feabhra), Bealtaine (1 Bealtaine), Lúnasa (1 Lúnasa).

**Pearsanta/Teaghlach:**

Breith, bás, pósadh.

**Reiligiúnach:**
Lá na Sabóide, féilte mhóra.

**Comhaimseartha:**

Bronnadh céime, An Bhliain Nua, mór-ócáidí spóirt.

Féach www.interfaithcalendar.org i gcomhair gach mór-ócáid agus mórdháta reiligiúnach.

Tá áiteanna ann ina mbailíonn daoine le chéile le guí agus le ceiliúradh. Uaireanta baineann siad cáil amach mar ionaid oilithreachta. Go hiondúil bíonn feasacht níos airde ann ar shiombailí agus dheasghnátha. I measc na samplaí sa lá atá inniu ann, tá oilithreachtaí chuig tobair bheannaithe, Loch Dearg, Cruach Phádraig, Gleann dá Loch agus Dún Pádraig in Éirinn agus mór-ionaid reiligiúnacha cosúil le hIarúsailéim, Meice agus an Róimh. I saol na ndaoine aonair is féidir le háiteanna a bheith beannaithe de bharr a ngaol le hócáidí nó le daoine tábhachtacha. Ag an leibhéal áitiúil feidhmíonn ionad adhartha mar áiteanna beannaithe laistigh de na traidisiúin reiligiúnacha dhifriúla.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Ag tús na scoilbhliana, d'fhéadfadh daltaí na príomhdhátaí suntasacha a aithint do na mór-reiligiúin dhomhanda. D'fhéadfaí iad seo a chur ar chairt bhalla agus tagairt a dhéanamh dóibh de réir mar a imíonn an bhliain.

- Féilire Idirchultúrtha. Aibhsíonn an féilire seo na mórfhéilte reiligiúnacha ar fad. Tá sé ar fáil ó Access Ireland, 40-41 Sráid Dhoiminic Íochtarach, Baile Átha Cliath 1 (Teil. 01 878 0589; ríomhphost: accessireland@connect.ie nó féach www.interfaithcalendar.org
- D'fhéadfaí daltaí a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar áiteanna beannaithe áitiúla agus tuarascáil a thabhairt orthu don rang.
- Is féidir le daltaí iniúchadh a dhéanamh ar na gnéithe a shocraíonn go bhfuil áit beannaithe le haghaidh traidisiún reiligiúnach ar bith. An bhfuil an áit comhcheangailte le duine nó le hócáid thábhachtach i stair thraidisiúin reiligiúnaigh?

## 2.4 Traidisiún na hurnaí

Is samplaí amháin d'urnaí fhoirmiúil é Turas na Croise. Tá tóir ar an urnaí seo de bharr é a bheith simplí agus an t-athrá atá i gceist leis. Is í an aidhm atá leis ná cabhrú leo siúd a ghuíonn machnamh a dhéanamh ar bhás agus aiséirí Íosa. Is sampla eile d'urnaí fhoirmeálta atá in urnaí na Maidine agus an Tráthnóna laistigh den traidisiún Anglacánach, agus is samplaí eile fós atá i Roth na hUrnaí sa Bhúdachas agus na cúig phaidir laethúla san Ioslamachas.

D'fhéadfadh sé go mbeidh cur amach ag daltaí cheana féin ar an Seama mar phaidir lárnach de liotúirge na nGiúdach. Tá an Seama déanta suas de thrí shliocht ón mBíobla; Deotranaimí 6:4-9, Deotranaimí 11:13-21 agus Uimhreacha 15:37-41. Déantar é a rá dhá uair in aghaidh an lae, uair amháin ar maidin agus arís sa tráthnóna.

**Acmhainní**

Collins, P. (2000) Prayer in Practice Baile Átha Cliath: Columba Press

De Mello, Anthony (1986) Wellsprings: A Book of Spiritual Exercises
Garden City, Nua-Eabhrac: Image Books

**Topaic a trí: Machnamh agus rinnfheitheamh**

## 3.1 Machnamh

Is rud comónta i ngach traidisiún reiligiúnach é machnamh. Sa Bhúdachas tuigtear mar phróiseas féinfholmhaithe é. Baintear amach é seo trí mhantra a athrá. Is frása gairid atá i mantra. Sa lá atá inniu ann úsáidtear an téarma 'mantra' chun athrá simplí leanúnach frása le go ndéanfar é a fhréamhú sa chroí a chur in iúl. Sa traidisiún Críostaí, bhí gaol ag machnamh sa luath-thréimhse mhainistreach (5ú-12ú haois) le lectio, scrioptúr a léamh os ard agus a chur de ghlanmheabhair ar bhealach a rinne an aigne agus an cholainn a chomhtháthú. Bhí an cleachtas seo cosúil le cleachtais na nGiúdach roimhe seo. Is éard a bhí i gceist leis ná an aigne a dhíriú ar na scrioptúir. I measc na mórphearsana laistigh den stair mhachnaimh Chríostaí tá Iognáid Loyola (1495-1556), agus Treasa Avila (1515-1582).

Is éard atá i gceist le machnamh sa traidisiún Búdaíoch ná féinfholmhú ina ndéanann an duine aonair gach rud nach bhfuil ina chuid den tóraíocht a bhaint ón gcomhfhiosacht go córasach. Tugtar 'samatha' ar ábhar na comhfhiosachta a shuaimhniú agus an scaoileadh ó chúinsí seachtracha a bhíonn ann dá bharr. Is é an sprioc sa mhachnamh Búdaíoch ná an chomhfhiosacht a iompú ón bhféin i dtreo teagmhála leis an Eile diaga. Creidtear imeacht ón bhféinspéiseachas i dtreo neamhleithleachais a bheith i gceist leis.

D'fhéadfadh daltaí cás-staidéar a dhéanamh ar dhuine de na mórphearsana i stair an mhachnaimh.

**Acmhainní**

Prayer Body and Soul: Methods and Practices of Anthony de Mello (1997) Baile Átha Cliath: Columba Press.

## 3.2 Na traidisiúin rinnfheithimh

Tá traidisiún láidir sa Chríostaíocht de phobail rinnfheithimh. De ghnáth cónaíonn siad i mainistreacha scartha amach ó ghníomhaíochtaí ginearálta an ghnáthshaoil chun ciúnas agus machnamh a spreagadh. Is measc na bpobal rinnfheithimh fireann tá na manaigh Bheinidicteacha agus Chistéirseacha agus i measc na bpobal baineann tá Siúracha Bochta Naomh Clár agus na Cairmilítigh. Is sampla de phobal rinnfheithimh éacúiméineach é pobal Taizé san Fhrainc. Cé gur féidir go bhfuil cuma neamhghnách ar an traidisiúin seo cuirtear an traidisiún machnamh in iúl go comhaimseartha in go leor áiteanna. Ina measc seo, tá dísirt, oilithreachtaí agus díthreabha.

- Is féidir díseart a shainmhíniú mar thréimhse theoranta ar leithlis ina gcúlaíonn duine aonair nó grúpa beag siar ó ghnáthaimh an ghnáthshaoil ar mhaithe le hathnuachan reiligiúnach.

- Go hiondúil téann daoine ar oilithreachtaí chun scaoileadh sealadach a fháil ó naisc shóisialta agus a bheith go sítheach leis an gcine daonna agus an dúlra. D'fhéadfaí míorúiltí, taispeánadh, nó breith, saol nó bás duine thábhachtaigh nó maighnéadas spioradálta eile a bheith comhcheangailte le hionad oilithreachta.

- Is aiséiteach reiligiúnach atá i ndíthreabhach a chónaíonn leis/léi féin chun oscailt iomlán ar Dhia a bhaint amach trí aonaracht, aithrí agus urnaí. Sa saol comhaimseartha tugann daoine aonair cuairt ar dhíthreabha chun saol an díthreabhaigh a bhlaiseadh go sealadach.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

D'fhéadfadh daltaí cúrsa spioradálta nó oilithreacht a dhéanamh agus dialann machnaimh a choinneáil dá dtaithí.
Más féidir, d'fhéadfaidís cuairt a thabhairt ar mhainistir freisin agus roinnt den phobal a chur faoi agallamh.

## 3.3 An traidisiún misteach

Is féidir misteach a shainmhíniú mar dhuine a bhfuil eispéireas díreach, iomasach, láithreach aige/aici ar an Absalóid. Ní mór do dhaltaí a thuiscint go mbaineann eispéireas na misteach go sonrach lena gcreideamh agus a gcomhthéacsanna cultúrtha. Tá a n-eispéireas ar an Absalóid ag brath ar a gcomhfhiosacht agus ar a stíl mhaireachtála féin freisin. Labhraíonn go leor mistigh faoi eispéireas eacstaiseach ina ndealraíonn sé go mbíonn siad ina seasamh taobh amuigh díobh féin agus ina sáraítear teorainneacha an féin. Labhraíonn siad freisin ar aistear fada inmheánach na péine agus na hainnise agus íonú á dhéanamh ar a gcroí. Dá bharr sin is minic go labhraíonn siad faoi aistear inmheánach chuig 'an tír i bhfad i gcéin' nó 'an t-oileán is faide uatha' nó 'an sliabh is airde'.

Is samplaí de mhistigh laistigh den traidisiún Críostaí iad Julian Norwich (a d'éag c. 1420) agus Meister Eckhart (a d'éag 1327), a scríobh The Cloud of Unknowing. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach mbaintear saol machnaimh na freagrachtaí seirbhíse nó carthanachta uait.

**Naisc leis an siollabas**

Roinn C: Reiligiúin an domhain – **Topaic 2.3.**

**Acmhainní**

Tinsley, A. (1997) The Spirituality of Julian of Norwich Baile Átha Cliath: Columba Press

D'fhéadfaí daltaí a spreagadh chun roinnt de scríbhinní na misteach cosúil le Eckhart, Meister The Cloud of Unknowing a léamh.

Mar gheall ar éagsúlacht na bpatrún adhartha, urnaí agus deasghnátha thar na traidisiúin reiligiúnacha éagsúla, tá neart faisnéise ar fáil. Is foinse amháin den scoth é Eliade, Mircea (1987) The Encyclopaedia of Religion Nua-Eabhrac: Macmillan

Le haghaidh siombailí reiligiúnacha tabhair cuairt ar www.symbols.net

www.taize.fr

www.monksofadoration.org/chapel.html

# ROINN H:

# An Bíobla: Litríocht agus Téacs Naofa

## 1.1 An Bíobla ina chlasaic bheo

Is ceann de mhórchlasaicí na litríochta é an Bíobla. Is éard is téacs clasaiceach ann ná téacs a n-aithnítear a ardchaighdeán agus a luach bhunaithe do lucht léitheoireachta fairsing thar thréimhse fhada. Is cinnte go mbaineann an Bíobla leis an gcatagóir seo. Bhí tionchar ollmhór aige ar smaointeoireacht, ealaín, ceol agus litríocht reiligiúnach an Iarthair (féach thíos); léadh é ar mhaithe lena shaíocht agus inspioráid, a fhís den domhan, a threoir mhorálta agus a léargas domhain ar shaol an duine. Is cuid lárnach d'ár gcultúr agus d'ár oidhreacht reiligiúnach agus d'imir sé tionchar ar dhaoine aonair agus ar shochaithe tríd na haoiseanna. Ba é an chéad leabhar a cuireadh i gcló (1455) agus tá sé fós ar an leabhar is mó a clóbhualadh ar domhan. Meastar gur dáileadh 2.5 billiún cóip ó 1815 i leith. Aistríodh é i ngach mórtheanga domhanda.

D'fhéadfaí na leabhair seo a leanas a chur i liosta de na téacsanna clasaiceacha atá tábhachtach d'ár n-oidhreacht chultúrtha: Iliad agus Odaisé Hóiméar, Aeinéid Virgil, Faoistiní Naomh Agaistín, Coiméide Dhiaga Dante, Canterbury Tales le Chaucer, The Faerie Queene le Edmund Spenser, drámaí Shakespeare, Paradise Lost le Milton, Ulysses le James Joyce, The Pilgrim's Progress le John Bunyan, gan ach cúpla ceann a lua. Tá a dtéacsanna clasaiceacha féin ag gach mór-reiligiún. Mar shampla, sa Ghiúdachas tá an Torah, an Mishnah agus an Talmud; san Ioslamachas, tá an Qu'ran nó an Córán.

### Scríbhneoireacht an Bhíobla agus a sheánraí liteartha

Cé go mbreathnaíonn Giúdaigh agus Críostaithe ar an mBíobla mar Bhriathar Dé arna scríobh ag údair faoi inspioráid, is saothar de chuid údair dhaonna freisin é, agus caithfear na modhanna a úsáidtear chun staidéar a dhéanamh ar phíosa litríochta ar bith a chur i bhfeidhm chun staidéar a dhéanamh ar shliocht nó leabhar ón mBíobla. Is í an chéad chéim sa staidéar seo ná foirm nó seánra liteartha an tsleachta nó an leabhair a aithint. Ar an gcaoi chéanna agus go bhfuil difríocht idir scéalta báis i nuachtán agus sceitse bheathaisnéiseach den duine chéanna, nó difríocht idir tuairisc ar chluiche agus mír nuachta, tá an cur síos ar an Eacsadas i Laoi Mhaois an-difriúil ón gcur síos a dhéantar air san insint i Leabhar Eacsadas. Ar an gcaoi chéanna tá salm an-difriúil ó phíosa scríbhneoireachta stairiúil (m.sh. Leabhair na Ríthe) agus tá soiscéal difriúil ó litir Phóil. Le léirmhíniú a bhaint as an mBíobla, tá sé ríthábhachtach a aithint go bhfuil cineálacha difriúla scríbhneoireachta nó foirmeacha liteartha ann. D'úsáid scríobhaithe bíobalta cineálacha difriúla scríbhneoireachta ag brath ar an gcás. Tá scéalta, ságaí gaisciúla, ginealaigh, liostaí stairiúla, dánta, urnaithe, iomainn, scéalta naíonáin, amhráin, parabail, seanmóirí, oracail fháidhiúla, seanfhocail, miotais, cóid dlí, scríbhneoireacht apacailipteach, insint na staire, scríbhinní fáidhiúla, litreacha agus mar sin de ar fáil sa Bhíobla. Le meas a thabhairt ar theachtaireacht an téacs is gá a fhoirm nó a sheánra liteartha a bhunú ar dtús.

### Tionchar an Bhíobla ar litríocht

Tionchar saibhir éagsúil a bhí ag an mBíobla ar an litríocht. Spreag carachtair, móitífeanna agus imeachtaí Bíobalta ó Gheineasas go hApacailipsis samhlaíocht na scríbhneoirí próis, filíochta agus drámaíochta i ngach aois. Thóg drámaí mistéire na meánaoiseanna sraith de scéalta ón mBíobla agus rinneadh drámaí astu a thug teagasc don phobal (m.sh. Noah's Fludde, Harrowing

of Hell). Baineadh leas as an saibhreas sa Bhíobla i saothair liteartha le Chaucer (Canterbury Tales), Spenser (Faerie Queene), Shakespeare (Drámaí), Milton (Paradise Lost), Byron (Sennacherib), T.S. Eliot (The Wasteland, Journey of the Magi), Thomas Mann (Joseph and his Brothers), agus in go leor saothair próis agus filíochta eile. Tá tagairtí don Bhíobla go flúirseach i ndrámaí Shakespeare. Tá níos mó ná caoga tagairt i ndrámaí Hamlet agus Othello, mar shampla. Go deimhin, tá teideal an dráma Measure for Measure bunaithe ar bhriathra Íosa in Mth 7:2 (féach N. Shaheen, Biblical References in Shakespeare's Plays).

Tá téamaí agus tagairtí bíobalta le fáil i scríbhinní Éireannacha freisin, cosúil le saothair Swift, Shaw, Yeats, Joyce, Beckett i measc go leor eile. Tá an créatúr neamhghnách in Leabhar Iób, an Behemoth, le fáil in Finnegan's Wake le Joyce agus tá caibidlí luaithe Gheineasas, go háirithe an scéal faoin titim, le feiceáil in Back to Methuselah le G.B. Shaw. I nGaeilge, tá Héaród, Teatrarch na Gailílí, mar charachtar lárnach sa ghearrscéal le Pádraig Ó Conaire (1956) 'Teatrarch na Gailílí' Scothscéalta, De Bhaldraithe, T. eag. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 11-26. Is sampla de théarma atá anois mar chuid den chaint, scannánaíocht agus litríocht nua-aimseartha é an Ármagedón. Déantar tagairt di in Apac. 16:16, is éard a bheadh ann ná an áit ina mbeadh an cath deiridh ina mbeadh an bua ag Críost agus a lucht leanúna ar an mbeithíoch allta, ar an bhfáidh bréige agus ar ríthe an domhain (Acap. 19).

### Gníomhaíocht do dhaltaí

D'fhéadfaí tionchar an Bhíobla a rianú i roinnt samplaí ón litríocht a mholtar thuas nó ó litríocht a bhfuil cur amach ag na daltaí uirthi cheana féin.

### Tionchar theanga an Bhíobla

I measc lucht an Bhéarla, nuair a tugadh isteach an chlódóireacht agus nuair a aistríodh an Bíobla go Béarla (Tyndale, Coverdale, Bíobla na Ginéive, Leagan Rí Séamas), bhí rochtain i bhfad níos mó ag scríbhneoirí an Bhéarla air, agus dá bharr sin chuaigh tionchar an Bhéarla ar an teanga i méid. D'éirigh téarmaí agus frásaí nua ina gcodanna lárnacha den Bhéarla, mar shampla:

*Eye for an eye* (Eacs 21:24)

*Scapegoat* (sceilpín gabhair) (Léiv 16:6)

*Birthrig*ht (Gein 25:31)

*Fallen from grace* (tite as staid na ngrást) (Gal 5:4)

*Keys of the kingdom* (Eochracha ríocht na bhflaitheas) (Mth 16:19)

*Filthy lucre* (dúil san airgead) 1 Tim 3:8)

*Lillies of the field* (lilí an mhachaire) (Mth 6:28)

*Patience of Job* (fadfhulaingt Ióib) (Séamas 5:11)

*Get behind me Satan* (Cúl mo chinn leat, a Shátain) (Mc 8:33)

*The Salt of the Earth* (salann an domhain) (Mth 5:13)

*The spirit is willing, but the flesh is weak* (Dá mhéid í dea-thoil an anama, bíonn an cholainn lag)

(Mth 26:41)

*Render unto Caesar* (Tugaigí do Chaesar) (Mth 22:21)

*Leviathan* (Iób 41:1)

*Writing on the wall* (Dain 5:5)

*Thief in the night* (gadaí oíche) (1 Tes 5:2)

*Leopard changing his spots* (Ir 13:23)

*Doubting Thomas* (Tomás an amhrais) (Eoin 20:25)

*Armageddon* (Ármagedón) (Taisp 16:16)

*Feet of clay* (Dain 2:33)

*Baptism of fire* (Baisteadh leis an tine) (Mth 3:11)

*The signs of the times* (comharthaí na haoise) (Mth 16:3)

*Fight the good fight* (Cuir dea-chath) (1 Tim 6:12)

*Behemoth* (Iób 40:15)

D'fhág tionchar na hEabhraise in aistriúchán Tyndale ar an Sean-Tiomna frásaí cosúil leo seo a leanas sa Bhéarla '*a rod of iron*' (2:9), '*the mouth of babes and sucklings*' (8:2), '*the valley of the shadow of death*' (23:4), '*the sins of my youth*' (25:7), '*in time of trouble*' (41:1), agus mar sin de.

**Acmhainní**

Jeffreys, D.L. (1992) A Dictionary of Biblical Tradition in English Literature
Grand Rapids Eerdmans (an-úsáideach don tionchar bíobalta ar shaothar próis agus filíochta an Bhéarla.)

Abrams, M.H. & Greeenblatt S. eag. (2000) The Norton Anthology of English Literature
Londain: Norton

Shaheen, N. (2002) Biblical References in Shakespeare's Plays, London-Newark:
University of Delaware Press

Ó Conaire, P. Teatrarch na Gaililí De Bhaldraithe, T. eag. (1956) Scothscealta
Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill 11-26.

**Tionchar an Bhíobla ar óráidí agus ar dhearbhuithe**

Is cinnte go raibh tionchar mór ag an mBíobla ar dhaoine aonair ar feadh na n-aoiseanna. Mar sin, ní ábhar iontais ar bith é gur imir an Bíobla tionchar ar óráidí agus ar dhearbhuithe tábhachtacha.

D'fhéadfaí tionchar bíobalta a léiriú i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (1948) san aithint a dhéantar ar 'dhínit dúchais' agus 'cearta comhionanna doshannta' gach duine daonna. Sa bhrollach ar an Dearbhú agus sa chéad airteagal feicimid tionchar Gein 1:26, áit a ndeirtear go bhfuil an cine daonna in íomhá agus i gcosúlacht Dé.

Saolaítear na daoine uile saor agus comhionann ina ndínit agus ina gcearta. Tá bua an réasúin agus an choinsiasa acu agus dlíd iad féin d'iompar de mheon bhráithreachais i leith a chéile.
Airteagal a hAon

Is féidir tionchar Gein 1:26 a thaispeáint freisin sa ráiteas i bhForógra Saoirse Mheiriceá a dhearbhaíonn go gcruthaítear gach duine comhionann, agus go mbronnann a gCruthaitheoir cearta doshannta áirithe orthu. Ina measc seo, áirítear an bheatha, an tsaoirse agus tóir an tsonais.

In óráid cháiliúil Martin Luther King, 'I have a dream', glacann sé brionglóid Íseáia d'imeacht nua (Ís 40) chuige féin agus é ag labhairt go fáidhiúil:

*I have a dream that one day every valley shall be exalted, every hill and mountain shall be made low, the rough places will be made plain, and the crooked places will be made straight, and the glory of the Lord shall be revealed, and all flesh shall see it together.*

I 1977, ag a óráid insealbhaithe mar Uachtarán, d'úsáid Jimmy Carter lua cáiliúil as Míocá 6:8, agus an téacs sin ar oscailt os a chomhair agus é ag labhairt.

*Here before me is the Bible used in the inauguration of our first President, in 1789, and I have just taken the oath of office on the Bible my mother gave me a few years ago, opened to a timeless admonition from the ancient prophet Micah: 'He hath showed thee, O man, what is good; and what doth the Lord require of thee, but to do justly, and to love mercy, and to walk humbly with thy God.*

(Míocá 6:8)

Rinne Carter tagairt don téacs níos déanaí ina óráid nuair a dúirt sé go raibh súil aige nuair a bheadh a uachtaránacht thart go ndéarfadh daoine faoi Mheiriceá gur chuimhnigh siad ar fhocail Mhíocá agus go ndearna siad a dtóraíocht ar umhlaíocht, thrócaire agus cheartas a athnuachan.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Samhlaigh gur ceannaire polaitíochta atá ionat. Scríobh óráid ag úsáid íomhánna as sliocht a roghnaíonn tú ón mBíobla a léiríonn d'fhís le haghaidh domhan níos fearr.

**Tionchar an Bhíobla ar shaol na ndaoine aonair agus na sochaithe**

I gcaitheamh na gcéadta, d'imir an Bíobla tionchar ar gach sórt duine aonair, cosúil le healaíontóirí, cumadóirí agus scríbhneoirí. Rinne diagairí staidéar ar a leathanaigh agus léadh é dá threoir spioradálta agus morálta. Bhí ról ríthábhachtach aige in iompú Naomh Agaistín. Bhí tábhacht níos mó fós sa Bhíobla do lucht an Reifirméisin cosúil le Liútar agus Cailvín. D'fhéach siadsan ar an mBíobla amháin mar an leabhar normatach don chreideamh agus foirceadal Críostaí. Nuair a aistríodh an Bíobla i dteangacha an phobail san Eoraip tháinig méadú ar a thionchar i measc na ndaoine aonair. Sa 17ú haois in Éirinn chuaigh William Ó Domhnaill, William Bedell agus Robert Boyle ag obair le chéile chun an Bíobla a chur ar fáil do na daoine i nGaeilge.

Tháinig cumainn bhíoblóireachta chun cinn ón ngluaiseacht Phrotastúnach sa Ghearmáin go luath san 18ú haois agus leathnaigh a dtionchar de réir a chéile go Sasana agus áiteanna eile. In Éirinn, b'ábhar conspóide iad a bheith ann sa chéad leath den 19ú haois.

Bhunaigh John Wesley (1703-91) cumann reiligiúnach i Sasana san 18ú haois a dtugtar na Meitidistigh orthu anois. Ba é an cuspóir a bhí leis an gcumann ná naofacht na scrioptúr a scaipeadh ar fud na tíre. Bhunaigh daoine eile a raibh tionchar mór ag an mBíobla orthu cumainn eile (Baistigh, Cumann na gCairde, srl.)

**Tionchar an Bhíobla ar ealaín**

Tá tionchar an Bhíobla soiléir ón ré Luath-Chríostaí sna catacóim Rómhánacha, i mósáicí ón 4ú agus ón 5ú haois atá le fáil in eaglaisí sa Róimh (S. Maria Maggiore, S. Paolo fuori le Mure) agus i Ravenna (S. Apollinare), agus ar na doirse áille adhmaid i S. Sabina i Roma. Is féidir é a fheiceáil freisin san obair mhósáice ó na luath-mheánaoiseanna i gCathair Chonstaintín agus in áiteanna eile (Nícé, Teasaloinicé, an Róimh), i sárshaothair soilsithe lámhscríbhinne (Geineasas Vín, Soiscéal Mhatha Pháras, Bíobla na Vatacáine, coidéacsanna Gearmánacha), na radhairc ón mBíobla sna hArdchrosa Éireannacha (Mainistir Bhuithe, Darú, Ceanannas, srl.), i ndealbhóireacht Rómhánúil agus Ghotach (Arles, Chartres, Nurnberg, Pisa, Sienna), sna fuinneoga daite iontacha in eaglaisí cosúil le Chartres agus Rheims, agus i bhfreascónna Duccio agus ealaíontóirí eile san Iodáil.

Tháinig borradh ar an ealaín go luath san Athbheochan ina ndearnadh sraitheanna ón mBíobla a phéinteáil (Giotto) nó dealbha díobh (Pisano agus Ghiberti i bhFlórans). I rith na tréimhse seo rinne Masaccio freascónna cáiliúla i bhFlórans  in eaglais S. Maria del Carmine (Díbirt Ádhamh agus Éabha, airgead cíosa), rinne Donatello a shraith paisin i bpuilpidí S. Lorenzo agus Fra Angelico a shraith freascónna i S. Marco. De réir mar a chuaigh an Athbheochan agus borradh na n-ealaíon ar aghaidh fuair ealaíontóirí cosúil le Piero della Francesco, Perugino, Ghirlandaio, Botticelli, Leonardo da Vinci, Raphael, Tintoretto agus Titian inspioráid as imeachtaí agus móitífeanna bíobalta. D'fhág Michelangelo sraith iontach de phéinteálacha bíobalta ar an tsíleáil sa Séipéal Sistíneach agus go leor eile freisin (m.sh. an Breithiúnas Deireanach, freascónna i séipéal Pauline, Dáiví, Maois). D'fhág Rafael íomhánna de radhairc ón mBíobla freisin nach ndéanfar dearmad go deo orthu. B'fhéidir gurb é an ceann is mó atá aithne air ná an íomhá faoin gClaochlú. Thug saothar Caravaggio isteach ré ealaíne nua, ach ré ina lean an Bíobla ar aghaidh ag tabhairt inspioráide dó féin agus d'ealaíontóirí cosúil le Rembrandt, Rubens agus daoine eile ar fud na hEorpa. Le déanaí, is féidir saothar Harry Clark, Evie Hone agus Marc Chagall ar fhuinneoga daite agus ealaín chomhaimseartha an ealaíontóra Éireannaigh Patrick Pye a lua.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- Tá sé suimiúil comparáid a dhéanamh ar an mbealach ina dtéann ealaíontóirí difriúla i ngleic leis an téama bíobalta céanna. Déan comparáid mar shampla idir an dealbh de Mhaois a rinne Michelangelo (An Róimh) agus an pictiúr a tharraing Rembrandt (Maois ag briseadh Táblaí an Dlí), Mac Drabhlásach Rembrandt agus Rubens, radhairc an chéasta ar an gcros Masaccio agus Rubens, Ísliú Íosa ón gCros le Rembrandt agus Pieta Michelangelo, agus dinnéar Eamáús Caravaggio agus Rembrandt.

- Cuairteanna ar dhánlanna, Ardchrosa agus eaglaisí. Mar shampla, d'fhéadfadh daltaí na scéalta bíobalta a léirítear ar Ardchros ar leith a athinsint, cosúil le cros Mhuireadach ag Mainistir Bhuithe, ag leagadh béime ar an gcaidreamh idir na radhairc a thaispeántar.

**Acmhainní**

'Bible Cycles', sa New Catholic Encyclopedia II

Bernard, B. (1983) The Bible and its Painters Londain: Orbis (réamhrá le L. Gowing)

Gombrich, E.H.(1972 12th edition) The story of Art Londain: Phaidon

Harbison, P. (1992) The High Crosses of Ireland: an iconographical and photographic survey I-III, Bonn: Habelt  Harbison, P. (2002) From Genesis to Judgement. Biblical Iconography on Irish High Crosses Baile Átha Cliath: NBSI

**Tionchar an Bhíobla ar cheol**

Thug an Bíobla inspioráid do cheoltóirí riamh anall – idir chumadóirí clasaiceacha agus údair shaothair don phobal níos leithne. D'fhéadfaí cur síos ar leabhróg d'oratóir Messiah le Handel mar cholláis de théacsanna ó fháithe agus shailm an tSean-Tiomna, naíonscéalta Mhatha agus Lúcáis sa Tiomna Nua agus ó théacsanna eile sa Tiomna Nua a labhraíonn faoi Chríost.

Fuair an cumadóir ón 17ú haois Henry Purcell inspioráid i Laoi na Laoithe (My Beloved Spake) agus Irimia (Let Mine Eyes run down with Tears), Mozart i Soiscéal Eoin (Agnus Dei), Bach sa Magnificat (Lc 1:46-55) agus i scéalta na Páise sna soiscéil. Chum sé cúig Pháis bunaithe faoi na soiscéil. D'úsáid Brahms roinnt mhaith tagairtí bíobalta in Ein deutsches Requiem (Éagnairc Gearmáinise). Mheall na Sailm cumadóirí i ngach aois. Scríobhadh cantáidí do na mórfhéilte (m.sh. Oratóir na Nollag de chuid Bach). Thug an Bíobla inspioráid do réimse leathan de Spioradálaigh na gCiardhuán, Laoithe Soiscéalach agus ceol Nollag.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- D'fhéadfadh daltaí staidéar a dhéanamh ar théacs Messiah le Handel agus é mar aidhm acu na téacsanna Meisiasacha a tógadh ó Leabhar na bhFáithe a aibhsiú nó an úsáid a bhain sé as Leabhar na Salm agus iniúchadh a dhéanamh ar an úsáid agus an léirmhíniú a bhain Handel as na téacsanna seo.
- D'fhéadfadh daltaí scrúdú a dhéanamh ar an tionchar bíobalta ar Spioradálach na gCiardhuán nó laoi Shoiscéalach.

**1.2 An Bíobla ina théacs naofa**

**An Bíobla ina fhoilsiú**

Bhí, agus tá, an Bíobla ina théacs clasaiceach do shibhialtacht an Iarthair agus is féidir staidéar a dhéanamh air agus é a léamh ó dhearcadh na litríochta, ag cur modhanna liteartha i bhfeidhm atá comónta i staidéar na litríochta. Do Ghiúdaigh agus do Chríostaithe araon, is téacs reiligiúnach atá ann freisin a bhfuil tábhacht mhór reiligiúnach aige: na Scrioptúir Eabhraise do Ghiúdaigh, an Bíobla iomlán do Chríostaithe. Dóibh siúd, is Briathar Dé atá sa Bhíobla, sé sin, cnuasach de scríbhinní diaga a bhfuil Dia mar inspioráid dóibh, a scríobh údair a bhí faoi inspioráid Dé a insíonn stair dhiaga de dhéileálacha Dé leis an gcine daonna. Cuirtear teachtaireacht Dé don chine daonna in iúl, teachtaireacht den fhírinne atá mar 'threoir agus inspioráid, dúshlán agus sólás' ('guides and inspires, challenges and consoles') (New Jerome Biblical Commentary).

Is gá léirthuiscint a fháil ar an ngné daonna de na scrioptúir agus ar na próisis dhaonna trínar táirgeadh iad chun léirmhíniú a fháil ar na scríbhinní diaga seo, a d'eascair ó eispéireas reiligiúnach phobal na nGiúdach agus na gCríostaithe, agus a scríobh údair dhaonna ag úsáid raon leatha d'fhoirmeacha liteartha.

## An chanóin

Is ón bhfocal Gréigise 'kanon' a fhaightear an focal 'canóin'. Ciallaíonn kanon riail nó norm. Tagraíonn canóin an Bhíobla do bhailiúchán de scríbhinní diaga a chreidtear Dia a bheith mar inspioráid leo agus a mbreáthaítear orthu mar normatach don chreideamh agus don chleachtadh. Do Chríostaithe, tagraíonn canóin an Bhíobla don bhailiúcháin leabhar atá le fáil sa Sean-Tiomna agus sa Tiomna Nua. Do na Giúdaigh is iad na scríbhinní Eabhracha sa Sean-Tiomna atá i gceist. Bhí glacadh na bpobal Giúdach agus Críostaí leis na scríbhinní mar normatach mar chuid de phróiseas de theacht chun cinn a thosaigh i ndiaidh na deoraíochta Bablónaí agus a lean ar aghaidh suas go dtí an 3ú nó 4ú haois sa Chomh-Ré (CR), agus fiú ina dhiaidh sin.

## Canóin an tSean-Tiomna

Ó thart ar aimsir na deoraíochta go dtí an chéad aois CR, tháinig an Dlí, na Fáithe agus na Scríbhinní chun cinn mar normatach, ag rialú saol an phobail Ghiúdaigh. Tá sé le feiceáil go raibh an canóin fós ag teacht chun cinn mar gheall go bhfuil liostaí de na leabhair Phalaistíneacha agus ó Chathair Alastair ar bronnadh stádas canónta orthu ag deireadh na chéad aoise CR. Bhí leabhair sa chanóin Phalaistíneach a bhí scríofa in Eabhrais. Léirigh canóin Chathair Alastair, a bhí níos mó, go rabhthas ag brath ar an Seachtód, an t-aistriúchán Gréigise ar an Sean-Tiomna. Cruthaíodh an gá le liosta den sórt sin a chur le chéile i bpáirt de thoradh ar an ngéarchéim a tharla de bharr scrios Iarúsailéim agus a teampall, scaipeadh na bpobal Giúdach, agus Críostaithe a bheith ag úsáid na scrioptúr Giúdach. Tá seans maith ann go ndearnadh iarracht roghnúchán canónta de na scríbhinní Giúdacha a leagadh síos ag Iaimnia (c. 90 CR), ach thóg sé roinnt ama sular tháinig an chanóin Ghiúdach de 39 leabhar Eabhracha chun cinn ar deiridh. Idir an dá linn, bhí glactha ag Críostaithe le bailiúchán de 46 leabhar mar leabhair chanónta, sé sin, na leabhair sin ar liosta Chathair Alastair.

Le linn an Reifirméisin, ghlac na leasaitheoirí leis an gcanóin Ghiúdach de 39 leabhar. D'fhág seo seacht leabhar taobh amuigh dá gcanóin: Iúidit, Tóibit, Barúch, 1 agus 2 Macabaeigh, Ecclesiasticus nó Síorach, Leabhar na hEagna, chomh maith le sleachta as leabhair Dhainéil agus Eistir.

## Canóin an Tiomna Nua

Ba phróiseas de theacht chun cinn thar thréimhse fada a bhí i dteacht chun cinn chanóin an TN freisin. Tá sé soiléir ón TN gur measadh scríbhinní an ST a bheith sácráilte in aimsir Íosa. (féach 2 Tiom). Bhí cuntais iontaofa ar ghníomhréim agus theagasc Íosa, ar a mhíorúiltí agus ar a pháis, bhás agus aiséirí ag teastáil ó mhúinteoirí, sheanmóirí agus mhisinéirí an phobail. Agus iad siúd a raibh aithne orthu ar Íosa agus a chuala a bhriathra ag fáil bháis de réir a chéile, bhí gá le cuntais níos buaine i scríbhinn. Tháinig na soiscéil chun cinn dá bharr. Mar gheall ar an ngá a bhí le maoirseacht a dhéanamh ar chreideamh na bpobal Luath-Chríostaí, tháinig cineál eile litríochta chun cinn, sé sin, litreacha a scríobhadh chuig na pobail chun cabhrú leo an creideamh ar ghlac siad chucu féin a mhaireachtáil i gcoinne deacrachtaí éagsúla. Tharla sé gur léadh na litreacha seo go poiblí sna pobail Luath-Chríostaí (féach Col 4:16). Cumadh saothair eile freisin (Gníomhartha, Apacailipsis) agus leanadh ar aghaidh á gcumadh suas chomh fada leis an dara agus an tríú haois (scríbhinní cosúil le litreacha, soiscéil agus apacailipsisí). Ba phróiseas don phobal é féin a bhí sa phróiseas cinneadh a dhéanamh faoi na leabhair a bhí údarásach agus normatach do chreideamh agus shaol an phobail Chríostaí agus na leabhair nach raibh.

Tugann an 'chanóin Mhúratóiríoch', a bhaineann le deireadh na dara haoise nó tús na tríú haoise, faisnéis faoi na leabhair sin ar mheas na pobail Chríostaí iad a bheith canónta ag an am sin. Is

finnéithe níos déanaí iad Oraigéin (c. 185-251) agus Eusebius (c. 260-240) do chanóin an TN a bhí ag teacht chun cinn.  I 367 tháinig liosta na leabhar canónta den Tiomna Nua mar atá aithne againn air anois chun cinn ar deireadh. Ba é Atanáis, easpag Chathair Alastair, a chuir an liosta le chéile.

Bhí go leor critéir thábhachtacha agus cinneadh á dhéanamh faoi na leabhair a mheasfaí a bheith canónta agus iad a mheasfaí nach raibh, ina measc gur léadh na scríbhinní seo go poiblí sa phobal agus mar sin gur scríbhinní a bhí iontu a raibh luach mhór ag an bpobal orthu; go raibh bunús aspalda de chineál éigean ag baint leo; gur luadh iad sna scríbhinní ársa (.i. luath-Chríostaí); agus gur chloígh siad le Riail an Chreidimh (comhchreideamh na bpobal Chríostaí).

**Acmhainní**

Achtemeier, P. Green, J. Thompson, M. (2001) Introducing the New Testament: Its Literature and Theology Grand Rapids: Eerdmans

Bruce, F. F. (1988) The Canon of Scripture Downers Grove: InterVarsity

Gamble, H. Y. (1985) The New Testament Canon: Its Making and Meaning  Philadelphia: Fortress

Metzger, B.M. (1987) The Canon of the New Testament: Its Origin, Development, and Significance Oxford: Clarendon

**Píosaí litríochta a fágadh ar lár ón gcanóin**

Leanadh ar aghaidh ag scríobh soiscéal agus litreacha go fada isteach sa dara haois. Dá bharr sin, bhí próiseas leanúnach ar bun ag na pobail Chríostaí maidir le cinneadh a dhéanamh faoi na leabhair sin a nglacfadh an pobal leo mar 'chanónta' agus na leabhair nach nglacfaí leo.

**Soiscéal Thomáis**

Is é ceann de na soiscéil is fearr aithne air nár ghlac an pobal luath-Chríostaí leis mar chanónta ná Soiscéal Thomáis, bailiúcháin de ráitis Íosa ón dara haois. Aimsíodh téacs ón 4ú haois de Shoiscéal Thomáis i gCoptais i Nag Hammadi san Éigipt Uachtarach i 1945 agus foilsíodh i 1957 é.

Tá 114 ráiteas sa shoiscéal seo, agus tosaíonn beagnach gach ceann acu leis an bhfrása 'Dúirt Íosa'. Tá go leor de na ráitis ghonta achomair; baineann dúcheist le go leor acu. Níl aon insint i gceist leo, agus gan ach t-íosmhéid dialóige. Tá thart ar leath de na ráitis cosúil le ráitis sna soiscéil chanónta. Tá roinnt parabal ann freisin (m.sh. an Síoladóir, Caoirigh ar Strae)

Is ábhar luachmhar comparáideach atá i Soiscéal Thomáis chun staidéar a dhéanamh ar ráitis Íosa. Is féidir go dtagann roinnt de na ráitis atá ann ó luath-bhéaloideas neamhspleách - tá go leor acu níos giorra agus, ó thaobh na diagachta de, níl siad chomh forbartha leis na ráitis atá ar aon dul leo sna soiscéil chanónta. Tá parabail ann agus ní thugtar formhíniú ná míniú orthu.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Déan comparáid idir roinnt de na ráitis i Soiscéal Thomáis agus an méid atá ar aon dul leo sna soiscéil chanónta (m.sh. na parabail faoi na Caoirigh ar Strae agus an Síoladóir); tá aistriúchán den téacs ar fáil ag http://www.gnosis.org/naghamm/gthlamb.html.

**Acmhainní**

Bruce, F. F. (1988) The Canon of Scripture Downers Grove: Inter Varsity

Gamble, H.Y. (1985) The New Testament Canon: Its Making and Meaning  Philadelphia: Fortress

Metzger, B.M. (1987) The Canon of the New Testament: Its Origin, Development, and Significance, Oxford: Clarendon

**Fionnachtana seandálaíochta**

Ó thús an 19ú haois i leith, bhí tionchar mór ag fionnachtana seandálaíochta ar fud an Mheánoirthir ar an léann bíobalta. Chabhraigh siad le croineolaíocht an Bhíobla, chomh maith le stair, dlíthe agus nósanna Iosrael, a thabhairt chun solais. Chabhraigh siad freisin leis an ngnáthshaol sa chianaimsir agus áiteanna a luaitear sa Bhíobla a thabhairt chun solais, chomh maith leis an insint sa Bhíobla féin.

Chuir fionnachtana seandálaíochta ón Sean-Neasoirthear tuilleadh faisnéise ar fáil maidir le scéalta an chruthaithe in Geineasas (m.sh. Enuma Elish agus Eipic Gilgamesh a luaitear thíos i Miotas), cóid dlí in Eacs 21-23 (Cód Hammurabi, atá ar taispeáint sa Louvre i bPáras) agus na sailm (tá filíocht i dtéacsanna a aimsíodh in Úgairít i Siria na linne seo atá an-chosúil le roinnt den fhilíocht sna sailm).

Bhí na fionnachtana seandálaíochta a rinneadh ag Cumrán ó 1947 ar leith thar a bheith tábhachtach don staidéar bíobalta. Chuir na doiciméid a aimsíodh ansin go leor faisnéis nua ar fáil maidir le staid an téacs den ST roimh thús na Críostaíochta. Go deimhin, tá gach leabhar sa ST ach amháin Eistir ar fáil ar na bloghanna a aimsíodh ag Cumrán. Tugann siad tuilleadh faisnéise faoi théacsanna an TN freisin (féach http://faculty.smu.edu/dbinder/archaeol.html i gcomhair na dtéacsanna ó Chumrán).

Tá iniúchadh seandálaíochta fós ag dul ar aghaidh ag suíomhanna ar fud na Palaistíne a bhfuil nasc acu leis an Tiomna Nua. Cabhraíonn leac greanta a aimsíodh ag Deilfe agus a dhéanann tagairt do Ghaillíón (féach Gníomhartha 18:12-17) chun dáta a lua le litreacha Phóil. Cé go mbíonn sé deacair go minic na suíomhanna ón TN a aithint, aimsíodh ábhar atá luachmhar don staidéar ar an TN in áiteanna cosúil le Caesairia (séadchomhartha a d'ardaigh Pointias Píoláit agus a bhfuil a ainm air; féach http://www.materdei.ie/logos/; http://www.livius.org/pi-pm/pilate/pilate08.html), Iarúsailéim (tá cuid de na fothracha den teampall a thóg Héaród arís agus ar scriosadh é i 70 CR fós le feiceáil, cosúil le Balla an Olagóin, mar shampla; aimsíodh iarsmaí fir a céasadh ar chros roimh 70 CR in uaigheanna adhlactha in aice le hIarúsailéim i 1968 agus taispeánann na hiarsmaí seo conas a céasadh daoine ar chros ag an tréimhse sin http://www.pbs.org/wgbh/pages/frontline/shows/religion/jesus/crucifixion.html) agus sa Ghailíl (aimsíodh bád iascaireachta Gailíleach ón gcéad aois sa láib i Muir na Gailíle i 1986; féach http://www.kchanson.com/ARTICLES/fishing.html); féach http://www.faculty.smu.edu/dbinder/archaeol.html le fáil amach faoi fhionnachtana seandálaíochta eile sa Phalaistín.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

D'fhéadfadh daltaí féachaint ar na cineálacha doiciméad a aimsíodh ag Cumrán, nó comparáid a dhéanamh idir na dlíthe i gCód Hammurabi agus dlíthe bíobalta. Chun an téacs den chód a fháil, féach http://www.yale.edu/lawweb/avalon/hammenu.htm

**Acmhainní**

Boadt, L. Reading the Old Testament, 59-65 le leabharliostaí.

**Critic atheagair (ardleibhéal)**

Díríonn critic atheagair ar an méid a chuireann eagarthóir nó atheagraí téacs le téacs áirithe, agus déantar iarracht cás agus smaointe an atheagraí a fháil amach. Is féidir critic atheagair a chur i bhfeidhm ar scríbhinní an tSean-Tiomna (féach thíos) chomh maith leo sin sa Tiomna Nua, áit a mbaintear úsáid as i leith na soiscéal sionoptach go príomha (Matha, Marcas, Lúcás).

Tá an chritic atheagair ina gné den staidéar ar na soiscéil shionoptacha ó na 1950í i leith, tar éis staidéir a rinneadh ar shoiscéil Mharcais (Marxsen), Lúcáis (Conzelmann) agus Mhatha (Bornkamm, Barth agus Held).

Ghlac an chritic atheagair le teoiric an dá fhoinse mar hipitéis oibre. Is éard ata i gceist leis an teoiric sin ná gurb é soiscéal Mharcais an chéad soiscéal, agus gur bhain Lúcás agus Matha úsáid neamhspleách as soiscéal Mharcais mar aon le foinse de ráitis ar a dtugtar Q (féach thíos). Trí comparáid chórasach a dhéanamh ar an úsáid a bhain Matha agus Lúcás as soiscéal Mharcais, aimsíodh nósanna, cásanna agus réimsí spéise diagachta na soiscéalaithe aonair. Tá sé níos éasca an cur chuige seo a úsáid nuair a chreidtear gur bhain Soiscéal Mhatha agus Lúcáis úsáid as Soiscéal Mharcais (m.sh. baisteadh agus cathú Íosa i Mth 3:13-4:11 agus Lc 3:21-4:13); tá sé níos deacra ach is féidir é a dhéanamh fós i leith ábhair atá ar fáil i Soiscéal Mhatha agus Soiscéal Lúcáis araon ach nach bhfuil i Soiscéal Mharcais, is é sin, Q. Féach, mar shampla, an chaoi a gcuireann an bheirt acu an parabal faoin gcaorach caillte i láthair (Mth 18:11-14; Lc 15:4-7). Tá sé níos deacra critic atheagair a chur i bhfeidhm ar shoiscéal Mharcais, ach is féidir cásanna agus suimeanna Mharcais a thabhairt faoi deara trí staidéar a dhéanamh ar shleachta ar leith den soiscéal.

D'fhorbair agus leathnaigh an chritic atheagair ón mbéim luath a bhí aici ar na hathruithe a rinne na soiscéalaithe ar a bhfoinsí chun ord foriomlán a soiscéil faoi seach a thógáil san áireamh, is é sin, an t-ord ina gcuirtear an t-ábhar i láthair, na naisc idir na radhairc aonair agus ábhar ar leith a bheith ann nó gan a bheith ann. Chabhraigh an méid seo chun rannpháirtíocht na soiscéalaithe maidir le hábhar a soiscéil a roghnú, a chur in ord agus in eagar a thabhairt chun solais. B'údair aonair ina gceart féin a bhí sna soiscéalaithe agus rinne siad an t-ábhar a bhí ar fáil dóibh a roghnú agus a chur in ord agus in eagar le dearcadh cinnte agus le cuspóir cinnte ar intinn acu, agus rinne siad é sin i gcomhthéacs pobail agus ar son pobail a raibh a chásanna sonracha féin aige.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Déan comparáid ar an gcaoi a ndéanann Matha agus Lúcás atheagar ar scéal Mharcais de bhaisteadh Íosa.

## Topaic 2: An téacs agus an pobal

### 2.1 Foirmiú scrioptúir na nEabhrach

**An fháth go bhfuil scéalta tábhachtach don chine daonna**

Bíonn suim ag daoine i scéalta i gcónaí. Is maith leo a bheith ag éisteacht le scéal nó léamh a bhfuil insint mhaith air. Is féidir le scéalta a bheith mar inspioráid, theagasc, dhúshlán agus shólás dúinn. Is féidir iad a úsáid chun míniú a thabhairt ar an saol timpeall orainn, mar shampla, bunús na nósanna, logainmneacha, an fáth go bhfuil cúrsaí mar atá, agus mar sin de. Is modh cumhachtach atá sna scéalta chun braistint féiniúlachta agus pobail a chaomhnú. Déanaimid an domhan, muid féin agus daoine a thuiscint trí scéalta, cuid mhór den am.

Tá samplaí comhaimseartha den traidisiún béil/bhéaloideas ar fáil in Éirinn san iliomad scéalta a bhaineann le saol na naomh, toibreacha beannaithe, ócáidí stairiúla (m.sh. 1798 in oirdheisceart na hÉireann), suíomhanna stairiúla (m.sh. Teamhair, Saighir Chiaráin); logainmneacha (Leaba Dhiarmada agus Gráinne, Bearnán Éile). Déantar aithris fós ar éachtaí lucht an spóirt fós i scéalta agus in amhráin, cosúil leis na hamhráin faoi John Joe O'Reilly, an peileadóir ón gCabhán, mar shampla, nó Christy Ring ó Chorcaigh. Bhailigh Coimisiún Béaloideasa Éireann cnuasach mór d'ábhar ón traidisiún béil/mbéaloideas, agus is scéalta atá i gcuid mhór de seo.

**Scrioptúir na nEabhrach agus an traidisiún béil**

Chuir pobail threibheacha an cnuasach scéalta is luaithe a chomhdhéanann scrioptúir na nEabhrach ar aghaidh ó bhéal. Bhí a dtraidisiúin bhéil luachmhar dóibh agus rinneadh iad a chaomhnú go cúramach ó ghlúin go glúin. Bíonn traidisiúin bhéil ag athrú agus ag forbairt i gcónaí mar gheall go mbíonn gach insint ar scéal difriúil. Nuair a dhéantar traidisiúin bhéil a scríobh síos, caomhnaítear nó reoitear ag an bpointe ama sin iad. Fágann an t-eagarthóir nó an t-atheagraí a bhailíonn traidisiúin mar sin le chéile agus a chuireann in ord iad nó a dhéanann eagarthóireacht orthu a dhearcadh féin ar an saothar a bhíonn mar thoradh leis. Ar an gcaoi chéanna, fágann eagarthóirí níos déanaí a chuireann cuntais mar sin le chéile mar chuid de chuntais níos mó a lorg féin ar an saothar.

Níl sé soiléir cén áit agus cén uair a scríobhadh síos scéalta mar sin den chéad uair. Is dócha gur tháinig forbairt ar an scríbhneoireacht le linn mhonarcachtaí Dháiví agus Sholaimh, le hoifigigh cúirte a thiomsaigh taifid riaracháin, bailiúcháin de dhlíthe agus doiciméid reiligiúnacha. Thóg sé píosa fada, áfach, sular tháinig an chéad insint scríofa ar an saol, insint Yahwist sa 9ú haois. Mar sin féin, chuirtí luach ard ar an traidisiún béil i gcónaí taobh leis an traidisiún scríofa ag an am sin.

Rinneadh traidisiúin bhéil a chaomhnú i scrioptúir na nEabhrach mar laoithe i Laoi Dheabórá (Breithiúna 5) agus Laoi Mhaois (Eacs 15). Caomhnaíodh na traidisiúin bhéil i bhfoirm insinte i scéalta Abraháim agus Shárá (Eacs 12-22), Shamsóin (Br 14-16) agus Eilíseá (2 Ríthe 2). Is minic gur chaomhnaigh deisceabail na bhfáithe a seanmóireachtaí agus ansin scríobhadh síos níos déanaí iad (m.sh. Ámós, Irimia).

Is féidir fianaise ar ghníomhaíochtaí atheagraithe a fháil taobh thiar d'fhrásaí éagsúla den insint bhíobalta mar atá le feiceáil sa Torah nó Peintiteoch agus i Startha Dheotranaimí agus an Chroiniceora (féach na hailt a leanas).

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

D'fhéadfadh daltaí cuairt a thabhairt ar a leabharlann contae áitiúil agus scrúdú a dhéanamh ar sheanchas na ndaoine a bailíodh ina gceantar féin sna 1930í agus 1940í. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfaidís roinnt seandaoine ón gceantar a chur faoi agallamh, a d'fhéadfadh scéalta nó amhráin a bheith acu faoin gceantar. Maidir le seanchas na ndaoine, féach http://www.tuosist.com/sosuilleabhain.asp

**Acmhainní**

Ó Súilleabháin, S. (1952) Scéalta Cráifeacha (1967) Storytelling in Ireland (1974) The Folklore of Ireland

Ó hÓgáin, D. (1990) Myth, legend & romance: an encyclopaedia of the Irish folk tradition Londain: Ryan Publishing

Ó Caithnia, L.P. (1984) Apalóga na bhFilí 1200- 1650 Baile Átha Cliath: An Clóchomhar

MacNeill, M. (1962) The festival of Lughnasa : a study of the survival of the Celtic festival of Lughnasa. Londain: Oxford University Press

Soggin, J.A. (1989) Introduction to the Old Testament Londain: SCM

## Torah

Cuimsíonn an Peintiteoch, ón bhfocal Gréagach *pentateuchos*, nó an Torah, mar a thugtar air i gcanóin na hEabhraise, na chéad chúig leabhar den Bhíobla: Geineasas, Eacsadas, Léivític, Uimhreacha agus Deotranaimí. Clúdaíonn an Peintiteoch scéal Iosrael ó cruthaíodh an domhan agus an cine daonna chomh fada le dioscúrsaí Mhaois ag fágáil slán ar mhachairí Mhóáb agus is ann atá ‘the foundational events and theology of the people of God’ (Murphy, NJBC, 7).

Tá comhdhéanamh an Pheintiteoch sách casta. D’fhéadfaí a rá go bhfuil ceithre phríomhthréimhse i gceist lena chomhdhéanamh. Bailíodh corpas traidisiún ó bhéal agus scríofa i dtús báire agus eagraíodh an corpas i gcnuasach iomlán comhtháite ag a raibh roinnt téamaí comhaontaithe. Síltear gurbh é an scríbhneoir bríomhar Yahwist (J) ón 9ú haois RCR a rinne an obair seo. Rinneadh eagarthóireacht ar an gcorpas ábhar seo agus chuir an tEileoihímeach (E) ón 8ú haois RCR leis é. Is féidir na spéiseanna ar leith a bhí aige seo a fheiceáil san atheagrú a rinne sé ar an ábhar. Is í an tríú snáithe atá le feiceáil sa Pheintiteoch ná í sin leis an eagarthóir Deotranaimí ón 7ú haois RCR agus feictear a chuid oibre den chuid is mó i leabhar Dheotranaimí. I dtéarmaí na teanga agus na stíle a bhí aige, cuireann sé béim ar umhlaíocht d’orduithe ó Dhia agus bagraíonn sé pionós orthu sin nach mbíonn umhal dó. Baineann an chéim dheiridh de tháirgeadh an Pheintiteoch de ghnáth leis an scríbhneoir Sagartúil (P) iardheoraíochta a bhfuil a chásmhaireacht shagartúil le feiceáil go soiléir san atheagrú a rinne sé ar an ábhar (m.sh. cultas agus deasghnáth in Léivític, ginealais in Geineasas). Bhí a theanga agus a stíl féin aigesean freisin.

Féach R.E. Murphy, ‘Introduction to the Pentateuch’, NJBC I, eag. R.E. Murphy, 3-7.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Cuir cuntais chruthaithe Gein 1:1-2:4a (P) agus Gein 2:4b-25 (J) i gcomparáid lena chéile, ag leagan béime ar na saintréithe atá ag gach scríbhneoir.

**Stair Dheotranaimí**

Tá stair Dheotranaimí a fhéachann ar stair Iosrael ó aimsir Mhaois agus gabháil na talún go dtí an deoraíocht (587-538) le fáil i leabhair Iósua, na mBreithiúna, 1 agus 2 Samúéil agus 1 agus 2 Na Ríthe le Dt 1-4 mar bhrollach. Glaoitear é seo air mar go bhfaigheann sé inspioráid mhór ó dhiagacht Dheotranaimí. Tá stíl aonfhoirmeach aige agus tá dearcadh agus tairngreacht i gcroílár an tsaothair.

Is í aidhm an scríbhneora Deotranaimí ná míniú diagachta a thabhairt ar thurnamh an dá ríocht. Bhí cumhacht ag Dia Iosrael freisin. Níor tharla na tubaistí a bhí tite amach in Iosrael mar gheall ar laige ach mar gheall ar chumhacht Iáivé. Bhí na fáithe de shíor ag tabhairt rabhaidh do na daoine agus dá gceannairí faoi na hiarmhairtí a tharlódh mar gheall nach raibh siad dílis. Spreag na fáithe iompú creidimh arís is arís eile, ach theip ar na daoine agus na ceannairí freagra a thabhairt. Mar thoradh ar an teip seo tharla an breithiúnas diaga a bhí tuartha agus thit ríochtaí Iosrael (722/1) agus Iúdá (587/6 RCR) agus tharla deoraíocht sa Bhablóin. Ach ní raibh Iosrael tréigthe ag Dia. Bhí sé seo mar chuid den phlean mór a bhí aige. Bheadh beannacht i gceist leis an gcúnant a choinneáil, ach bheadh pionós i gceist lena bhriseadh. Is éard atá i gceist leis an saothar, leis an bhfís a ghabhann leis de Dhia dílis a fhanann fíor dá mhuintir in ainneoin nach mbíonn siadsan dílis dó, ná spreagadh a thabhairt do dhaoine in ísle brí.

Cuireadh an stair le chéile an chéad lá riamh sa 7ú haois RCR tar éis bhás Ióisíá, tráth ar bailíodh scéalta, leabhair na gcroinicí agus gnéithe eile le chéile chun scéal leanúnach a dhéanamh a léirigh braistint féiniúlachta an phobail. Rinneadh atheagar ar an stair le linn na deoraíochta (587/6-538 RCR) mar gheall ar na tubaistí ar fad a thit amach in Iosrael.

**Stair an Chroiniceora**

Is athléamh ar stair Iosrael atá i stair an Chroiniceora ón 4ú haois. Is ‘stair bheannaithe é’. Tosaíonn sé le ginealais ó Ádhamh go Dáiví (1 Croin. 1-9), agus leanann sé le saol Dháiví (1 Croin. 10-29) agus Sholaimh (2 Croin. 1-9) agus mar a bhris ríocht Dháiví suas go dtí an deoraíocht (2 Croin. 10-36). Is athléamh é an chuid is mó de ar scéal Shamúéil agus na Ríthe. Is é seo an chéad sampla ollmhór den ath-léirmhíniú ar ábhar bíobalta níos luaithe. Scríobhadh an phríomhchuid de stair an Chroiniceora tar éis sheanmóireacht na bhfáithe Hagaí agus Zacairiá agus atógáil an teampaill (516) agus bhí sé i gceist go gcuideodh sé le hIosrael í féin a atógáil mar thír.

Ina chuid oibre ag atheagrú agus ag ath-léirmhíniú, fágann an Croiniceoir roinnt ábhar ar lár agus cuireann sé tuilleadh isteach. Tagann cuid den fhaisnéis atá le fáil ina stair ó fhoinse iontaofa nach bhfuil taifeadta i leabhair Shamúéil agus na Ríthe (mar shampla athleasú Ióisíá in 2 Croin 34:3-7). Ach tá dearcadh diagachta ar leith aige agus tógann sé ócáidí stairiúla timpeall ar an dearcadh sin. Tugann sé aghaidh ar fhadhbanna stairiúla áirithe i dtéarmaí luach saothair agus pionóis, mar atá sa mhíniú a thugann sé ar an réimeas fada a bhí ag Manaise mallaithe. Molann sé oibreacha Dé sa stair agus rianaíonn sé rialacha na beatha agus na hadhartha siar go dtí aimsir Abraháim, Mhaois agus Dháiví. Ní thugann sé áit lárnach don tairngreacht ina chuid oibre, mar a rinne an Deotranaimí. Ina chás seisean, tá an teampall agus a adhradh lárnach do stair Iosrael.

Déanann sé soiléiriú ar eagraíocht reiligiúnach sa tsochaí freisin. Taispeántar Dáiví ar bhealach atá i bhfad níos dearfaí ná mar a thaispeántar é i stair Dheotranaimí. Leagtar béim ar na pointí dearfacha a bhaineann leis agus fágtar a chuid lochtanna ar lár nó déantar beag is fiú dóibh.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Cuir pearsa Dháiví mar a chuirtear i láthair é i stair Dheotranaimí agus i stair an Chroiniceora i gcomparáid lena chéile.

## 2.2 Na Soiscéil

**An soiscéal ina fhoirm bhéil**

Sa lá atá inniu ann aithnímid go dtagraíonn an téarma 'soiscéal' a thagann ón tseanchiall a bhí leis an bhfocal Béarla '*godspel*' a chiallaíonn 'dea-scéala' do leabhar a insíonn scéal Íosa, go mór mhór ceann de na cheithre shoiscéal chanóineacha, Matha, Marcas, Lúcás nó Eoin. Úsáidtear an téarma chun an focal Gréigise *euaggelion* (sa Laidin *evangelium*) a chiallaíonn 'dea-scéala' a aistriú. Ó thús aimsire, mar sin féin, níor thagair an focal Gréigise do dhoiciméad scríofa ach do 'dhea-scéala' an tslánaithe. Thagair sé do dhea-scéala a ndearna Íosa féin seanmóireacht air (Mc 1:15; Lúc 4;18) nó an tseanmóireacht aspalda faoi Íosa (Gníomh 5:42; Rómh 1:1-3). Níor fhág Íosa dada ina dhiaidh i scríbhinn. Rinne a chuid deisceabal agus na pobail a cruthaíodh ar bhonn an chreidimh a bhí acu in Íosa caomhnú ar a theagasc agus ar a ghníomhartha i bhfoirmeacha éagsúla (scéalta faoi mhíorúiltí, nathscéalta, parabail agus cainteanna).

Thug 'soiscéalaithe' seanmóireacht ar an 'dea-scéala' (Gníomh 21:8; Eif 4:11) ar feadh na gcianta sula raibh aon chuntais scríofa ann ar mhinistreacht Íosa. Nuair a bhí an soiscéal á scríobh bhain an téarma i gcónaí leis an ábhar a bhí á scríobh, ní leis an 'gcineál' leabhair a bhí á chur le chéile.

D'éascaigh foirmiú na bpobal bunaithe ar a gcreideamh i gCríost aiséirithe caomhnú ábhar faoi Íosa agus chuidigh an t-ábhar seo chun féiniúlacht na bpobal a fhorbairt ina dhiaidh sin. De réir a chéile, rinneadh bailiúcháin de scéalta agus de nathanna cainte, agus chuir insint agus athinsint na dtraidisiún sin cruth ar an traidisiún. Is dóigh go ndearnadh bailiúcháin de nathanna cainte mar Q (féach thíos) agus an bailiúchán a d'fhéadfadh a bheith mar bhonntaca ag soiscéal Thomáis ón 2ú haois (féach thuas) ar dtús mar rud chun cuidiú le múinteoirí agus le seanmóirí. Ach is dóigh gur faoi pháis agus faoi bhás Íosa a bhí na cuntais ba luaithe.

Is deacair a rá cad a spreag an chéad 'soiscéal' scríofa a tháinig chun cinn. B'fhéidir gur tharla sé mar gheall ar bhás roinnt luath-fhinnéithe súl nó mar gheall ar imní faoi chruinneas maidir lena raibh á rá i seanmóirí nó á theagasc. Ach níor stop na traidisiúin faoi Íosa ag dul ó dhuine go duine díreach mar gheall gur scríobhadh go leor de síos.

**An soiscéal ina fhoirm liteartha**

Sa dara haois, tosaíodh ag úsáid an téarma soiscéal i leith na leabhar arna dtáirgeadh ag an gceathrar soiscéalaithe (Cf. An Diodaiché 15:3-4; 2 Cléimeans 8:5). Tosaíodh ag úsáid an téarma ansin mar ainm ar chineál saothair. Caitear le Soiscéal sa chás seo mar fhoirm liteartha. Tá roinnt a deir gur seánra sainiúil é 'soiscéal' arbh é soiscéal Mharcais an chéad sampla de, agus rinneadh forbairt bhreise air níos déanaí in Matha, Lúcás agus Eoin, na soiscéil chanónacha. Baineann an t-ainm 'soiscéal', áfach, le saothair atá an-difriúil ó na soiscéil chanónacha freisin. Chonacthas iad

sin sa dara haois agus níos déanaí, agus tá gnéithe iontu nach bhfuil ach cineál cosúil leo sin atá le fáil i soiscéil Mhatha, Mharcais, Lúcáis agus Eoin (insint, nathanna cainte, scéalta).

**Foirmiú na gceithre shoiscéal**

Bhí traidisiún an tsoiscéil ag fás agus ag forbairt ar feadh na gcianta ó aimsir mhinistreacht Íosa (c.27/30-30/33) ach tháinig an t-am gur ceapadh go raibh gá na traidisiúin faoi Íosa a chaomhnú i gcuntas scéil. Sa tríú céim seo de mhúnlú na Soiscéal tháinig trí shoiscéal shionoptacha, Marcas, Matha agus Lúcás, chun cinn. Deirtear go bhfuil siad sionoptach mar tugann siad 'dearcadh comónta' ar scéal Íosa. Tugann na cosúlachtaí thar cuimse atá eatarthu le fios go bhfuil caidreamh liteartha éigin eatarthu. Tugtar an Fhadhb Shionoptach ar an staidéar a dhéantar ar an gcaidreamh seo (féach thíos). Ba é Eoin a bhí taobh thiar den cheathrú soiscéal, agus cé go bhfuil go leor i gcoitinn aige leis na soiscéil shionoptacha tá sé an-difriúil díobh ag an am céanna (féach thíos).

Glactar leis tríd is tríd go raibh soiscéal Mharcais ar an gcéad cheann de na saothair sin agus scríobhadh é go gairid roimh 70 CR. Dar le Papias, ba é seanmóireacht bhéil Pheadair foinse phríomha Mharcais. Ach cibé cén ceangal a bhí idir an bheirt, is léir go raibh roinnt foinsí difriúla ag údar shoiscéal Mharcais nuair a chum sé a shaothar. Ina measc seo bhí traidisiún a bhain le hEoin Baiste, scéalta conspóideacha, parabail, agus scéalta faoi mhíorúiltí, teagasc pobail, agus scéal níos luaithe ná sin faoin bpáis.

D'fhéadfadh sé go raibh breac-chuntas ginearálta de mhinistreacht Íosa cosúil leo siúd a fhaightear i seanmóireacht Pheadair i nGníomhartha 10:34-43 tagtha chun cinn cheana féin (lena n-áirítear scéalta faoi Eoin Baiste, ministreacht Íosa sa Ghailíl agus in Iúdáia, a bhás in Iarúsailéim, an t-aiséirí, taispeáintí do fhinnéithe, misean). D'fhéadfadh sé gur úsáid Marcas a leithéid de bhreac-chuntas, cé gur chuir sé deireadh lena shoiscéal sách tobann leis an scéal faoin tuama folamh agus gan aon amharc ar Chríost aiséirithe. Cibé cad a tharla, is léir gur chuir Marcas foirm liteartha agus cruth dá chuid féin ar an ábhar a bhailigh sé. Ag obair le haidhm agus le lucht léitheoireachta ar leith ar intinn aige, agus in aghaidh chúlra na n-ábhar imní a bhí ar a phobal féin, chuir sé scéal le chéile a bhí lán de thruamhéala agus de dhrámaíocht agus a bhí lán de bheoga agus de dhéine nach bhfuil le fáil sna soiscéil eile.

Tá ann a déarfadh gur le haghaidh Críostaithe Rómhánacha a bhí ag fulaingt ó ghéarleanúint nó faoi bhagairt géarleanúna a scríobhadh an soiscéal. Bhí fulaingt, easpa tuisceana agus teip mar chuid dá saol mar Chríostaithe – agus is cuid de chur i láthair théama na deisceablachta é atá mar ghné láidir de shoiscéal Mharcais.

Tá go leor scoláirí sa lá atá inniu ann den tuairim gur thóg údar shoiscéal Mhatha, an dara ceann is faide de na trí shoiscéal shionoptacha, an breac-chuntas ba bhunúsaí dá shaothar ó Mharcas. Cé gur choinnigh sé 90% d'ábhar Mharcais agus ord an ábhair chomh mór agus a d'fhéad sé, chuir sé cruth nua agus atheagrú air de réir mar a d'inis sé scéal Íosa arís (féach an chritic atheagair). Agus é á dhéanamh seo, bhí aghaidh á tabhairt aige ar na riachtanais a bhí ag pobal Críostaí a bhí ag déanamh iarrachta sainmhíniú a fháil air féin maidir le Giúdachas. Léirítear dialóg an phobail leis an tsionagóg san fhócas a chuirtear ar nósanna agus ar ghnásaíochtaí Giúdacha, ar an dlí Maoiseach, agus ar chomhlíonadh na tairngreachta, gnéithe ar fad a thugann gné Giúdach chinnte don saothar. Ach tá fianaise ar fud an tsoiscéil go ndearnadh iarracht dul i dteagmháil leis na Gintlí (2:1-12; 8:5-13; 15:21-28; 27:54), agus go speisialta i bhfógra misin 28:16-20. D'fhéadfadh sé gur scríobhadh an soiscéal in Aintíoch sa tSiria, idir 70 agus 85 CR. Toisc é a bheith i bhfad níos cuimsithí ná soiscéal Mharcais, d'fhéadfaí a rá go raibh fonn ar an údar cuntas níos iomláine a thabhairt ar na traidisiúin faoi Íosa d'fhonn imní agus riachtanais an phobail a bhí ag teacht chun cinn a chomhlíonadh.

Is féidir fianaise den athchruthú a rinne Matha ar shoiscéal Mharcais a fheiceáil ó thús an tsoiscéil ar fad. Cé go dtosaítear le hEoin Baiste i soiscéal Mharcais, tosaítear i soiscéal Mhatha le ginealach (1:1-17) agus le scéalta eile faoi bhreith Íosa chomh maith le hathfhriotail ó na scrioptúir Eabhraise, le taispeáint go bhfuiltear ag comhlíonadh plean Dé. Tagann deireadh lena shoiscéal, ní mar a tharlaíonn i soiscéal Mharcais leis an mbean a raibh eagla uirthi ag fágáil an tuama fholaimh, ach le taispeántaí an Tiarna aiséirithe agus le fógairt misin.  Gné eile a bhaineann le soiscéal Mhatha a dhéanann idirdhealú idir é féin agus soiscéal Mharcais ná an bealach a chuireann sé Íosa i láthair mar mhúinteoir. Gné dhearfach den soiscéal ná go bhfuil teagasc Íosa leagtha amach i gcúig phríomh-dhioscúrsa nó ‘seanmóir’, agus leagann an chéad cheann acu, an Seanmóir ar an Sliabh, síos an bhonnchloch dá mhinistreacht.

Tháinig cuid mhór den ábhar i soiscéal Mhatha ó fhoinsí eile seachas ó shoiscéal Mharcais – ó fhoinse de nathanna cainte a bhfuil cuid de roinnte le soiscéal Lúcáis, go príomha, Q, (féach thíos), agus cuid eile de ó ‘thraidisiún speisialta’ Mhatha mar a ghlaoitear air nó M.

Ag thart ar an am céanna a chuir Matha a shoiscéal le chéile, tháinig Soiscéal Lúcáis ar an saol. Tugann an t-údar le fios ag tús an tsaothair gur úsáid sé roinnt foinsí (Lúc 1:1-4).

Glactar leis tríd is tríd go raibh soiscéal Mharcais ar cheann de na foinsí seo, agus gur chuir sé leath dó isteach ina shaothar agus gur lean sé an breac-chuntas bunúsach a leantar ann. Ar nós Mhatha, chuir sé cruth as an nua a bheag nó a mhór ar an ábhar seo agus chuir sé líon mór ábhar leis ó fhoinsí eile, go príomha, an foinse de nathanna cainte Q (féach thíos) agus a ábhar speisialta féin nach bhfuil le fáil i soiscéil Mhatha ná Mharcais agus a dtagraítear dó mar L. Ag baint úsáide as prionsabal socraithe tíreolaíochta i dtrí chuid, roinneann sé a scéal i dtrí chuid: an mhinistreacht Ghailíleach d’Íosa (Lúc 5:1-9:50); scéal fada taistil (9:51-19:48); agus céim dheiridh in Iarúsailéim (Lúc 20-24). Ar nós soiscéal Mhatha, tosaíonn sé a shaothar le naíonscéal agus cuireann sé críoch leis le taispeántaí den aiséirí agus le misean uilíoch a thugtar do na deisceabail. Is scéalaí maith é Lúcás, a d’fhág scéalta thar barr againn, mar shampla parabail an tSamáraigh Mhaith (Lúc 10:30-37) agus An Mac Drabhlásach (Lúc 15:11-32). Glaoitear soiscéal an athmhuintearais ar an soiscéal uaireanta mar gheall ar na híomhánna atá ann d’Íosa a théann i gcion arís is arís eile ar pheacaithe (5:29-32; 7:36-50; 15; 19:1-10; 23:43). I measc shaintréithe eile an tsoiscéil tá cur i láthair d’Íosa mar shamhail agus mar theagascóir urnaí, uilíocht na teachtaireachta cuimsí maidir leis an tslánaíocht, an dearcadh dearfach atá aige maidir le mná, agus an teagasc a thugann sé maidir le deisceablacht agus iarmhais, agus ar na contúirtí a bhaineann le saibhreas. Ní hionann leis na soiscéil shionoptacha eile, ní sheasann soiscéal Lúcáis as féin ach mar an chéad chuid de shaothar le dhá imleabhar, Lúcás-Gníomhartha.

Ba é an ceathrú soiscéal a tháinig chun cinn ná an soiscéal a bhain le hEoin. Cé go bhfuil go leor i gcoitinn aige leis na soiscéil shionoptacha, tá sé an-difriúil freisin. Tagann an scéal a insíonn sé faoi Íosa chun cinn ón imní agus ón gcreideamh a bhí ag pobal Eonach agus is don phobal sin a scríobhadh é. Cuirtear i láthair é in aghaidh chúlra an tsaoil liotúirgigh a bhí in Iosrael.  Tá ról tábhachtach ag teagmhálacha aonair suntasacha agus ag plé a bhí idir Íosa agus daoine aonair sa teachtaireacht a thugtar sa soiscéal seo. Is é Íosa an Briathar óna ndearnadh feoil, Solas an tSaoil, An tAoire Maith, an tSlí, an Fhírinne agus an Bheatha, Uan Dé. Labhraíonn sé i ndioscúrsaí fada faoi féin agus faoin misean a bhí aige. Ní saol ina bhfuil nathanna cainte agus parabail é a shaol i soiscéal Eoin, ach coincheapa mar an solas agus an dorchadas, an bheatha agus an fhírinne, síocháin agus coinbhleacht, aontacht agus deighilt, grá agus naimhdeas. Déanann Eoin níos mó machnaimh, tá a intinn níos dírithe ar chúrsaí diagachta, agus tá spéis aige i dtábhacht na bhfíricí.

Cuireann an soiscéal scéal Íosa i láthair in dhá chuid: a mhinistreacht phoiblí in Eoin 1-12; agus a pháis, a bhás agus a aiséirí in Eoin 13-20. Is dóigh gur cuireadh le chéile é gar do dheireadh na chéad aoise agus thar thréimhse ama (féach 20:30-31, an chéad chríoch agus críoch níos déanaí in 21:25). Sna soiscéil shionoptacha, cuirtear tús le ministreacht Íosa sa Ghailíl agus bogann sé de réir a chéile i dtreo Iarúsailéim, go speisialta i soiscéal Lúcáis. I soiscéal Eoin, cuirtear tús le ministreacht Íosa in Iúdáia agus bogann sé siar agus aniar idir Iúdáia agus an Ghailíl. Cosúil leis na soiscéil eile úsáideann sé roinnt foinsí. Agus cosúil leis na scríbhneoirí sionoptacha, chuir Eoin cruth as an nua ar an ábhar a bhailigh sé agus chuir sé a ábhar imní féin agus imní an phobail in iúl agus aidhm ar leith aige – creideamh a chuid léitheoirí a neartú (20:30-31).

**An fhadhb shionoptach**

Ní insíonn aon duine de na soiscéalaithe dúinn go bhfuil soiscéal aon duine eile de na soiscéalaithe léite aige – is é réamhrá Lúcáis is gaire a thagann dó. Ach taispeánann léitheoireacht de shoiscéil Mhatha, Mharcais agus Lúcáis go bhfuil go leor i gcomhpháirt acu. Taispeánann na hachoimrí a chuireann na trí shoiscéal taobh le taobh i gcolúin chomhthreomhara cé chomh fíor is atá sé sin. Déantar atáirgeadh ar bheagnach soiscéal Mharcais ar fad i soiscéal Mhatha nó i Lúcás nó sa dá cheann acu, agus is in ord Mharcais a dhéantar é den chuid is mó. Tá an breac-chuntas de mhinistreacht Íosa cosúil lena chéile sa trí shoiscéal, ag tosú sa Ghailíl, ag glaoch ar an dáréag aspal agus á seoladh amach, turas go Iarúsailéim, ag teagasc in Iarúsailéim, páis, bás agus fógairt aiséirí Íosa.

Tagann na trí shoiscéal le chéile ar bhealach iontach (traidisiún faoi thrí) agus tá Matha agus Lúcás (traidisiún dúbailte) ag teacht le chéile ó thaobh ábhair de, in ord eipeasóidí agus i bhfoclaíocht na scéalta agus na nathanna cainte atá i gcomhpháirt acu. Ach tá difríochtaí iontacha eatarthu freisin, difríochtaí a thugann le fios go raibh caidreamh casta eatarthu. Tugtar an fhadhb shionoptach ar an bhfadhb a bhaineann leis an gcaidreamh idir an triúr soiscéalaithe seo a mhíniú.

Is í teoiric an dá fhoinse mar a thugtar uirthi an réiteach is coitianta ar an bhfadhb shionoptach sa lá atá inniu ann. Dar leis an teoiric seo, ba é Lúcás a scríobh soiscéal Mharcais, a raibh rochtain aige freisin ar chorpas eile ábhair ar a dtugtar an Q de ghnáth (féach thíos). Aithníonn an teoiric go raibh ábhar traidisiúnta dá gcuid féin ag Matha agus ag Lúcás (M agus L; féach thuas).

Tugann hipitéis Griesbach, a ndearnadh athbheochan air le déanaí, réiteach eile ar an bhfadhb shionoptach a deir gur scríobhadh soiscéal Mharcais i ndiaidh soiscéal Mhatha (ar dtús) agus Lúcáis agus é mar aidhm ag soiscéal Mharcais an méid a bhí i gcoitinn ag an dá shoiscéal eile a atáirgeadh. Cuireann an teoiric sin deireadh leis an Q. Tá réitigh eile ar an bhfadhb shionoptach, agus baineann roinnt acu úsáid as traidisiúin bhéil eile sna mínithe a thugann siad ar na caidrimh idir na soiscéil. Mar gheall ar chomh casta is atá na caidrimh sin, b’fhéidir go mbeadh teoiric atá bunaithe go haonair ar fhoinsí doiciméadacha díreach róshimplí inti féin.

**An fhoinse Q (Ardleibhéal)**

Ní mhíníonn tosaíocht Mharcais na cosúlachtaí móra atá idir Matha agus Lúcás ó thaobh ábhair de nach bhfuil le fáil i Marcas. Tá thart ar 235 véarsa d’ábhar nach mbaineann le Marcas sa dá cheann acu. Tá cosúlachtaí móra eatarthu i roinnt áiteanna, mar shampla, mar a chaitheann siad le seanmóireacht Eoin Baiste, ach tá difríochtaí ollmhóra freisin, cosúil leis an Seanmóir ar an Sliabh/Seanmóir ar an Talamh Réidh, agus mar a scríobhann siad faoi imeachtaí agus ráitis Íosa. Ba é an réiteach a bhí air seo ná an bailiúchán nathanna cainte ar a dtugtar an Q ó *Quelle* na Gearmáinise (a chiallaíonn *foinse*) a leagan síos. Bailiúchán hipitéiseach de nathanna cainte Íosa is ea an Q, mar sin, a scaip den chéad uair in Aramais agus níos déanaí i nGréigis.

Measann go leor daoine gur doiciméad scríofa a bhí in Q agus cuireann siad fianaise theangeolaíoch agus fianaise ó ord an ábhair ar fáil chun tacú leis seo. Tá siad den tuairim gurb é ord Lúcáis an ceann is fearr a léiríonn an bun-ord is dóigh a bhí ag Q.

## Topaic a trí: Litríocht an Bhíobla

### 3.1 Teanga na scéalaíochta

#### Acmhainní

Chatman, S. (1978) Story and Discourse: Narrative Structure in Fiction and Film Ithaca, Nua Eabhrac: Cornell University Press

Rhoads, D. & Michie, D. (1982) Mark as Story.
An Introduction to the Narrative of a Gospel Philadelphia: Fortress

#### Iób

Tá leabhar Iób, ceann de na comharthaí is mó atá againn de litríocht eagnaíochta ón ST, dea-aitheanta mar cheann de shárleabhair litríocht an domhain. Is saothar den scoth é a ardaíonn ceisteanna bunúsacha do gach glúin maidir le ceartas diaga (diagacht nádúrtha), an chiall atá le fulaingt i saol duine maith a chreideann i nDia, an chiall agus an aidhm atá le saol an duine, conas is féidir creideamh a bheith agat i gcónaí i saol ina bhfuil an t-olc chomh údarásach, agus mar sin de.

Is plé fada fileata atá sa leabhar seo (3:1-42:6), an píosa filíochta is faide atá againn san Eabhrais ársa, ina bhfuil réamhrá le plé próis (1-2) agus conclúid le hiarfhocal próis (42:7-11). Is iad carachtair an scéil ná Iób, a bhean chéile, Sátan, triúr cairde Iób agus Dia. Tá plota ag an scéal a choinníonn an t-iomlán. D'fhéadfaí a rá go bhfuil suíomh an scéil suite i ré Abraháim (c.1800 RCR), fear le tréada, camaill agus iarmhais iontacha, ach tarlaíonn an scéal am ar bith idir 1600 agus 400 RCR.

Insíonn an scéal conas a chuireann Dia, ar mholadh ó Shátan, tástáil ar Iób, fearr ionraic a bhí an-saibhir (Iób 1-2). Cailleann sé a chuid iarmhaise agus a theaghlach ar fad, tagann drochthinneas ar a chraiceann agus bíonn sé ina dhíbeartach sa tsochaí. Impíonn a bhean air mallacht a chur ar Dhia agus bás a fháil, ach coinníonn Iób a ionracas. Leagann an méid sin síos an radharc don dráma a leanann é, ina dtagann triúr cairde i measc Iób chun cabhrú leis, ach cáineann siad é sa deireadh agus impíonn sé orthu go láidir nach bhfuil sé ciontach agus go bhfuil sé ag fulaingt gan chúis.

Tá Iób ar thóir tuisceana go héadóchasach agus é ag iarraidh freagra ó Dhia, ach ní fhaigheann sé ach freagraí diagachta ('mórfhocal') óna chairde. Tagann buaicphointe an scéil nuair a thugann Dia freagra ar Iób, ach ní mar a shamhlaigh Iób é. Athraíonn gach rud de bharr na teagmhála pearsanta a bhí ag Iób le Dia. Ní hann do dhorchadas na hoíche níos mó. Faigheann sé ar ais a mhuinín i nDia.

Ar deireadh, glantar é as an éagóir agus faigheann sé a theaghlach agus a shaibhreas ar ais. Bhí tionchar ag scéal Iób ar scríbhneoirí nua-aimseartha ar nós Kierkegaard (Diaries), Kafka (The Trial), Jung (Answer to Job), bhí tionchar suntasach ag a scéal ar eisithe nua-aimseartha mar

Camus (Myth of Sisyphus), Addamov (Notes et Contre-notes), Beckett (Waiting for Godot; Endgame) agus Bloch (Atheismus in Christentum), agus ar dhrámadóirí nua-aimseartha (m.sh. McLeish, Archibald (1961) JOB: A Play in Verse, Cambridge, Mass; Riverside Press; Neil Simon, God’s Favorite). Tá gnéithe den tubaiste, den dráma grinn agus den íoróin le fáil sa scéal ina bhfuil bunteachtaireacht a mbíonn sonas an laochra mar thoradh air sa deireadh thiar.

**Acmhainní**

Cox, D. (1990) Man’s Anger & God's Silence. The Book of Job, Slough: St. Paul's

Cox, D. (1978) Triumph Of Impotence: Job And The Tradition Of The Absurd An Róimh: PIB

Whybray, R.N. (1998) Job, Readings: A New Biblical Commentary, Sheffield: Sheffield Academic Press

Gutieriez, G. (1986) On Job Nua Eabhrac: Orbis

Kushner, H.S. (1982) When bad things happen to good people Londain: Pan books

Le haghaidh bealaí cuir chuige praiticiúla maidir le scéalaíocht féach

http://www.eldrbarry.net/roos/eest.htm

http://www.eldrbarry.net/rabb/joy.htm

**An parabal ina sheánra**

Is scéal é parabal a thógtar ón ngnáthshaol agus léiríonn sé teagasc reiligiúnach nó morálta ar bhealach beoga a gcuimhneoimid air agus a bhfuil sé mar aidhm aige freagra, cinneadh, gníomh nó athrú meoin a spreagadh.

Ní hé Íosa a cheap an fhoirm liteartha. Bhí an parabal ar fáil cheana féin sa ST áit ar tugadh an *mashal* air, arna aistriú sa Seachtód leis an téarma *parabolé* a chiallaíonn ‘comparáid’. Tá parabail le fáil sa Sean-Tiomna (m.sh. parabal an fhíonghoirt, Is. 5:1-9; parabal an uain óig, 2 Sam. 12:1-8) agus Giúdachas raibíneach.

Is féidir parabail mar a chuirtear síos orthu go ginearálta a rangú i dtrí ghrúpa – Cosúlachtaí, Parabail i ndáiríre, agus scéalta Eiseamláireacha nó Léaráidí. Is éard atá i gCosúlacht, an cineál parabail is gonta, ná samhail bhreise nó comparáid a úsáideann gnáth-tharlú nó tarlú rialta a bhfuil cleachtadh ag na héisteoirí air – gabháil á cur le min (Mth. 13:33), grán ag aibiú don fhómhar (Mc 4:26-29), síol mustaird á chur (Mc. 4:31-32).

Is scéal é an Parabal i ndáiríre, ar cumadh nó ar saorchumadh é agus ina n-insítear scéal faoi chás suimiúil nó faoi chás áirithe – cad a tharla ar ócáid amháin – agus déantar é seo ar bhealach beoga spreagaitheach. Ní thagraíonn sé do ghnáth-ócáid nó gnáthchás ach bíonn fírinneacht éigin ag baint leis sa saol. Chuaigh síoladóir amach ag cur an tsíl (Mth 13:1), bhí maor ag fear saibhir (Lúc. 16:1), thug fear féasta breá (Lúc. 14:16). Díreach mar a tharlaíonn sa chosúlacht, níl na rudaí a chuirtear i gcomparáid lena chéile cosúil lena chéile in aon chor.

Is scéal cumtha freisin é an scéal Léaráide nó Eiseamláireach, agus é faoi réir ag dlíthe céanna na scéalaíochta leis an bparabal.

Cuireann sé scéal ar leith i láthair a léiríonn prionsabal ginearálta. Sa chás seo tá an dá rud a chuirtear i gcomparáid lena chéile cosúil lena chéile. Tabhair faoi deara conas a chríochnaíonn scéal an tSamáraigh Mhaith: 'Imigh leat agus déan féin mar an gcéanna' (Lúc. 10:37).

**Acmhainní**

Boucher, M.I. (1981) The Parables Baile Átha Cliath: Veritas

Dodd, C.H. (1961) The Parables of the Kingdom Londain: Collins

**I mbun staidéir ar na parabail: samplaí úsáideacha**

**1. Parabal an tSíoladóra (Mth 13:3-9)**

Insíonn Íosa parabal an tsíoladóra agus é ina shuí i mbád ar an loch ag teagasc an mhathshlua (Mth 13:1-2). Is é seo an chéad cheann i gcaibidil seacht bparabal, agus gabhann mínithe le dhá cheann de na parabail seo. Is í ríocht Dé príomhthéama a chuid seanmóireachta anseo. Sa chás seo tá leagan Mharcais den pharabal atheagraithe ag Matha (4:3-9). Faightear an parabal freisin i Lúc 8:5-8 agus i Soiscéal Coptach Thomáis (9; féach thuas).

Is scéal simplí é an scéal seo, ina bhfuil dhá chuid le ceithre radharc. Cuireann an feirmeoir, i ndiaidh dó an talamh a threabhadh, an síol in ithir atá mar an gcéanna dar leis ach nach bhfuil mar an gcéanna i ndáiríre. Sa chéad radharc, titeann an síol ar chosán nó taobh le cosán. D'fhéadfaí gur bealach amach a bhí ann nó cosán timpeall ar an bpáirc. Tugann na héin leo an síol. Sa dara radharc, titeann sé san ithir éadomhain mar gheall ar an leac atá faoi agus ní mhaireann sé ach seal gearr. Sa tríú sampla, titeann an síol isteach in ithir a chuireann salachar nó feochadáin i bhfolach, agus diaidh ar ndiaidh fásann siad agus plúchann siad an síol. Sna trí chás sin ní éiríonn leis an gcur. Tarlaíonn buaicphointe an pharabail sa 4ú radharc, a insíonn dúinn go dtiteann an síol ar ithir atá maith agus táirgiúil agus a tháirgeann fómhar maith – 'faoi chéad, faoi sheasca, faoi thríocha' – ag cur béime b'fhéidir ar éagsúlacht an fhómhair. Cothromaíonn na trí cinn freisin na trí chineál síl ar theip orthu agus a fhreagraíonn do na teipeanna difriúla.

Tá an chéad chomhthéacs don pharabal le fáil is dóigh go luath i ministreacht Íosa. Insíodh an parabal an chéad lá riamh chun a chuid éisteoirí a spreagadh. Bhí drochmhisneach orthu de bharr nach raibh ag éirí lena sheanmóireacht. Téann an easpa rathúlachta reatha i gcodarsnacht leis an bhfómhar fairsing thar cuimse a bheidh ann amach anseo go cinnte.

Athinsíodh an parabal seo sna pobail Chríostaí luatha áit ar cuireadh míniú eile leis. Bhain an parabal anois le briathar Dé agus mar a d'fháiltigh Críostaithe roimhe. Mar sin thug sé leis teachtaireacht mhisnigh ag moladh dóibh an fód a sheasamh i gcoinne bhuaireamh agus chrá an tsaoil a d'fhéadfadh cur isteach orthu.

**2. Parabal na nOibrithe san Fhíonghort / An Fostóir Flaithiúil (Mth 20:1-16)**

Insítear parabal na n-oibrithe san fhíonghort do dheisceabail Íosa (20:1) ach b'fhéidir go raibh lucht éisteachta difriúil ag an scéal an chéad lá riamh. Tá an parabal in dhá chuid: insíonn an chéad chuid mar a fostaíodh oibrithe an lae agus na treoracha a bhí ann chun iad a íoc (ví.1-8) agus an dara cuid (ví 9-15) ag cur síos ar an íocaíocht féin. Fostaíonn an t-úinéir talún na hoibrithe go moch ar maidin, agus aontaíonn sé déanar a íoc leo – pá lae d'oibrí lae. Téann sé amach arís ag an tríú huair, agus fostaíonn sé tuilleadh oibrithe, agus socraíonn sé an rud ceart nó cóir a íoc leo. Déanann sé an rud céanna timpeall an séú agus an naoú huair. Téann sé amach

timpeall an aonú uair déag (c.5 i.n.) agus tá cuid acu fós díomhaoin. Fostaíonn sé iadsan freisin, ach ní bhíonn aon chomhaontú ann.

Ag deireadh an lae (c. 6 i.n.) íoctar na hoibrithe, de réir mar ba ghnáth (féach Léiv. 19:13). Íoctar an dream is déanaí a fostaíodh ar dtús agus tugtar déanar amháin dóibh, an tsuim a aontaíodh leis an dream a fostaíodh ar dtús. Agus nuair a fuair siad é, bhí siad ag monabhar ar fhear an tí (v.11). Dúirt siad gurbh iadsan a d'fhulaing 'ualach an lae agus an brothall' agus creideann siad gur caitheadh go míchóir leo. Meabhraíonn fear an tí an comhaontú dá n-urlabhraí agus spreagann sé é a thógáil agus imeacht, ag rá leis gur féidir leis a rogha ní a dhéanamh lena chuid féin (20:14b-15).

Cén pointe atá á dhéanamh ag 'fear an tí'? Cén fáth ar tugadh an pá céanna dóibh ar fad in ainneoin gur oibrigh siad uaireanta difriúla, agus go mór mhór de bhrí nár oibrigh an bheirt dheiridh ach aon uair an chloig amháin? An píosa éageartais treallaí é an cur chuige cothromaíoch seo nó díreach spadhar flaithiúlachta?

Bealach amháin le féachaint air ná flaithiúlacht neamhtheoranta fhear an tí a mhúineadh agus mar sin 'overflowing generosity of God's love which ignores claims of human merit and works' a thaispeáint (Meier, Matthew, 224), 'the grace of God's reign' (Boucher, Parables, 89), nach bhfuil aon chéimeanna luach saothair ar neamh ach go bhfuil gach rud bunaithe ar fhlaithiúlacht (Bauer).

Deir Jeremias, a ghlaonn 'Parabal an Fhostóra Fhlaithiúil' air seo, nach faoi fhlaithiúlacht neamhtheoranta é an chéad pharabal de bhrí nach bhfaigheann na hoibrithe ar fad ach déanar amháin, pá beag suarach, ach gur faoi thaise agus faoi thrua do na boicht é an parabal seo (Parables, 136).

I gcás na bpobal Críostaí luath, d'fhéadfadh sé go bhfacthas an parabal mar rud a chosain saoirse Dé chun slánú Dé a shíneadh amach chuig aon duine ba mhian leis – go dtugann Dia grá agus luach saothair do gach duine go cothrom – tugann an parabal dúshlán d'idirdhealú idir daoine (Bloomberg, Parables, 222)

### 3. An Deichniúr Maighdean (Deichniúr Freastalaí Bainise) (Mth. 25:1-13)

Tá parabal an deichniúr freastalaí bainise nó an deichniúr maighdean mar a thugtar air de ghnáth, le fáil i ndioscúrsa an Bhreithiúnais Dheireanaigh de chuid Mth. 24-25 agus d'fhéadfadh sé gur insíodh do lucht féachana ginearálta é. Léiríonn sé an ráiteas in 24:42: 'Bígí ag faire, dá bhrí sin, mar níl a fhios agaibh cén lá a thiocfaidh bhur dTiarna'. Tarlaíonn sé i gceithre chuid: réamhrá (ví 1-5), cuid lárnach (ví 6-10), *denouement* gairid agus tubaisteach (ví 11-12), agus seanmóir (ví13ff.). Is scéal réadúil é an parabal seo, ag léiriú deasghnátha Giúdacha ag an am – féasta na bainise ag titim na hoíche, an bhrídeach ag dul chuig teach an fhir ar dtús, na mná ag casadh leis an bhfear agus iad ag dul leis chuig an teach i gcomhair na féasta ((Jeremias, Parables). Sa pharabal seo cuirtear an ríocht i gcomparáid le hiomlán na n-ócáidí a insítear faoi fhéasta na bainise.

Ón tús ar fad, díríonn an scéal ar an gcúigear freastalaithe amaideacha. Léirítear iad mar dhaoine le gearr-radharc nach bhfuil ullmhaithe, dream nach dtuigeann go bhféadfaí moill a chur ar an bhfear nuaphósta agus go bhféadfadh sé nach mbeadh a ndóthain ola acu dá gcuid lampaí agus nach dtabharfaidís ola bhreise leo in éigeandáil. Tá sé d'fhadbhreathnaitheacht ag na maighdeana críonna ola a thabhairt leo ar fhaitíos go dteastódh sé.

Cuirtear moill ar an bhfear go deimhin, agus titeann siad ar fad ina gcodladh. Nuair a fhógraítear go bhfuil sé ag teacht, éiríonn an deichniúr maighdean chun an buaiceas a bhaint dá lampaí agus iad a líonadh le hola. Feiceann na 'maighdeana amaideacha' go bhfuil ola ag teastáil uathu agus iompaíonn siad ar a gcuid comrádaithe chun roinnt ola a thabhairt dóibh, ach diúltaítear iad. Is é an faitíos atá orthu, is cosúil, ná nach mbeadh a ndóthain acu féin le haghaidh na beirte agus nach mbeadh aon mhórshiúl le solas tóirse ann in aon chor. Caithfidh siad imeacht chun ola a cheannach. Agus fad is atá siad imithe tagann an fear nuaphósta isteach. Téann gach duine atá 'réidh' isteach chuig féasta an phósta leis agus dúntar doras an tí.

Nuair a thagann na daoine eile ar ais níos déanaí buaileann siad an doras chun iarracht a dhéanamh dul isteach, ach ní ligtear isteach arís iad. Shílfeá go bhfuil an fear nuaphósta gránna leo: 'Deirim libh go fírinneach, níl aithne agam oraibh'. Is hiad seo na t-aon fhocail a labhraíonn sé sa pharabal. Fágtar amuigh na daoine nach raibh críonna agus ullmhaithe – ní féidir tarraingt siar ón mbreithiúnas anois.

Éilíonn an scéal ar na héisteoirí a bheith ullmhaithe don fhear nuaphósta cibé uair a thiocfaidh sé. Bíonn na maighdeana amaideacha ag súil go dtiocfaidh an fear nuaphósta nuair a bhíonn siadsan réidh. Tá siad díchéillí. Oibríonn siad de réir a gcuid ionchas féin seachas aird a thabhairt ar an rud a d'fhéadfadh tarlú – go bhféadfaí moill a chur air. Mar gheall ar an easpa fadbhreathnaitheachta a bhí acu níl siad ullmhaithe nuair a thagann sé agus fágtar amuigh iad go tubaisteach – dúntar an doras orthu, téann an deis amú orthu.

Cad a deir an parabal leis an lucht éisteachta bunaidh? Deir sé go bhféadfaí moill a chur ar an bhfear nuaphósta agus, cosúil leis na freastalaithe críonna, caithfidh duine a bheith ullmhaithe dó sin. Is cinnte go meabhraíonn sé dóibh nár chóir do dhuine a bheith chomh neamhullmhaithe is go gcoinneofaí amuigh ón bhféasta eascateolaíoch iad, murach sin féadfar an doras a dhúnadh, agus ansin beidh sé ródhéanach. Is í an teachtaireacht a thabharfar do phobal Mhatha ná go gcaithfidh an pobal sin freisin a bheith ullmhaithe don Tiarna nuair a athfhilleann sé.

**4. An Rógaire Maoir (16:1-13)**

Is é an parabal den rógaire maoir ceann de pharabail Lúcáis ar bhochtaineacht agus ar shaibhris (Lúcás 12:13-21; 16:1- 13; 16:19-21). Insítear do na deisceabail é (16:1) agus in éisteacht na bhFairisíneach a bhí ag gearán (15:2; 16:14), ach is dóigh gur lucht éisteachta ginearálta a chuala é an chéad lá riamh. Bhí an parabal bunaidh (16:1-8a) deacair a thuiscint i gcónaí, go háirithe an t-ardmholadh a thug an Tiarna do ghníomh mímhacánta an rógaire ba léir do chách.

Insíonn an scéal conas a dhéanann fear saibhir, úinéir eastáit mhóir sa Phalaistín, a mhaor a dhíbirt de bharr líomhaintí ina aghaidh gur thug sé gaoth dá mhaoin agus ordaíonn sé dó cuntas a thabhairt ar a bhainistíocht. Is é a dhéanann an maor ansin ná glaoch ar fhéichiúnaithe a mháistir agus iarraidh orthu a gcuid bannaí gealltanais a athscríobh do mhéideanna i bhfad níos lú: 50% i gcás an fhir a raibh 100 bairille ola aige, an tráchtearra ba luachmhaire; agus 20% i gcás an fhir a raibh 80 bairille cruithneachta aige. An raibh a chuid iompair mímhacánta anseo arís nó an bhfuil míniú eile ar an méid a dhéanann sé?

Sa chéad aois sa Phalaistín bhí úinéirí móra ann a raibh maoir acu a rinne a gcuid gnó le lánchumhacht. Ní dhearna an maor ach díreach glaoch isteach ar a chuid féichiúnaithe agus fáil réidh lena choimisiún féin ó na bannaí bunaidh. Is é an gníomh seo a mholtar, ní falsú na gcuntas. Bhreathnódh loghadh an fhiachais go maith don úinéir talún a mholfaí as a chuid flaithiúlachta agus is é a bheadh mar thoradh air ná go bhféadfadh sé an gníomhaí a chur ar ais ina phost, nó moladh fabhrach a thabhairt dó. D'éirigh le plean an mhaoir. Moltar é as a

‘chríonnacht’. Thug sé buntáiste dá fhostóir, dá chliaint agus dó féin in aon iarraidh amháin (féach Herzog II, W. Parables as Subversive Speech: Jesus as Pedagogue of the Oppressed (1994) Louisville: Westminster/John Knox, lch. 258.

Is éard a fhaigheann moladh ná an úsáid chliste a bhain an maor as iarmhais ábharacha lena chinntiú go mbeadh sé féin slán amach anseo. Is í críonnacht an fhir a mholtar. Mar fhear críonna a úsáideann iarmhais ábharacha dá leas féin agus freisin chun leasa daoine eile, is samhail é don deisceabal Críostaí.

Léiríonn na ráitis atá faoi iamh de ví 8b-9 an parabal i mbun oibre ar dtús. D’fhéadfadh Críostaithe rud éigin a fhoghlaim ó chríonnacht ‘leanaí an tsaoil’ atá curtha i gcomparáid leis an maor. Spreagtar na deisceabail chun úsáid chríonna a bhaint as iarmhais ábharacha. Is é pointe an dara feidhme i 16:10-12 ná freagracht agus dílseacht. Cuimsíonn an tríú feidhm in 16:13 cur chuige ginearálta maidir le saibhreas: caithfidh duine Dia nó airgead (*mammon)* a roghnú.

**Acmhainní**

Boucher, M.I. (1981) The Parables Baile Átha Cliath: Veritas

Dodd, C.H. (1961) The Parables of the Kingdom Londain: Collins

Bailey, K. (1976) Poet and Peasant: A Literary Cultural Approach to the Parables in Luke, Grand Rapids: Eerdmans

Bailey , K. (1980) Through Peasant Eyes: More Lucan Parables, Their Culture and Style Grand Rapids; Eerdmans

Jeremias, J. (1955) The Parables of Jesus Londain: SCM

Hultgren, A.J. (2000) The Parables of Jesus. A Commentary, Grand Rapids; Eerdmans

**3.2 Teanga an mhachnaimh**

Glaonn doimhneacht na smaointeoireachta agus na mothúchán a léirítear sna Sailm, an bailiúchán is breátha d’fhilíocht na hEabhraise, ar na tnútháin agus na mothúcháin is doimhne sa léitheoir.

Is ionann filíocht agus iarracht léiriú a thabhairt, i dteanga cheannasach, ar thuairimí daingne, ar léargais, agus ar mhothúcháin nach bhfuil éasca iad a chur in iúl i bprós. Cuidíonn sé, mar sin féin, feasacht a bheith ag an duine ar rialacha agus ar chomhghnásanna cineál áirithe filíochta má táimid chun léirthuiscint iomlán a bhaint as. Tá sé seo fíor go háirithe i gcás filíochta a raibh a bunús i gcultúr atá difriúil ón gcultúr atá againne.

Is comhthreomhaireacht an ghné is suntasaí i bhfilíocht na hEabhraise. Is í an fhoirm is simplí de chomhthreomhaireacht ná ‘comhthreomhaireacht chomhchiallach’, áit a ndéantar aithris ar an smaoineamh i líne amháin i bhfocail dhifriúla ar an gcéad líne eile (m.sh Salm 6:9). I ‘gcomhthreomhaireacht fhritéiseach’ tá an smaoineamh a chuirtear in iúl sa dara líne i gcodarsnacht leis an smaoineamh a chuirtear in iúl sa chéad líne (m.sh. Salm 1:6).

Baineann na sailm úsáid éifeachtach as teanga shamhlaíoch. Mar shampla, tá an fíréan cosúil le crann a bhfuil rath air (Salm 1:3); is tairbh nó madraí iad naimhde an duine (Salm 22:12,16); téann an Tiarna in éineacht leis an gcreidmheach sa ‘ghleann is dorcha’ (Salm 23:4). Faightear

samplaí d’íomháineachas ainmhithe i Sailm 7:2; 32:9; 42:1. Tá íomháineachas éan le fáil, mar shampla, i Sailm 17:8; 55: 6-8; 84:3; 102:6-7.

**Samplaí úsáideacha**

Is salm acrastach é salm 145, is é sin, salm ina dtosaíonn gach véarsa le litir leanúnach d’aibítir na hEabhraise. Is salm é a mholann maitheas Dé, agus a fhéachann air mar rí, sholáthraí agus shlánaitheoir.

Tá gach véarsa de Shalm 114 comhthreomhar comhchiallach. Ach chun tuiscint cheart a fháil ar an salm caithfimid fios a bheith againn, mar shampla, i véarsa 1, go gciallaíonn an focal ‘Iosrael’ an rud céanna le ‘teach Iacób’, agus caithfimid fios a bheith againn go dtagraíonn carraig nó breochloch a chaitheamh in uisce (v. 8) don rud a rinne Maois nuair a fuair sé uisce ón gcarraig sa ghaineamhlach (Eacs. 17:1-7).

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- D’fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí samplaí eile a fháil de chomhthreomhaireacht sna sailm. D’fhéadfaí plé a spreagadh ar théamaí mar:

- Conas a fhreagraíonn Salm 1 an cheist ‘Conas is féidir le duine a bheith sásta’?

- An bhfuil cosúlachtaí idir salm 137 agus dán Thomas Moore ‘The Harp that once through Tara’s Halls’?

**3.3 Teanga na siombailí (Ardleibhéal)**

Tá teanga na siombailí ar fáil go fairsing ar fud na litríochta agus go háirithe i bhfilíocht. Is féidir le duine drámaí Shakespeare a lua anseo (m.sh. King Lear; Macbeth), filíocht John Keats (Ode to a Nightingale), Paradise Lost le Milton, dán T.S. Eliot, The Wasteland, Sailing to Byzantium, agus Byzantium le W.B. Yeats (An Bhiosáint mar shiombail ealaíne agus cultúir), agus Ulysses le James Joyce.

Sa Bhíobla, tá teanga shiombalach flúirseach – ní hamháin sna sailm, sna fáithe, agus i scríbhneoireacht apacailipteach áit a bhfuil sí an-fhairsing – ach ar fud an Bhíobla ar fad, idir Geineasas agus an tApacailipsis. Úsáidtear teanga shiombalach chun cur síos a dhéanamh ar Dhia, chun toil Dé agus gníomhaíocht Dé a shoiléiriú. Labhraítear faoi Dhia i dtéarmaí antrapamorfachais (criadóir, athair, máthair, rí, breitheamh, garraíodóir, srl.).

Tá Dia i láthair mar cholún néil sa lá, agus mar thine san oíche (Eacs 13:21-2); i stoirm (Ir. 30:23) nó mar fhuaim chogair bhig (1 Ríthe 19:12-13). Is siombail den bheatha í an phéist a fhaigheann Maois san fhiántas (Uimhr); iompaíonn Masá and Miríbeá (Eacs. 17:7) isteach i siombailí d’éirí amach i litríocht an bhíobla; bíonn Sodom mar shiombail d’áit truaillíochta; an Éigipt mar áit sclábhaíochta; Iarúsailéim, an chathair naofa; an teampall, an áit a bhfuil cónaí ar Iáivé.

Sa TN, úsáidtear teanga shiombalach chun tábhacht Íosa a chur in iúl – teidil mar Mhac an Duine le macallaí de Dn. 7:14, Meisias, sagart, fáidh agus rí. I soiscéal Eoin is eisean an Briathar a ndearnadh feoil de (1:1-18), uan Dé, an tAoire Maith (Eoin 10), is tríd a rinneadh an saol. Tá go leor samplaí eile de theanga na siombailí sna soiscéil (m.sh. parabail, míorúiltí) agus i scríbhinní Phóil (an chros, siombail mhór na beatha agus an ghrá).

Tá scríbhneoireacht apacailipteach go speisialta lán de theanga shiombalach. Sa scríbhneoireacht apacailipteach (m.sh. Dain. 7-12; Apac.), tá siombalachas speisialta ag gabháil le hainmhithe, dathanna, uimhreacha agus áiteanna.

**Miotas**

Is féidir miotas a shainmhíniú mar scéal nó mar insint a úsáideann móitífeanna traidisiúnta, agus atá socraithe in am an-difriúil ón teagascóir, agus a dhéileálann le topaicí mar na déithe agus laochra fhinscéalta an tseansaoil, bunús an domhain agus an duine, na cúiseanna go bhfuil an duine mar atá sé, nó mórcheisteanna eile a chuireann daoine orthu féin. Tagann an focal féin ón bhfocal Gréigise *muthos* a chiallaíonn aitheasc, scéal nó insint.

Láimhseálann miotais mórcheisteanna de ghnáth a chuireann daoine orthu féin agus go minic bíonn na freagraí socraithe in am éigin sula gcuirtear tús leis an stair in aon chor. Go minic bíonn miotais cúiseolaíoch, ciallaíonn sé sin go dtugann siad an chúis go bhfuil rud éigin mar atá sé. Níor chóir do dhaltaí imní a bheith orthu faoi cibé an bhfuil miotas fíor nó nach bhfuil, is cóir dóibh smaoineamh ar cad a bhíonn an fhírinne sin ag iarraidh a bhaint amach.

Mhair na Iosraeilítigh ársa i gcomhthéacs cultúrtha (Canán, An Mheaspatáim, An Éigipt) áit a raibh miotais den sórt sin fairsing (m.sh. Enuma Elish; Eipic Gilgamesh). Ghlac siad smaointe ar láimh ó mhiotais den sórt sin ach d'úsáid siad iad óna bpeirspictíocht chreidimh féin, rinne siad athchruthú orthu agus d'úsáid siad iad le haghaidh a gcuid cuspóirí féin. Is féidir a n-úsáid a fheiceáil, mar shampla, i scéalta cruthaithe Geineasas 1-2, i scéal aisteach Gein. 6:1-4, Is 27:1 agus 51:9, Salm 74:14 nó Iób 41:1 agus an tagairt a dhéantar don Leviathan miotasach.

**Naisc leis an siollabas**

Roinn A: Ag cuardach brí agus luachanna – Cuid 3.1.

**Acmhainní**

Charpentier, E. (1982) How to Read the Old Testament Londain: SCM

Ó hÓgáin, D. (1990) Myth, legend & romance: an encyclopaedia of the Irish folk tradition Londain: Ryan Publishing

Murphy, G. (1961) Saga and Myth in Ancient Ireland Baile Átha Cliath: Cultural Relations Committee of Ireland

Keating, G. (1987) The History of Ireland I, Londain: Cumann na Scríbheann nGaedhilge: le fáil ar líne ag http://www.ucc.ie/celt/published/G100054/inde x.html pp.96ff

Miotais i litríocht na hÉireann féach Dillon M. eag. (1985) Irish Sagas Corcaigh: Mercier, 1985, 27-39 (Cath Mhaigh Tuireadh).

## Eipic

Is iondúil gur dán fada i bhfoirm scéil a bhíonn san eipic ach é ar an mórscála, a insítear nó a scríobhtar ar bhealach ardaithe, láraithe, maidir le laoch éigin a tharchéimníonn gnáththeorainneacha an duine agus a bhfuil ról lárnach aige i sraith imeachtaí atá tábhachtach nó mar bhonnchloch do dhaoine nó do náisiún.

Forbraíodh an eipic i gcultúr béil nuair a bhí daoine nó náisiún ag machnamh ar a n-oidhreacht stairiúil, chultúrtha agus reiligiúnach. Is aithrisí foghlamtha den fhoirm bhéil iad eipicí liteartha. Is í Eipic Shuiméirise Gilgamesh (3ú mílaois) an eipic is luaithe atá ar marthain. I measc samplaí eile d'eipicí ó bhéal tá eipicí clasaiceacha an Iliad, a insíonn scéal Chogadh na Traí, agus an Odaisé, a insíonn scéal Odaiséas ar fhilleadh abhaile dó ó Chogadh na Traí. D'fhéadfaí an Beowulf Angla-Shacsanach, an Mahabharata Indiach a chur san áireamh leo seo chomh maith mar aon leis an Táin Bó Cuailgne (cf. M. Dillon, eag., (1985) Irish Sagas, Corcaigh; Mercier 93ff.; T. Kinsella, Táin, 1990). Is cruthú liteartha é Aeneid le Virgil, cuntas atá ann ar bhunús na Róimhe, mar aon le *La Chanson de Roland* san Fhraincis agus Paradise Lost le Milton.

Ní i gcúrsaí filíochta amháin a úsáidtear an téarma 'eipic' ach freisin i gcuntais phróis, in úrscéalta, i ndrámaí agus i scannáin. Baintear úsáid as an téarma freisin i scéal drámata Eacsadas, ócáid bhunaithe do mhuintir Iosrael, ócáid inspioráideach a bhí 'lárnach do thraidisiúin agus do chreideamh a chultúir'. Baineann an scéal le fear amháin, Maois, a threoraigh a mhuintir, le cúnamh agus treoir ó Dhia, ó sclábhaíocht na hÉigipte trasna Mhuir na nGiolcach chuig saoirse agus cúnant in éineacht le Dia ag Sliabh Shíónáí agus is tríd seo a bhí Iosrael mar phobal Dé, agus mar a threoraigh Maois iad tar éis dhá scór bliain ar fánaíocht sa díthreabh go bhfuair siad amharc ar an Tír Tairngire, ach cailleadh é sular éirigh leis dul isteach ann. Insítear an scéal eipice gach bliain le linn Cháisc na nGiúdach.

Úsáidtear teanga na siombailí chun cur síos a dhéanamh ar ghníomh slánaithe iontach Dé. Cuirtear i láthair é mar 'fhear faobhair an Tiarna' (Eac. 15:3) a bhfuil a lámh cumhachtach (Eacs. 15:16), a bhfuil a lámh dheas buach (Eacs. 13:6; Salm 44:3) a dhéanann leac de chroí Faró (m.sh. Eacs. 7:13) agus a shaorann Iosrael ó dhaorbhroid (féach thuas).

### Acmhainní


B. Childs, Exodus,

Ó Muircheartaigh, A. (1992) Táin Bó Cuailnge Baile Átha Cliath: Coiscéim (leagan nua-aimseartha do léitheoirí óga)

Faraday, L.W. The Cattle-Raid of Cuailnge (Tain Bo Cuailnge), aistrithe ó Leabhar na hUidhri agus Leabhar Buí Leacain le fáil ag http://www.yorku.ca/inpar/tain_faraday.pdf

http://www.thetain.com/ (Réamhrá deas ar an Táin agus a chúrsa taistil.)


## Apacailipsis

Is focal Gréigise é an téarma *apacailipsis* a chiallaíonn 'nochtadh' nó 'foilsiú'. Cuirtear an téarma *apacailipteach* i bhfeidhm ar scríbhinní ó thart ar 200 RCR go dtí 200 CR a bhfuil cruinneshamhail den chineál céanna acu. Tá siad sin le fáil i litríocht Ghiúdach agus Chríostaí,

ach níl ach aon saothar iomlán amháin sa Bhíobla, Apacailipsis Eoin, agus píosaí de shaothair eile (m.sh. Dainéil 7-14; Mc. 13 agus saothair a fhreagraíonn dóibh seo) atá apacailipteach.

Bhí scríbhneoireacht apacailipteach ann chun dóchas a thabhairt dóibh siúd a bhí dílis ach a bhí ag fulaingt, dóchas go bhfaigheadh Dia an lámh in uachtar ar chumhachtaí an oilc trí lámh Dé, a thabharfaidh slán iad óna gcuid fulaingthe agus a chuirfidh ré slánaithe nua ar bun. Baineann siad le gnéithe coinbhleachta cosmacha idir fórsaí na maithe agus an oilc.

D'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar apacailipsis mar leabhar nó cuid de leabhar ina ndéantar idirghabháil ar nochtadh trí rud éigin as an saol eile, cosúil le haingeal, go 'saoi' daonna. D'fhéadfaí nochtadh a thabhairt i bhfoirm brionglóidí nó físeanna den saol ar neamh. D'fhéadfadh sé gur i bhfoirm scéil a d'inseodh an saoi faoi na físeanna nó na brionglóidí seo, a dhéanann cur síos ar imeachtaí stairiúla a bhí ann suas go dtí aimsir an tsaoi féin, agus ag cinntiú go dtabharfaidh Dia slán iad lena idirghabháil amach anseo. Uaireanta nochtar mistéireacha ó neamh, cosúil le plean Dé don todhchaí.

Baineann an t-apacailipsis úsáid mhór as uimhreacha, ainmhithe agus as dathanna mar shiombailí a léirmhínítear don tsaoi. In Dn. 7 tá fís cháiliúil de cheithre bheithíoch, a léiríonn impireachtaí na mBablónach, na Méideach, na bPeirseach agus na nGréagach. Tá an uimhir 4 le fáil in Apac 7:1-8, áit a dtagraíonn sé do chodanna an oird chruthaithe (an domhan, gaoth, tine, uisce) agus in Apac 6:1-8 áit a dtéann gach duine de cheathrar marcach an apacailipsis ag marcaíocht ar chapall ar dhath difriúil de dhath difriúil (Bán, Dearg, Dubh, Bánghlas).

Úsáideann an scríbhneoir apacailipteach ainm cleite i gcónaí beagnach, á chur féin i láthair mar dhuine fiúntach ón am atá caite (Abrahám, Maois, Eineoc). Cuireann údar an aon apacailipsis amháin sa Tiomna Nua é féin in aithne mar Eoin. Ar ndóigh tá apacailipsis Críostaí eile ann nach bhfuil san áireamh sa chanóin Chríostaí (m.sh. Aoire Hearmás, Apacailipsis Pheadair).

**I measc na siombailí a úsáidtear in Apacailipsis Eoin áirítear iad seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| Bán | bua, freisin breáthacht ghlóir Dé (6:11; 7:9, 13-14; 13:14) |
| Dearg | foréigean agus cogadh |
| Dubh | gorta agus fulaingt |
| Bánghlas | lobhadh agus bás |
| Uan | mairtíreacht íobartach |
| Leon | ríogacht ríoga Íosa |
| Beithígh | pearsana de Shátan (Impire Rómhánach) |

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

D'fhéadfadh daltaí imscrúdú a dhéanamh ar shiombalachas Apacailipsis Eoin, go mór mhór an úsáid a bhaintear ann as an mBablóin agus na huimhreacha siombalacha, go háirithe 4, 7, 12, 666 agus 144,000.

**Naisc leis an siollabas**

Roinn A: Ag cuardach brí agus luachanna – Cuid 2.1.

## Topaic a ceathair: Téacsanna bíobalta

Cuideoidh na nótaí seo a leanas leis na daltaí ina gcuid staidéir ar na heochairthéacsanna atá molta. Obair ghinearálta ar an mBíobla cosúil le The New Jerome Biblical Commentary, arna chur in eagar ag Murphy, R.E. Brown, R.E. & Fitzmyer J.A. (Londain: Chapman, 1990), ina bhfuil tráchtaireachtaí faoi gach ceann de na leabhair bhíobalta. Is uirlis staidéir an-áisiúil é seo.

### 4.1 Na Scrioptúir Eabhracha

**Eacs 20:1-17: Na Deich nAithne**

De bhrí go bhfuil na Deich nAithne, nó na 'Deich bhFocal' (na Deich nAitheanta) mar is ceart a thabhairt orthu, ceangailte le nochtadh Dé ag Síonáí leagtar béim ar a lárnacht agus a dtábhacht do shaol Iosrael. Is iad na Deich nAithne an tsraith dlíthe is ginearálta agus is cuimsithí sa Sean-Tiomna (féach Eacs. 34; Léiv. 19) agus tá siad leagtha amach astu féin ó na dlíthe in Eacs. 21-23 ina dhiaidh sin.

Arna gcur i láthair mar ráite diaga a deirtear le Maois (Eacs. 20:1), feidhmíonn siad mar chuid de na hoibleagáidí atá ar mhuintir Iosrael agus iad mar pháirtí sa chúnant atá ag Iáivé leo. Leagann siad méar ar théamaí a bhfuil tábhacht mhór leo i saol an phobail (m.sh. adhradh Iáivé, marú, fuadach, mionnú bréagach). Luíonn siad i bhfoirm léiráititheach (neamhchoinníollach) agus níl aon smachtbhannaí soiléire ag gabháil leo, ní hionann leo sin atá luite go cásaisteach (coinníollach), cosúil leis na dlíthe a fhaightear in Eacs. 21- 23, nó i gCód ársa Hammurabi 209 (féach thuas). Tugann comhthéacs an chúnaint an smachtbhanna. Má bhriseann duine na deich n-aithne seo beidh siad lasmuigh de chaidreamh an chúnaint.

Tá éagsúlacht mhór ag baint le fad na ndeich n-aithne in Eacs. 20:1-17. Is dóigh go raibh an fhoirm bhunaidh i bhfad níos giorra (féach ví 6, 7, 8, 9). Tá ocht gcinn i bhfoirm dhiúltach, agus tá péire acu dearfach. Is dóigh gur áis teagaisc a bhí in uimhir a deich. Tugann brollach na ndeich n-aithne, leis an tagairt a dhéanann sé do ghníomh fuascailte Dé an spreagadh (Eacs. 20:2). Dar le Childs, féachann na nDeich nAithneanta 'inward and outward; it guards against the way of death and points to the way of life' (Exodus, 398).

Bhain forbairt stairiúil fhada leis na deich n-aithne i gcéimeanna béil agus scríofa mar is léir, mar shampla, sna difríochtaí idir na leaganacha atá taifeadta in Eacs. 20:1-17 agus Dt. 5:6-21. Tá uimhreacha difriúla ag gabháil leo i scríbhinní Giúdacha agus sna heaglaisí Críostaí. I gcás cuid acu, cuimsíonn an toirmeasc in aghaidh adhradh bréagach in Eacs. 20:3-6 dhá aithne agus glactar le Eacs 20:17 mar aithne amháin. I gcás cinn eile, feictear Eacs. 20:3-6 mar aithne amháin, agus roinntear an aithne in aghaidh santaithe in Eacs. 20:17 in dhá aithne. Uaireanta roinntear na 'Deich bhFocal' in aitheanta a thagraíonn don dualgas atá ar an duine i ndáil le Dia (1-3) agus a chéile (4- 10).

**1 Sam 2:1-10: Laoi Hanná**

Is é an scéal faoi bhreith Samúéil (1 Sam. 1-2) an comhthéacs do Laoi Hanná, a mháthair (1 Sam. 2:1-10). Dán ársa, a d'fhéadfadh teacht ón 9ú nó 10ú haois RCR (féach Laoi Dheabórá, Breithiúna 5; Laoi Mhaois, Eacs. 15). Cumadh an Laoi i dtús báire i gcomhthéacs difriúil ar fad

agus cuireadh in oiriúint í dá comhthéacs reatha ar fhocail mná nach raibh ábalta leanbh a iompar roimhe seo ach atá ag ceiliúradh obair Dé ar a son.

Ní raibh aon leanbh ag Hanná, beanchéile Ealcáná agus ba mhinic a bhítí ag magadh fúithi. Chuaigh sí chuig an ionad naofa ag Sileo chun guí go mbeadh mac aici agus gheall sí é don Tiarna (1 Sam. 1:11). D'fhill sí ar an mbaile agus í cinnte go gcloisfí a hurnaí (1 Sam. 1:17). De réir a chéile ghabh sí gin, agus bhí mac aici ar ar thug sí Samúéil. Ba ghearr go raibh Samúéil ar dhuine de na mórfhigiúirí i stair Iosrael, bhí sé sagartúil agus fáidhiúil agus bhí sé i gceannas ar thabhairt isteach na monarcachta in Iosrael.

Nuair a thóg sí an leanbh den chíoch, thug Hanná é chuig an ionad naofa ag Sileo chun é a chur i láthair an Tiarna agus chun íobairt a ofráil. Ghuigh sí don Tiarna freisin (1 Sam. 2:1). Is í Laoi Hanná a hurnaí, laoi ina molann agus ina dtugann sí buíochas as cúnamh Iáivé ar a son. Déanann an laoi ceiliúradh ar an méid atá bainte amach ag Iáivé, an t-eolas atá aige agus a chuid láidreachtaí, an cúnamh a thug sé ar son na mbocht agus na ndílis, agus an bua a fuair sé ar a choimhlinteoirí. Tugann an tagairt don rí ungtha i v.10 institiúid na monarcachta, lena mbeidh dlúthnasc ag Samúéil, le fios roimh ré. Meabhraítear dúinn arís an t-iomann i Magnificat Mhuire (Lúcás 1).

**Is 52:13-53:12: Giolla an Tiarna**

Is é Is 52:13-53:12 an ceathrú amhrán de shraith amhrán faoin ngiolla (Is 42:1-7; 49:1-7; 50:4-9) atá le fáil i Deotra-Íseáia (Is 40-55). Is deisceabal de chuid Íseáia a scríobh an leabhar seo chun dóchas agus sólás a thabhairt do na deoraithe Giúdacha sa Bhablóin agus chun a chinntiú dóibh go raibh saoradh i ndán dóibh sar i bhfad. Is sliocht iontach é an dán, atá lán de mhothúcháin throma, a labhraíonn faoi náiriú agus ardú meanman an ghiolla. Tugann sé le fios níos soiléire ná in aon áit eile sa ST an chumhacht leorghníomhach a bhain le fulaingt an duine. Tá tuairisc le fáil ann (53:1-11a) atá leagtha amach ag ráite Dé (52:13-15; 53:11b-12). Tá macallaí d'Irimia ag fulaingt (Ir. 15:17) agus Iób (19:13-19) sa laoi, agus meabhraíonn an teanga agus an t-íomháineachas atá ann sailm chaointe dúinn. Ní fios go díreach cé hé an giolla. Measann roinnt daoine go dtagraíonn sé do dhuine aonair, roinnt a cheapann gurb é Iosrael atá i gceist ann.

Tosaíonn an laoi le Dia ag labhairt faoi ardú meanman an ghiolla atá náirithe go hiomlán agus cuireann sé sin iontas ar go leor náisiún agus ríthe (52:13-15). Leanann sé le tuairisc faoi fhulaingt an ghiolla (53:1-10) agus an t-ardú meanman a fhaigheann sé (53:10-11a). Tá an ghráin air agus ní cheaptar dada dó (v.3), titeann fulaingt daoine eile air féin (v.4). Tá a chinniúint, a mheastar a tharraing Dia air, tarlaithe de bharr rudaí a rinne daoine eile i ndáiríre (4-6). Ní hamháin sin ach iompraíonn seisean a gcuid ualaí, a gcuid breoiteachta, a n-éirí amach agus a n-urchóidí. Cruthaítear athmhuintearas eatarthu mar gheall ar an bhfulaingt ionadach a dhéanann seisean. Fanann sé ciúin le linn a chuid fulaingthe ar fad. Sa deireadh faigheann sé bás agus déantar é a adhlacadh go náireach (ví 8-9). Ach aisteach go leor, tugtar ar ais chun na 'beatha' é nuair a iompaíonn Dia chuige agus déanann idirghabháil ar a shon (vv.10-11a). Tagann deireadh leis an laoi nuair a chinntíonn Dia go ndéanfar athshlánú ar an ngiolla. Bhí coireanna na sluaite ar iompar aige; agus é ag déanamh eadrána ar son na bpeacach (53:11b-12). Gheobhaidh sé a luach saothair. D'oibrigh Dia tríd chun go leor daoine a shlánú.

Feictear íomhá an ghiolla atá ag fulaingt arís sa TN (féach Mc. 10:45 agus Is 53:10; Lúc. 22:37 agus 53:12; Gníomh 8:32-35 agus Is. 53:7-8).

## 4.2 An Tiomna Nua

### Mc 9:2-13: An Claochlú

Tagann scéal an chlaochlaithe i soiscéal Mharcais i ndiaidh fhaoistin Pheadair gurb é Íosa an Meisias (8:27-30); tairngreacht Íosa maidir lena pháis, lena bhás agus lena aiséirí (8:31); agóid Pheadair agus cáineadh Íosa (8:32-33); agus áitiú Íosa gur ionann fulaingt agus a bheith mar cheann dá dheisceabail (8:34). Ina dhiaidh an chlaochlaithe, leigheastar an titimeach agus bíonn tairngreacht eile maidir lena pháis, lena bhás agus lena aiséirí (9:31-32). Tarraingítear aird freisin ar an easpa tuisceana atá ag na deisceabail faoi chéannacht Íosa (8:32; 9:19, 32). Insíonn an scéal, atá lán de theanga na siombailí, an radharc i Gethsemane freisin agus tá an scéal sin ceangailte leis trí láithreacht an triúr finné céanna (cf. 9:2; 14:33).

Insíonn an scéal conas a thug Íosa triúr deisceabal leis suas an sliabh, ag labhairt faoi Shliabh Shíónáí – áit a nochtaigh Dia é féin do Mhaois. Ansin tagann 'claochlú' air, agus éiríonn a chuid éadach gléigeal lonrach (tagairt do ghlóir Dé). Feictear Éilias agus Maois in éineacht leis, mar ionadaithe an dlí agus na bhfáithe, giollaí dílse Dé a d'fhulaing mar gheall ar a n-umhlaíocht dá bhriathar – daoine a dhíríonn freisin i dtreo glóiriú Íosa ar deireadh. Labhair Peadar, a bhí fós ar thóir na fírinne (cf. 8:32), le hÍosa mar raibí agus é ag caint faoi thrí bhothán a thógáil (botháin as géaga trilseánacha) mar bhealach chun onóir a thabhairt dóibh nó a gcuid láithreacht a fhadú. Tagann scamall anuas ar an triúr, agus is siombail é an scamall seo de láithreacht Dé. As sin tagann glór Dé ag aithint Íosa mar a mhac muirneach agus é ag iarraidh go n-éistfí leis. Críochnaíonn an scéal le hÍosa agus na deisceabail astu féin.

Ar an mbealach anuas ón sliabh dóibh, cuireadh mar acht ar an triúr deisceabal gan a raibh feicthe acu a insint nó go mbeadh Íosa aiséirithe ó mhairbh. Cuidíonn an t-ordú rúndachta chun míniú a thabhairt ar an teannas a bhí ann de bharr an easpa tuisceana a bhí i measc lucht a chomhaimsire maidir le céannacht Íosa agus a gcreideamh ina dhiaidh sin. Cinntítear an fhírinne mar a chreideann siadsan é mar sin do phobal Mharcais.

Ardaíonn na deisceabail ionchas na nGiúdach maidir le filleadh Éilias. Is é an freagra dúrúnda a thugann Íosa ná go bhfuil Éilias tagtha i láthair i bhfoirm Eoin Baiste. Agus, díreach mar a caitheadh le hEoin, chaithfí amhlaidh le Mac an Duine. Ní hé Eoin an Meisias ach tugann a bhás rabhadh maidir le hÍosa é féin (9:12).

Tugann scéal an Chlaochlaithe dearbhú ó neamh maidir le céannacht Íosa agus a theagasc faoina fhulaingt, faoina bhás agus faoina aiséirí. Iarrann sé ar na deisceabail (agus ar léitheoirí) cloí lena bhriathar.

### Lúc 6:20-49: An Seanmóir ar an Talamh Réidh

Tá Seanmóir ar an Talamh Réidh Lúcáis (6:20-49) comhthreomhar leis an Seanmóir ar an Sliabh i soiscéal Mhatha 5:1-7:27 ach níl sé ach aon trian chomh fada leis. Tá baint aige le sliabh freisin, mar déantar an seanmóir ar an talamh réidh faoin sliabh áit a raibh an oíche caite ag Íosa ag guí (6:12, 17) sular thogh sé an dáréag aspal (6:13- 16). Ina dhiaidh sin, mar a tharlaíonn i soiscéal Mhatha, leigheastar mac an taoisigh. Ag ardú a shúile i dtreo a dheisceabal (6:20), déanann sé an seanmóir i measc na sluaite a tháinig chun éisteacht leis agus chun leigheas a fháil ar a ngalar (féach 6:17-19; 7:1). Tá an lucht féachana ionadaíoch ar 'Iosrael iomlán'.

Osclaíonn an Seanmóir, mar a tharlaíonn i Mth 5:1-7:27, le beannaitheachtaí (Lúc. 6:20-23) agus críochnaíonn sé le parabal an tí agus na tuile (6:46-49). Tá an dá sheanmóir ag tús mhinistreacht

Íosa mar dhioscúrsaí tosaigh, agus ceaptar gur baineadh formhór an ábhair iontu as Q (féach Q thuas). Ní fheictear scéalta 'mairge' Lúc 6:24-26 i Seanmóireacht Mhatha. Tacaíonn na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir an dá 'Sheanmóir', ó thaobh ord na n-imeachtaí agus an ábhair atá iontu, leis an teoiric go raibh foinse scríofa ann don seanmóir.

In ainneoin a ghonntacht is atá an Seanmóir, tá ábhar flúirseach ann. Osclaíonn sé le ceithre bheannaitheacht – fógairtí faoi 'naofacht' an duine faoi láthair, i bhfianaise idirghabháil Dé sa todhchaí (beannaitheacht eascateolaíoch). Fógraíonn Íosa go bhfuil na boicht beannaithe, is é sin, iad sin a bhfuil riachtanais acu, agus atá ag brath ar dhaoine eile. Fógraíonn sé beannaithe freisin iad sin a bhfuil ocras orthu agus atá ag mairgneach 'anois' – léiríonn an dá rud cineálacha difriúla bochtaineachta – agus cinntíonn sé dóibh go bhfaighidh siad sólás sa todhchaí. Fógraíonn an ceathrú beannaitheacht go bhfuil na deisceabail beannaithe, a bhfuil cineálacha éagsúla géarleanúna os a gcomhair 'mar gheall ar Mhac an Duine'. Gealltar luach saothair eascateolaíoch dóibhsean chomh maith. Tagann ceithre mhairg ag comhfhreagairt do na beannaitheachtaí ina ndiaidh (6:24-26). Tá siad bagrach ar bhealach agus déantar tagairt iontu de ghnáth d'aisiompú eascateolaíoch ar an rathúnas. Fógraítear iad in aghaidh lucht an tsaibhris, iadsan atá róshásta, iadsan a dhéanann gáire anois agus iadsan a mbíonn an dea-fhocal fúthu. Déanfar aisiompú ar a gcuid cásanna 'sona' faoi láthair (féach na rabhaidh a thugann Lúcás faoi chontúirtí an tsaibhris i 12:16-21; 16:19-31).

I ndiaidh na mairgí tagann an chéad chuid eile de sheanmóir Íosa, a thosaíonn lena theagasc maidir le grá a thabhairt don namhaid (6:27-35). Anseo déanann sé radacú ar dhlí Léiv 19:18, ag sainmhíniú 'comharsa' arís sna téarmaí is leithne atá ann, ionas go gclúdaíonn sé cara agus namhad araon. Is grá é seo a chaithfidh ceannas a ghlacadh ar shaol an deisceabail.

Caithfidh an deisceabal freisin aithris a dhéanamh ar thrócaire an Athar (v.36), bua a ndéantar tagairt dó arís is arís eile sa ST. Déanann duine aithris ar thrócaire Dé trí bheith in ann maithiúnas a thabhairt agus a bheith flaithiúil seachas trí bhreithiúnas a thabhairt nó trí cháineadh. Ba chóir go mbeadh an deisceabal ina t(h)reoraí maith, atá in ann é/í féin a cháineadh, agus a chuid/cuid lochtanna féin a bheith ar eolas aige/aici, agus a bheith in ann an rud maith a dhéanamh. Cuireann parabal an tí agus na tuile críoch leis an seanmóir, le glaoch déanamh de réir briathar Dé (6:46-49).

**Eoin 1:1-18: An Brollach**

Is féidir Eoin 1:1-18, an brollach ar shoiscéal Eoin, a chur i gcomparáid le réamhcheol i siansa ina dtugtar na príomh-théamaí. Tugtar téamaí atá fairsing sa soiscéal isteach anseo (m.sh. an briathar, an bheatha, solas, dorchadas, glóir, finné, an fhírinne, creideamh). Tá an brollach aontaithe timpeall ar théama bunúsach amháin – Íosa Críost, an briathar ionchollaithe. Is ionann an t-iomann agus toradh mórmhachnamh diagachta ar Íosa, a tharraingíonn aird ar a mhisean mar thaispeántóir. Agus é curtha i láthair mar sin sa bhrollach, leanann an soiscéalaí ag déileáil le hábhar nochta Íosa sa soiscéal. Tá tionchar na laoithe ó thaobh mholadh na críonnachta le feiceáil (Seanfh. 8:22-31, Síor 1:1-10; Síor. 24:1-3), ó thaobh téarmaí agus foclaíochta de. Le hinspioráid ó na laoithe seo, cumann an t-údar iomann ag moladh an duine agus na hoibre slánaithe nochta Bhriathar Dé.

Is féidir an brollach a roinnt i dtrí chuid: 1-5, 6- 14 agus 15-18. Sa chéad chuid, is é an Briathar (*Logos*) an Briathar diaga síoraí a bhí ann roimhe sin, i ndlúthchaidreamh dinimiciúil le Dia. Is eisean gníomhaí Dé sa chruthú, foinse an tsolais agus beatha an chine dhaonna. Solas nár glacadh, ach nach raibh an dorchadas in ann an ceann is fearr a fháil air. Tosaíonn an dara cuid le finné Eoin Baiste (ví.6-8). Eisean a ullmhaíonn an bealach chun fianaise a thabhairt i dtaobh an

tsolais (ví.7b, 8b) ionas go gcreidfeadh cách tríd. Ach níor ghlac an saol leis an solas, ná níor aithin sé é. Níor ghlac a phobal féin leis (féach Eoin 3:11, 32; 5:43; 12:37-43). Ach an uile dhuine a ghlac leis, thug sé de cheart dóibh go ndéanfaí clann Dé díobh (ví 12-13). Rinneadh feoil den Bhriathar (v.14) – ghlac sé cruth daonna – agus tá a 'fheoil' mar lócas ag an nochtadh, an áit inar nocht Briathar Dé é féin, ionas go raibh an cine daonna in ann a ghlóir, lán de ghrásta agus d'fhírinne a fheiceáil. Tosaíonn an tríú cuid arís le fianaise Eoin i dtaobh an Bhriathair, go raibh sé ann roimhe, d'ofráil na fírinne a tháinig tríd. In Íosa Críost tá an nochtadh eascateolaíoch iomlán agus cinnte. Nochtann Íosa, an tAonghin amháin, mistéireacha an tsaoil dhiaga mar go maireann seisean i gcaidreamh leanúnach le Dia.

**Acmhainní**

Murphy, R.E, Brown, R.E, Fitzmyer, J.A, eag. (1990) The New Jerome Biblical Commentary Londain: Chapman

Freedman, David Noel (1992) The Anchor Bible Dictionary Nua Eabhrac: Doubleday

Freedman, D.N. & Myers, A. eag. (2000) Eerdmans Dictionary of The Bible Rapids: Eerdmans

Freyne, Sean (2002) Texts, Contexts and Cultures Baile Átha Cliath: Veritas

# ROINN I

## Cúrsaí reiligiúin: Taithí na hÉireann

**Topaic a haon: Patrúin an Athraithe**

Féadfaidh staidéar ar phatrún athraitheach an chreidimh in Éirinn, i gcomhthéacs na hEorpa, léiriú agus meas a thabhairt ar thraidisiúin reiligiúnacha agus gluaiseachtaí saolta éagsúla atá in Éirinn na linne seo.

Beidh imscrúdú ar thaighde na hÉireann le déanaí mar bhunús don phlé agus ceadóidh sé féidearthacht na comparáide le patrúin áitiúla. In Tuohy, D. agus Cairns, P. (2000) Youth 2K: Threat or Promise to a Religious Culture: Institiúid Oideachais Marino, déantar na cineálacha córais bhrí atá ag daoine óga in Éirinn inniu a dhoiciméadú, ag sonrú a gcultúr reiligiúnach agus spioradálta. In Greeley, A. agus Ward, C. (2000) 'How 'Secularised' Is the Ireland We Live In?' Doctrine and Life 50 lgh.581-617, tugtar tuairiscí ar thaighde na n-údar in Éirinn, atá stiúrtha i gcomhar leis an gClár Suirbhéireachta Sóisialta Idirnáisiúnta agus riartha i 25 tír eile. Tagann siad den tuairim go gcreideann na hÉireannaigh i nDia agus sa bheatha tar éis an bháis i gcónaí, agus go bhfreastalaíonn siad ar adhradh seachtainiúil níos mó ná aon phobal eile san Eoraip. Cé gur dócha go ndéanfaidh an t-aoisghrúpa is óige (a rugadh sna 1970aidí) Dia agus cleamhnú reiligiúnach a dhiúltú, aimsítear nach roinneann tromlach treascach an aoisghrúpa sin an diúltú céanna.

**Naisc leis an siollabas**

Roinn C: Reiligiúin an domhain.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- Tugann an bhéim ar phatrúin chreidimh i measc daoine óga ar leibhéal áitiúil le fios go mb'fhéidir go spreagfadh múinteoir daltaí lena dtaighde féin a dhéanamh i measc a gcomhpháirtithe, atá cosúil le ceisteanna a iarrtar ar thionscadail taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta

**Acmhainní**

Cassidy, E. eag. (2002) Measuring Ireland: Discerning Values and Beliefs Baile Átha Cliath: Veritas. Fiosraíonn roinnt ailt sa leabhar sin réadúlacht an dí-eaglaisithe in Éirinn agus déantar patrúin chreidimh a chur i gcomparáid le tíortha Eorpacha eile.

Finnegan, J. (1997) 'Postmodern Spiritualities and the Return to Magic: A Theological Reflection' Milltown Studies 39 lgh. 5-26.

LOGOS: Communities of Faith in Ireland Today (Baile Átha Cliath: Coláiste Oideachais Mater Dei 2002) CD Rom a úsáideann samplaí Éireannacha amháin de cheithre mhór-reiligiúin dhomhanda, chun daltaí a chur ar an eolas faoi éagsúlacht an chreidimh, an adhartha agus na stíle maireachtála in Éirinn na linne seo.

Bheadh cuairt ar láithreán gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh (www.cso.ie) úsáideach freisin chun patrúin athraithe an chleamhnaithe reiligiúnaigh a fheiceáil mar atá curtha in iúl san torthaí daonáirimh éagsúla.

Féach www.adherents.com chun pictiúr domhanda a fháil ar an gcleamhnú le grúpaí reiligiúnacha.

**Topaic a dó: Éire sa Ré Réamh-Chríostaí**

**2.1 An Fhianaise Áitiúil**

**Acmhainní**

Beidh leabharlanna contae, cumainn staire agus oifigí eolais do thurasóirí ábalta faisnéis a chur ar fáil faoi láithreáin réamh-Chríostaí i gceantar ar leith.

Lena chois sin, féadfaidh múinteoirí ainmneacha agus eolas a fháil amach faoi láithreáin thábhachtacha in Ó Ríordáin, S. P. (1979 Cúigiú eagrán) Antiquities of the Irish Countryside. Féach go háirithe lgh. 56-94 agus seiceáil faoi 'Index of Places.'

Leabhar acmhainní sármhaith eile ná Harbison, P. (1988) Pre-Christian Ireland. From the First Settlers to the Early Celts Londain: Thames & Hudson

## Gníomhaíocht do dhaltaí

Mar shampla den chineál oibre a dhéanfadh daltaí, áirítear:

- fionnachtain agus doiciméadú maidir le ciorcal cloiche, dolmain, cloch seasaimh, nó tobar beannaithe ina gceantar féin
- cuairt ar láithreáin a bhaineann le cleachtaí nó creidimh réamh-Chríostaí
- fáil amach cén aibhneacha in Éirinn atá ainmnithe in onóir bhandéithe.

**2.2 An Fhianaise náisiúnta**

An séadchomhartha Éireannach is fearr aithne ón aimsir réamhstairiúil ná an tuama pasáiste meigiliteach i Sí an Bhrú. Chun cur síos, léirmhíniú agus grianghraif a fháil, féach Harbison, Pre-Christian Ireland, lgh. 73-81.

Tógadh an séadchomhartha iontach seo thart ar 3000 RC, ach ghlac na Ceiltigh seilbh ar an láthair, agus is déithe agus bandéithe Ceilteacha a bhaineann le Sí an Bhrú i miotaseolaíocht na hÉireann.

Féach mar shampla ar an iontráil 'Aonghus' i Ó hÓgáin, D. (1991) Myth, Legend and Romance Prentice Hall Press: Nua Eabhrac/Londain lgh. 38-40. Féach ar théacsleabhair Staire an Teastais Shóisearaigh, m.sh. Healy, G. (1998) Travelling Through Time Baile Átha Cliath: Folens, 1998 lgh. 16-17; Quinn R. & O'Leary, D. (2002) Door to the Past Baile Átha Cliath: Folens lgh.17-19; www.knowth.com

Mar thoradh ar a gcuid staidéir, ba chóir go mbeadh daltaí feasach ar na nithe a leanas:

- is dócha gur thug tógálaithe Sí an Bhrú adhradh don ghrian
- is ionad adhlactha a bhí i Sí an Bhrú inar ndearnadh deasghnátha in onóir na marbh. Léiríonn an méid seo go mbíodh creideamh sa saol eile. Bhí onóir do na sinsir a bhí marbh agus an chumhacht a bhí acu a chuardach mar chuid de reiligiún réamh-Cheilteach na hÉireann
- is dócha go bhfuil brí reiligiúnach ag nithe greanta agus comharthaí ar chlocha i Sí an Bhrú. Mar sin féin, ní thuigtear i gcónaí cén bhrí a bhí leis na comharthaí.

**Gníomhaíocht dhírithe**

Bain úsáid as an idirlíon chun foghlaim faoi láithreáin ársa, m.sh. Sí an Bhrú; Loch Goir, Co. Luimnigh; Cnoc Áine, Co. Luimnigh (a bhaineann leis an mbandia Áine); An Drom Beag, Co. Chorcaí.

**Naisc leis an siollabas**

Roinn A: Ag cuardach brí agus luachanna – Topaic 2.2.

**Acmhainní**

http://witcombe.sbc.edu/sacredplaces/newgrange.html

www.heritageireland.ie

www.mythicalireland.com

In Search of Ancient Ireland, sraith d'fhíseáin faisnéise arna léiriú ag Littlebird Productions.

**Fianaise liteartha ó na miotais agus na ságaí**

Insíonn an cuntas ar Chath Mhaigh Tuireadh faoi roinnt déithe sna Tuatha Dé Danann (Daghdha, Nuadhu, Breas, Lugh), Mór-Ríoghan (Morrigan) a bhí mar bhandia an chogaidh, an lia miotasach Dian Céacht, agus Balar na Súile oilc.

Féach ar an iontráil 'Mythological Cycle' in D. Ó hÓgáin, Myth, Legend and Romance, lgh. 312-315.
Leagan giorraithe Béarla de 'The Battle of Moytura (Moytirra)' in Dillon, Myles (1994, clúdach bog 1997) Early Irish Literature Baile Átha Cliath: Four Courts Press lgh. 58-60.

Sa scéal miotaseolaíoch 'Altrom Tige Dá Medar', 'The Nurture of the Houses of the Two Milk-Vessels,' léimid faoi Mhanannán, rí na ríthe uile de Thuatha Dé Danann a chónaigh i ndumhaí sióga agus sna cnoic. Bhronn Manannán bronntanais éagsúla ar na Tuatha Dé Danann: bhí na Tuatha Dé Danann dofheicthe do dhaoine daonna; bhí siad cosanta in aghaidh na seanaoise; mhair na muca a mharaigh siad agus d'fhéadfaí iad a mharú arís agus arís eile. Tagaimid i dteagmháil le hOengus, mac leis an dia Daghdha, agus Elcmar an draíodóir. Ghlac Oengus seilbh ar Bhrú na Bóinne (Sí an Bhrú). Rinne sé Curcóg, iníon Mhanannán, agus Eithne, an cailín is áille de na Tuatha Dé Danann, a altramú. Mhaslaigh cuairteoir ar an mBrú Eithne,

agus bhí sí chomh gortaithe sin nach bhféadfadh sí bia ar bith a ghlacadh seachas bainne ó bhó amháin de chuid Manannáin a thug bainne speisialta ar feadh na bliana ar fad. Rinne Manannán diagnóisiú nach raibh sí leis na Tuatha Dé Danann a thuilleadh.  Chaill sí bua na dofheictheachta, chas sí le duine de chléir Phádraig, agus rinneadh Críostaí di.

Féach ar an iontráil  'Eithne' in Ó hÓgáin, Myth, Legend and Romance lch. 175.  Leagan giorraithe Béarla de 'Altrom Tige Dá Medar' in Myles Dillon, Early Irish Literature lgh. 68-72.

Ó scéalta miotaseolaíochta cosúil le 'Battle of Moytirra' (Cath Mhaigh Tuireadh) agus 'Altrom Tige Dá Medar', foghlaimíonn daltaí gur aithin ár sinsir réamh-Chríostaí mórán déithe, fireann agus baineann, a bhí bainteach sna gnóthaí daonna:

- Ba dhia na torthúlachta agus na flúirse é Daghda
- Ba bhandia an chogaidh í Mór-Ríoghan
- Bhí Lugh mar mháistir ar na healaíona ar fad
- Bhí cumhachtaí leighis osnádúrtha ag Dian Céacht
- d'fhéadfadh na Tuatha Dé Danann, daoine ón Saol Eile, teacht isteach sa domhan daonna agus cumarsáid a dhéanamh le daoine daonna.

**Acmhainní**

Chun ciclipéid úsáideach a fháil ar mhiotaseolaíocht, bhéaloideas agus fhinscéalta, féach: www.pantheon.org/mythica.html

**Topaic a trí: An Chríostaíocht in Éirinn**

**3.1 Teacht Phádraig**

Ba léir go mbeadh údarás buan ag scríbhinní Ambróis, Easpag Milano (d. 397), agus scríbhinní Iaróim (d. 420) agus Agaistín, Easpag Hippo, (d. 430) in Eaglais an iarthair ar fad. D'fhorbair an Pápa Leo I (Leo the Great), a bhí ina Phápa ó 440-461, diagacht na Pápachta a thug ró-oirirceas d'Easpag na Róimhe i measc na n-easpag ar fad. Rinne easpaig a ndeoise féin a riaradh le cúnamh ó shagairt agus dheagánaigh.  Faoin mbliain 400, bhí struchtúr eagraithe go hiomlán ag Eaglais na Gaille, le heaspaig i mórán bailte tábhachtacha, m.sh. Marseilles, Bordeaux, Lyon.

Bhí paróistí tuaithe á mbunú.

Tháinig Manachas, a forbraíodh in Eaglais an Oirthir, anoir chuig an Iarthar. Bhunaigh Máirtín Tours an chéad mhainistir sa Ghaill c. 360.  Bhunaigh John Cassian (d. 435), manach a fuair oiliúint sa Phalaistín agus san Éigipt, dhá mhainistir i Marseilles, ceann amháin d'fhir agus ceann eile do mhná.  Bhí an-tionchar ag scríbhinní Cassian agus a fhoirm den saol manachúil ar mhanachas Ceilteach sna céadta níos déanaí.

Faoi lár an cúigiú haois, bhí an Chríostaíocht mar reiligiún ag tromlach na héilíte uirbí in Impireacht na Róimhe, ach mhair an phágántacht i mórán ceantair thuaithe.  Cuireadh luach ard ar mhaighdeanas agus ar an idéal manachúil.  D'fhás cultas na mairtíreach agus na naomh, agus bhí an-rath ar oilithreachtaí chuig scrínte.

Faoin mbliain 400, bhí an Eaglais bunaithe go maith sa Bhreatain agus í rialaithe ag Easpaig le cúnamh ó shagairt agus dheagánaigh.

Mar sin féin, caithfidh go raibh mórán Críostaithe ann nár lean na hardchaighdeáin mhorálta a bhain lena nEaglais féin. Mar shampla, bhí daoine ann gur theip orthu cloí le dlíthe pósta na hEaglaise, daoine ann a choimeád na féilte págánacha agus a bhféilte féin, agus daoine a chleachtaigh draíocht agus a chuaigh i gcomhairle le fir/mná feasa.

**Acmhainní**

De Paor, L. (1993; clúdach bog 1996) Saint Patrick's World

Hanson, R. P. C. 'The Mission of Saint Patrick' in Mackey, J. P. eag., An Introduction to Celtic Christianity lgh. 22-44.

**Ionchultúrú**

Nuair a bhí misinéirí á seoladh aige go Sasana, chuir an Pápa Greagóir I (Gregory the Great) (d. 604) prionsabail i bhfeidhm nár cheart dóibh deireadh a chur le cleachtais réamh-Chríostaí, nuair ab fhéidir na cleachtais seo a chur in oiriúint don teagasc Críostaí agus brí nua a thabhairt dóibh. Dúirt sé: 'No one can doubt the impossibility of changing everything at once in rude and untrained minds.' Is cosúil gur lean Pádraig agus a chomh-mhisinéirí an prionsabal céanna thart ar chéad bliain níos luaithe.

- Cuireadh mórfhéilte séasúracha na gCeilteach – Samhain, Imbolc, Bealtaine agus Lughnasa – in oiriúint chun teacht le féilire na hEaglaise.

- Chreid na Ceiltigh go raibh airíonna osnádúrtha ag aibhneacha agus fuaráin. Le siombalachas Críostaí an uisce, (m.sh. sa Bhaisteadh), rinneadh an creideamh seo a oiriúnú don chreideamh nua. Chonacthas gur athraíodh mórán fuaráin a bhí mar ionaid na ndeasghnáth págánach ina 'thobair bheannaithe', agus tá go leor acu fós ann inniu.

**Acmhainní**

Loan, P. (1980) The Holy Wells of Ireland

Ó Duinn, S. (2000) Where Three Streams Meet

Baile Átha Cliath: Columba lgh. 231-259, 283-387, 308-312.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- Féadfaidh daltaí agallamh a chur ar dhaoine scothaosta faoi thobar beannaithe áitiúil agus na nósanna a bhaineann leis.

- Nuair a bhreathnaítear ar ionchultúrú in Éirinn ársa na Críostaíochta, d'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí an cheist seo a leanas a phlé: An mbreathnaíonn Eaglaisí Críostaí na linne seo go dáiríre ar ionchultúrú?

**Tréithe na Críostaíochta in Éirinn**

Léiríonn tionscnóirí nua-aimseartha áirithe na 'Spioradáltachta Ceiltí' an Eaglais in Éirinn sa tréimhse ó thart ar 500-900 mar eaglais a ghearr a bóthair féin, a bhí saor ó thionchar na Róimhe, agus neamhspleách ar údarás Easpagóideach agus na ndeoisí. Léirítear go bhfuil áibhéil déanta den íomhá sin mar tá scríbhinní ann fós ón Eaglais in Éirinn sa tréimhse sin a thaispeánann na creidimh a bhí mar chuid d'oidhreacht na heaglaise uilíche. Ina theannta sin, lean Críostaithe na hÉireann na dlíthe Eaglasta agus liotúirge céanna lena gcomhchreidmigh ar mhór-roinn na hEorpa. Dar ndóigh, bhí éagsúlachtaí áirithe ann a d'fheil do chúinsí áitiúla, díreach mar a bhí in Eaglais áitiúil ar bith sa Ghaill nó san Iodáil. Mar sin féin, is féidir na tréithe sainiúla a leanas a thabhairt faoi deara maidir leis an eaglais in Éirinn:

- An modh ríofa maidir le dáta na Cásca.

- Bhí ionad an-tábhachtach ag mainistreacha san Eaglais in Éirinn, agus uaireanta bhíodar i gcomórtas le córas na ndeoisí a thug Pádraig isteach. Mar sin féin, bheadh sé mícheart a rá go raibh dlínse ag abaí na mórmhainistreacha thar eaglaisí áitiúla agus gurbh é príomhdhualgas na n-easpag go simplí ná sacraimintí an Oirnithe agus an Chóineartaithe a thabhairt. Chuir téacsanna Dlí Canónta na hÉireann, agus téacsanna eile ón ochtú haois déag in Éirinn, an t-easpag i lár an aonaigh maidir le pobal na heaglaise in Éirinn.

- Tá na 'Peannadóirí' mar a thugtar orthu, lámhleabhair ghearra a leagann amach na breithiúnais aithrí a bhí le gearradh ar pheacaí éagsúla, ar cheann de na gnéithe is sainiúla sna eaglaisí sa Bhreatain Bheag agus in Éirinn. Mhúnlaigh na 'Peannadóirí' sin an cleachtadh aonair i ndáil le peacaí a admháil os comhair athar faoistine in Eaglais an iarthair. Bhí na 'Peannadóirí' is luaithe in úsáid sa Bhreatain Bheag, ach bhí an-tionchar ag roinnt peannadóirí Éireannacha ar an mór-roinn.

**Acmhainní**

Walsh agus Bradley, (1993 an dara heagrán) A History of the Irish Church Baile Átha Cliath: Columba.

Corish, P. J. (1972) 'The Christian Mission' i A History of Irish Catholicism Vol. I., part 3

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Is féidir iarraidh ar dhaltaí fáil amach cén fáth go raibh difríochtaí idir na heaglaisí Ceilteacha agus eaglais na Róimhe maidir leis an gceist faoi dháta na Cásca. Cén imeacht a chinntigh gur ghlac na heaglaisí Ceilteacha le dátú na Róimhe?

**Déanann daltaí Gnáthleibhéil CEANN AMHÁIN i measc 3.2, 3.3, 3.4, 3.5, 3.6. Déanann daltaí ardleibhéil DHÁ CHEANN**

## 3.2 Reiligiún, spioradáltacht agus talamh

**Naofacht na talún**

Oidhreacht naofa a bhí i gceist le talamh nárbh fhéidir a choimhthiú. Dá réir sin, bhí an talamh faoi úinéireacht na dearbhfhine, an teaghlach sínte – na daoine ar fad a bhí mar shliocht ón

sin-seanathair céanna. Cé go raibh an talamh faoi úinéireacht an teaghlaigh shínte, bhí a gcuid feirmeacha féin ag daoine aonair arbh fhéidir iad a thabhairt mar oidhreacht dá mic. Mar sin féin, níorbh fhéidir an talamh a thabhairt do dhaoine lasmuigh den dearbhfhine (an fhine nó an grúpa de ghaolta) gan chomhaontú ón gcuid eile den fhine sin.

**Pósadh cultais an Rí**

Tá deasghnáth insealbhaithe an rí in Éirinn ársa ina shiombail dá phósadh do bhandia na treibhe, a rinne torthúlacht agus cumhacht na talún a phearsantú. ‘Ban-fheis' a tugadh ar an deasghnáth insealbhaithe, a chiallaíonn ‘codladh le bean;' féach ar an bhfocal nua-aimseartha Gaeilge ‘bainis'. In Annála Connacht don bhliain 1310, ag tagairt d'insealbhú Fhéilim Uí Chonchobhair mar rí Chonnacht, déirtear gur ‘phós sé Cúige Chonnacht'. Chinntigh an pósadh sácráilte idir an rí nua agus bandia na talún go mbeadh rath ar a réimeas agus ar an ríocht. Féach Ó Duinn, Where Three Streams Meet lgh. 43-45. Mac Cana, P. (1970) Celtic Mythology Londain: Hamlyn lgh. 117-121; (athchló Londain: Chancellor, 1996), lgh. 114-121.

## Naofacht na talún sa Ghiúdachas

Leagann Lev. 25:23 síos dhá phríomhphrionsabail:

1. Is le Dia an talamh uile.

2. Os rud é nach úinéirí na talún iad na hIosraelaigh, ach tionóntaí ar thalamh Dé, níl ceart ag duine ar bith talamh a dhíol go suthain.

Thug Dia an talamh d'Abrahám agus dá shliocht (Gein. 15:7). Fiú amháin má dhéantar iad a dhíbirt, tabharfaidh Dia iad ar ais chuig an talamh a bhí geallta aige do na sinsir (Eacs. 6:8; Ir. 29:10-24). Tugtar ‘tír ina bhfuil bainne agus mil ina slaoda' ar an talamh saibhir a thug Dia dá phobal (Deut. 26:9). Is Dia a thugann torthúlacht don talamh, seachas déithe an nádúir cosúil le Bál (Hóisé. 2:8).

**Naisc leis an siollabas**

Roinn F, Ceartas. Topaic 3.2.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- Féadfaidh múinteoir daltaí a stiúradh i bplé faoin téarma ‘An Tír Bheannaithe'. An féidir le daltaí léirthuiscint a fháil ar cheangal Iosraelaigh na linne seo le ‘Tír Iosrael'? Cad faoi staid na bPalaistíneach?

- Féadfar iarraidh ar dhaltaí an cheist a leanas a phlé: ‘An bhfuil cosúlacht idir léirthuiscint na nGiúdach den talamh agus tuiscint ársa na nÉireannach den talamh?

**Úinéireacht agus coigistiú na talún**

Ceann de thorthaí na bplandálacha sa seachtú haois déag ná gur tógadh mórán talún ó Chaitlicigh na hÉireann agus ó Shean-Chaitlicigh Shasana agus tugadh an talamh sin do lonnaitheoirí Protastúnacha ó Shasana agus Albain.

Sa bhliain 1641, roimh phlandálacha Chromail, ba le Caitlicigh 59% de thalamh na hÉireann. Tháinig laghdú go dtí 22% sa bhliain 1660, agus go dtí 10% sa bhliain 1700.

D'fhorbair meoin sheicteach sa tír. Aithníodh an Caitliceachas le tírghrá, agus chonacthas an Protastúnachas mar reiligiún na n-eachtrannach a ghlac seilbh ar an talamh.

B'as Sasana cuid de na lonnaitheoirí a tháinig go Cúige Uladh, ach tháinig mórán lonnaitheoirí eile ó ísealchríocha na hAlban. Ba Phreispitéirigh iad tromlach na lonnaitheoirí Albanacha.

**Acmhainní**

Chun cuntas a fháil ar Phlandáil Uladh (1609) agus Phlandáil Chromail (1652-1656), féach na leabhair a leanas:

Healy, G. Travelling Through Time lgh. 165- 173;

R. Quinn agus D. O'Leary, Door to the Past lgh. 170-179;

A. Clarke, 'The Colonisation of Ulster and the Rebellion of 1641 (1603-1660)' in T. W. Moody agus F. X. Martin eag. (1967, athchló roinnt babhtaí)

The Course of Irish History Corcaigh: Mercier lgh. 189-203.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- Nuair atá an téarma 'naofacht na talún' á phlé ag daltaí, féadfar iarraidh orthu nasc a dhéanamh le 'Cogadh na Talún' in Éirinn (1879-82). Féach Moody agus Martin eag., The Course of Irish History lgh. 274 – 293. www.usna.edu/EnglishDept/ilv/landwars.htm
- Tabhair cuireadh do dhaltaí an dráma 'The Field' le John B. Keane a fheiceáil (ar scannán é freisin) agus plé a dhéanamh ar 'naofacht na talún'.

## 3.3 Reiligiún, spioradáltacht agus an manachas

### Traidisiún na ndíthreabhach

Díthreabhach nó ancaire ná duine a chónaíonn ina aonar chun saol níos spioradálta a bheith aige. Tá an focal 'hermit' díorthaithe ón nGréigis *erémia*, a chiallaíonn 'fásach.' An focal Laidine ar 'fásach' ná *desertum*, óna eascraíonn an focal Gaeilge 'díseart,' nó '*hermitage*' sa Bhéarla. Ó thús an cheathrú haois, chónaigh díthreabhaigh i bhfásaigh na hÉigipte, na Siria agus na Palaistíne. Is dócha gur tháinig an idé seo chun cónaí mar dhíthreabhach go hÉirinn ón Éigipt tríd an nGaill agus an mBreatain. Léiríonn an logainm Ghaeilge 'Díseart,' nó 'Dysert' an Bhéarla, agus logainmneacha a bhfuil 'Díseart' mar chomhpháirt iontu, mar shampla Díseart Diarmada (Castledermot), go mbíodh díthreabhaigh agus díthreabha in Éirinn ársa. Chónaíodh na manaigh in Éirinn i bpobal go hiondúil, ach is cosúil go mbíodh díseart ag mainistreacha áirithe in aice láimhe, ina gcónaíodh manaigh aonair mar dhíthreabhaigh. Is minic a mealltaí deisceabail chuig díthreabhaigh a raibh cáil orthu de bharr a naofachta. Ceann de ghnéithe an leasaithe Céilí Dé, a ndéanfar staidéar orthu níos déanaí, ná gur tháinig forás ar an ngluaiseacht dhíthreabhach nó ancaire.

### Éire Mhanachúil

Chun léargas a fháil ar an luathshaol manachúil in Éirinn agus chun cuntas gearr a fháil ar mhanaigh na hÉireann, féach ar na leabhair seo a leanas:

Healy, G. Travelling Through Time lgh. 30-38

Brockie, G. & Walsh, R. (1989) Focus 1 on the Past
Baile Átha Cliath: Gill & MacMillan lgh. 167-186.

O'Dwyer, P. (1995) Towards a History of Irish Spirituality Baile Átha Cliath: Columba lch. 20 - tugtar liosta ann de roinnt mainistreacha sa 6ú haois.

In Walsh agus Bradley, A History of the Irish Church lgh. 58-59, déantar cur síos ar shaol laethúil an mhanaigh.

Tarraingíonn O'Dwyer, lgh. 26-27 ar rialacha manachúla Naomh Colmáin chun léargas a thabhairt ar an gcineál saoil i mainistreacha Cholm Cille. Bhí tionchar ag rialacha Colmáin ar na rialacha i mórán mainistreacha eile. Chun léargas níos leithne a fháil ar shaol manachúil na hÉireann, féach Ryan, J. (1972) The Monastic Institute in A History of Irish Catholicism Vol. I., cuid 2; eag. ginearálta P. J. Corish Baile Átha Cliath: Gill & MacMillan lgh. 49-63.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Mar cheacht phraiticiúil, d'fhéadfadh daltaí fáil amach faoi fhothracha mainistreach sa tréimhse 600-900, mar shampla Cluain Mhic Nóis, Gleann Dá Locha, Mainistir Bhuithe nó Guagán Barra. Féadfar cuairt ar fhothrach mar sin a eagrú. Is féidir láithreán gréasáin úsáideach a thugann eolas ar láithreáin mhanachúla in Éirinn a fháil ag www.goireland.com Féach www.mythicalireland.com freisin.

**Lárionaid léinn, adhartha agus leighis**

Chun cuntas gearr a thabhairt ar an léann manachúil in Éirinn ársa, féach Walsh agus Bradley, A History of the Irish Church lgh. 59-61. Féach freisin K. Hughes, 'The Golden Age of Early Christian Ireland' in Moody agus Martin eag., The Course of Irish History lgh. 76-90.

Is na torthaí is fearr aithne ó léann manachúil ársa na hÉireann ná na lámhscríbhinní bíobalta ar a dtugtar an Cathach, Leabhar Cheanannais agus Leabhar Dharú.

Bhíodh an teach ósta nó *hospitium* sa Laidin (tabhair faoi deara an nasc leis an bhfocal *hospital/ospidéal*), áit ina dtugtaí foscadh do thaistealaithe, do dhaoine breoite agus do na heasláin, ar cheann de na foirgnimh is tábhachtaí sa lonnaíocht mhanachúil. Tá aithne ar Bhríd Chill Dara dá cúram do dhaoine bochta agus ocracha, agus tá a cásmhaireacht do na heasláin léirithe trí mhíorúiltí a luaitear léi ar fhear a bhí dall agus ar chailín a bhí balbh. Rinne Colm Cille míorúiltí leis na heasláin freisin. Bhí cáil air freisin mar scríobhaí na dtéacsanna bíobalta agus mar mhúinteoir scrioptúir.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

D'fhéadfadh múinteoir plé a thionscnamh ar an gceist: 'An bhfuil áit don 'teach ósta' manachúil i gcónaí inár gcórais chúram sóisialta agus sláinte?

**Éireannaigh a bhunaigh mainistreacha san Eoraip**

D'fhág na manaigh Éireannacha a dtír dhúchais ón séú haois ar aghaidh agus chuaigh siad ar deoraíocht. D'fhéach mórán manach ar an deoraíocht mar ghníomh d'aiséiteachas radacach, nó mar shaghas aithrí dheonach. Ach nuair a d'fhág siad a dtír dhúchais, bhí siad réidh le bheith rannpháirteach i seanmóireacht an tSoiscéil i measc na neamhchreidmheach freisin. Ó dheireadh an ochtú haois, d'fhág mórán manaigh léannta Éire chun a ngníomhaíocht léannta a leanúint glan ó bhagairt na gclampar Lochlannach. Is iad Colm Cille agus Colmán na manaigh is fearr aithne a d'fhág a dtír dhúchais. Chun cuntas a fháil ar a saol féach Walsh agus Bradley, A History of the Irish Church lgh. 73-82 agus 93-104; féach lch.107 chun scéal Naomh Gall a fháil, a bhí mar chara ag Colmán. Féach freisin ar T. Ó Fiach, 'Irish Monks on the Continent,' in Mackey, J. P. eag., An Introduction to Celtic Christianity lgh. 101-139.

## 3.4 Reiligiún, spioradáltacht agus leasuithe

### Céilí Dé

Tháinig scaoilteacht áirithe isteach i mainistreacha na hÉireann ón ochtú haois ar aghaidh. Cuireann na hAnnála in iúl dúinn gur dúnmharaíodh abaí san ochtú haois, gur dódh séipéil, agus gur tharla cogaí idir mainistreacha. Is é an cuspóir a bhí leis an ngluaiseacht Céilí Dé ná na mí-úsáidí a bhí tagtha isteach sna mainistreacha a dhíbirt.

Chun cuntas a fháil ar an ngluaiseacht sin, féach P. O'Dwyer, 'Celtic Monks and Culdee Reform,' in Mackey J. P. eag., An Introduction to Celtic Christianity lgh. 140- 171; idem, Towards a History of Irish Spirituality lgh. 44-57.

### Leasú sa dara haois déag

Bhí hathruithe a tharla san Eaglais in Éirinn sa dara haois déag mar chuid de 'Leasú Greagórach' na hEaglaise san Iarthar. Bhí Greagóir VII, a bhí mar Phápa ó 1073-1085, ceannródaíoch san leasú ar lean a chomharbaí leis. Ceann de thorthaí an leasaithe in Éirinn ná eagrú na ndeoisí mórthimpeall na tíre.

Toradh eile ab ea teacht na nOrd reiligiúnach nua. Bunaíodh an chéad mhainistir Chistéirseach sa Mhainistir Mhór in 1142, agus faoin mbliain 1200 bhí craobhtheach is fiche bainteach leis an mainistir sin. Tháinig na Canónacha Agaistíneacha go hÉirinn am éigin tar éis na bliana 1140, agus bhí os cionn seasca teach acu mórthimpeall na tíre faoi 1170. Tháinig na Doiminicigh sa bhliain 1224, agus tháinig na Proinsiasach thart ar an mbliain 1230. Tháinig na Cairmilítigh agus na hAgaistínigh sa dara leath den aois sin. D'éirigh na bráithre sin fíorbhainteach leis an ministreacht thréadach agus chabhraigh siad le hathbheochan a dhéanamh ar chreideamh na ndaoine. Féach O'Dwyer, Towards a History of Irish Spirituality lgh. 104.108.

### Gníomhaíocht do dhaltaí

D'fhéadfadh daltaí fáil amach an bhfuil pobal ag ceann de na hoird thuasluaite sa cheantar áitiúil faoi láthair, nó an bhfuil fothracha de cheann dá mainistreacha sa cheantar. D'fhéadfaidís cuairt a thabhairt ar an mainistir nó iarraidh ar dhuine den phobal le cuairt a thabhairt ar an rang.

### Leasuithe sa séú agus seachtú haois déag

Ar nós na heaglaise sa Bhreatain, agus go deimhin sa chuid eile den Eoraip, bhí an eaglais in Éirinn ag dul i léig sa tréimhse roimh 1500. Bhí an comhlíonadh sna mainistreacha scaoilte, theip ar shagairt an Soiscéal a chraobhscaoileadh, agus ní raibh an cleachtadh reiligiúnach thar mholadh beirte. Mar shampla, is minic nach dtugtaí suntas do dhualgas Aifreann an Domhnaigh agus dhéantaí mórán daoine neamhaird de na dlíthe pósta. Mar sin féin, faoin mbliain 1500 bhí na hAgaistínigh, na Doiminicigh agus na Proinsiasaigh ar cur leasaithe chun cinn laistigh dá nOrd féin. Nuair a chuir Anraí VIII, Éadbhard VI agus Éilís 1 reiligiún an Reifirméisin ar bun in Éirinn, thug baill na nOrd leasaithe seanmóir do dhaoine ina dteanga féin agus rinneadh iad a chóineartú ina gcreideamh traidisúnta féin. Bhí míbhuntáiste mór ag seanmóirí an reiligiúin nua nuair nárbh fhéidir leo seanmóir a thabhairt do na Gaeil sa teanga dhúchais. Nuair a tharla sé gur lonnaigh pobail mhóra de Phrotastúnaigh sa tír de thoradh na bplandálacha, d'fhan tromlach na nÉireannach dílis dá gcreideamh traidisiúnta. Féach P. O'Dwyer, Towards a History of Irish Spirituality lgh.155-163.175-188.

**Gluaiseachtaí leasaithe comhaimseartha**

Dar leis an sean-aicsiom, bíonn leasú ag teastáil ón Eaglais i gcónaí. Tharla athnuachan san Eaglais Chaitliceach tríd an Dara Comhairle Vatacánach, agus trí fhorbairt na bpobal beag bunúsach mar aon le pobail eaglaiseacha nua. Mhol an Dara Comhairle Vatacánach an pobal Luath-Chríostaí mar mhúnla don mhaireachtáil Chríostaí inniu. Rinneadh iarracht an soiscéal a athfhionnadh agus béim a chur ar ghnéithe pobail agus misinéara na hEaglaise.

D'fhás pobail bheaga bhunúsacha in áiteanna i Meiriceá Theas, san Afraic agus san Áise, trí dhaoine ag casadh le chéile go háitiúil chun breathnú ar na bealaí ina mbaineann an soiscéal lena dtaithí mhaireachtála.

Le caoga bliain anuas, tá gluaiseachtaí domhanda eaglaiseacha nua tagtha chun cinn cosúil le Focolare, L'Arche, Cursillio, Charismatic Renewal, agus Sant'Egidio. Is tuataí a bhíonn sna gluaiseachtaí sin den chuid is mó, atá tar éis a mbaisteadh agus ról na dtuataí san Eaglais a athaimsiú. Tá béim ar leith ag gach gluaiseacht atá cosúil le 'fuinneog ar an Soiscéal' a thugann athnuachan chun na hEaglaise (m.sh. díríonn athnuachan carasmatach ar urnaí agus bhronntanais an Spioraid Naoimh; díríonn Sant'Egidio ar chairdeas leis na bochtáin, ar urnaí agus ar dhialóg; díríonn Focolare ar thoil agus thiomna deiridh Íosa, agus a chuid urnaí ar son aontachta; díríonn L'Arche ar mhaireachtáil sa phobal agus roinnt sa leochaileacht leo siúd atá faoi mhíchumas; díríonn Cursillio ar ghearrchúrsaí athbheochana chun an baisteadh a athfhionnadh).

Lena chois sin, bhí tionchar suntasach ag an athnuachan carasmatach sna heaglaisí Protastúnacha príomhshrutha. D'eascair eaglaisí nua as an athnuachan freisin. Tháinig pobail nua chun cinn freisin, mar shampla an Christian Renewal Centre i Ros Treabhair agus pobal Uain Dé. Thug an ghluaiseacht éacúiméineach féin sruth na hathnuachana chun na n-eaglaisí. Is samplaí iad Pobal Í san Albain agus pobal Choraidh Mheallach i dTuaisceart Éireann.

Déanann tromlach na sainchreideamh Críostaí gluaiseachtaí leasaithe inmheánaigh a thionscnamh ag Sionaid agus i dtionóil eile. Thug Comhairle Dhomhanda na nEaglaisí (CDE), a bunaíodh in Amstardam sa bhliain 1948, treo agus dinimiceas nua don mhúinteoireacht shóisialta sna hEaglaisí Críostaí. Reáchtáladh Tionóil Idirnáisiúnta CDE ag eatraimh éagsúla ó 1948 ar aghaidh, m.sh. Deilí i 1961, Nairobi i 1975 agus Súl i 1990.

**Naisc leis an siollabas**

Roinn B: An Chríostaíocht: bunús agus leaganacha comhaimseartha. Topaic 1.1

**Acmhainní**

Tá láithreáin ghréasáin ag mórán gluaiseachtaí ar féidir le daltaí iad a úsáid.
Féach mar shampla: L'Arche ag www.larche.ie
Charismatic Renewal ag www.Ccr-ireland.org Focolare ag www.focolare.org
Sant'Egidio ag www.santegidio.org

Chun iniúchadh a dhéanamh ar an bpróiseas leasaithe liotúirgigh a bhaineann leis an bpobal Anglacánach domhanda ó na 1980aidí i leith, féach www.anglicancommunion.org/liturgy/ialcreview.html

Tá láithreán gréasáin den scoth ag Comhairle Dhomhanda na nEaglaisí. www.wcc-coe.org.

### 3.5 An reiligiún agus smaointe ré na hEagnaíochta

Ba ghluaiseacht intleachtúil í an Eagnaíocht a raibh rath uirthi sa 17ú agus san 18ú haois. Bhí tionscnóirí na hEagnaíochta treoraithe ag an tuairim gurb é an réasún an norm bunaidh ina ndéantar gach rud a bhreith, agus gur féidir gach fadhb dhaonna a réiteach trí phrionsabail eolaíochta a chur i bhfeidhm. Dhiúltaigh siad do reiligiún coinbhinsiúnach na linne agus do choincheap an rialtais oidhreachta mhonarcaigh a d'fhág an chumhacht ar fad i lámha an aicme éilíte. Féach G. Healy, Travelling Through Time lch. 185. Bhí tionchar ag Eagnaíocht Pháras ar shagairt Chaitliceacha Éireannacha a rinne staidéar i bPáras, agus tháinig Preispitéirigh Uladh a rinne staidéar in ollscoileanna na hAlban faoi thionchar smaointe na hEagnaíochta freisin. Bunaithe ar phrionsabail na hEagnaíochta, rinne William Molyneux (1656-98), eolaí agus scríbhneoir polaitiúil ó Bhaile Átha Cliath, cearta na hÉireann chun saoirse a chosaint. Rinne sé éileamh nach raibh ceart ag sochaí ar bith forlámhas a bheith aici ar shochaí eile. Bunaíodh Acadamh Ríoga na hÉireann chun 'literature, science and antiquities' a chur chun cinn. Bunaíodh 'The Belfast Reading Society' sa bhliain 1778. Athraíodh an t-ainm sin go dtí 'The Belfast Society for Promoting Knowledge' sa bhliain 1792. Ní raibh duine ar bith le heisiamh ón gcumann ar chúiseanna polaitíochta nó reiligiúin, agus bhí díospóireachtaí le teorannú chuig topaicí a chuir 'na healaíona, fealsúnacht nádúrtha agus litríocht' chun cinn. Féach ar an iontráil 'Enlightenment' in McCormac, W. J. (2001) eag. The Blackwell Companion to Modern Irish Culture Oxford: Blackwell lgh.198-200 agus Connolly S. J. eag. (1998) The Oxford Companion to Irish History Oxford: University Press lgh.176-177.

**Paul Cullen**

Chuaigh Paul Cullen go dtí an Róimh sa bhliain 1820 chun dul le sagartóireacht, agus d'fhan sé ansin go dtí gur fhill sé go hÉirinn in 1849 le bheith mar Ardeaspag Ard Mhacha. Bhí sé mar Ardeaspag Bhaile Átha Cliath ó 1852-1878. Bhí an-tionchar ag na blianta sa Róimh air, agus mar Ardeaspag agus mar chéad Chairdinéal na hÉireann, rinne sé tréaniarracht disciplín, liotúirge agus saol deabhóide na heaglaise in Éirinn a thabhairt le cleachtais na Róimhe. Féach Corish, P. (1985, athchló 1986) The Irish Catholic Experience: A Historical Survey Baile Átha Cliath: Gill & MacMillan lgh. 194-225).

## 3.6 Cúrsaí reiligiúin in Éirinn ár linne

Tugann an forbhreathnú stairiúil ar chúrsaí reiligiúin na hÉireann, atá lárnach don rannóg seo, léargas agus tuiscint dhomhain agus nua ar áit an reiligiúin in Éirinn na linne seo. Tugtar le fios sa taighde thuasluaite atá déanta ag Greeley agus Ward (1.1) agus ag Desmond O'Donnell, agus tuairiscithe ina alt 'Young Educated Adults: A Survey' in Doctrine and Life 52 (2002), lgh.3-79, go bhfuil fíorchastacht ag baint le cleamhnú reiligiúnach in Éirinn na linne seo.

Tá tionchar na n-eaglaisí Críostaí seasmhach, cé nach bhfuil sé slán go háirithe i measc daoine óga. Sonraíonn O'Donnell go bhfuil creideamh fíréanta i nDia agus gaol le Dia trí urnaí láidir i measc daoine óga (lch.73). Déanann Greeley agus Ward argóint go mbíonn leibhéal níos ísle de chleachtadh reiligiúnach, easpa iontaofachta in eagraíocht institiúideach na heaglaise, agus deacracht le eitic ghnéis traidisiúnta le sonrú i measc daoine a rugadh sna 1970aidí. Is beag athrú atá tagtha ar an gcreideamh reiligiúnach bunaidh áfach. Tá fianaise ann de mhuinín sa chléir áitiúil, agus leantar le braistint dhlúthchumainn leis an Eaglais a chur in iúl (lgh.593-594).

Ar an leibhéal institiúideach, leanann na heaglaisí Críostaí lena gcuid forbartha ar shochaí na hÉireann trí oideachas (scoileanna a acmhainniú), chúrsaí ceartais (Trócaire, Christian Aid, CORI, féach Roinn F) agus chúram sláinte (ospidéil, ospísí agus cúram do sheanóirí).

Féadfar an tuiscint is fearr a fháil ar áit an reiligiúin i mBunreacht na hÉireann ag tarraingt ar thaithí reiligiúin na hÉireann anuas trí na haoiseanna, mar a dhéantar staidéar uirthi sa roinn seo. Déantar Dia a aithint go soiléir sa réamhthéacs, i bhfoirm na Tríonóide, agus seasann Alt 44 le saorchleachtadh an reiligiúin. Baineadh amach na forálacha a thug suntas do shuíomh na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí agus mór-reiligiúin eile na linne i sochaí na hÉireann trí reifreann na ndaoine i 1972.

Déantar sainmhíniú ar iolrachas, agus déantar táscairí ar chuid de na héifeachtaí féideartha a phlé i Roinn D (Moráltacht) 3.1. Ní hamháin go nglacann fíor-iolrachas le reiligiúin éagsúla laistigh de shochaí ar leith, ach bíonn meas aige orthu freisin. Ní mholann sé go nglacfaí leis an gcomhaimneoir is lú amháin, ach go bhfáilteofaí go hiomlán roimh thraidisiúin na reiligiún éagsúil agus na ngluaiseachtaí tuata. Féach Murphy, S. (2003) 'Cultures, Pluralism and Religious Faith' Studies 92 lgh.34-41.

Agus staidéar á dhéanamh ar an éacúiméineachas in Éirinn sa lá atá inniu ann, ba cheart féachaint ar Scoil Éacúiméinice na hÉireann ag www.tcd.ie/ise/ Tá rochtain ar rogha láithreáin ghréasáin a dhíríonn ar éacúiméineachas agus dialóg idirchreidimh agus ar láithreáin a bhaineann le mórphobail chreidimh in Éirinn na linne seo le fáil trí naisc atá curtha ar fáil ar www.materdei.ie/logos Féach ar Relationships between Communities of Faith faoin teideal 'Acmhainní Múinteoireachta agus Foghlama'. Féach freisin ar an bpaimfléad *Ecumenical Relations in Ireland* foilsithe ag Comhairle Éireannach na nEaglaisí (ar fáil ó Chomhairle Éireannach na nEaglaisí, 48 Ascaill Choill an Leamháin, Béal Feirste BT 9 6 AZ).

### Acmhainní

Beidh na leabhair thagartha a leanas úsáideach le haghaidh Cuid 2 agus Cuid 3 go háirithe.

Ó Duinn, S. (2000) Where Three Streams Meet. Celtic Spirituality Baile Átha Cliath: Columba. Tá mórán eolais sa leabhar sin faoi choincheapa reiligiúnacha réamh-Chríostaí in Éirinn agus faoin oiriúnú Críostaí ar dheasghnátha agus nósanna réamh-Chríostaí áirithe.

Raftery, B. (1994; clúdach bog 1997) Pagan Celtic Ireland:. The Enigma of the Irish Iron Age. Londain: Thames & Hudson. Saothar údarásach. Beidh an clár ábhar agus an tInnéacs an-úsáideach do mhúinteoirí.

Bradley, T. & Walsh J. R (1993 an dara heagrán) A History of the Irish Church 400-700 AD Baile Átha Cliath: Columba. Acmhainn fíor-úsáideach.

O'Dwyer, P. (1995) Towards a History of Irish Spirituality Baile Átha Cliath: Columba

# ROINN J

# An Reiligiún agus an Eolaíocht

## Topaic a haon: Na fiontair eolaíochta agus diagachta

### 1.1 An ceistiú ina chomhthéacs

Tá dúil dhosheachanta agus dhosmachtaithe i gcroí an duine a bheith ar an eolas agus grá a thabhairt. Músclaítear an dúil sin trí cheisteanna cosúil le 'Conas?', 'Cén áit?', 'Cén uair?' agus 'Cén fáth?' Spreagtar na ceisteanna sin trí raon mór eispéireas a bhíonn ag daoine: maith agus olc, áthas agus tragóid, fulaingt agus bás, grá agus brath. Is rud nádúrtha don duine ceisteanna a chur faoina mbeithsine agus faoina n-áit sa chosmas. Tá forluí agus gaol soiléir ann idir Chuid 1 de 'An Reiligiún agus an Eolaíocht' agus Cuid A den siollabas 'Ag Cuardach Brí agus Luachanna'.

Go ginearálta, déanann an eolaíocht iarracht 'conas' a fhreagairt agus déileálann reiligiún leis na ceisteanna 'cén fáth'. Déanann eolaíocht anailís agus léirmhíniú ar shonraí an domhain nádúrtha, agus déanann reiligiún léirmhíniú ar shonraí an taithí agus na staire daonna laistigh de phobal creidimh.

Áirítear leis na ceisteanna bunaidh: Cén fáth go bhfuil rudaí ann seachas gan rud ar bith a bheith ann? Cén fáth go bhfuilim anseo seachas gan a bheith anseo? An bhfuil aon rud ann tar éis an bháis? Cén bunús atá le hord, háilleacht agus hintuigtheacht na cruinne? An bhfuil an focal deiridh ag an olc agus éagóir sa saol seo? Cén fáth go ndéanfaí an fhírinne a chuardach?

Ceisteanna atá coitianta san eolaíocht agus reiligiún ná ceisteanna faoi bhunús/thúis (an chosmeolaíocht agus foirceadal na cruthaitheachta) agus conclúidí/críocha (cinniúint an domhain nádúrtha agus an eascateolaíocht). Bíonn eolaíocht agus reiligiún ag streachailt go leanúnach i gcoinne an chathaithe i dtreo an bhunúchais. Feictear an cathú sin san eolaíocht i bhfoirm 'eolaíochais' a dhéanann éileamh gur eolaíocht amháin atá mar fhoinse eolais iontaofa agus feictear an cathú sin san reiligiún i bhfoirm 'litriúlachta' – tuairim a dhéanann neamhaird de leibhéil éagsúla an bhrí i dtéacsanna reiligiúnacha.

Tagann 'Dia na mbearnaí' aníos nuair a chuireann creideamh Dia i gcásanna saoil nach mbaineann míniú daonna ar bith leo ag am áirithe agus cuireann eolaíocht míniú ar fáil ar an gcás ina dhiaidh sin agus caithfear Dia a bhaint amach. Mar shampla, tugadh míniú ar thoirneach cheana mar fhearg Dé, cé gur féidir toirneach a mhíniú anois trí mheitéareolaíocht.

Áirítear leis na coincheapa eile:

a Comhláithreacht, nó uileláithreacht, bhuan Dé don domhan (m.sh. Karl Rahner). Is é luach an íomhá Dé seo ná nach gcuireann sé isteach ar fhorbairtí nó fhionnachtana eolaíochta, agus ag an am céanna ceadaíonn sí don reiligiún labhairt faoi láithreacht Dé ar domhan.

b Dia mar neach dothuigthe agus neamhaitheanta (Aquinas). Feidhmíonn an íomhá mar mheabhrú ar riachtanas umhlaíochta an reiligiúin agus na heolaíochta. I gcúrsaí reiligiúin, bíonn níos mó ar eolas faoi Dhia trí fhoilsiú agus bíonn teorainneacha leis an méid gur féidir a fháil amach san eolaíocht.

**Acmhainní**

Tá roinnt ionad mórthimpeall an domhain atá tiomanta don chaidrimh atá idir an eolaíocht agus an reiligiún a fhiosrú, lena n-áirítear:

- Centre for Theology and the Natural Sciences, Berkeley, California (www.ctns.org)
- the European Society for the Study of Science and Theology (www.esssat.org)
- an Templeton Foundation sna Stáit Aontaithe (www.templeton.org)
- the Ian Ramsey Centre for Science and Religion, Oxford, An Ríocht Aontaithe (www.users.ox.ac.uk/~theo0038)
- Christians in Science (www.cis.org.uk)
- Institute on Religion in an age of Science ag (www.iras.org)
- Zygon Centre for Religion and Science (www.zygoncentre.org)

'Science, like theology, needs to be seen as an activity of a community of motivated believers, holding core assumptions and testing out new possibilities' (Southgate, Christopher agus eile (1999) God, Humanity and the Cosmos: A textbook in Science and Religion T & T Clarke Limited/Trinity Press International lch.22). Feidhmíonn an eolaíocht agus an diagacht as pobal fiosrúcháin atá tiomanta do thóraíocht na fírinne óna bpeirspictíochtaí, modheolaíochtaí agus gcuspóirí áirithe féin. Tá gach pobal fiosrúcháin rialaithe ag saíocht charnach na staire san am atá i láthair (traidisiún) a bhíonn i mbun leasaithe agus forbartha i gcónaí. Tá 'cuspóir' bhunaidh an fhiosrúcháin go hiomlán difriúil sa dhá chás: an domhan nádúrtha atá i gceist san eolaíocht agus Dia ar domhan agus sa saol eile a bhíonn i gceist le reiligiún.

Éilíonn fiosrú 'oibiachtúil' go dtugtar faoin ábhar ar bhealach scartha, saor ó luachanna agus is minic a bhaineann sé leis an eolaíocht. Déileálann fiosrú 'suibiachtúil' lena ábhar as tuiscint lena mbaineann réamhthiomantas agus luachanna, agus is minic a bhaineann an fiosrú seo leis an reiligiún. Mar sin féin, bíonn eilimintí 'oibiachtúla' agus 'suibiachtúla' i gceist le bealaí cuir chuige eolaíochta agus reiligiúin. Tá sé beagnach dodhéanta an rud oibiachtúil a scaradh ón rud suibiachtúil. Níl aon léargas domhain ar an eolaíocht nó an reiligiún lasmuigh den taithí, den tsaotharlann agus den aireagal, stair agus chultúr.

Leanann modh na heolaíochta próiseas an bhreathnaithe, na hipitéise, an turgnaimh agus an fhíoraithe, an léirmhínithe, agus na teoirice. Leanann modh an reiligiúin tiomantas d'fhoirm fhoilsithe agus chreidimh áirithe mar atá le fáil sna téacsanna agus deasghnátha naofa, ionchollaithe sa traidisiún beo, agus nasctha le heispéireas agus le cleachtais chomhaimseartha an duine dhaonna.

Príomhthosca chun an reiligiún agus an eolaíocht a thuiscint ná go bhfaigheann siad beirt eolas trí theoiricí an léirmhínithe, agus go bhfuil teoiricí sin an léirmhínithe múnlaithe ag an bhfiosrúchán, an suíomh sóisialta agus an comhthéacs stairiúil a bhaineann leo.

Baineann eolaíocht agus reiligiún úsáid as teanga na samhlacha, na meafar agus na bparaidím. Sa mhéid seo, bíonn siad ag brath ar ealaín an léirmhínithe agus ar chleachtadh na samhlaíochta cruthaithí. Bíonn níos mó ná tuiscint agus míniú amháin i gcónaí ar an domhan ina mairimid agus

déanann na sraitheanna éagsúla tuisceana agus mínithe cuid de na difríochtaí idir an eolaíocht agus an reiligiún a áireamh. Déanann an reiligiún iarracht an domhan a thuiscint trí shiombailí, mheafair agus analacha, ach tuigeann eolaíocht an domhan trí phointí eimpíreacha fianaise agus fíoraithe. Braitheann an dá cheann ar chruinneshamhail (scéal) agus ar fhoirm áirithe creidimh, samhlaíochta agus fiosrúcháin réasúnaigh.

**Acmhainní**

Barbour, Ian (2000) When Science Meets Religion: Enemies, Strangers or Partners? Londain: SPCK Caibidil 1: 7-39.

Polkinghorne, John (2000) Traffic in Truth: Exchanges between Science and Theology Canterbury Press

Tracy, David (1999/2) 'Beyond Foundationalism and Relativism: Hermeneutics and the New Ecumenism', Greinacher, N & Mette, N. eag. Concilium, The New Europe:Challenge for Christians

## Gníomhaíocht do dhaltaí

- Déan comparáid agus codarsnacht idir na hailt le David McConnell 'Science and post-Christian Ireland' agus Gabriel Daly 'Science, Religion and Scientism' in The Irish Review (Samhradh 2001).

- Eagraigh díospóireacht sa rang ar an topaic a leanas – Ní aontóidh reiligiún agus eolaíocht lena chéile riamh

## Topaic a dó: An gaol idir an reiligiún agus eolaíocht

**Forbhreathnú**

Bhunaigh an réabhlóid eolaíochta sa 17ú agus 18ú haois, a bhí marcáilte ag dí-eaglaisiú méadaithe an eolais, cruinneshamhail nár tháinig le sintéis na meánaoise bunaithe ar reiligiún agus ar an bhfealsúnacht.

Chuir meascán d'fhealsúnacht na Gréige agus den teagasc Críostaí fís iomlán ar dhomhan na meánaoise inar mhair Galileo ar fáil.

Tá peirspictíocht cheart stairiúil riachtanach chun gníomhú in aghaidh na tuairime coitianta go mbíonn an reiligiún agus an eolaíocht i gcoimhlint go síoraí, agus go bhfuil an eolaíocht mar bhuaiteoir deiridh. Bhí na caidrimh stairiúla i bhfad níos casta ná mar a cheaptar go coitianta, m.sh. Galileo agus an Eaglais, Darwin agus éabhlóid.

Bhí Galileo mar cheannródaí ar an modh eolaíoch a thug le chéile breathnú, turgnaimh agus teoiric mhatamaiticiúil, ónar eascair na 'smaointurgnaimh' mar a thug sé orthu. Chruthaigh an méid seo coimhlint idir na teoiricí nua bunaithe ar bhreathnú agus na seanteoiricí bunaithe ar achomhairc an údaráis agus traidisiúin (m.sh. Copernicus versus Arastatail).

Rinne Galileo trácht ar dhá leabhar: an Bíobla agus leabhar an nádúir. Múintear sa Bhíobla conas mar a théann duine ar neamh, ní conas mar a bhíonn na flaithis.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

• Déan triail Ghailileo a athachtú sa rang le rólchártaí de na príomhcharachtair.

**Acmhainní**

Brecht, Bertolt The life of Galileo Londain: Metheun and Co.

Poole, Michael (1995) Beliefs and Values in Science Education Buckingham: OUP

McGrath, Alister (1999) Science and Religion: an Introduction Oxford: Blackwell

Sobel, Dava (1999) Galileo's Daughter Fourth Slate Ltd. Tá sleachta ón leabhar sin
ar fáil ar www.channel4.com. Déan Galileo a chlóscríobh ar inneall cuardaigh an láithreáin.

Mar ghníomh daonna, ní tharlaíonn eolaíocht léi féin i bhfolús. Bíonn tionchar ag an gcomhthéacs cultúrtha níos leithne, ag saincheisteanna sóisialta, morálta agus spioradálta ar an eolaíocht. Tá creidiúintí agus luachanna mórálta mar chuid den fhiontraíocht eolaíoch.

Múineann an stair nach bhfuil a leithéid de rud ann agus gaol idir an reiligiún agus an eolaíocht. Bhí idirghaolmhaireacht le línte neamhchinnte agus teorainneacha athraitheacha eatarthu i gcónaí. Léirítear é seo sa chrosthrácht idir an eolaíocht agus creideamh a cuid cleachtóirí. Mar shampla, bhí áit ag Newton agus Descartes do Dhia ina gcruinneshamhail acu.

Sa stair, múintear na teorainneacha agus na láidreachtaí a bhaineann le gach disciplín agus an tábhacht a bhaineann le díriú ar a gcuid cuspóirí cearta. Ardaíonn an stair ceisteanna faoi fhealsúnacht na heolaíochta: cén cineálacha ceiste gur féidir le heolaíocht a fhreagairt?

Tugann léirthuiscint ar theorainneacha agus láidreachtaí na heolaíochta an léirthuiscint a leanas:

- athraíonn smaointe eolaíochta le linn ama agus féadtar teoiricí eolaíochta a chur ar ceal agus a athsholáthar
- d'fhéadfadh an eolaíocht ceisteanna a ardú nach bhfuil sí in ann iad a fhreagairt. Mar shampla, ceisteanna faoi bhunúis dheiridh, luachanna mórálta agus bhrí na beatha.

Cabhraíonn an stair le léirthuiscint a fháil ar theorainneacha agus láidreachtaí an reiligiúin:

- an mearbhall idir an eolaíocht agus an reiligiún sna Meánaoiseanna
- iompórtáil na smaointe reiligiúnacha chun tacú le tógáin eolaíochta, m.sh. Newton
- ceisteanna a bhaineann leis an heirméineotaic: réitítear mórán deacrachtaí nuair a chuirtear seánra liteartha na dtéacsanna ársa san áireamh, m.sh. Leabhar Gheineasas.

Ba Chríostaithe iad na chéad eolaithe (Galileo, Kepler, Descartes, agus Newton), a bhí spreagtha ag dualgas reiligiúnach chun iontas cruthaithe Dé a fhionnadh. D'fhéach siad ar an eolaíocht mar rud a bhí ag luí lena gcreideamh reiligiúnach.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- Cuairteanna:

  Dún Sinche – Réadlann atá in úsáid.

  Pláinéadlann Ard Mhacha – radharc lánléargais ar an spás idir-réaltach.

  Teileascóp Bhiorra – a bhí mar theileascóp fíorchumachtach tráth.
  (Féach: www.birrcastleireland.com)

  Pláinéadlann na Scoile, An Scoil, Co. Chorcaí.

- Déan comparáid idir teoiric na héabhlóide trí roghnú nádúrtha ag Darwin agus argóint reiligiúnach an chruthaithe ó dhearadh.

## 2.4 An eolaíocht agus reiligiún i ndialóg

**Gníomhaíocht dhírithe**

Cad iad comharthaí na géarchéime éiceolaíche i do chomharsanacht féin?

Cuireann foirceadal reiligiúnach an Chruthaithe (sa Ghiúdachas, sa Chríostaíocht agus san Ioslamachas) comhthéacs diagachta ar fáil do mhórán ceisteanna comhaimseartha a bhaineann le hidirghníomhú an reiligiúin agus na heolaíochta sa lá atá inniu ann, mar shampla éabhlóid, cosmeolaíocht, bitheiticí agus éiceolaíocht.

Cruthú: an creideamh go bhfuil Dia mar bhunús, fhoinse agus sprioc na cruinne, agus gaol réadúil a bheith agat leis an domhan atá déanta ag Dia.

**Príomhchoincheapa**

Creatio ex nihilo: a eascraíonn as neamhní. Caomhnaíonn an coincheap seo saoirse cheannasach Dé, ar theastaigh uaidh rud éigin a chruthú lasmuigh de Dhia féin de bharr an ghrá. Béim ar tharchéimnitheacht Dé agus ar an mbearna idir an Cruthaitheoir agus an cruthú.

Creatio continua: dearbhspleáchas na cruinne ar Dhia. Fócas ar láithreacht leantach agus chaomhnaithe Dé a chothaíonn an domhan mar atá. Béim ar láithreacht Dé agus ar an ngaol láidir idir an cruthú agus an Cruthaitheoir.

## An ghéarchéim éiceolaíoch

Tagraíonn an ghéarchéim éiceolaíoch don chliseadh sa líonra caidrimh idir an duine sa phobal daonna, an pobal daonna sa phobal domhanda, agus an pobal domhanda sa chosmas.

Bunús na géarchéime éiceolaíche:

1 Mealltacht na teicneolaíochta. Bhí rialú dosmachtaithe teicneolaíochta agus máistreacht an chomhshaoil mar thoradh ag an gcruinneshamhail meicniúil agus díspreagadh an

nádúir.  Rinneadh daoine daonna a choimhthiú ón nádúr, a bhíonn dúshaothraithe acu. Cuirtear i gcrích an scoilt Chairtéiseach idir an ábhar agus an cuspóir.

2 Dias agus diagacht neamhleor an chruthaithe. Tá Dia seachtrach den nádúr; feidhmíonn an nádúr gan láithreacht leantach Dé de réir na ndlíthe cinnteachaíocha.

Tagann scoilt dhiagach chun cinn idir nádúr agus grásta.  Ní labhraíonn nádúr ar Dhia níos mó:

- ‘a natureless view of God and a godless view of nature’
- léirmhíniú neamhleor ar Leabhar Gheineasas 1:26-27, mar rud a thugann údar le dúshaothrú daonna na n-acmhainní domhanda.

Eascraíonn meas ar an domhan as diandiagacht an chruthaithe. Tugann léamh níos géire ar Gheineasas le fios go bhfuil daoine daonna mar mhaoirseoirí ar bhronntanas an chruthaithe ó Dhia agus go dtugtar an fhreagracht i leith an chomhshaoil dóibh. Spreagann diagacht na Críostaíochta eitic na maoirseachta in ionad eitic an fhorlámhais.

**An tIoslamachas agus cruthú an domhain**

Tá Tawid (Aonacht), ‘a bheith mar rud amháin’ nó ‘rud amháin a dhéanamh’, lárnach don tuiscint Ioslamach ar an gcruinne. Is é aidhm na heolaíochta Ioslamaigh ná aontacht agus idirghaolmhaireacht idir gach rud a thaispeáint, ar bhealach a stiúróidh daoine ó mhachnamh ar aontacht an chosmais go dtí  Prionsabal Dé na hAontachta.

Déanann an Córán agus an domhan nádúrtha trácht ar chumhacht an Uilechumhachtaigh agus aontacht Dé. Ról an Khalifah (leasionadaí rí): dualgas gach duine chun aire a thabhairt don domhan agus a acmhainní agus iad a bhainistiú ar son an Chruthaitheora.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

- Eagraigh plé ranga ar an gceist a leanas: An bhfuil reiligiún mar chabhair nó mar bhac i ndáil leis an díospóireacht éiceolaíoch?
- Cuir agallamh ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) faoi cheisteanna éiceolaíocha (m.sh., cáilíocht an aeir agus uisce) i do chomharsanacht agus tabhair tuairisc don rang. Féach: www.epa.ie

**Naisc leis an siollabas**

Roinn F: Saincheisteanna córa agus síochána – Topaic 3.

**Acmhainní**

Breuilly, E. agus Palmer, M. eag. (1992) Christianity and Ecology London:Cassell

Khalid, F. agus O’Brien, J. eag. (1992) Islam and Ecology Londain: Cassell

McDonagh, S. (1986) To Care For the Earth Londain: Chapman

Carroll, D. (1998) Land Baile Átha Cliath: Trócaire, Veritas agus CAFOD

The Earth Charter, ar fáil ag: www.earthcharter.org

**Cuid a trí**: **Saincheisteanna reatha don reiligiún agus don eolaíocht: an bunús**

**Gníomhaíocht dhírithe**

Cruthaigh íomha de Réaltra Bhealach na Bó Finne trí shalann a chroitheadh ar dhromhcla dubh. Is féidir fairsinge réaltra Bhealach na Bó Finne a thuiscint trí fhéachaint ar ghráinne salainn mar cheann de na billiúin réalt. Níl sa domhan ach aonán amháin laistigh de bhilliúin réaltra.

Is féidir grianghraf den réaltra a fháil in Really Big Universe: Discover a Galaxy of Amazing Fact (1998) Londain: Funfax Ltd.

## Déanann daltaí staidéar ar Thopaic a trí nó Thopaic a ceathair.

## Topaic a trí: Saincheisteanna reatha don reiligiún agus don eolaíocht: an bunús

### 3.1 An díospóireacht faoin mbunús

Nach cuma faoin mbunús? D'fhonn ár gcéannacht agus ár n-áit sa saol iomlán a thuiscint.

Tá riachtanas uilíoch ann don scéal/insint faoinár mbunús féin le míniú a thabhairt orainn féin agus ar an áit ónar thángamar, agus le fís a chur ar fáil a thugann an tsochaí le chéile i dtéarmaí brí agus cuspóir níos leithne.

An díospóireacht reatha: An scéal nua de chruinne éabhlóideach agus fhairsingíoch, a thagann ón gcosmeolaíocht chomhaimseartha. Prionsabal na hAntrapachta: tá an chruinne eagraithe go mion chun tacú le teacht chun cinn an tsaoil agus ardaíonn an t-eagrú seo ceisteanna maidir le cruinne a cruthaíodh 'de thaisme' nó de réir saindearaidh.

Is é atá i gceist leis an gcosmeolaíocht ná fisic bhunús agus struchtúr na cruinne ina hiomláine.

Dhá chosmeolaíocht ársa:

1 Eipic na Bablóine: nochtaítear an cosmas trí choimhlint i measc na ndéithe.

   Tá an duine daonna mar sclábhaithe ag na déithe. Cuir an eipic i gcodarsnacht le Leabhar Gheineasas.

2 Cosmeolaíochtaí na Gréige: tá an t-ábhar síoraí, cruinne gheolárnach, gluaiseann na pláinéid go ciorclach ar bhealach foirfe, bogtha ag Dia mar 'Unmoved Mover', mar a thug Arastatail air.

Dhá chosmeolaíocht nua-aimseartha:

1 An Ollphéasc (nó *Flaring Forth)*: an teoiric eolaíochta reatha maidir le bunús an chosmais, teacht chun cinn comhuaineach an spáis agus ama in aonaracht na pléisce 15 bhilliún bliain ó shin as ar tháinig cruinne a leathnaigh agus a d'fhuaraigh go gasta ina dhiaidh sin. Déan codarsnacht idir an teoiric seo agus Teoiric na Foistine.

2 Cosmeolaíocht an chruthaíochtachais: dearcadh reiligiúnach frithéabhlóideach bunaithe ar léirthuiscint liteartha ar Leabhar Gheineasas: ba é Dia a shocraigh gach rud i dtosach ama i gcruinne a bhí óg go maith. Breathnaítear ar an mBíobla mar leabhar eolaíochta.

Tá na ceisteanna seo a leanas ríthábhachtach i leith na hidirghníomhaíochta idir na cosmeolaíochtaí eolaíochta agus an dearcadh Críostaí:

Baineann cruthú le gníomhú, le beart an ghníomhaire, le Dia mar chúis le rudaí a bheith ann, le bheith ann seachas gan a bheith ann (cén fáth).

Baineann an 'Ollphléasc' agus teoiricí eile leis na meicníochtaí, leis an bpróiseas ina bhfuil an domhan mar atá (conas).

**Naisc leis an siollabas**

Roinn A: Ag cuardach brí agus luachanna – Topaic 2.2.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Breathnaigh ar chuntais Gheineasais ar an gcruthú agus pléigh ábharthacht na teachtaireachta sa lá atá inniu ann.

**Acmhainní**

Hawking, Stephen, (1995) A Brief History of Time: From Big Bang to Black Holes Bantam Press

Toolan, David, (2003) At Home in the Cosmos Orbis www.mythicjourneys.org Féach ar mhiotais an chruthaithe ó mhórthimpeall an domhain.

## 3.2 An fhisic nua agus reiligiún (daltaí Ardleibhéil)

**Forbhreathnú:**

Miondealú ar pharaidím Newton ar chruinne cinnteachaíoch:

i Prionsabal éiginnteachta Heisenberg agus an domhan candamach: dóchúlacht

ii Coibhneasacht agus athfhionnadh na hama: ní féidir an t-am a scaradh ón spás

iii Próiseas na seansúlachta agus na riachtanas: teoiric an anoird.

Tá prionsabal éiginnteachta Heisenberg ina dhlúthchuid den mheicnic chandamach; sonraítear go bhfuil sé dodhéanta luas agus suíomh na gcáithíní fo-adamhacha a thomhas ag an am céanna.

**Impleachtaí diagachta:**

Níl domhan na neamhchinntitheachta contrártha leis an reiligiún nó leis an gcreideamh Críostaí. Déantar foráil ann do shaoirse an duine agus don todhchaí oscailte, agus tá sé oscailte do ghníomhú oirchill Dé agus don chomhlíonadh eascateolaíoch. I ndomhan nach bhfuil críochnaithe, tá Dia ag croílár an phróisis éabhlóidigh, agus é á chumhachtú laistigh den phróiseas féin. Grá Dé mar ghrá féinfholmhaithe (kenosis), a cheadaíonn don domhan a bheith mar atá,

agus a bheith oscailte don úrnuacht agus d'iontais i scéal an chosmais. 'God did not produce a ready made world…(God) created a world able to make itself ' (J. Polkinghorne).

**Acmhainní**

Swimme, B. and Berry, T. (1992) The Universe Story: From the Flaring forth to the Ecozoic Era San Francisco: Harper

Stannard, R. (1996) Science and Wonders: Conversations About Science and Belief
Londain: Faber and Faber Book (de shraith BBC Raidió 4)

Morgan, J. (2000) Born with a Bang: The Universe tells our Cosmic story Book 1, Nevada: Dawn Publications (48 leathanach—gearr agus ildaite)

Físeán: Whispers of Creation Clár BBC Horizon Programme 1994 (50 nóiméad)

Creation, BBC: Everyman Programme, 1985, (45 nóiméad)

Creationists versus evolutionists: The Blind Watchmaker, BBC Horizon 1987, (50 nóiméad)

Ceol: Melodies of the Universe: Songs and chants, le Jan Novotka, CD agus leabhrán ar fáil ó EarthRise, Inc., 1151 Loomis Ave., Scranton, PA 18504. Teil: 570 347-2431.

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Ag baint leasa as 150 troigh de shreangán tiubh, cruthaigh amlíne bunaithe ar an amlíne in Swimm, B., agus Berry, T. (1992) The Universe Story: From the primordial Falring Forth to the Ecozoic Era San Francisco: Harper Collins lgh. 269-278.

Tabharfaidh an amlíne sin tuiscint ar an mbealach inar tháinig daoine agus an domhan chun cinn go déanach in éabhlóid an chosmais.

## Topaic a ceathair: Saincheisteanna reatha don reiligiún agus don eolaíocht: an Bheatha agus an bás.

### 4.1 Ceisteanna bunúsacha

Molann riachtanas na teicneolaíochta: 'Más féidir linn é a dhéanamh, ní mór dúinn é a dhéanamh'. Ardaíonn eiticí (fealsúnacha agus diagacha) an cheist 'ar cheart dúinn é a dhéanamh'. Cabhróidh na ceisteanna a leanas le plé a ghiniúint agus d'fhéadfaí iad a chur i bhfeidhm maidir le gach ceann de na topaicí speisialta:

a Scóip na maoirseachta daonna. An bhfuil teorainn le maoirseacht dhaonna ar an gcruthú? Conas a shocraítear na teorainneacha sin? Trí achomharc maidir le réasún, cearta daonna, reiligiún, 'dlí Dé', an 'leas coiteann', 'nádúr'?

b An bhfuil an eolaíocht faoi réir an duine dhaonna sa phobal nó mar chríoch inti féin?

c An díospóireacht faoi thorthaí agus mhodhanna a ngnóthaithe: An ndlíonn torthaí maithe modhanna gnóthaithe ar bith?

d Conas a dhéanaimid ‘dul chun cinn’ a thomhas: rath an duine, forbairtí teicneolaíochta, tionchar ar shonas aonair, an ‘leas coiteann’ a chur chun cinn?

e Cad is brí le ‘nádúrtha’ agus ‘mínádúrtha’? An bhfuil impleachtaí eiticiúla ag na coincheapa sin?

f Cad is brí le bheith mar ‘dhuine’? An bhfuil cearta daonna intreach do dhaoine daonna nó ag brath ar ghnóthachtáil, shláinte, shaibhreas, chine, nó údaráis shibhialta? An tuiscint Chríostaí ar ‘imago Dei’ (íomhá Dé) agus na himpleachtaí do chomhionannas na ndaoine, agus d’fhiúntas agus chruthaitheacht an duine.

## 4.2 Topaicí sainiúla (Ardleibhéal)

**An bheatha atá cruthaithe go saorga**

Clúdaítear ceisteanna eiticiúla faoi chóireáil IVF agus theicneolaíochtaí atáirgthe eile go forleathan (m.sh. Tuarascáil Warnock) agus iad le feiceáil sa dlí i dtromlach na dtíortha. Níl reachtaíocht ar bith in Éirinn go fóill a rialaíonn an réimse seo. Ceann de na ceisteanna lárnacha eiticiúla ná an stádas a thugtar don ubhán toirchithe. Ceist í seo a chruthaigh mórán conspóide ar leibhéal domhanda agus a ghin mórán plé ar thopaicí idirghaolmhara eile: cén uair a bhíonn duine mar shealbhóir chearta daonna (toirchiú, ionchlannú, stríocán primitíbheach, breith srl)?; cad is brí le bheith mar dhuine agus cén uair a thosaíonn an phearsanúlacht? Tá impleachtaí ag an seasamh a ghlactar anseo do raon ceisteanna sa réimse seo: ‘farasbarr’ na n-ubhán toirchithe a dhíobhadh agus/nó a reo, ubháin thoirchithe a chruthú chun críocha turgnaimh nó taighde. I measc na gceisteanna eiticiúla suntasacha eile a ardaítear anseo, áirítear: nádúr na tuismíochta daonna, máthairionadaíocht agus cearta an linbh, sos míostraithe agus tábhacht na dteorainneacha ‘nádúrtha’, samhlacha éagsúla na maoirseachta daonna (tuismiú daonna versus atáirgeadh daonna).

### An bheatha ghéinathraithe

**Ceisteanna le breithniú**

Géinteiripe agus feabhsú géiniteach. Tionscadal Ghéanóim an Duine. An bhfuil níos mó ná géinte i gceist liom? Cinnteachas géiniteach agus saoirse an duine (Richard Dawkings). Cúiseanna le feabhsú géiniteach. An bhfuil mo chód géiniteach dosháraithe? Cé hiad na daoine ar chóir dóibh rochtain a bheith acu ar fhaisnéis ghéiniteach: fostóirí, bainc, rialtais?

**Clónáil**

- Cén fáth clónáil?
- An difríocht idir chlónáil ‘theiripeach’ agus ‘atáirgeach’.
- Ceist na clónála, na pearsanúlachta agus na hindibhidiúlachta: an ndiúltaíonn clónáil don indibhidiúlacht agus don uathúlacht?
- An bhfuil an bheatha mar ‘bhronntanas’ nó mar ‘tháirge’ na hidirghabhála daonna?

**Fadú na beatha**

Dualgas maidir le fadú na beatha: absalóideach nó coibhneasta?

An t-idirdhealú 'gnách'/ 'neamhghnách' traidisiúnta agus na fréamhacha atá aige sa traidisiún Críostaí. An bás ó pheirspictíocht an Aiséirithe. Idirghabhálacha marthanacha na beatha a bhaint: cé a dhéanann cinneadh agus cad iad na critéir? Na díospóireachtaí le déanaí faoi sholáthar an chothaithe/hiodráitithe do dhaoine atá neamhaireachtálach go seasta (Cásanna Coimircí Cúirte & Tony Bland)

**Deireadh a chur leis an mbeatha**

Féinriar an duine agus an díospóireacht faoi eotanáis. An ceart chun féinchinntiúcháin agus an ceart chun am agus modhanna báis a roghnú. An díospóireacht faoi 'cháilíocht na beatha' versus 'dosháraitheacht na beatha'. Ceisteanna na maoirseachta agus na saoirse daonna: iad a chleachtadh laistigh de pharaiméadair nó go neamhshonraithe? Eotanáis agus éiteas na sochaí: cultúr na beatha v. cultúr an bháis?

**Gníomhaíocht do dhaltaí**

Rianú ceiste: iarr ar dhaltaí díospóireacht eiticiúil reatha a rianú sna meáin. Is minic a bhíonn leathanaigh litreacha na nuachtán mar bhealach úsáideach chun argóintí agus tuairimí éagsúla a rianú i dtaobh ceist ar leith.

**Acmhainní**

Kuhse, Helga & Singer, Peter eag. (1999) Bioethics: An Anthology Blackwell

Bishops Committee for Bioethics (2000, athbhreithnithe 2003) Assisted Human Reproduction: Fact and Ethical Issues Baile Átha Cliath: Veritas

Kennedy Institute of Ethics, Georgetown University. www.georgetown.edu/research/kie/
(Féach ar High School Bioethics Curriculum Project).

The Hastings Center. www.thehastingscenter.org/

The New Scientist (iris): www.NewScientist.com/hottopics

Físeán: Lifestory: The Double Helix, Clár BBC Horizon, 1987 (105 nóiméad).
Cuntas drámatúil ar fhionnachtain an héilics dúbailte, an múnla DNA.

Físeán: Genetic Genies, Clár BBC Heart of the Matter, 1995 (45 nóiméad).

# CUID 3

# BEALAÍ CUIR CHUIGE MÚINTEOIREACHTA AGUS LEIDEANNA PRAITICIÚLA DO MHÚINTEOIRÍ

## PRAITICÍ ROINNTE - BEALACH I dTREO NA CRÍONNACHTA SPIORADÁLTA A MHÚINEADH

**Aiste le T.H. Groome**

Tá féidearthachtaí móra ag baint le hoideachas reiligiúin mar 'ábhar scrúdaithe' i gcuraclam meánscoile na hÉireann. Agus é ag ardú caighdeáin agus doichte acadúla, cabhróidh sé chun blaiseadh den chomhfhiosacht reiligiúnach a thabhairt atá ríthábhachtach ar mhaithe leis na daoine i saol 'domhandaithe', agus tabharfaidh sé na hacmhainní agus nósanna eolacha do dhaoine le bheith ag smaoineamh go criticiúil faoi chúrsaí reiligiúnacha. Ag an am céanna, chuir roinnt daoine buarthaí bailí in iúl go mbeidh oideachas reiligiúin ina ábhar acadúil 'amháin', a mhúinfear go hoibiachtúil agus gan aon tionchar múnlaithe ar shaol na ndaltaí.

Féachann údair iarnua-aoiseacha ar an déscaradh idir an fhoghlaim agus an saol, idir ábhar a mhúineadh agus oideachas a chur ar an duine, mar rud bréagach, agus dainséarach fiú, do leas an duine. Is é a n-argóint, agus an ceart acu dar liom, ná go mbíonn an t-eolas uile á mhúnlú ag a chomhthéacs ar leith agus nach mbíonn 'amharc ó áit ar bith' oibiachtúil ann riamh, agus go bhfuil ualach luachanna ag an eolas uile seachas a bheith saor ó luach, agus gur chóir go gcabhródh gach a bhfuil ar eolas againn le cumas agus freagracht an duine a fheabhsú. Dar ndóigh, níorbh iad na hiarnua-aoisigh a cheap aontas na teoirice agus an chleachtais seo, den eolas agus den saol; téann sé siar chomh fada le Platón agus Arastatail. Éilíonn sé oideachas reiligiúin a 'mhúineann an reiligiún' ar bhealaí a thugann rochtain ar chríonnacht spioradálta dá saol féin, agus do shaol na ndaoine eile ar an domhan tríothu.

Tá mise lánchinnte de gur féidir mór-thraidisiún reiligiúnach ar bith a mhúineadh a) le déine acadúil agus léirmheas criticiúil, b) gan síolteagasc nó ionchas faoistine c) ach fós féin ar bhealaí a fheabhsaíonn leas daoine sa mhéid is go bhfoghlaimíonn siad uaidh dá saol féin seachas díreach foghlaim faoi ina gcloigeann. Is féidir le scoth an oideachais reiligiúin a bheith rannpháirteach i saol daoine agus é a mhúnlú, agus rochtain a thabhairt do dhaltaí ar fhoinsí de chríonnacht spioradálta dá n-aistear féin. Ní rud dosheachanta é go mbainfear amach é seo áfach; tá go leor leor ag brath ar a bhfuil ar intinn ag an múinteoir agus ar an oideolaíocht a chuirtear i bhfeidhm.

### Foghlaim ón reiligiún do chríonnacht spioradálta

Níl aon oideachas saor ó luachanna. Dá bhrí sin múineann gach múinteoir chun saoil a mhúnlú agus tionchar a imirt orthu. Tá a fhios ag gach cineál múinteora nach féidir leor 'ábhar' a mhúineadh gan tionchar a imirt ar na daoine a thiocfaidh as na daltaí ina ndiaidh.

Múineann gach múinteoir le go bhfoghlaimeoidh daltaí faoi rud éigean, ar a laghad. Ach níl múinteoirí sásta rudaí a fhágáil mar sin. Is cinnte nach é sin an sainmhíniú ar a bhfuil ar intinn ag múinteoirí reiligiúin a dhéanamh. Múineann siad ní amháin le go bhfoghlaimeoidh daltaí faoin reiligiún agus faoi reiligiúin ach freisin go bhfoghlaimeoidh siad uathu dá saol féin.

Tugtar le fios le bheith ag múineadh sa chaoi go bhfoghlaimeoidh daltaí ón reiligiún dá saol féin go nglacann oideachasóirí reiligiúnacha cur chuige i leith na mór-reiligiún mar thraidisiúin de chríonnacht spioradálta. Ba chóir go dtabharfadh siad rochtain do dhaltaí orthu mar acmhainní cothaithe saoil dá n-aistear spioradálta féin agus le maireachtáil go hionraic freagrach sa saol. I bhfocail eile, ná glac cur chuige i leith reiligiún ar bith mar fhaisnéis saor ó luachanna le cur i gcloigeann duine le go mbeidh cur amach acu ar na sonraí maidir le traidisiún ar leith. Mar mhalairt air sin, déan é a chur i láthair mar a bhfuil i gceist leis: traidisiún de chríonnacht spioradálta atá in ann cabhrú le daltaí a bheith ina mbeitheanna spioradálta atá freagrach as a leas féin agus leas daoine eile. Cad eile atá i mór-reiligiúin an domhain ach traidisiún de chríonnacht spioradálta don saol?

D’eascair na mór-reiligiúin ó na bealaí ina mhair daoine éagsúla tar éis eispéiris éagsúla a bheith acu leis an Neach Tarchéimnitheach. De réir mar a chuaigh pobail i mbun cúnant diaga/daonna, d’fhorbair siad córais iolracha creidimh, eitnice, adhartha, cré, cóid agus cultais, mar fhreagairt ina saol. Léiríonn gach iarracht mar sin le bheith cráifeach críonnacht spioradálta lena mbaineann dian-obair agus a bhí ann le fada. I bhfocail eile, is bealaí iad le freagairt a thabhairt ar an eispéireas daonna ar an tarchéimnitheacht a chothaíonn an saol.

Mar gheall ar a bhfuil i gceist leis, mar sin, éilíonn staidéar ar mhór-reiligiún ar bith níos mó ná cur amach ar a shonraí. Cé go bhfuil an cur amach sin tábhachtach, ní mór dul níos faide ná tuiscint amháin chun breithiúnais agus cinntí a dhéanamh faoi, agus a chríonnacht a ghlacadh chugainn féin dúinn féin agus do dhaoine eile ar bhealaí a chothaíonn an bheatha. Dul níos faide ná tuiscint amháin i dtreo breithiúnas agus cinneadh pearsanta, sin an dinimic chognaíoch a spreagann daltaí chun a bheith ag foghlaim ó thraidisiún reiligiúnach, seachas a bheith ag foghlaim faoi.

**Oideolaíocht do chríonnacht spioradálta**

Ó thaobh próiseas múinteoireachta de, teastaíonn oideolaíocht uainn a mbeidh rannpháirtíocht phearsanta na ndaltaí i gceist inti, agus a mhúineann reiligiú(i)n dóibh ar bhealaí a leagann béim ar chríonnacht spioradálta, ag tabhairt cuiridh dóibh í a ghlacadh isteach ina saol agus a gcomhthéacs féin. Ba chóir dúinn daltaí a thabhairt chun staidéir ar reiligiú(i)n le déine acadúil agus a machnamh criticiúil féin, agus é sin a dhéanamh ar bhealaí a chuireann oideachas orthu fúthu féin mar dhaoine; agus é seo ar fad a dhéanamh gan aon ghné den síolteagaisc a bheith ag baint leis.

Mhol mise oideolaíocht lena mbaineann na féidearthachtaí sin le roinnt blianta anuas anois. Tugaim 'cur chuige de phraiticí roinnte' air. Go bunúsach, is éard atá i gceist le cur chuige de phraiticí roinnte ná dinimic mhúinteoireachta a dhéanann nasc idir 'an saol' agus 'críonnacht spioradálta reiligiú(i)n' go criticiúil. Cuireann sé ar chumas daltaí a saol a thabhairt chuig an staidéar ar thraidisiún creidimh, agus a chríonnacht spioradálta a ghlacadh chucu féin ina saol féin.

Tarlaíonn praiticí roinnte mar phróiseas pobail de chomhrá ina mbíonn rannpháirtithe ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha agus iad ag cur go gníomhach leis an gcuraclam. Is féidir é a struchtúrú mar ghníomhaíocht dírithe le cúig 'ghluaiseacht' oideolaíocha ina dhiaidh sin. Tugtar gluaiseacht orthu mar gheall go bhfuil solúbthacht ollmhór i gceist leo ó thaobh a n-ord agus an chaoi a chuirtear le chéile iad. Má tá staidéar á dhéanamh ar thraidisiún ar leith thar feiniméin reiligiúnacha go ginearálta, déanfaidh an traidisiún sin an próiseas a cháiliú, le go mbeidh sé ina 'chur chuige de phraiticí Críostaí nó Búdaíocha nó Giúdacha nó cibé cén rud roinnte'.

Is féidir cur chuige de phraiticí roinnte a chruthú ar go leor leor bealaí thar éagsúlacht mhór scálaí ama agus comhthéacsanna. Is annamh go dtarlaíonn a 'ghluaiseachtaí' in ord, ach go minic téann siad le chéile, atarlaíonn siad, téann siad siar agus aniar. Ar go leor bealaí bíonn siad ar aon dul leis na gluaiseachtaí i siansa nó i ndamhsa. Go deimhin, ní hiad na gluaiseachtaí féin atá tábhachtach per se, ach na tiomantais oideolaíocha atá mar fhothaca dóibh – rannpháirtíocht agus comhrá i measc na rannpháirtithe a chothú, machnamh criticiúil agus cur in iúl a spreagadh ar théamaí lena mbaineann leas saoil, rochtain a thabhairt ar thraidisiú(i)n reiligiúnach(a), ag déanamh staidéir ar a shonraí léannta agus a chríonnacht spioradálta araon, agus daltaí a spreagadh chun an méid a d'fhéadfaidís féin a fhoghlaim ón gcríonnacht sin dá saol féin a aithint agus a chinneadh.

In ainneoin a solúbthachta, is féidir leis na gluaiseachtaí cabhrú le múinteoirí próiseas mar sin a chruthú, agus a éascú agus acmhainní a chur ar fáil dó d'aon ghnó, ag moladh rudaí le fiafraí agus le rá ag amanna difriúla. Mar sin, de réir a loighce féin, is iondúil go dtosaíonn cur chuige de phraiticí roinnte le gníomh dírithe a chuireann an topaic i láthair go tarraingteach, ag ardú téama atá dírithe ar an mbeatha atá giniúnach do na rannpháirtithe seo. Tugtar cuireadh do na daltaí ansin na 'sonraí' óna saol agus óna gcomhthéacs féin a chur in iúl ón taithí a bhíonn acu ar an téama ghiniúnach seo (Gluaiseacht 1). Spreagann sé a machnamh criticiúil féin ansin ar a 'bpraiticí reatha', ag úsáid a réasúin, a gcuimhne agus a samhlaíocht chun machnamh agus anailís shóisialta a dhéanamh go pearsanta (Gluaiseacht 2).

Mar fhreagairt ar a machnamh ar phraiticí, tugann an múinteoir rochtain do na daltaí ar scéal agus fís de chuid traidisiún creidimh, ag cabhrú leo a sonraí (a scéal) a fhoghlaim agus rochtain a fháil ar an gcríonnacht spioradálta a d'fhéadfaidís teacht air ansin (a fhís). Beag beann ar an aoisghrúpa atá á mhúineadh, ba chóir go léireodh an teagasc seo scoth an léinn, agus an méid a d'fhéadfadh daltaí foghlaim uaidh dá saol féin (Gluaiseacht 3).

Ag dul ar ais chuig saol na ndaltaí féin, cuireann an múinteoir na cineálacha ceisteanna agus gníomhaíochtaí a spreagann iad chun machnamh agus iniúchadh a dhéanamh ar an traidisiún, agus na féidearthachtaí a bhaineann leis a aithint ina gcomhthéacs féin. Is í an aidhm anseo ná go bhfeicfidh na daltaí dóibh féin an bhrí a d'fhéadfadh a bheith ag an traidisiún spioradálta ina saol féin, agus a chríonnacht a thógáil agus a ghlacadh chucu féin, ag úsáid a ngrinneas féin (Gluaiseacht 4). Cabhraíonn an dinimic seo, leis an dalta ag glacadh rudaí chucu féin go pearsanta, le nach mbeidh an múinteoir ag iarraidh iad a iompú i dtreo toradh ar leith; tugtar saoirse dáiríre do na daltaí an méid a fheiceann siad a 'fheiceáil dóibh féin', agus é sin a rá.

Ar deireadh, ba chóir go spreagfadh an oideolaíocht cinneadh de cineál éigin – cognaíoch, mothaitheach nó iompraíochta – ag spreagadh daltaí chun an chríonnacht spioradálta seo a thabhairt isteach ina saol féin, ag ligean dó a 'mbeith' féin a fheabhsú. Is ainmfhocal agus briathar araon atá i gceist le 'beith' anseo, cé hiad féin agus conas a mhaireann siad.

Tabhair faoi deara go spreagann oideolaíocht mar sin staidéar criticiúil agus múnlú pearsanta araon. Mar sin, is dócha go múnlófar daltaí chomh maith le heolas a thabhairt dóibh. Is féidir leis aidhm an oideachais reiligiúin chun léann agus saor-iniúchadh a chur chun cinn a chomhlíonadh – le bheith neamhspleách mar 'ábhar scrúdaithe' agus fós féin déantar reiligiún a chomhlíonadh, ag tabhairt rochtain dóibh ar an gcríonnacht cothaithe saoil a d'fhéadfadh a bheith aige do shaol duine. Is féidir é sin a dhéanamh gan síolteagasc nó gan a bheith ag éilliú dílseacht fhaoistineach ó na daltaí nó ó na múinteoirí. Go deimhin, is féidir go roghnóidh siad féiniúlacht reiligiúnach ar

leith, agus bunús níos fearr a bheith acu ann dá bharr, ach níl cinneadh mar sin de dhíth ón oideolaíocht.

**Samplaí**

Tá tú ag múineadh **Cuid E den siollabas: An Reiligiún agus cúrsaí inscne**, go sonrach Codanna 2 agus 3 faoi Chúrsaí Inscne agus an Chríostaíocht agus Scéalta Ban. D'fhéadfá tús a chur leis an topaic le scéal, mar shampla, nó físeán, staitistic nó aon rud a chiallaíonn go mbeidh daltaí ag díriú ar cheisteanna inscne atá 'dáiríre' dóibh. Is é an rud is tábhachtaí ná go mbeidh rannpháirtithe ag dul i ngleic leis mar 'théama giniúnach' – rud éigean a bhfuil suim dáiríre acu ann agus atá tábhachtach ina saol.

Thabharfadh gluaiseacht 1, mar sin, cuireadh do dhaltaí a dtuiscint féin ar róil inscní na sochaí a thabhairt faoi deara agus a chur in iúl dóibh féin, mar aon le cásanna de pháirtíocht agus ordlathas, agus na luachanna agus míluachanna morálta atá ag feidhmiú sa tsochaí ar an téama seo. I bhfocail eile, déanann siad cur síos ar an gcaoi a measann siad rudaí a bheith maidir leis an gceist seo, a dtaithí agus a ndearcadh féin araon.

Spreagfadh gluaiseacht 2 anailís níos doimhne, ag breathnú ar na tionchair a mhúnlaíonn a dtuiscint féin ar róil inscní agus ar chleachtais inscní a sochaí féin. Bunaithe ar an siollabas, bheadh aird ar leith acu ar an tionchar a bhíodh ag an gCríostaíocht, agus atá aici fós, ar a ndearcadh agus a gcleachtais féin, mar aon le dearcadh agus cleachtais na sochaí araon.

Leagfaidh gluaiseacht 3 amach scéal agus fís na Críostaíochta ar théama na hinscne. Anseo bainfidh an múinteoir leas as léann comhaimseartha a léiríonn leagáid dhearfach agus dhiúltach araon ón gcreideamh Críostaí ar an ábhar seo. Níl dabht ar bith faoi ach gur úsáideadh scrioptúir agus traidisiúin Chríostaí chun údar a thabhairt do neamhionannas inscní agus custaim chultúrtha ghnéasaíocha. Ba chóir don mhúinteoir athbhreithniú macánta criticiúil ar thionchair dhiúltacha mar seo a theagasc.

Ar an lámh eile, tugann scoláirí gnéithe fuascailte den chreideamh Críostaí le fios freisin. Mar shampla, múineann scrioptúr na nEabhrach go léiríonn an dá ghnéas 'íomhá agus cosúlacht Dé' go cothrom (Geineasas 1:27), agus go bhfuil siad déanta i gcomhair páirtíocht údarach (Geineasas 2:18). Ón Tiomna Nua, tabhair faoi deara an tiomantas domhain a bhí ag Íosa do chothromas inscní (tabhair samplaí, cosúil leis an gcomhrá a bhí aige le pobal an tSamáraigh mná). Bhí mná ar na chéad fhinnéithe ar an imeacht a chreideann Críostaithe gur aiséirí Íosa é. Ar an gcaoi chéanna, cé go bhfuil sé líonta le patrarcacht a chomhthéacs stairiúil, chuir an traidisiún Críostaí i gcoinne striapachas agus dhaoirse na mban, i bhfabhar a ndínit agus a gcearta mar dhaoine go ginearálta.

Agus tú ag múineadh faoin méid a rinne mná mar scríbhneoirí spioradálta, mar cheannairí reiligiúnacha agus mar leasaitheoirí sóisialta, tá deis mhór ann do dhaltaí úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama féin agus dul sa tóir ar a bhfuil suim acu féin ann trí thaighde dírithe agus trí ghrúpobair.

Ag dul ar ais i dtreo a saoil féin, ba chóir go spreagfadh Gluaiseacht 4 daltaí chun smaointe a ghlacadh chucu féin agus grinneas pearsanta. Iarrann Gluaiseacht 4 ar an dalta, a bhealach amháin nó ar bhealach eile, Cad iad na rudaí atá tú anois ag 'feiceáil duit féin', ag aithint, ag glacadh chugat féin? Ar bhealach, spreagtar daltaí chun Gluaiseachtaí 1 agus 2 a chur i gcomhrá le Gluaiseacht 3. I measc na gceisteanna féideartha, bheadh: Cad leis a gcomhaontaíonn tú nó a

n-easaontaíonn tú, nó cad a chuirfeá leis? Cad a aithníonn tú duit féin? Cad atá tú ag foghlaim as seo do do shaol féin agus d'ár staid reatha mar chultúr agus mar shochaí?

Déanann gluaiseacht 5 na daltaí a threorú chuig cinneadh de chineál éigin, bíodh sin cognaíoch, mothaitheach nó iompraíoch. Mar sin, ba chóir go spreagfadh na gníomhaíochtaí anseo daltaí chun a seasamh eolach féin a thógáil i leith na ceiste seo, nó a mothúcháin ina leith a aithint agus úinéireacht a thógáil orthu, nó b'fhéidir cinneadh praiticiúil críonna a ghlacadh dá ngnáthshaol laethúil.

Nó, tóg an chéad chuid **de Roinn H den siollabas, An Bíobla: Litríocht agus Téacs Naofa**. D'fhéadfadh an gníomh dírithe méidín bheag a 'ghoid' ó G3, agus an múinteoir ag tabhairt léirmheas achomair do dhaltaí ar an leabhar iontach seo a ghin cogadh agus síocháin, grá agus gráin, eagla agus dóchas, roinnt agus cur le chéile, ar feadh dhá mhíle bliain ar a laghad. I bhfocail eile, déana suim a spreagadh chun tuilleadh a fhoghlaim faoin mBíobla agus ón mBíobla, beag beann ar a gcreideamh áirithe féin.

Spreagfadh Gluaiseacht 1 daltaí chun a ndearcadh ginearálta, agus an gnáthdhearcadh ina gcomhthéacs agus ina gcultúr, i leith an Bhíobla a chur in iúl. Anseo, d'fhéadfadh an múinteoir ceist a chur maidir le cén áit, cén uair agus cén chaoi ar tháinig siad ar an téacs seo; cé a rinne iarracht é a léamh, conas ar éirigh leo, an raibh a bhrí soiléir, cén fáth go raibh nó nach raibh? Spreagfadh Gluaiseacht 2 iad chun iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar phraiticí reatha an Bhíobla agus cad as a dtagann siad, m.sh. 'Cén fáth an dóigh leat go bhfuil sé ann ar feadh achar chomh fada sin? Cad iad cuid de na 'torthaí' a bhí air, maith agus dona, le himeacht aimsire? Cén fáth an dóigh leat gur féidir leis a bheith dainséarach agus saol a chothú ag an am céanna? Cad tá ag teastáil, dar leat, chun a chríonnacht a thochailt? Cén fáth a gceapann tú go bhfuil sé ina chlasaic, ó thaobh na litríochta de ar a laghad? Cén fáth a bhfuil meas ag roinnt daoine agus pobal air mar théacs naofa, agus cad is téacs naofa ann? Cén fáth a smaoiníonn Caitlicigh air seo mar leabhar Protastúnach? Agus mar sin de.

Tá sé i gceist ag Gluaiseacht 3 an méid atá le teagasc sa chuid seo faoin mBíobla a theagasc go soiléir. Tugtar freagairt ar an gcomhrá go dtí seo (is féidir go leor de G3 a dhéanamh freisin le linn an chomhrá ar G2), ag cur an téacs i láthair na ndaltaí go díreach, chomh maith leis an scéal atá taobh thiar dó, agus na féidearthachtaí críonnachta a bhíodh aige le himeacht aimsire agus atá aige fós sa lá atá inniu ann. Chuirfeadh sé daltaí ar an eolas faoi théacsanna naofa daoine eile, agus meas orthu seo a spreagadh. Chuirfeadh sé gach téacs mar sin a mhaireann fós le himeacht ama agus a thaispeáin a gcumas chun an saol a chothú, i láthair mar fhoinsí de chríonnacht spioradálta do dhaoine sa lá atá inniu ann. Ní rud dosheachanta é seo iontu áfach, is gá iad a léirmhíniú go cúramach fainiciúil.

Filleann Gluaiseacht 4 chuig dearcadh agus aithintí na ndaltaí atá ag teacht chun cinn, ag spreagadh meas ar an mBíobla mar chlasaic bheo agus mar théacs naofa araon. I nGluaiseacht 5, filltear ar 'Cá bhfuilimid anois leis an mBíobla?'. Ba chóir go spreagfadh sé a dtuairimí eolacha féin mar gheall ar an mBíobla, a dtuiscint ar a luach agus a fhéidearthachtaí don saol, i gcás daoine a ghlacann leis mar fhoinse críonnachta spioradálta ar bhealach dáiríre ar a laghad. B’fhéidir go ndéanfaidís cinneadh triail a bhaint as é a léamh fiú!

Déarfaidh mé arís gur chóir an cur chuige seo a úsáid go bog, agus greim scaoilte a bheith ag an múinteoir air; is próiseas do na daltaí atá i gceist, ní daltaí don phróiseas. Mar sin féin is féidir leis cabhrú le múinteoirí dinimic teagaisc/foghlama a chur ar fáil, a éascú agus acmhainní a chur ar fáil di, agus cabhróidh an dinimic le daltaí a saol féin a thabhairt chuig an staidéir ar thraidisiúin reiligiúnacha, agus críonnacht na dtraidisiún reiligiúnach a úsáid chun a saol a

shaibhriú. Is dócha nach féidir linn níos mó ná sin a éileamh, agus níor chóir dúinn a bheith sásta le haon rud níos lú, ón reiligiún mar ábhar scrúdaithe i meánscoileanna na hÉireann.

**Is ollamh le Diagacht agus Oideachas Reiligiúin ag Boston College é Thomas H. Groome, agus é ina stiúrthóir ar an Institiúid um Oideachas Reiligiúin agus an Mhinistreacht Thréadach ann freisin.**

## SAINCHEISTEANNA CONSPÓIDEACHA A MHÚINEADH

Bíonn ar gach oideachasóir déileáil le ceisteanna conspóideacha sa seomra ranga. Tá ceisteanna maidir le ceartas agus moráltacht, creideamh agus cleachtas, agus maidir leis an saol agus an chiall atá leis i gcroílár an oideachais reiligiúin. Dá bhrí sin, bíonn an oideachasóir reiligiúnach ag dul i ngleic le ceisteanna conspóideacha beagnach gach lá. Tá na ceisteanna seo conspóideach mar gheall nach bhfuil tuairim sheasta amháin ag gach duine i dtaca leo. Sainmhínítear ceist chonspóideach mar réimse d'fhiosrúchán acadúil inar féidir le daoine tuairimí ionraice a bheith acu a thagann salach ar a chéile. Is minic go mbíonn dearcaí reiligiúnacha chomh maith le dearcaí saolta éagsúla ann maidir le ceisteanna mar sin.

Cuirtear ar chumas daltaí forbairt a dhéanamh ar a gcumas le réasúnaíocht eiticiúil mhorálta a dhéanamh agus a bheith ina smaointeoirí a dhéanann machnamh criticiúil trí cheisteanna conspóideacha a nochtadh dóibh ina gcuid staidéar.

Nuair a bhíonn ceisteanna conspóideach, is dócha go dtabharfaidh siad dúshlán do na luachanna, don chreidimh agus do na tuairimí atá ag daltaí i leith an domhain. Is féidir leis seo a bheith an-bhagrach agus fiú a bheith ina chúis anacair ag roinnt daltaí. Dá bharr sin, teastaíonn scileanna speisialta ó mhúinteoirí nuair a théitear i ngleic le ceisteanna conspóideacha sa seomra ranga d'fhonn toradh dearfach a chinntiú.

Nuair atá ábhar conspóideach á mhúineadh, is maith an rud é atmaisféar a bhaint amach sa seomra ranga ina mbíonn idirphlé suimiúil eolach ar bun ag daltaí, saoirse acu chun a dtuairimí a chur in iúl agus insint faoina dtaithí, ach meas fós acu ar dhaltaí eile agus ar thuairimí eile ag an am gcéanna.

Níl sé éasca cothromaíocht saoirse a bhaint amach nuair atá struchtúr i gceist, agus is féidir le daoine a bheith míchompordach má chailltear an chothromaíocht idir an dá rud. Tarlaíonn an rud céanna i seomra ranga ina bhfuil smacht ródhian, ina bhfuil eagla ar dhaltaí a bheith ag labhairt nó i seomra ranga ina bhfuil smacht róscaoilte inar féidir le tuairimí aineolacha gan srianadh cuid mhaith d'am an ranga a chur amú. Tugtar roinnt treoirlínte sa chuid seo chun plé a éascú leis an gcothromaíocht seo a bhaint amach.

### Leideanna maidir le saincheisteanna conspóideacha a mhúineadh

Tá sé mar aidhm ag na leideanna seo a leanas cabhrú le múinteoirí smacht a choinneáil agus fiosrúchán agus idirphlé oscailte a choinneáil ag an am gcéanna.

### 1 Bíodh do sheomra ranga ina áit shábháilte le ceisteanna a chur agus smaointe a phlé

Sula mbeidh daltaí in ann ceisteanna a chur nó ceisteanna conspóideacha a phlé, caithfidh siad a bheith in ann a mhothú gur áit shábháilte é an seomra ranga le ceisteanna a chur nó easaontú le comhghleacaithe gan aon duine a bheith sa mhullach orthu dá bharr. Ba chóir bunrialacha a

leagan síos don phlé go luath sa bhliain agus a chur i bhfeidhm go rialta – ní don phlé maidir le ceisteanna conspóideacha amháin, ach i gcás gach plé a dhéantar.

**D'fhéadfadh sé go mbeadh na rialacha seo san áireamh i sraith rialacha bunúsacha:**

- tugtar meas do gach duine
- tugtar deis labhartha do gach duine sa ghrúpa
- éistear le gach duine – níl cead cur isteach ar dhuine agus é ag labhairt
- ní mhaslaítear éinne
- bíonn meas ar cheart gach duine chun a thuairime féin
- bítear ag súil go dtabharfaidh gach duine tacaíocht dá thuairim
- bíonn saoirse ag gach duine a thuairim a athrú ar bhonn plé machnamhach
- ní cheadaítear ráitis ghinearálta, m.sh. 'tá gach dídeanaí.... tá gach Moslamach...'.

[Curtha in oiriúint ó Challenging Perspectives: Cultural Diversity and Equality in Ireland and the Wider World (A resource for CSPE), Aonad Forbartha Curaclaim an Choiste Gairmoideachais, 2002]

**2 Téigh i muinín dea-chroí na ndaltaí**

Agus ceist shóisialta agus mhorálta a d'fhéadfadh a bheith conspóideach á cur i láthair, is féidir le múinteoirí an tábhacht a bhaineann le meas agus caoinfhulaingt a mheabhrú do dhaltaí. B'fhéidir gur mhaith leo achainí dhaonnúil a dhéanamh ar dhaltaí cuimhneamh gur féidir le rudaí claonta a deirtear sa rang a gcuid comhghleacaithe sa rang a mhaslú nó a náiriú. Níl formhór na ndaltaí ag iarraidh daoine eile a ghortú d'aon ghnó agus, nuair a meabhraítear an méid sin dóibh, déanann siad iarracht uaireanta an méid atá le rá acu a rá ar bhealach nach bhfuil chomh borb gríosaitheach.

**3 Faigh amach cad tá ar eolas ag daltaí agus cad a cheapann siad faoi cheist sula gcuirtear tús le fiosrúchán**

Faigh amach cad tá ar eolas acu faoi cheist, cad a cheapann siad atá ar eolas acu ach nach bhfuil siad cinnte faoi, cé as a dtagann a gcuid eolais agus cad iad na ceisteanna is dócha a bheidh acu. Is féidir lena gcuid freagraí teacht as ceistiú díreach, ransú smaointe, plé i ngrúpaí agus dialanna a scríobh.

**4 Cuir roinnt dearcaí difriúla os comhair na ndaltaí**

Seachain plé sa seomra ranga go dtí go mbeidh deis ag daltaí taighde agus scrúdú a dhéanamh ar an gceist ó roinnt peirspictíochtaí difriúla. Ná déan dearmad go bhfuil gá le tuairimí difriúla faoi cheist chonspóideach ach nach leor é as féin. D'fhéadfadh sé nach mbeidh daltaí ag éisteacht, ag amharc nó ag léamh ach le tacú leis an méid a chreideann siad cheana féin nó le lochtanna, easnaimh nó eolas mícheart a aimsiú.

Féachann an múinteoir le príomh-mheon na 'hoscailteachta criticiúla' a fhorbairt leis na próisis seo. Claonadh chun intinn oscailte a bheith ag duine i leith dearcadh daoine eile agus an cumas staidéar criticiúil a dhéanamh orthu is ea 'oscailteacht chriticiúil'. Ina theannta sin, áirítear

toilteanas le breithiúnas a chur ar fionraí agus an cumas ar deireadh teacht ar chonclúidí a bhfuil réasún leo agus a chuireann fáilte roimh athruithe araon.

**5 Idirphlé agus éisteacht ghníomhach a chur chun cinn**

Is iondúil go mbíonn cabhair ag teastáil ó dhaltaí chun na difríochtaí idir idirphlé agus díospóireacht a thuiscint. Díríonn idirphlé ar thuiscint, ar dhearcaí a mhéadú, ar smaointeoireacht an duine a dhéanamh níos casta, a bheith oscailte chun athruithe a dhéanamh. Bíonn éisteacht dháiríre ag teastáil le haghaidh idirphlé. Teastaíonn umhlaíocht freisin.

*How can I dialogue if I always project ignorance onto others and never perceive my own? How can I dialogue if I am closed to, and even offended by, the contribution of others?*
*Paulo Freire, Pedagogy of the Oppressed*.

Is bealach den scoth chun éisteacht a chur chun cinn ná iarraidh ar dhaltaí dearcadh daoine eile a athshonrú. Iarr orthu athinsint a dhéanamh ar an méid a chloiseann siad dalta eile ag rá chun an scil seo a fháil.

**6. Bain úsáid as modhanna gníomhfhoghlama**

Déanann daltaí an fhoghlaim is fearr nuair a bhíonn baint ghníomhach acu leis an bhfoghlaim. Agus ceisteanna conspóideacha á múineadh, tá sé tábhachtach deiseanna a chur ar fáil do chineálacha éagsúla plé i ngrúpaí, cosúil le beirteanna, ciorcail chomhrá, painéil, babhlaí éisc (*'fishbowls')*. Chomh maith leis sin, is féidir le modhanna gníomhfhoghlama a bheith úsáideach chun ionbhá a fhorbairt (m.sh. rólghlacadh) agus chun dúshlán a thabhairt ar chlaontaí láidre atá ag daoine (m.sh. cluiche ionsamhlúcháin).

**7 Cuir smaointeoireacht chriticiúil chun cinn**

Cuir na scileanna a bhaineann le measúnú criticiúil chun cinn agus spreag daltaí chun eolas a cheistiú, an bunús atá leis agus claonadh ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann. Cuir ceisteanna criticiúla d'fhonn cabhrú le daltaí bunús a gcuid smaointe agus a gcuid dearcaí a thuiscint.

**Sampla de cheistiúchán criticiúil: Roinn D: Moráltacht**

Sa chuid seo den siollabas d'fhéadfadh roinnt ceisteanna conspóideacha teacht chun cinn, mar shampla, ceisteanna maidir le heitic mhíochaine, caidrimh agus collaíocht, foréigean agus cogadh, coir agus pionós. Bheadh sé úsáideach cabhrú le daltaí machnamh criticiúil a dhéanamh ar a ndearcadh, taithí agus tuiscintí féin sula dtabharfar faoi na ceisteanna seo.

I measc na gceisteanna a d'fhéadfadh a bheith úsáideach tá:

- Cén tuiscint reatha atá agat ar chlónáil/phionós an bháis/srl.?
- Cén fáth a smaoiníonn/mothaíonn tú mar sin?
- Cé as ar tháinig do thuairimí agus do thuiscint?
- Cé chomh iontaofa agus atá an t-eolas seo?
- Cé as ar tháinig do chuid íomhánna?

- Cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag na meáin maidir le tionchar a imirt ar an gcaoi a mbreathnaíonn tú ar an gcás seo?
- Cad faoi thionchair eile – cairde, muintir, reiligiún?
- An bhfuil tú in ann bealach eile a shamhlú le breathnú ar an gceist seo? Conas a d'fhéadfadh sé a bheith?

*When dealing with controversial issues,teachers should adopt strategies that teach students how to recognise bias, how to evaluate evidence put before them and how to look for alternative interpretations, viewpoints and sources of evidence, above all to give good reason for everything they say and do, and to expect good reason to be given by others.*

Bailey, Richard (1998) *Teaching Values and Citizenship across the Curriculum,* An Roinn Oideachais agus Fostaíochta, RA.

## Ról an mhúinteora

### Déan scrúdú ort féin

Cad iad na smaointe atá agatsa agus conas a mhothaíonn tusa, mar mhúinteoir, faoi cheist? Cén fáth? An n-inseofá do dhaltaí ag an tús faoi do dhearcadh ionas gur féidir leo claonadh ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann a thógáil san áireamh? Nó, ar chóir duit gan iad a insint dóibh, ach a bheith airdeallach gan ghéilleadh do chlaonadh ar bith a bheadh in ann ionramháil agus bolscaireacht a dhéanamh?

### Déan iarracht a bheith freagrúil maidir le mothúcháin agus luachanna na ndaltaí

Trí theicnící cosúil leo siúd a léirítear thuas, gach seans go nochtfar mothúcháin agus luachanna na ndaltaí. Ní ceacht gan mhothúchán é scrúdú a dhéanamh ar cheist chonspóideach. Tuigimid nach é ról an mhúinteora a rá le daltaí cad iad na smaointe ba chóir dóibh a bheith acu ach cabhrú leo foghlaim conas smaointeoireacht a dhéanamh. Tá ról aige/aici freisin gan a rá le daltaí cad iad na mothúcháin agus na luachanna a bheidh acu, ach atmaisféar a chothú ina bhfuil siad in ann a mothúcháin agus a luachanna a chur in iúl gan eagla, a mothúcháin agus a luachanna a dhéanamh soiléir dóibh féin, agus a bhfiúntas a mheas.

### Léirigh meas agus cothroime

Bíodh meas agat ar gach dalta agus dá gceart a ndearcadh a chur in iúl. Léirigh cothromaíocht ó thaobh seasaimh atá i gcoinne a chéile a léiriú go cruinn cothrom.
Ní féidir leis an múinteoir ligean air/uirthi go bhfuil sé/sí neodrach, agus tá sé de cheart aige/aici tuairim a chur in iúl freisin. Ach tá sé tábhachtach do thuairim féin a shonrú ar bhealach a thaispeánann meas ar dhaoine eile ar bhealach nach gcuireann clabhsúr leis an bplé.

### Ceartaigh eolas mícheart

Is ról tábhachtach é don mhúinteoir le linn plé ar cheist chonspóideach eolas mícheart a cheartú go caoin. Bíodh an t-eolas seo simplí gan imeacht ón bpointe. Ná téigh i mbun achrainn nó argóinte le dalta nó le grúpa daltaí.

**Leag béim ar na deiseanna a bhaineann le coimhlintí**

Is féidir le go leor ceisteanna conspóideacha coimhlint a chruthú, agus bíonn deis ann le linn plé ar cheisteanna conspóideacha le meabhrú do dhaltaí go dtagann deiseanna foghlama agus fáis chun cinn as coimhlintí.

**Léirigh do dhaonnacht**

Admhaigh na hamhrais, deacrachtaí agus laigí a bhaineann leis an seasamh atá agat féin. Lig do na daltaí an seasamh atá agat a cheistiú freisin.

**Leag amach modh chun clabhsúr a chur leis an bplé**

Déan cinnte go gcuirtear clabhsúr leis an bplé ag léiriú íogaireachta cuí do mhothúcháin ar bith a d'fhéadfadh a bheith spreagtha lena linn.

## Conspóid chuiditheach – modh chun saincheisteanna conspóideacha a fhiosrú le David agus Roger Johnson

**Achoimre**

Seo formáid chomhoibríoch a bhfuil struchtúr cinnte ag baint léi chun ceisteanna conspóideacha a fhiosrú. Déanann daltaí taighde agus cuireann siad dearcadh i leith ceiste i láthair, ansin aistríonn siad chuig an taobh eile agus déantar argóint ar son an dearcaidh chontrártha. Ar deireadh, déanann an grúpa iarracht teacht ar chomhaontú ar na ceisteanna agus déantar tuairisc ghrúpa a scríobh ag cur síos ar an gceist agus ar a gcomhsmaointe ina leith.

**Buntáistí**

De bharr an struchtúir chinnte a bhaineann le 'conspóid chuiditheach' bíonn sé úsáideach i gcás daltaí a thugann freagairt mhaith ar chásanna struchtúrtha. Iarrann an próiseas ar dhaltaí úsáid a bhaint as a gcuid scileanna comhoibritheacha, agus bíonn glacadh tuairime agus comhaontú cumhdaithe mar chuid den nós imeachta.

**Míbhuntáistí**

B'fhéidir go mbeidh 'conspóid chuiditheach' róchosúil le sean-samhail na díospóireachta do roinnt múinteoirí. Is é an príomh-mhíbhuntáiste a bhaineann leis ná go gcaithfear na saincheisteanna a roghnú go cúramach le go mbeidh ar a laghad dhá sheasamh ann.  Ní fadhb atá ansin ann féin, ach is féidir leis a bheith deacair teacht ar ábhar a léiríonn na seasaimh sin agus atá oiriúnach d'úsáid na ndaltaí. Is gá go ndéanfaidh an múinteoir go leor oibre leis an tsamhail seo le cinntiú go n-éiríodh léi.

## CEISTIÚCHÁN CRITICIÚIL A ÚSÁID SAN OIDEACHAS REILIGIÚIN

Is uirlisí tábhachtacha don mhúinteoir iad ceisteanna sa phróiseas foghlama. Is féidir le ceist atá tógtha go maith grúpa ranga a spreagadh agus meanma an fhiosraithe agus an imscrúdaithe a ghiniúint. Is féidir léi daltaí a dhíriú ar mhachnamh, ar théama a chur ar fáil do phlé grúpa nó a bheith mar bhunús do thasc scríofa. Sa dá chineál cur chuige ar thopaicí ó Roinn H: An Bíobla: litríocht agus téacs naofa, tá na ceisteanna ina n-eiseamláirí den dea-chleachtas maidir le ceisteanna a chur i suíomhanna iarbhunscoile. Taispeánann siad gur uirlisí don dalta iad ceisteanna freisin áfach. Is minic go dtuairiscíonn múinteoirí gur annamh go gcuireann daltaí ceisteanna, agus nuair a chuireann, is iondúil go mbaineann siad leis an nós imeachta – ceisteanna maidir leis an méid atá le scríobh, an cóipleabhar le húsáid, agus an leathanach ar a bhfuil an tasc! Cuirtear go mór le haidhmeanna foriomlána an oideachais reiligiúin don Ardteistiméireacht, agus le haidhmeanna foriomlána na sraithe sinsearaí freisin, trí fhorbairt a dhéanamh ar chumas na ndaltaí ceisteanna maithe a chur.

Tá roinnt sainghnéithe ag ceist chritice a idirdhealaíonn ó chineálacha eile ceiste í. Ina measc, áirítear:

- **idirdhealú a chur i bhfeidhm**

  Is gá scileanna idirdhealaithe a úsáid chun ceist chritice a chur; ní mór faisnéis, coincheapa agus smaointe a shórtáil nó a rangú, an méid atá tábhachtach a scaradh amach ón méid beagbhríoch, a méid atá ábhartha a scaradh ón méid nach bhfuil.

- **freagairt a éillíonn breithiúnas**

  Is gá breithiúnas a thabhairt nuair atá freagairt á tabhairt ar cheist chritice. Is annamh go mbíonn freagraí dubha agus bána nó freagraí simplí ar cheisteanna critice.

- **éileamh ar acmhainní pearsanta**

  Baintear leas as córais luachanna pearsanta nó pobail agus/nó eolas agus scileanna a bhí agat cheana féin nuair a bhíonn freagairt á tabhairt ar cheist chritice.

- **ceisteanna breise a aithint**

  Is féidir go dtiocfadh ceisteanna breise, agus fadhbanna nó teannas a aithint laistigh den tsaincheist atá idir lámha as ceist chritice atá tógtha ar bhealach maith.

Go ginearálta, baineann úsáid na gceisteanna critice san oideachas reiligiúin le dearcaí reiligiúnacha i leith ceisteanna sóisialta a theagasc. Is straitéis luachmhar atá ann i gcás téamaí mar sin. Is féidir ceisteanna critice maithe a úsáid freisin i ngnéithe eile den chlár oideachas reiligiúin. Taispeánann an sampla thíos mar is féidir le ceisteanna critice a bheith mar bhunús don chur chuige i leith gnéithe eile den chúrsa freisin.

**Ceistiúchán – cur chuige do mhúinteoirí**

Baineann na moltaí a chuirtear i láthair anseo le cuid de Roinn H

1.1. Tá dhá chuspóir a bhaineann leis an topaic seo:

- go dtuigfear go raibh an Bíobla ina théacs clasaiceach do shibhialtacht an iarthair, agus go bhfuil sé ina théacs clasaiceach i gcónaí

- meas a bheith ar an mBíobla mar chlasaic bheo agus mar théacs naofa.

| **Topaic** | **Cur síos ar an ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| 1.1 An Bíobla ina chlasaic bheo | • Samplaí de théacsanna clasaiceacha ó fhoinsí éagsúla.<br><br>• An Bíobla a thástáil mar chlasaic | De thoradh a gcuid staidéar ar an roinn seo, ba chóir go mbeadh daltaí in ann:<br><br>• tréithe de théacs clasaiceach a aithint (téacs a n-aithnítear a ardchaighdeán agus a luach bhunaithe do lucht léitheoireachta fairsing thar thréimhse fhada)<br><br>• an Bíobla a aithint mar théacs mar seo. |

Úsáidfear na haidhmeanna seo, chomh maith leis na torthaí a chuirtear i láthair sa tábla sa siollabas, le tascanna measúnaithe ábhartha a dhearadh. Sa tsraith ceachtanna a chuirtear i láthair anseo, tá an measúnú múnlaitheach agus suimitheach araon. Le béim a leagadh ar thábhacht na gceisteanna agus an t-ord teagaisc agus foghlama seo á dhearadh, tá nóta tráchta ag gabháil le gach ceist.

**Roimh an gceacht nó an tsraith ceachtanna:**

Iarr ar na daltaí clasaic a thabhairt isteach sa rang ó na roghanna a leanas. Ná tabhair sainmhíniú nó cur síos ar chlasaic mar threoir; tabhair an t-ordú amháin. Bíodh sé soiléir áfach gur féidir míreanna/ócáidí neamhphraiticiúla a thuairisciú, seachas iad a chur i láthair! Cuir in iúl do na daltaí nach mbeidh orthu a roghanna a mhíniú.

Liosta na gclasaicí

| | | |
|---|---|---|
| Clasaic den fhaisean | Clasaic sa spórt | Clasaic teilifíse |
| Clasaic sa cheol | Clasaic den dearadh | Clasaic liteartha |

**Gníomhaíocht tosaigh**

Cuirtear na míreanna clasaiceacha/tuairiscí ar mhíreanna i láthair mar ghníomhaíocht tosaigh. Tugann an múinteoir aidhm na gníomhaíochta le fios – iarracht a dhéanamh fáil amach cad is clasaic ann.

Déanann gach daltaí an mhír a ainmniú, nó tugtar cuntas air más rud é nach féidir é a chur i láthair sa rang. Ní mór dóibh siúd atá ag déanamh tuairisce eochairfhocal a scríobh ar phíosa páipéir nó imlíne den rud a tharraingt. Má tá a ndóthain spáis ann, is féidir na míreanna a chur i lár an tseomra nó ar bhord mór. Mura bhfuil, is féidir iad a chur ar an deasc os comhair gach dalta.

Mar ghníomh leantach, déantar gach mír/píosa páipéir a thabhairt do dhuine eile, agus beidh an duine sin mar úinéir air chun cuspóirí an cheachta. Seo an cheist do gach duine:

**C. Cén fáth ar chóir glacadh leis an rud atá agat mar chlasaic?**

*Iarrann an cheist seo ar an dalta rud neamhaithnid a cheistiú i gcomhthéacs gan tábhacht mhór. Níl iarmhairtí tromchúiseacha ann don dalta má thugtar freagra mícheart. Is féidir le daltaí dul i muinín a chéile chun cabhair a fháil. Tá gach seans nach mbeidh an freagra ceart ar eolas ag an múinteoir i gcásanna áirithe.*

Is féidir leis an múinteoir na breathnuithe ábhartha a thaifead i rith na gníomhaíochta seo. Mar mhalairt air sin, is féidir iarraidh ar na daltaí féin go n-aithníonn siad nuair a luaitear pointe atá ábhartha d'aidhm na gníomhaíochta agus is féidir le duine den ghrúpa ranga nótaí a bhreacadh.

**Gníomhaíocht bhreise roghnach**

Nuair a bheith liosta de thréithe na gclasaicí cruthaithe, b'fhéidir go dteastódh ón múinteoir leathnú breise a dhéanamh ar an ngníomhaíocht le gur féidir na míreanna a rangú ina samplaí maithe de chlasaic, agus samplaí nach bhfuil an rang chomh cinnte fúthu. Seo an ceist tacaíochta a bheadh ann:

**C. Ón méid atá faighte amach againn faoi chlasaicí, an bhfuil aon rud a phiocfá amach mar shampla an-mhaith de chlasaic?**

*Is sampla maith de cheist chur i bhfeidhm í an cheist seo, ach éillíonn sí méid áirithe idirdhealaithe ó na daltaí agus tástáil ar choincheap a d'fhéadfadh a bheith ina choincheap nua. Is ceist atreisithe den scoth a bheadh ann do dhaltaí Gnáthleibhéil.*

**Gníomhaíocht dhírithe**

Déanann an múinteoir mionchoigeartú ar an mbreathnú ar chlasaic mar chatagóir: is ar théacsanna scríofa a leagfar an bhéim ar feadh an chuid eile den cheacht (nó le haghaidh obair baile). Aithníonn an múinteoir an aidhm don ghníomhaíocht seo: roinnt samplaí de théacsanna clasaiceacha a iniúchadh/bhunú. Seans go mbeidh roinnt grúpaí ranga in ann teacht ar shamplaí gan treoir; beidh samplaí le hiniúchadh agus le ceistiú ag teastáil ón gcuid is mó díobh. Moltar cúig sampla thíos, chomh maith le seicliosta samplach de stádas mar chlasaic.

Is féidir nach mbeidh roinnt múinteoirí ag iarraidh téacs bíobalta a thabhairt isteach ag an gcéim seo agus go roghnódh siad an Bíobla a chur i láthair sa chéad cheacht eile, scartha ó théacsanna tuata. Seachnaíonn cur chuige leabaithe mar sin an gá le 'droichead' a dhéanamh idir breathnú ar an tsaoltacht agus breathnú ar an naofacht. An dtacófaí leis an toradh a bhaineann leis an mBíobla a aithint mar chlasaic tríd an téacs bíobalta a úsáid? Bheadh breithiúnas an mhúinteora ag teastáil anseo. Má ghlacfar leis an straitéis seo, ansin d'fhéadfaí roinnt téacsanna eile a bhfuil cur amach forleathan orthu a chur leis an liosta. Tabhair faoi deara go mbaineann na chéad trí théacs sa

chairt seo leis na torthaí i gcomhair 1.1; is féidir na cinn eile a bhaint as obair na ndaltaí roimhe seo. Is moltaí amháin atá sa phéire a thugtar anseo. D'fhéadfaí dul i mbun comhairle leis an múinteoir Béarla le cur leis an liosta ón raon téacsanna atá á staidéar ag an ngrúpa ranga.

Tá an chuid is mó de mhúinteoirí agus daltaí eolach ar phlé an ranga iomláin le gníomhaíocht seicliosta ina dhiaidh, cosúil leis an gceann seo. Is cur chuige úsáideach í seo i leith próiseála, ach is féidir leis tarlú go mbeidh guth amháin nó dhó in uachtar, agus conclúid ranga iomláin a bhaint amach gan dúshlán nó rannpháirtíocht a bheith ann do na daltaí ar fad. Úsáidtear obair i ndíseanna i straitéis próiseála mhalartach. Iarrtar ar dhaltaí féachaint ar liosta an duine eile, na míreanna ar na liostaí nach meaitseálann a aithint agus na fáthanna atá leis an difríocht a phlé. Ní gá do na díseanna teacht ar chomhdhearcadh, ach nuair a bhíonn difríochtaí ann, ní mór go mbeadh siad in ann na difríochtaí sin a chur i láthair don rang chomh maith leis na fáthanna atá leo. Baintear dhá chuspóir amach leis an gceacht seo. Ar an gcéad dul síos, tacaítear leis an toradh a bhaineann le téacsanna clasaiceacha. Ach dearbhaítear freisin go mbíonn iomaíocht i gceist uaireanta leis an gcoincheap de 'chlasaic'.  Bíonn plé ranga iomláin ann, ach seachnaítear cuntas simplí a thabhairt ar an seicliosta. Díríonn an plé ar éagsúlacht ó thaobh dearcaí de. Seo an cheist a bheadh ann do phlé mar sin:

**C. Cén fáth go raibh dearcadh difriúil ag daoine?**

*Is ceist chealgach í seo. Tá cuma simplí uirthi, ach i ndáiríre tá dúshlán sách mór i gceist. Iarrann sí ar dhaltaí breathnú a dhéanamh ar an gcaidreamh a bhíonn ag daoine le téacs. Ní mór do dhaltaí caidrimh a bhunú idir cineálacha difriúla léitheoirí agus cineálacha difriúla téacsanna.*

**Seicliosta samplach**

| | Mhair sé le himeacht aimsire | Taitníonn le go leor daoine | Luachmhar nó tábhachtach do go leor daoine | Tá go leor leor daoine eolach air | Tá brí ann do dhaoine |
|---|---|---|---|---|---|
| Gugalaí Gug (rann do pháistí) | | | | | |
| 1 Corantaigh 13 Bíonn an grá foighneach, srl. | | | | | |
| The Wizard of Oz (scannán) | | | | | |
| Luaithríona (síscéal) | | | | | |
| Harry Potter agus an Órchloch (leabhar do pháistí) | | | | | |

**Gníomhaíocht measúnaithe**

Beidh smaoineamh maith ag an múinteoir maidir cé chomh maith agus a thug na daltaí leo na coincheapa atá i gceist ón gcaoi a ndeachthas i ngleic le ceisteanna casta i rith an cheachta/na gceachtanna. Má tá an múinteoir muiníneach go bhfuil an rang réidh le dul ar aghaidh, is féidir straitéis measúnaithe sách simplí a úsáid bunaithe ar cheacht scríofa gairid:

Bíonn rud ina chlasaic más rud é:

______________________________________________
______________________________________________
______________________________________________
______________________________________________
______________________________________________
______________________________________________

Ba chóir duit ceithre phointe a lua i do fhreagra ar an gceist seo.
Ag baint úsáid as trí chinn de na pointí a luaigh tú, inis cén fáth go bhfuil an Bíobla ina shampla maith de chlasaic.

______________________________________________
______________________________________________
______________________________________________
______________________________________________
______________________________________________
______________________________________________

Nuair a bhítear ag tabhairt aiseolais ar an gceacht seo, meabhraigh do na daltaí an cheist a cuireadh orthu. Ag úsáid dhá nó trí shampla béil ón rang, iarr ar gach dalta a gcuid oibre féin a sheiceáil – An bhfuil ceithre phointe ina gcéad fhreagra agus trí phointe sa dara ceann acu? Iarr ar na daltaí an obair a mharcáil áit a measann siad bearna a bheith ann agus aon rud a d'fhoghlaim

siad le linn an phlé faoin obair a bhreacadh síos in aice leis. Nuair a fhéachann an múinteoir ar an obair agus an nóta tráchta ón dalta atá ag gabháil leis, is féidir leis/léi 'comhaontú' le breathnú an dalta nó earráidí 'nár breacadh síos' a thabhairt le fios. Bíonn cur chuige mar sin ina thacaíocht ar leith do dhaltaí Gnáthleibhéil.

Má mheasann múinteoir nach bhfuil na daltaí cinnte fós faoi na coincheapa, d'fhéadfaí straitéis measúnaithe níos fairsinge a úsáid. Is éard a bheadh i gceist leis ná feachtas fógraíochta a dhearadh don Bhíobla mar chlasaic. D'fhéadfadh roinnt eilimintí a bheith i gceist leis an bhfeachtas, agus d'fhéadfadh na daltaí díriú ar cheann amháin díobh.

- clár fógraí
- sluán
- feachtas teachtaireachtaí téacs
- fógrán
- fógra teilifíse.

## MÚINTEOIREACHT DON ÉAGSÚLACHT

Daonra rangaithe de réir reiligiúin sna daonáirimh ábhartha i 1991 agus in 2002

| Bliain | Líon iomlán daoine | Caitliceach Rómhánach | Eaglais na hÉireann | Preispiteireach | Meitidisteach | Giúdach | Reiligiúin shonraithe eile | Gan reiligiún | Gan a bheith sonraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1991 | 3,525,719 | 3,228,327 | 89,187 | 13,199 | 5,037 | 1,581 | 38,743 | 66270 | 83,375 |
| 2002 | 3,917,203 | 3,462,606 | 115,611 | 20,582 | 10,033 | 1,790 | 89,223 | 138264 | 79,094 |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

**Ilchineálacht reiligiúnach agus chultúrtha in Éirinn – feiniméan nua?**

Le héagsúlacht chultúrtha agus eitneach le feiceáil níos forleithne in Éirinn le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar an tsuim agus ar an díospóireacht sna ceisteanna a bhaineann le héagsúlacht agus le hiolrachas. Bheadh sé míchruinn a thabhairt le fios nach raibh éagsúlacht in Éireann go dtí le déanaí. Tá grúpaí eitneacha agus reiligiúnacha mionlacha suntasacha mar chuid de shochaí na hÉireann le fada an lá. Mar sin féin, taispeánann na tuarascálacha daonáirimh a foilsíodh le déanaí go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na ndaoine a mhaíonn go mbaineann siad le traidisiún creidimh mionlach nó nach bhfuil creideamh ar bith acu. Is dúshlán agus deis ollmhór é seo don todhchaí.

Tá méadú ag teacht ar éagsúlacht chultúrtha agus eitneach in Éirinn in éineacht leis an méadú ar éagsúlacht reiligiúnach a léirítear thuas. Le blianta beaga anuas, bronnadh ceadanna oibre ar dhaoine as 138 tír difriúil teacht le bheith ag obair agus ag maireachtáil sa tír seo. Chomh maith leis sin, tá méadú tagtha ar an lucht iarrtha tearmainn agus ar dhídeanaithe a tháinig go hÉireann ag lorg tearmainn, agus thug siad éagsúlacht shaibhir de chreidimh reiligiúnacha, luachanna, stíleanna maireachtála agus chultúir leo.

**Oideachas reiligiúin – ag cothú measa ar éagsúlacht**

Is ionstraim mhaith atá san oideachas reiligiúin chun meas ar éagsúlacht a chothú agus bíonn ról tábhachtach aige ó thaobh ullmhúchán na ndaltaí i sochaí ilchreidimh agus ilchultúrtha. Is é ceann d'aidhmeanna an oideachais reiligiúin ag leibhéal na hArdteistiméireachta ná 'meas ar shaibhreas na dtraidisiún reiligiúnach a chothú, agus aitheantas a thabhairt do mhíniú neamhreiligiúnach na beatha' (siollabas lch 5). Leanann sé ar aghaidh:

*Ba chóir go ndéanfadh an t-oideachas reiligiúin cinnte go mbíonn cur amach ag daltaí ar raon leathan de thraidisiúin reiligiúnacha agus do mhíniú neamhreiligiúnach na beatha. Tá ról ar leith le himirt aige sa churaclam maidir le caoinfhulaingt agus comhthuiscint a chur chun cinn. Déanann sé iarracht na scileanna a fhorbairt sna daltaí a dteastaíonn uathu le dul i mbun fíor-idirphlé leo siúd a bhaineann le traidisiún reiligiúnach eile agus leo siúd nach mbaineann le traidisiún reiligiúnach ar bith.*

Bíonn idir dheiseanna agus dhúshláin ann d'oideachasóirí an t-oideachas reiligiúin a mhúineadh i sochaí atá ag éirí níos éagsúla. Cuirtear go leor deiseanna ar fáil chun raon eolais na ndaltaí a leathnú agus a fhairsingiú agus ag an am céanna is féidir go gcuirtear dúshlán roimh mhúinteoirí agus dhaltaí araon a ndearcadh féin a fhiosrú agus aghaidh a thabhairt ar a réamhchlaontaí i leith daoine a bhfuil creidimh, luachanna agus cleachtais dhifriúla acu.

Is féidir féachaint ar éagsúlacht inár seomraí ranga mar fhadhb, nó mar rud dearfach atá in ann an t-eispéireas foghlama a shaibhriú. Má chuirimid luach ar an éagsúlacht, ansin bíonn meas agus ómós againn ar fhéiniúlacht na ndaltaí go léir agus ar a n-eispéiris, a gcreidimh agus a gcúlraí cultúrtha difriúla. Bíonn meas againn freisin orthu siúd nach bhfuil creideamh ar bith acu nó nach mbaineann le traidisiún reiligiúnach ar bith, agus déanaimid na daoine sin a chuimsiú.

**Seicliosta achomair le hómós a thabhairt ar an éagsúlacht laistigh den seomra ranga**

- Tugtar aitheantas don éagsúlacht ó thaobh eispéireas, cúlraí cultúrtha agus creideamh na ndaltaí agus iad infheicthe sa seomra ranga.
- Breathnaítear ar éagsúlacht chultúrtha agus reiligiúnach mar thairbhe dhearfach.
- Spreagtar daltaí le leas a bhaint as a ndifríochtaí mar uirlis foghlama.
- Tugtar aitheantas do na comheilimintí in eispéireas an duine, cosúil leis an tóraíocht ar bhrí, siombailí a úsáid, iarrachtaí freagra a thabhairt ar na 'ceisteanna móra’, an tóir ar mhaitheas, cheartas agus fhírinne, srl.
- Leagtar béim ar luachanna an ómóis, an cheartais agus chearta an duine go sainráite.
- Cuirtear in aghaidh claontuairimí agus steiréitíopaí.
- Cothaítear scileanna na héisteachta, na dialóige agus réitigh coinbhleachtaí.
- Bíonn acmhainní agus ábhar léitheoireachta a léiríonn éagsúlacht ó thaobh dearcadh de in úsáid.
- Déantar comóradh ar ócáidí speisialta i bhféilirí chultúir/reiligiúin éagsúla.

Tá anailís ar an bpróiseas teagaisc agus foghlama ag croílár an teagaisc éifeachtúil faoin éagsúlacht agus ar a son. Tosaíonn sé seo le scrúdú cúramach ar thrí ghné den teagasc:

1 an múinteoir

2 an caidreamh foghlama

3 an dalta

**An múinteoir**

Mar mhúinteoirí, ní mór dúinn dul i mbun próiseas leanúnach féinmhachnaimh maidir lenár ndearcadh agus ár gcreidimh, agus an chaoi ar mhúnlaigh ár n-eispéiris aonair iad seo. Teicníocht féinmheasúnaithe a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do mhúinteoirí agus do dhaltaí araon ná breathnú a dhéanamh ar chásanna éagsúla a tharla dóibh ina saol (m.sh. teaghlaigh, comharsanacht, baile, bunscoil, iarbhunscoil, laethanta saoire) agus méid na héagsúlachta a bhí ann laistigh de gach ceann de na réimsí seo a ghrádú (m.sh. ard, meánach, nó íseal). D'fhéadfadh ceisteanna mar seo a leanas a chur anseo: 'Cé chomh minic agus a bhuail mé le daoine ó chreidimh eile agus/nó ó chultúir eile i mo bhaile/mo chomharsanacht/mo scoil, srl? An raibh deis agam riamh aithne a chur ar dhuine de thraidisiún creidimh nó cultúr difriúil?' Leis an bpróiseas féinmhachnaimh seo is féidir linn a bheith níos feasach ar an tionchar a bhíonn ag ár gcúlra sóisialta agus cultúrtha ar ár luachanna agus ár ndearcadh, agus chomh compordach agus atáimid ag déileáil le cásanna traschultúrtha a aithint dá bharr. Agus múinteoirí ag múineadh don éagsúlacht agus faoin éagsúlacht, is féidir go mbeidh orthu athbhreithniú a dhéanamh ar a n-oiliúint féin agus machnamh a dhéanamh ar mar a ullmhaíodh iad le múineadh i sochaí aonchultúrtha atá ag athrú go tapaigh.

**An caidreamh foghlama**

Is féidir le hábhar ár ranganna (téamaí agus saincheisteanna), ábhair an chúrsa (lena n-áirítear téacsanna agus tascanna), agus foinsí eolais (teoiricithe agus údaráis) teachtaireachtaí neamhbheartaithe éagsúla a chur in iúl dár ndaltaí. Tá sé tábhachtach deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí ómós a bheith acu ar luach na gcreideamh eile, agus meas a choinneáil d'éiteas scoile ag an am céanna. Go deimhin, fiú laistigh de thraidisiún creidimh ar leith, ba chóir a thabhairt le fios go bhfuil go leor bealaí difriúla chun an traidisiún sin a chur in iúl. Ar an gcaoi chéanna, ba chóir go mbeadh múinteoirí feasach ar na foinsí údaráis agus léitheoireachta a chuirtear ar fáil do dhaltaí le go ndéanfaidh siad machnamh orthu. Is féidir eispéireas an tseomra ranga a shaibhriú go mór trí fhoinsí agus údaráis éagsúla eolais a úsáid. Ba chóir go mbeadh próiseas sínte i gceist lenár modhanna múinte (dúshlán a chur roimh dhaltaí, éagsúlacht dearcaí agus dearcaí nua a chur ar fáil dóibh, ag leathnú a gcreasa compord intleachtúil) agus próiseas meaitseála (ag ceangal eispéireas, stíleanna foghlama agus cúlraí cultúrtha/reiligiúnacha na ndaltaí le chéile). Ba chóir go mbeadh léargas criticiúil i gceist leis freisin, lena n-áirítear cur amach a bheith againn ar ról an léargais agus na claontachta maidir le bonn eolais dár dtuiscintí ar fad.

**An dalta**

Trí thuiscint a fháil ar éagsúlacht shóisialta, chultúrtha agus reiligiúnach mhéadaithe ár ndaltaí, cabhraíonn sé linn tuiscint a fháil ar an eispéireas a bhíonn ag daltaí as cúlraí difriúla ar thimpeallacht an tseomra ranga. Cé go mbíonn aincheisteanna aistrithe roimh gach dalta san iarbhunscoil, is féidir go mbeidh daltaí as grúpaí mionlacha níos leochailí ó thaobh ráitis steiréitipiciúla, boinn tuisceana nach ndearnadh machnamh fúthu agus scéalta grinn fánacha de.

Fuarthas amach i suirbhé ar eispéireas na ndaltaí den aistriú ón oideachas bunscoile chuig oideachas iarbhunscoile go mbíonn é seo a leanas i gceist: “students from non-national and Traveller backgrounds report more transition difficulties than other students.” lch 283 Moving Up: The experience of first year students in post primary education. (2004) ESRI/CNCM. Tá ról le glacadh ag an scoil iomlán maidir le cultúr a chruthú ina gcuirtear luach ar an éagsúlacht agus ina dtugtar meas comhionann ar gach dalta. Ar an ábhar seo, is féidir go mbeadh sé úsáideach do scoileanna staidéar a dhéanamh ar na Treoirlínte um Oideachas Idirchultúrtha. (CNCM/An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2005)

**Sampla praiticiúil: Roinn G: Adhradh, urnaí agus deasghnátha**

Is féidir go mbeifeá ag ceapadh go mbeadh sé deacair dul i ngleic le téama an adhartha, na hurnaí agus an deasghnátha má tá tú ag múineadh daltaí de gach creideamh chomh maith leo siúd nach bhfuil creideamh ar bith acu. Nuair a thógtar aidhmeanna na roinne seo san áireamh, áfach, is soiléir gur féidir le daltaí an chuid seo den chúrsa a chur i gcrích ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh aidhmeanna agus cuspóirí an tsiollabais de agus ar bhealach ina dtugtar meas ar eispéiris dhifriúla na ndaltaí. Is iad na haidhmeanna ná:

1 Feasacht a fhorbairt ar an ngné spioradálta de shaol an duine.

2 Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a chuirtear an ghné spioradálta seo in iúl i gcultúir agus i gcomhthéacsanna éagsúla.

3 Scrúdú a dhéanamh ar roinnt de phatrúin an deasghnátha agus an adhartha a bhíonn le fáil sna reiligiúin, ag déanamh tagairt ar leith do na traidisiúin Chríostaí.

4 Anailís agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na bpatrún sin ar shochaí agus ar chultúr na hÉireann.

5 Oscailteacht maidir le forbairt spioradálta phearsanta a spreagadh.

Ní mór do mhúinteoirí a choinneáil i gcuimhne go mbunófar measúnú na ndaltaí ar na cuspóirí thuas agus ar an eolas, tuiscintí, scileanna agus dearcaí a liostaítear ag tús gach roinne den siollabas.

Cé go mbainfidh daltaí leas as a dtaithí féin ina gcuid freagraí, ní dhéanfar measúnú ar a ndílseacht phearsanta don chreideamh agus/nó ar a bpáirt i ngrúpa reiligiúnach áirithe.

Agus an chuid seo den chúrsa á múineadh, is féidir go mbeidh múinteoirí ag iarraidh cineálacha difriúla deasghnátha nó urnaí a nochtadh do dhaltaí. Ag é seo á dhéanamh, tá sé tábhachtach a aibhsiú gur chóir go mbeadh saoirse ag daltaí páirt a ghlacadh san eispéireas, breathnú air nó machnamh a dhéanamh air an oiread agus atá oiriúnach. B’fhéidir go nglacfaidh roinnt daltaí páirt iomlán ann, beidh daltaí eile ag breathnú air, agus is féidir leo ar fad machnamh a dhéanamh ar thábhacht an deasghnátha mar bhealach chun an ghné spioradálta den saol a chur in iúl (i gcomhréir leis na haidhmeanna a sonraítear thuas). Agus múinteoirí ag nochtadh deasghnáth do dhaltaí as traidisiún creidimh nach bhfuil cur amach acu air, tá sé tábhachtach meas a thaispeáint ní amháin don dalta (ba chóir an dalta a chumasú le breathnú nó páirt a ghlacadh sa mhéid agus atá oiriúnach) ach don traidisiún reiligiúnach agus a chineál adhartha freisin. Dá bhrí sin, is cuid den fhoghlaim atá i gceist le híogaireacht ó thaobh éadaí, cuibhiúlachta agus iompar maith de freisin.

Ceisteanna samplacha le daltaí a ullmhú chun breathnú ar dheasghnáth/páirt a ghlacadh i ndeasghnáth nach bhfuil cur amach acu air

- An bhfuil aon duine sa rang a ghlac páirt nó a bhí ag breathnú ar dheasghnáth den chineál seo roimhe seo?
- Cad a mbeifeá ag súil go bhfeicfeá?
- Cad tá á chomóradh ag an deasghnáth?
- Cén bunús atá leis an deasghnáth?
- Cad iad na ceisteanna a bhfuil tú ag iarraidh iad a chur anois le hullmhú don chuairt?
- Cad iad na ceisteanna a chuirfidh tú ar an gceannaire reiligiúnacha/ionadaí a bhuailfidh leis an rang?
- Conas is féidir linn ómós a léiriú agus muid ag glacadh páirte sa deasghnáth nó ag breathnú ar an deasghnáth seo?

Ceisteanna samplacha le cabhrú le daltaí machnamh a dhéanamh ar a n-eispéireas ina dhiaidh

- Cad a chonaic tú?
- Cad a thug tú faoin deara faoin spás – céard iad na gnéithe a raibh tú in ann iad a aithint a chruthaigh spás beannaithe?
- Cén sórt focail agus gníomhartha a bhí in úsáid ag na daoine agus iad i mbun urnaí?
- Cén tábhacht a bhí ag baint le siombailí? Cén siombailí a úsáideadh?
- Cén eispéireas a bhí agat den deasghnáth? An raibh sé ar aon dul lena raibh tú ag súil leis? Cén fáth/cén fáth nach raibh?
- Cad a d'fhoghlaim tú?
- Cén bhrí agus tábhacht atá ag an deasghnáth do lucht leanúna an traidisiúin chreidimh seo sa lá atá inniu ann dar leat?

**Sracfhéachaint ar an éagsúlacht**

Dá mbeadh 1000 duine ar an domhan seo, bheadh an cuma seo air:

- 584 Áiseach
- 124 Afracach
- 95 Eorpach
- 84 Meiriceánach Laidineach

- 55 Rúiseach agus daoine as iarphoblachtaí Sóivéide
- 52 duine as Meiriceá Thuaidh
- 6 de mhuintir an Aigéin Chiúin.

Orthu seo bheadh

- 329 Críostaithe (187 Caitliceach, 84 Protastúnach, 31 Ceartchreidmheach ina measc)
- 178 Moslamach
- 167 duine 'Gan reiligiún'
- 60 Búdaithe
- 45 Aindiachaithe
- 32 Hiondúch
- 3 Giúdach
- 86 duine de reiligiúin eile.

*Foinse: 80:20 Development in an Unequal World (2002)*

Láithreáin ghréasáin úsáideacha:

www.religioustolerance.org

www.interfaithcalendar.org

www.cleo.ucsm.ac.uk/content/profpolicies/assessment/assessment_sheets/re/re.htm

**TEICNEOLAÍOCHTAÍ NA FAISNÉISE AGUS NA CUMARSÁIDE SAN OIDEACHAS REILIGIÚIN**

Éilíonn an t-oideachas reiligiúin i gclár na hArdteistiméireachta ar dhaltaí fiosrú a dhéanamh ar shaincheisteanna ar nós brí agus luachanna, nádúr na moráltachta, forbairt agus éagsúlacht chreidimh, prionsabail na sochaí córa, agus na himpleachtaí a bhaineann le dul chun cinn na heolaíochta. Caithfidh na daltaí a leanann den chúrsa staidéir seo na róil seo a leanas a ghlacadh chucu féin: ceistitheoirí criticiúla, dul sa tóir ar fhaisnéis, anailísithe, measúnóirí, fadhbanna a réiteach, cinntí a dhéanamh, dul i mbun cumarsáide agus eolas agus tuiscint a fhorbairt.

Is féidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) san oideachas reiligiúin forbairt ar na róil a léirítear thuas a chumasú, a fheabhsú agus a thacú. Beidh an méid úsáide a bhaintear as TFC san oideachas reiligiúin ag brath ar roinnt fachtóirí, agus ní bheidh na fachtóirí seo mar an gcéanna i measc ranganna, múinteoirí agus scoileanna difriúla. I measc na bhfachtóirí seo tá úsáideacht na TFC maidir le forbairt a dhéanamh ar fhoghlaim na ndaltaí sa réimse den oideachas reiligiúin atá idir lámha, na hacmhainní atá ar fáil (crua-earraí agus bogearraí araon) agus leibhéil litearthachta TFC na múinteoirí agus na ndaltaí ar aon.

*Is éard atá i gceist le litearthacht TFC ná suim, dearcadh agus cumas daoine aonair úsáid oiriúnach a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach agus uirlisí cumarsáide le faisnéis a rochtain, a bhainistiú, a chomhtháthú agus a léirmheas, eolas nua a chur le chéile, agus dul i mbun cumarsáide le daoine eile chun páirt a ghlacadh sa tsochaí go héifeachtach.*[1]

**Leasanna do dhaltaí a bhaineann le TFC a úsáid san oideachas reiligiúin**

Tá go leor bealaí ina bhfuil TFC in ann tacaíocht a thabhairt don fhorbairt ar eolas, tuiscint, scileanna agus dearcadh na ndaltaí san oideachas reiligiúin.

**Áirítear orthu siúd:**

- forbairt a dhéanamh ar scileanna próiseála faisnéise na ndaltaí trí rudaí a fháil amach ó fhoinsí éagsúla, faisnéis a roghnú agus a chur le chéile le riachtanais shonracha a chomhlíonadh agus forbairt a dhéanamh ar chumas cruinneas, claontuairimí agus údarás fhoinsí difriúla faisnéise a cheistiú[2]

- faisnéis a mhalartú agus a roinnt le piaraí, eagraíochtaí agus saineolaithe i réimse ar leith

- ceisteanna a chur agus a fhreagairt ar shaincheisteanna reiligiúnacha, sóisialta, eiticiúla nó morálta agus léirmhínithe, argóintí agus conclúidí difriúla a thuiscint, a anailísiú agus a mheas

- smaointe a fhorbairt ag úsáid uirlisí TFC chun obair a phleanáil, a athrú, a mhionchoigeartú agus a fheabhsú, ag déanamh machnamh criticiúil ar a caighdeán, a cruinneas agus a cur i láthair agus í ag dul chun cinn.

**Leasanna do mhúinteoirí a bhaineann le TFC a úsáid san oideachas reiligiúin**

Chomh maith leis na leasanna a bhaineann daltaí as TFC a úsáid, bíonn go leor leasanna ann do mhúinteoirí freisin lena n-áirítear

- saineolas ar an ábhar agus tacaíocht piaraí a fheabhsú trí thaighde, cumarsáid agus comhoibriú le speisialtóirí agus saineolaithe eile san ábhar. Is féidir le taighde a dhéantar ar an Idirlíon tacú le hullmhúchán chun gach gné den siollabas oideachas reiligiúin a mhúineadh (féach Aonad 8 do láithreáin ghréasáin shamplacha).

- acmhainní ilmheán a tháirgeadh. Is féidir le TFC rochtain a éascú ar raon uirlisí gur féidir a úsáid chun acmhainní ilmheán don seomra ranga a phleanáil, a fhorbairt agus a tháirgeadh.

- éagsúlacht níos leithne de mhodheolaíochtaí múinteoireachta a éascú. Mar shampla, is féidir TFC a úsáid chun grúpobair chomhoibríoch, foghlaim neamhspleách agus idirghníomhú an ranga iomláin a éascú.

- measúnú, taifeadadh, tuairisciú. Is féidir le daltaí punann oibre a cuireadh le chéile go leictreonach a fhorbairt, agus í a úsáid mar chuid den mheasúnú laistigh den scoil. Tá raon leathan uirlisí bunaithe ar TFC ar fáil freisin chun cabhrú le múinteoirí maidir le taifid a choinneáil, anailís a dhéanamh ar shonraí agus tuairisciú.

[1] ECFE (2003), Iarscríbhinn B: Assessing Information and Communication Technology (ICT) Literacy in PISA 2006. Report of the ICT Expert Panel.

[2] Nuair atá úsáid á baint as an Idirlíon sa seomra ranga tá sé tábhachtach go dtabharfadh an múinteoir cuairt ar shuíomhanna gréasáin roimh ré le déanamh cinnte go bhfuil an t-ábhar oiriúnach do dhaltaí, dá leibhéal ranga agus don topaic atá idir lámha. Féach Principles for Learning with ICT, Curriculum, Assessment and ICT in the Irish context: A discussion paper. CNCM, 2004.

**Cén fáth go mbainfí úsáid as TFC san oideachas reiligiúin?**

Teastaíonn tuiscint shoiléir maidir leis an gcaoi atá TFC

- in ann tacú leis an gcuraclam agus le measúnú

- ag dul le cleachtas oideolaíoch reatha, chun ceisteanna maidir le céard, conas agus cén uair le bheith ag foghlaim le TFC a fhreagairt.

Is é an príomhchuspóir atá ag TFC sa churaclam agus measúnú ná chun tacaíocht a thabhairt don teagasc agus don fhoghlaim agus iad a fheabhsú agus a athrú ó bhonn. Moltar na prionsabail seo a leanas atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir le tacaíocht ón múinteoir i leith foghlama le TFC. Leagann na prionsabail seo béim ar na gnéithe gníomhacha agus machnaimh den teagasc agus den fhoghlaim.

**Prionsabail i leith foghlama le TFC**

Cuireann TFC an fhoghlaim chun cinn agus cuireann sé luach leis an gcuraclam agus measúnú nuair a thacaítear leis na nithe seo a leanas:

**Rannpháirtíocht ghníomhach na ndaltaí ina gcuid foghlama féin**

Is é is fearr a fhoghlaimíonn daltaí ábhar casta ná nuair a bhíonn siad páirteach sa phróiseas ag tógáil brí ó fhaisnéis agus óna n-eispéireas féin chun a spriocanna féin a chomhlíonadh. Is féidir le daltaí TFC a úsáid i bhfoghlaim atá bunaithe ar fhiosrúchán chun tógáil ar an eolas agus ar an taithí atá acu cheana féin agus ansin a bhealaí féin chun foghlama a leanúint bunaithe ar a gcuid riachtanas oideachais.

Is féidir le TFC foghlaim mar sin a éascú san oideachas reiligiúin ar go leor bealaí. Mar shampla, faoi Roinn F den siollabas, Saincheisteanna córa agus síochána, cuirtear prionsabail agus scileanna a bhaineann le hanailís shóisialta i láthair do na daltaí.

Agus anailís shóisialta á déanamh ar leithcheal in Éirinn, d'fhéadfadh daltaí úsáid a bhaint as na nithe seo a leanas;

- próiseálaí focal chun na luachanna agus na creidimh a thugann siad leo chuig an tasc a thaifead

- próiseálaí focal chun na heochairfhíorais a d'aimsigh siad faoin gceist a dhoiciméadú agus achoimre a thabhairt orthu

- scarbhileog chun forbairt agus anailís a dhéanamh ar shuirbhé chun faisnéis a bhailiú agus a léiriú faoin staid reatha maidir le leithcheal in Éirinn

- próiseálaí focal, foilsitheoireacht deisce (DTP), pacáiste chur i láthair nó físeán chun a dtorthaí a chur i láthair

- bogearraí mapála coincheap (a chruthaíonn léaráidí cosúil le snáth damháin alla) in éineacht le teilgeoir sonraí (uirlis TFC a éascaíonn formhéadú a dhéanamh ar an méid atá ar an scáileán ríomhaire chuig méid iomlán taispeána) le ransú smaointe a dhéanamh agus iad a dhoiciméadú faoi na gníomhartha féideartha go bhféadfaí a dhéanamh chun na cásanna diúltacha a aithníodh sa taighde seo a fheabhsú
- próiseálaí focal, foilsitheoireacht deisce (DTP), pacáiste chur i láthair nó físeán chun a moltaí a chur i láthair faoi na gníomhartha go bhféadfaí a thógáil.

**Forbairt ar scileanna ardsmaointeoireachta na ndaltaí**

Le go n-éireoidh le daltaí a bheith ina bhfoghlaimeoirí atá in ann dul in oiriúint de réir mar is gá, ní mór dóibh straitéisí éagsúla ó thaobh smaointeoireacht chriticiúla, fadhbréitigh agus réasúnaíochta de a fhorbairt agus a úsáid.

Is féidir le TFC forbairt agus úsáid na scileanna sin san oideachas reiligiúin a éascú. Mar shampla, is féidir le daltaí tabhairt faoi chuardaigh gréasáin mhionchoigeartaithe le faisnéis a rochtain, a scagadh agus a léirmhíniú ó fhoinsí éagsúla príomhúla agus tánaisteacha ar líne.

Is féidir le daltaí critéir oiriúnacha a fhorbairt agus a úsáid, ar bhonn comhoibrithe lena múinteoir agus lena bpiaraí, le measúnú a dhéanamh ar chruinneas, úsáideacht agus chlaontuairim na faisnéise. Ba chóir go ndéanfadh daltaí claontuairimí, ceannfháthanna agus dearcadh a aithint agus an tionchar a bhíonn acu seo ar chruinneas, ábharthacht agus oiriúnacht na faisnéise.

Is féidir le daltaí cinneadh a dhéanamh ansin faoin modh is fearr chun a dtorthaí a thiomsú agus a chur i láthair, ag roghnú i measc réimse leathan uirlisí TFC lena n-áirítear próiseáil focal, DTP, ábhair ilmheán, eagarthóireacht físeán, dearadh gréasáin, srl. ag coinneáil cuspóir a ngníomhaíochta agus an lucht léitheoireachta i gcuimhne.

**Foghlaim an dalta i dtimpeallachtaí údaracha**

Imríonn timpeallacht na ndaltaí féin tionchar ar a gcuid foghlama. Áirítear leis seo an comhthéacs cultúrtha, acmhainní, teicneolaíocht, agus cineálacha cur chuige agus modheolaíochtaí múinteoireachta. Bíonn múinteoirí i gcónaí i mbun bainistithe agus ag dul in oiriúint don idirghníomhú i measc na bhfachtóirí seo le go mbeidh siad oiriúnach do riachtanais na ndaoine aonair sa rang.

Is féidir le TFC luach a chur le cás foghlama nuair a úsáidtear é chun eispéiris a chruthú atá níos cosúla leis an gcineál foghlama a bhíonn le fáil sa ghnáthshaol laethúil. Mar shampla, nuair a bhíonn staidéar á dhéanamh ar Roinn C den siollabas, Reiligiúin an domhain, is féidir le daltaí dul i mbun cumarsáide le daltaí as cultúir agus cúlraí reiligiúnacha difriúla ar líne trí ríomhphost, fóraim plé, seomraí comhrá, ceamaraí gréasáin agus físchomhdhálacha, agus eispéiris a roinnt, ceisteanna a chur agus faisnéis/soiléiriú a lorg dá bharr.

Is féidir go gcuirfidh TFC rochtain ar fáil do dhaltaí ar 'shaineolaithe' nach bhfuil lonnaithe gar don scoil trí ríomhphost, fhíschomhdháil agus fhóraim plé. Is féidir leis seo tacú le go leor gnéithe den siollabas oideachas reiligiúin agus iad a shaibhriú.

**Suim agus rannpháirtíocht an dalta san fhoghlaim**

Tá an t-inspreagadh ag croílár na foghlama. Is féidir le TFC inspreagadh na ndaltaí a fheabhsú. Bíonn timpeallachtaí foghlama rannpháirtíocha le feiceáil go soiléir nuair a bhíonn baint ghníomhach ag daltaí le tascanna suimiúla ábhartha a chur i gcrích agus déantúsáin a chruthú ag úsáid fíoruirlisí cosúil le grianghraif dhigiteacha agus ceamaraí físe, gléasanna fuaime, srl. Beidh daltaí atá ag obair mar chuid d'fhoireann chun tionscadal ilmheán a chur le chéile spreagtha chun an iarracht a theastaíonn a chur isteach chun mír a dhéanamh a bhfuil luach ag a bpiaraí air, agus gur féidir a chur i láthair lucht féachana áirithe.

Is féidir le TFC foghlaim mar sin a éascú san oideachas reiligiúin ar go leor bealaí. Mar shampla, i roinn D den siollabas, Cinneadh morálta a dhéanamh, d'fhéadfaí cásanna féideartha a chur i láthair do dhaltaí ina bhfuil gá le cinneadh a dhéanamh ina bhféadfadh coinbhleacht a bheith ann idir luachanna pearsanta agus luachanna an phiarghrúpa/an phobail/na sochaí. D'fhéadfaí tasc a shannadh do dhaltaí rólghlacadh a dhéanamh ar na cásanna seo, agus iad ag obair i ngrúpaí. D'fhéadfaí an rólghlacadh seo a thaifeadadh i bhfíseán digiteach agus a thaispeáint don rang. Tá go leor buntáistí ag baint le físeán digiteach a úsáid lena n-áirítear iad seo a leanas:

- is féidir an rólghlacadh a phleanáil, a imirt nó a thaifeadadh i rith nó taobh amuigh den am ranga
- is féidir an mhír físe a úsáid arís agus arís eile ar mhaithe le cuspóirí éagsúla, lena n-áirítear: an rólghlacadh a athsheinm le díriú ar phointí áirithe, comharthaíocht choirp, leibhéal rannpháirtíochta na ndaltaí, scileanna cumarsáide, príomhargóintí, srl.
- trí cheamara digiteach a úsáid don rólghlacadh bíonn deiseanna ann forbairt a dhéanamh ar scileanna cumarsáide, comhoibrithe agus tógála foirne
- go ginearálta baineann daltaí sult agus spreagadh as teicneolaíocht a úsáid
- déanann daltaí taifead a choinneáil ar a gcuid oibre.

Tá ceamara digiteach ina acmhainn thar a bheith úsáideach freisin chun pointe ama nó cás ar leith a ghabháil. Is féidir grianghraf ('fráma reoite') den rólghlacadh a thógáil agus a thaispeáint do dhaltaí chun plé a chothú faoina bhfuil ag tarlú sa phictiúr, mothúchán/smaointe na ndaoine, an méid a d'fhéadfadh tarlú ina dhiaidh agus na torthaí féideartha a d’fhéadfadh a bheith ann.

**Foghlaim dhifreáilte do gach dalta**

Bíonn an fhoghlaim is éifeachtaí ann nuair a thógtar na cineálacha difríochtaí i measc daoine aonair, ó thaobh forbairt intleachtúil, mhothúchánach, teanga agus shóisialta de, san áireamh. Is féidir le múinteoirí TFC a úsáid chun freastal ar raon na ndifríochtaí i measc daoine aonair agus raon de stíleanna foghlama. Tá réimse leathan de dheiseanna foghlama ilmhodúil atá ar fáil go héasca trí TFC, ina bhfuil daltaí in ann meascán d'acmhainní grafaice, físeacha, cloiste agus téacs a úsáid chun foghlaim. Is féidir leis seo tacaíocht a thabhairt do stíleanna foghlama difriúla, go háirithe le daltaí a d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith acu nuair a dhéantar foghlaim a stiúradh gan ach ceann amháin de na cainéil sin thuas a úsáid.

Is féidir le TFC tacaíocht a thabhairt don mhúinteoir chun timpeallacht barrmhaitheasa a chruthú le tacú le forbairt gach dalta aonair. Éascaíonn TFC tascanna ar bhonn aonraic a chruthú. Éascaíonn TFC le daltaí obair a dhéanamh ag a luas féin agus i dtimpeallachtaí foghlama neamhspleácha féintreoirithe. Cuireann meáin leictreonacha ar chumas daltaí a gcuid oibre a dhréachtú, machnamh a dhéanamh air, aiseolas a fháil agus é a athdhréachtú arís agus arís eile i bhfad níos éasca ná mar is amhlaidh i bhformáidí neamhleictreonacha.

**Foghlaim chomhoibríoch**

Bíonn tionchar mór ag ár gcaidrimh shóisialta, ár gcaidrimh idirphearsanta agus ár gcumarsáid le daoine eile ar ár gcuid foghlama. Glactar leis go bhfuil comhoibriú tábhachtach chun cumas na ndaltaí a dtuairimí a mheas agus údar a thabhairt orthu, eolas a bhailiú agus a roinnt le daoine eile, agus a dtuiscint reatha a athrú ó bhonn. Laistigh den seomra ranga féin, is minic go mbíonn grúpobair chomhoibríoch ar bun ag daltaí. Is féidir le TFC tacú le gníomhaíochtaí mar sin agus iad a fheabhsú agus deiseanna comhoibrithe a leathnú taobh amuigh den seomra ranga.

Is féidir le daltaí dul i mbun comhoibrithe agus cumarsáide lena bpiaraí i seomraí ranga ar fud na cruinne agus le 'daoine cáiliúla' agus 'saineolaithe' i réimsí difriúla ag úsáid an Idirlín, ríomhphoist, cláir feasacháin leictreonacha agus cineálacha eile cumarsáide leictreonaí. Is féidir le daltaí dul i mbun oibre ar thionscadail chomhoibríocha lena gcomhpháirtithe i dtíortha eile, ag cur lena bhforbairt ar fheasacht chultúrtha agus a dtuiscint ar an tsaorántacht dhomhanda.

**Measúnú ar fhoghlaim agus measúnú chun foghlama**

Cuireann measúnú faisnéis thábhachtach ar fáil do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí ar feadh an phróisis fhoghlama. Bíonn inspreagadh agus dúshlán chun foghlama ann do dhaltaí nuair a thuigeann siad spriocanna na foghlama, agus nuair a bhíonn siad féin páirteach ina gcuid spriocanna féin a leagadh síos. Glactar le measúnú mar ghnáthchuid den timthriall teagaisc agus foghlama. Is féidir le TFC tacaíocht a chur ar fáil do mheasúnú ar oideachas reiligiúin ar roinnt bealaí.

Mar shampla

- Obair Chúrsa

  Is féidir le daltaí TFC a úsáid agus céimeanna difriúla den taighde á n-ullmhú, á bhforbairt agus á gcur i láthair acu ar a dtopaic don obair chúrsa.
  Is féidir le daltaí a gcuid oibre a fhorbairt agus a choinneáil i bhformáid leictreonach. Is féidir é seo a úsáid go múnlaitheach; ag cur ar chumas na ndaltaí machnamh a dhéanamh ar a gcéim forbartha i dtasc; aiseolas a fháil ó mhúinteoirí agus ó chomhghleacaithe agus athcheartú a dhéanamh ar a gcuid oibre dá réir sin. Feabhsaíonn sé seo cumas na ndaltaí féinmheasúnú a dhéanamh; bíonn inspreagadh feabhsaithe ann agus cuirtear foghlaim féintreoraithe chun cinn.

- Measúnú inmheánach

  Is féidir r-phunanna a úsáid ar mhaithe le measúnú inmheánach a dhéanamh. Roghnaíonn an dalta, i gcomhpháirtíocht leis an múinteoir, an obair atá curtha le chéile aige/aici nó roghnúchán den obair sin agus cuirtear i láthair é chun measúnú a dhéanamh air, agus bronntar grád, leibhéal nó marc air ansin.

## CUID 4 MEASÚNÚ

### 1 An réasúnaíocht atá leis an measúnú

Is éard atá i gceist le measúnú san oideachas ná faisnéis a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid maidir le próisis agus torthaí na foghlama. Bíonn go leor foirmeacha difriúla i gceist leis agus is féidir úsáid a bhaint as ar bhealaí éagsúla, cosúil le gnóthachain a scrúdú agus teastas a bhronnadh ina leith (m.sh. An Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht), chun bealaí oiriúnacha a roghnú do dhaltaí le tógáil le dul trí curaclam difreáilte nó le sainréimsí a aithint ina bhfuil deacracht (nó láidreacht) ag dalta áirithe.

Baineann múinteoirí úsáid as uirlisí measúnaithe éagsúla chun faisnéis a bhailiú faoi fhoghlaim na ndaltaí. Bíonn cur amach ag múinteoirí ar na foirmeacha measúnaithe seo a leanas: ceisteanna a chur, scrúduithe scríofa a thabhairt ag deireadh aonaid staidéir, cúraimí obair baile a leagadh síos agus a cheartú. Baineann múinteoirí úsáid as toradh an mheasúnaithe le daltaí a chur ar an eolas maidir lena ndul chun cinn, le tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí agus le gníomhaíochtaí a phleanáil sa seomra ranga amach anseo.

### 2 Measúnú ar an bhfoghlaim agus measúnú chun foghlama

De bharr dul chun cinn atá déanta le déanaí faoin gcaoi ina dtarlaíonn an fhoghlaim agus faoi mar a dhéanann foghlaimeoirí a mbealach trí ghníomhaíochta an tseomra ranga, fuarthas tuiscintí nua ar thábhacht an mheasúnaithe maidir le foghlaim a chur chun cinn. Tá tionchar ag na peirspictíochtaí nua seo ar an gcuraclam iomlán de réir mar a bhogann an fócas sa ghníomhaíocht mheasúnaithe ó mheasúnú ar an bhfoghlaim go dtí measúnú chun foghlama - aiseolas a thabhairt d'fhoghlaimeoirí conas a gcuid foghlama a fheabhsú.

Leagtar amach príomhghnéithe an mheasúnaithe ar an bhfoghlaim agus measúnaithe chun foghlama thíos

| **MEASÚNÚ *AR* AN bhFOGHLAIM** | **MEASÚNÚ *CHUN* FOGHLAMA** |
|---|---|
| tarlaíonn sé seo tar éis don fhoghlaim a bheith curtha i gcrích | is cuid lárnach den phróiseas foghlama é an measúnú |
| bailíonn an múinteoir an t-eolas | roinntear an t-eolas leis an bhfoghlaimeoir |
| de ghnáth déantar marcanna nó gráid den eolas | bíonn eolas ar fáil faoi cháilíocht na foghlama |
| déantar comparáid le feidhmíocht daoine eile | baineann tábhacht le comparáid a dhéanamh idir aidhmeanna agus cuspóirí |
| breathnaítear siar ar fhoghlaim a tharla roimhe seo | breathnaítear ar aghaidh chuig an gcéad chéim |

Tá sé tábhachtach, áfach, gan féachaint ar mheasúnú ar an bhfoghlaim agus ar mheasúnú chun foghlama mar chleachtais bhréagnaithe nó a thagann salach ar a chéile. Cé go mbeidh áit ag measúnú ar an bhfoghlaim san oideachas agus i gcleachtas an tseomra ranga agus na scoile i gcónaí, cuireann forbairt an mheasúnaithe chun foghlama deiseanna nua ar fáil do mhúinteoirí.

## 3 Príomhphrionsabail

Is éard atá i gceist le measúnú chun foghlama ná measúnú a úsáid sa seomra ranga mar uirlis chun foghlaim na ndaltaí a fheabhsú, agus baineann na tréithe seo a leanas leis

- spriocanna foghlama a chomhroinnt le daltaí
- cabhrú le daltaí na caighdeáin atá mar sprioc acu a aithint
- go mbeadh baint ag daltaí maidir le measúnú a dhéanamh ar a gcuid foghlama féin
- aiseolas a thabhairt, a chabhraíonn le daltaí an méid is gá dóibh a dhéanamh chun bearnaí ar bith ina gcuid eolais nó tuisceana a dhúnadh
- muinín a chur in iúl gur féidir le gach dalta feabhsú
- athruithe a dhéanamh ar an teagasc le torthaí an mheasúnaithe a thógáil san áireamh.(Féach láithreán gréasáin na CNCM ag http://www.curriculumonline.ie/ga/Curaclam_na_hIar-Bhunscoile/Curaclam_na_Sraithe_Sh%C3%B3iseara%C3%AD/)

## 4 Measúnú ar oideachas reiligiúin i scrúdú na hArdteistiméireachta: Cad air a ndéanfar measúnú?

Bunófar measúnú an Oideachais Reiligiúin don Ardteistiméireacht ar na cuspóirí a bhaineann le heolas, le tuiscint, le scileanna agus le dearcadh, laistigh de gach roinn den chúrsa. Cé gur féidir le daltaí leas a bhaint as a dtaithí féin ina gcuid freagraí, ní dhéanfar measúnú ar a ndílseacht phearsanta don chreideamh agus/nó ar a bpáirt i ngrúpa reiligiúnach áirithe, i scrúdú a mbronnfar teastas náisiúnta dá réir. Leagtar amach an creat measúnaithe sa chairt thíos.

| EOLAS | COMHTHUISCINT | SCILEANNA | DEARCADH |
|---|---|---|---|
| Téarmaí lárnacha, sainmhínithe, cur síos agus idirdhealuithe | Tuiscint ar na tuiscintí éagsúla ar an saol idir tuiscintí reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha | Anailís, cur i bhfeidhm agus sintéis | Rannpháirtíocht dáiríre leis an ábhar |
| Cruinneas agus dóthanacht na faisnéise | Príomhchoincheapa agus iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla | Comparáid agus codarsnacht | Meas agus ómós ar shaibhreas na dtraidisiún reiligiúnach |
| Doimhneacht an eolais oiriúnach don leibhéal (gnáthleibhéal/ardleibhéal) | Tuiscint ar na naisc idir creideamh agus cleachtas, go háirithe mar a chuirtear in iúl sa mhoráltacht iad | Fianaise ar chreideamh reiligiúnach a aithint | Meas agus ómós ar an tuiscint neamhreiligiúnach ar an saol |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fianaise ar thaighde/staidéar | Eolas ar an idirchaidreamh idir na gnéithe fisiciúla, mothúchánacha, spioradálta, intleachtúla, morálta agus sóisialta d'eispéireas an duine | Cúiseanna agus iarmhairtí a aithint | A bheith oscailte don tóraíocht aonair agus comhthóraíocht don bhrí |
| Idirghaolmhaireacht na dtopaicí difriúla ar an gcúrsa a chur in iúl | Eolas ar na bealaí éagsúla ina gcuirtear creideamh reiligiúnach in iúl | Úsáid oiriúnach a bhaint as téacsanna agus acmhainní, agus machnamh criticiúil a dhéanamh orthu | Oscailteacht don phlé agus don tóraíocht ar chomhthuiscint |

## 5 Modhanna measúnaithe

Tá dhá eilimint i gceist leis an nós imeachta measúnaithe i ndáil le hoideachas reiligiúin na hArdteistiméireachta – obair chúrsa agus scrúdú cinn chúrsa. Cuirtear na marcanna don obair chúrsa agus don pháipéar scrúdaithe le chéile chun teacht ar an ngrád deiridh a mbronnfar.

Bronntar 400 marc san iomlán. Is 20% den mharc iomlán atá san obair chúrsa.

### An páipéar scrúdaithe

Maireann an páipéar Gnáthleibhéil 2 uair an chloig. Maireann an páipéar Ardleibhéil 2.5 uair an chloig.

Beidh raon ceisteanna i gceist leis an bpáipéar scrúdaithe lena n-áirítear ceisteanna gairide, ceisteanna ar stíl ailt agus ceisteanna i bhfoirm aiste.

Nóta: Féach an páipéir scrúdaithe samplach atá eisithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## 6 Difreáil idir Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Cuirtear an siollabas ar fáil ag dhá leibhéal: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal.

Déanann an siollabas idirdhealú idir Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal mar seo a leanas:

1. Raon na dtopaicí: Clúdaíonn an tArdleibhéal an Gnáthleibhéal. Ag an Ardleibhéal tá raon topaicí leathnaithe de dhíth. Tá siad seo clóbhuailte i gcló dubh ar fud an tsiollabais.

2. Doimhneacht na cóireála: Beifear ag súil leis freisin go léireoidh daltaí Ardleibhéil doimhneacht tuisceana níos mó ar choincheapa agus ar ábhar an chúrsa chomh maith le cumas méadaithe dul i ngleic leis na topaicí go criticiúil.

## GLUAIS DE PHRÍOMH-THÉARMAÍ ARNA N-ÚSÁID SA MHEASÚNÚ AR SCRÚDÚ REILIGIÚIN NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

Is liosta é seo a leanas de na téarmaí is coitianta a úsáidtear agus an bhí atá leo i gcomhthéacs mheasúnú na ndaltaí. Níl sé i gceist gur liosta uileghabhálach a bheadh ann.

1 **Measúnú:** tugann sé le fios go ndéanann an dalta cothromú ar pheirspictíochtaí difriúla agus go dtaispeánann sé/sí scileanna breithiúnais agus meastóireachta.

2 **Comparáid:** tugann sé le fios go ndéantar dhá pheirspictíocht nó dhá sheasamh a chur i láthair agus go dtaispeántar na cosúlachtaí agus/nó difríochtaí.

3 **Codarsnacht:** tugann sé le fios go ndéantar dhá pheirspictíocht nó dhá sheasamh dhifriúla a chur i láthair agus go dtaispeántar na difríochtaí eatarthu.

4 **Cur síos:** tugann sé le fios go gcaithfidh an dalta pointí tábhachtacha na topaice a lua i bhfocail, nó uaireanta i léaráidí.

5 **Plé:** tugann sé le fios go ndéanfaidh an dalta imscrúdú ar pheirspictíochtaí nó ar thuairimí difriúla maidir le topaic agus go dtiocfaidh sé/sí ansin ar a c(h)onclúid/t(h)uairim féin.

6 **Míniú:** tugann sé le fios go gcaithfear níos mó eolais a thabhairt seachas liosta fíricí/smaointe/teoiricí. Caithfear na cúiseanna taobh thiar de na fíricí/smaointe/teoiricí seo a chur ar fáil freisin.

7 **Imscrúdú:** tugann sé le fios go gcaithfidh an dalta imscrúdú a dhéanamh ar smaoineamh nó ar theoiric agus go gcuirfidh sé/sí fianaise thacaíochta ar fáil dá c(h)uid conclúidí.

8 **Imlíne:** tugann sé le fios go mbeidh an dalta ag leagan amach na bpríomhphointí faisnéise a bhaineann le topaic.

9 **Próifíl:** tugann sé le fios go mbeidh an dalta ag rianú forbairt smaointe, teoirice, duine nó imeachtaí.

10 **Machnamh:** tugann sé le fios go dtabharfaidh an dalta ráiteas i leith a (h)eispéiris sa chomhthéacs inar cuireadh an cheist.

11 **Taighde:** tugann sé le fios go bhfaighidh an dalta faisnéis oiriúnach, go ndéanfaidh sé/sí sórtáil, taifeadadh, anailís ar an bhfaisnéis agus go dtiocfaidh sé/sí ar chonclúidí.

12 **Rianú:** tugann sé le fios go mbeidh cur chuige croineolaíoch in úsáid chun smaoineamh, teoiric, imeacht, srl. a fhorbairt.

**CEISTEANNA MEASÚNAITHE SAMPLACHA**

D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a úsáid mar uirlis chun obair bhaile a shocrú nó chun measúnú inmheánach sa scoil a leagan amach.
Tá na ceisteanna don pháipéar Ardleibhéil i gcló trom.

**ROINN A: AG CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA**

**Cuid a haon: Ag cuardach brí**

**Rannóg 1.1: An comhthéacs comhaimseartha**

1 Go minic déanann ceoltóirí, ealaíontóirí, scríbhneoirí agus cultúr na n-óg iniúchadh ar an duine ag cuardach brí.
Tabhair dhá shampla ó cheol, ó ealaín, ó litríocht nó ó chultúr na n-óg agus mínigh conas a thaispeánann gach ceann acu an duine ag cuardach brí.

2 'I still haven't found what I'm looking for'. (Bono)
Cad a bhíonn á chuardach ag daoine sa saol?
Mínigh conas a chuirtear constaicí in aghaidh an duine agus é/í ag cuardach brí?

I d'fhreagra aithin dhá fhachtóir sa tsochaí chomhaimseartha a d'fhéadfadh a bheith ina gconstaic in aghaidh an chuardaigh brí.

**Rannóg 1.2: Traidisiún an chuardaigh**

1. Samhlaigh go bhfuil duine de na daoine seo a leanas beo inniu agus gur tháinig siad ar ais chun labhairt le do rang – Arastatail, Platón, Sócraitéas. Scríobh amach an t-aitheasc a dhéanfadh sé. Cuir isteach ceann ar bith de phríomh-shaincheisteanna an lae inniu a bhféadfadh sé labhairt sé fúthu dar leat.

2 (a) Cérbh iad na sofaistí? Mínigh roinnt de na príomhsmaointe a bhí ag na sofaistí sa tsean-Ghréig.

(b) Conas a bhí tionchar acu ar fhorbairt na fealsúnachta?

## **Cuid a dó**: **An fhreagairt ar an gcuardach**

**Rannóg 2.2: Traidisiún an fhreagra**

1 Is sampla iad tógáil na bpirimidí san Éigipt d'iompar reiligiúnach i sochaí ársa. Tabhair dhá shampla eile a léiríonn fianaise ar iompar reiligiúnach i sochaí ársa.

2 Tabhair sampla ón gcultúr comhaimseartha d'amhrán a thaispeánann braistint na sácráilteachta. Agus tú ag tabhairt freagra ar an gceist, ba chóir duit roinnt línte ón amhrán a lua chun d'fhreagra a léiriú.

## Cuid a trí: Coincheapa de Dhia

### Rannóg 3.1: Na déithe ársa

Pioc ceann amháin acu seo a leanas – an Giúdachas, an Chríostaíocht nó an tIoslamachas, agus déan cur síos ar an gcoincheap de Dhia sa traidisiún sin.

### Rannóg 3.2: Coincheap an fhoilsithe

Sa traidisiún Ioslamach tháinig Mahamad trasna ar fhoilsiú ó Dhia sa teagmháil a bhí aige leis an Aingeal Gaibriéil sa phluais. Pioc traidisiún reiligiúnach agus tabhair sampla eile d'fhoilsiú ó Dhia sa traidisiún sin. Mínigh tábhacht an fhoilsithe sin sa traidisiún

### Rannóg 3.3: Dia a ainmniú, mar a bhí agus mar atá

Tabhair achoimre ar an gcruthúnas (na cruthúnais) go bhfuil Dia ann mar a thug Ainseilm, nó Aquinas nó diagaire eile a bhfuil staidéar déanta agat air.

## Cuid a ceathair: An reiligiún agus luachanna ag teacht chun cinn

#### Rannóg 4.1: An reiligiún mar fhoinse luachanna coiteanna

Pléigh conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag smaoineamh duine maidir le Dia ar na caidrimh atá acu sa saol.

### Rannóg 4.2: Foinsí saolta luachanna coiteanna

1 Mínigh an difríocht atá idir luachanna saolta agus reiligiúnacha.

2 Tá luachanna ag gach sochaí. Tá roinnt luachanna saolta agus roinnt acu reiligiúnach. As an liosta seo a leanas, cé acu atá saolta, cé acu atá reiligiúnach agus cé acu lena mbaineann an dá cheannteideal? Tabhair fáth i ngach cás.

*Níl sé ceart a bheith ag ól faoi aois.*

*Tá an saol beannaithe.*

*Níl sé ceart a bheith ag tiomáint róthapaidh ar na bóithre.*

*Tá sé de cheart ag daoine tuarastal maith a fháil.*

*Is rud maith é an t-iomaíochas i gcúrsaí gnó.*

**ROINN B: AN CHRÍOSTAÍOCHT: BUNÚS AGUS LEAGANACHA COMHAIMSEARTHA**

**Cuid a haon: Ag filleadh ar an mbunús**

**1.1 Patrún an fhillte**

1 (a) Déan cur síos ar an tuiscint atá agat ar an bhfrása 'ag filleadh ar an mbunús'.

(b) Cén fáth a ndéanann daoine iarracht filleadh ar an mbunús?

(c) Tabhair sampla ó institiúidí saolta nó reiligiúnacha maidir le conas a d'fhéadfadh éifeacht a bheith ag filleadh ar an mbunús ar an ngrúpa/eagraíocht.

## 1.2 Íosa agus a theachtaireacht sa chultúr comhaimseartha

2 *'I saw Christ today*

*At a street corner stand,*

*In the rags of a beggar he stood*

*He held ballads in his hand.'*

*Street Corner Christ* le Patrick Kavanagh

(a) Cén sórt íomhá a thugann Patrick Kavanagh d'Íosa sna línte seo?

(b) Tabhair sampla eile d'íomhá Íosa ó cheol comhaimseartha, scannán, ealaín nó litríocht agus mínigh cad a thug inspioráid don íomhá seo agus an bhaint atá aici leis an gcultúr agus leis an tsochaí chomhaimseartha.

## Cuid a dó: Fís Íosa i gcomhthéacs

**2.3 Teagasc Íosa agus tionchar an teagaisc ar an bpobal**

1 Tabhair breac-chuntas ar cheithre shaintréith atá ag ríocht Dé dar le seanmóirí Íosa.

2 Labhair Íosa i bparabail faoi ríocht Dé.

Pioc sampla amháin ó sheanmóireacht Íosa agus mínigh conas a thaispeánann an sampla sin gné den tuiscint atá ag Íosa faoin ríocht sin.

3 Pioc péire ar bith de na ráitis seo a leanas faoi Íosa agus tabhair tuairim ar a ábharthacht is atá siad don tsochaí chomhaimseartha:

(a) 'Is méanar do lucht síochána a dhéanamh'

(b) 'Bíodh grá agaibh do bhur naimhde'

(c) 'Díol do chuid iarmhais, tabhair do na boicht agus lean mise'

(d) 'An té a bhuaileann ar an leiceann tú, tabhair an leiceann eile leis chomh maith'.

**4 Tá teagasc Íosa bailithe ag Matha sna Biáide (caibidlí 5-7 de Shoiscéal Mhatha). Scríobh aiste ag tarraingt airde ar léargais mhorálta lárnacha an teagaisc seo dar leat.**

## Cuid a trí: An teachtaireacht i gcomhthéacs

### 3.1 Coinbhleacht leis an gcóras

1 Thug Íosa dúshlán do roinnt eochair-luachanna an tsaoil Rómhánaigh ina theagasc, cosúil le saibhreas, onóir, náire, síocháin, cumhacht. Roghnaigh ceann de na luachanna sin agus tabhair le fios conas a bhí dearcadh Íosa difriúil ó dhearcadh na Rómhánach.

2 Is minic a thagraíonn Íosa do na grúpaí polaitíochta agus reiligiúnacha a bhí ann lena linn. Pioc grúpa amháin agus déan cur síos ar an gcaidreamh a bhí aige leis an ngrúpa sin. Cad iad na difríochtaí a bhí idir Íosa agus an grúpa a roghnaigh tú i ndáiríre dar leat?

### 3.2 Bás agus aiséirí Íosa

1 Deirtear sna Soiscéil go ndearnadh líomhain gur threascair Íosa na daoine. An measann tú gurb é seo an fáth ar gabhadh Íosa agus ar cuireadh chun báis é?

2 Samhlaigh gur iriseoir tú ag maireachtáil in aimsir Íosa. Scríobh cuntas gearr le haghaidh do nuachtáin ag cur síos ar an gcaoi ar cuireadh pionós ar Íosa agus ar cuireadh chun báis é.

## Cuid a cúig: Teachtaireacht na Críostaíochta sa lá inniu

### 5.1 Léirmhíniú na teachtaireachta sa lá inniu

Roghnaigh ceann díobh seo a leanas le taispeáint conas a chomhlíonann sainchreideamh Críostaí amháin misean Íosa:

a Tabhair sampla d'fhreagra comhaimseartha Críostaí maidir le foréigean nó éadulaingt nó seicteachas.

b Tabhair sampla d'iarracht chomhaimseartha Chríostaí chun sochaí chóir agus chuimsitheach a chruthú.

c Tabhair sampla d'fhís chomhaimseartha Chríostaí maidir le húsáid acmhainní an domhain.

d Tabhair sampla d'fhreagra Críostaí maidir le bás a fháil agus leis an mbás.

e Tabhair sampla de na struchtúir agus den údarás atá ag pobal Críostaí.

## 5.2 Treochtaí sa Chríostaíocht

**1** **Tabhair breac-chuntas ar dhá phríomh-éacht atá bainte amach agus dhá dheacracht sa chuardach ar aontas Críostaí.**

**Nó**

**2** **Mínigh na bealaí ina gcuimhníonn dhá dheasghnáth d'adhradh Críostaí ar Íosa.**

## ROINN C: REILIGIÚIN AN DOMHAIN

### Cuid a haon: Feiniméan an reiligiúin

I suirbhé idirnáisiúnta a rinneadh le déanaí maidir le cleachtais reiligiúnacha, bhíothas den tuairim go gcreideann muintir na hÉireann i nDia agus sa bheatha tar éis an bháis i gcónaí, agus go bhfreastalaíonn siad ar adhradh seachtainiúil níos mó ná aon phobal eile san Eoraip.

a I do thaithí féin, an bhfuil na torthaí seo cruinn i gcás daoine óga an lae inniu. Abair cén fáth go bhfuil nó nach bhfuil.

b Ainmnigh treocht reiligiúnach eile in Éirinn inniu.

### Cuid a dó: Súil níos géire ar na mórthraidisiúin bheo

| **Liosta A** | **Liosta B** |
|---|---|
| An Chríostaíocht | An tIoslamachas |
| An Giúdachas | An Búdachas |
| | An Hiondúchas |

### 2.1 Fís den slánú

1 Cuir i gcomparáid an fhís den slánú nó den saoradh nó den fhuascailt mar a gcuirtear i láthair í sa dá thraidisiún atá roghnaithe agat le staidéar a dhéanamh orthu (ceann as liosta A agus ceann as liosta B).

2 Tabhair achoimre ar an smaoineamh go bhfuil an duine i láthair i ngach ceann den dá thraidisiún a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**3 Ag úsáid samplaí as gach traidisiún, déan cur síos ar an gcaidreamh idir an neach tarchéimnitheach (Dia) agus an duine i ngach ceann den dá thraidisiún atá roghnaithe agat chun staidéar a dhéanamh orthu.**

### 2.2 Pobal na gcreidmheach

Conas a thuigeann gach ceann den dá thraidisiún atá roghnaithe agat le staidéar a dhéanamh orthu ról agus áit an phobail?

### 2.3 Traidisiún ceiliúrtha

Roghnaigh dhá phríomh-ghné de thimthriall na beatha (m.sh. breith, saol an duine fásta, tiomantas, breoiteacht, bás, srl.) agus taispeáin conas a dhéanann an dá thraidisiún a roghnaigh tú ceiliúradh ar gach gné.

## 2.4 Dúshláin sa traidisiún

1 Cad iad na dúshláin atá os comhair na dtraidisiún atá roghnaithe agat le staidéar a dhéanamh orthu? Déan tagairt, nuair is féidir, do chomhthéacs na hÉireann.

**2. Pioc dhá phríomhghluaiseacht nó fhorbairt a tharla le 50 bliain anuas i ngach ceann de na traidisiúin atá roghnaithe agat le staidéar a dhéanamh orthu. Cad iad na dúshláin a chuireann na forbairtí seo os comhair baill an phobail chreidmhigh i ngach traidisiún?**

## 2.5 An dialóg idirchreidimh

a Cad a chiallaíonn ‘an dialóg idirchreidimh’?

b Déan cur síos ar bhunús na dialóige seo agus an aidhm atá aici maidir le dhá mhór-reiligiún dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

c Déan measúnú ar a staid reatha.

## Cuid a trí: Gluaiseachtaí reiligiúnacha nua

**Go minic ní bhíonn fonn ar lucht leanúna gluaiseachtaí ar leith gluaiseachtaí reiligiúnacha a ainmniú mar ‘chultais’ nó ‘sheicteanna’. Pléigh cén fáth nach mbeadh fonn orthu a bheith brandáilte ar an mbealach seo.**

## 3.2 Roinnt gluaiseachtaí reiligiúnacha nua

**Is féidir leis an bhfrása ‘gluaiseacht reiligiúnach nua’ tagairt a dhéanamh do speictream leathan gluaiseachtaí reiligiúnacha.**

**Tabhair sampla amháin de ghluaiseacht reiligiúnach nua agus déan cur síos ar na nithe seo a leanas:**

**a a bunús**

**b a mórchreidimh**

**c slí mhaireachtála, gnásanna agus cleachtais a chuid ball.**

## ROINN D: CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

### Cuid a dó: An Mhoráltacht agus an Reiligiún

1 Tabhair breac-chuntas ar an gcód eiticiúil bunúsach atá ag traidisiún reiligiúnach amháin, seachas an Chríostaíocht, ar a ndearna tú staidéar.

2 Chaith Íosa Nazórach a shaol fásta ag roinnt físe chun an saol a chaitheamh ar bhonn eiticiúil. Iarradh ort alt a scríobh d'iris do dhéagóirí ina gcaithfidh tú cur síos a dhéanamh ar na teagaisc eiticiúla seo. Scríobh an t-alt atá oiriúnach do d'aoisghrúpa agus cuir isteach na smaointe seo a leanas ann:

a. Fís mhorálta Íosa,

b. An tuiscint a bhí ag Íosa ar an ngaol ceart

c. An tuiscint a bhí ag Íosa ar dhlí an ghrá.

**3 Tabhair sainmhíniú orthu seo a leanas:**

**a. peaca pearsanta**

**b. peaca sóisialta**

**Is saincheisteanna iad cogaíocht agus tógáil drugaí ina mbíonn an peaca pearsanta agus sóisialta i gceist. Pléigh conas a bhíonn ról ag an bpeaca pearsanta agus ag an bpeaca sóisialta i gceann de na saincheisteanna sin.**

### Cuid a ceathair: An forás morálta

1 'Mar chuid de chinneadh maith, ba chóir...' Conas a chríochnófá an ráiteas seo agus cad a déarfá ina dhiaidh sin. Scríobh aitheasc maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta morálta a leanfadh duine fásta morálta. Is féidir leat saincheist mhorálta reatha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi a úsáid chun d'fhreagra a léiriú. Ag deireadh an aithisc, scríobh abairt amháin ina dtugann tú sainmhíniú, i do thuiscint féin, ar na saintréithe a bhaineann le duine fásta morálta.

2 Rianaigh forás morálta duine ag úsáid obair teoiricí amháin a ndearna tú staidéar air. I d'fhreagra, déan tagairt do na céimeanna difriúla i bhforás morálta an duine.

3 a. Liostaigh ceithre thionchar a bhíonn ar fhorás morálta an duine.

b. Maidir le gach ceann acu seo a roghnaigh tú, luaigh conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chinneadh morálta a dhéanamh.

**4 Scríobh faoi shaincheist eiticiúil de do rogha féin faoi na ceannteidil seo a leanas:**

**a. coinsias**

**b. dlí sibhialta**

**c. údarás reiligiúnach.**

## ROINN E: AN REILIGIÚN AGUS CÚRSAÍ INSCNE

### Cuid a haon: An inscne, an tsochaí agus an reiligiún

**1 ‘Féachann gach mór-reiligiún domhanda ar fhir agus ar mhná leis an ómós céanna.’ Pléigh an ráiteas seo.**

2 Déan comparáid idir ról na bhfear agus ról na mban in dhá mhór-reiligiún dhomhanda. (Roghnaigh astu seo a leanas: An Búdachas, An tIoslamachas, An Hiondúchas, An Chríostaíocht agus An Giúdachas.)

### Cuid a dó: Cúrsaí Inscne agus an Chríostaíocht

1 Roghnaigh beirt bhan nó beirt fhear sna scrioptúir Eabhracha agus tabhair achoimre den tábhacht a bhí leo i scéal an tslánaithe.

2 Tabhair cuntas ar dhá íomhá inscneacha de Dhia sna scrioptúir Eabhracha.

**3 ‘Nuair atá Dia fireann ansin is é Dia an fear.’ (‘*When God is male then the male is God*’) An aontaíonn tú leis an ráiteas seo? Scríobh aiste ghearr ag plé na tuairime seo.**

4 Roghnaigh teagmháil idir Íosa agus bean sna soiscéil.

a. Inis an scéal arís i d’fhocail féin.

b. Mínigh tábhacht na teagmhála seo i gcomhthéacs aimsir Íosa agus i saol an lae inniu.

5 Tá cur síos déanta ar an bpobal Luath-Chríostaí mar ‘dheisceablacht de dhaoine cothroma’. An n-aontófá leis seo? Scríobh aiste ghearr ag tabhairt breac-chuntais ar do thuairim maidir leis an ráiteas seo bunaithe ar an tuiscint atá agat ar aon cheann de na Gníomhartha nó ar litreacha Naomh Pól.

6 Scríobh cuntas gearr faoi mar a chuirtear Muire i láthair sna soiscéil.

7 (a) Tabhair achoimre maidir leis an gcaoi ina léirítear Muire i dtraidisiún Críostaí amháin.

8 (b) Labhair faoi bhealach amháin a bhfuil ról Mhuire nasctha le ról na bhfear agus na mban sa traidisiún sin.

### Cuid a trí: Scéalta ban

**1 Scríobh aiste ag tabhairt breac-chuntais ar na príomhthréithe agus dúshláin a chuireann diagachtaí feimineacha chun cinn.**

2 Bhí ról lárnach ag mná sa traidisiún spioradálta, i bhforbairt na n-ord agus na bpobal reiligiúnach, mar leasaitheoirí sóisialta agus mar scríbhneoirí reiligiúnacha i gcónaí. Roghnaigh bean amháin mar sin agus déan cur síos ar na nithe seo a leanas:

a. na príomhimeachtaí nó na príomhghníomhartha ina saol.

b. an cúnamh a thug sí dá comhthéacs cultúrtha féin agus don traidisiún reiligiúnach.

c. an tionchar atá aici i gcónaí nó oidhreacht a saoil.

**Ardleibhéal: an cheist chéanna i leith beirt bhan – chun comparáid agus codarsnacht a dhéanamh.**

## ROINN F: SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA

**Cuid a haon: Ag machnamh ar an gcomhthéacs**

1 Déan cur síos ar na céimeanna a bhaineann le hanailís shóisialta a dhéanamh ar fhadhb nó ar shaincheist ar bith.

2 Tabhair dhá chúis a bhaineann le hocras sa domhan agus i d'fhreagra mínigh conas a chuidíonn struchtúir eacnamaíocha, pholaitiúla, chultúrtha nó shóisialta leis an gcás seo.

nó

Aithin grúpa amháin a gcuireann bochtaineacht isteach orthu in Éirinn sa lá atá inniu ann, agus mínigh cén fáth go bhfuil bochtaineacht ag cur isteach orthu dar leat. Ba chóir go luafá dhá chúis struchtúracha atá le bochtaineacht in Éirinn i do fheagra.

nó

Roghnaigh sampla amháin d'idirdhealú in Éirinn inniu agus déan cur síos ar conas a oibríonn an t-idirdhealú sin. Ba chóir go luafá dhá chúis struchtúracha atá le hidirdhealú i do fhreagra.

**1 Roghnaigh fadhb shóisialta amháin in Éirinn sa lá atá inniu ann agus mínigh conas a bhíonn éifeacht ag na fachtóirí seo a leanas ar an gcás – acmhainní, cumhacht, caidrimh lárnacha.**

nó

**2 Scríobh aiste ag déanamh comparáide idir dhá chúis atá le bochtaineacht in Éirinn agus sa domhan forbraíochta.**

### **Cuid a dó**: Coincheap na córa agus na síochána

1 Roghnaigh ceann amháin astu seo a leanas:

- Fís Ghiúdach-Chríostaí ar an gCóir
- Zakat an Ioslamachais
- Ceithre Varna an Hiondúchais
- Cosán ocht-mbealach an Bhúdachais

Tabhair breac-chuntas ar na príomhsmaointe a bhaineann le cóir agus síocháin i gceann amháin díobh seo thuas.

2 Liostaigh na príomhphrionsabail de theoiric an chogaidh chóir arna forbairt ag Naomh Agaistín.

**Cuid a trí**:	**An riachtanas reiligiúnach don ghníomhú ar son na córa agus na síochána**

1	a.	Mínigh an bhrí atá le ‘glasú reiligiúin’.

	b.	Tabhair trí fhachtóir a bhí mar chúis leis an bpróiseas ‘glasaithe’ seo.

**2	Tabhair breac-chuntas ar na príomhsmaointe atá ag scríbhneoir amháin maidir le reiligiún agus leis an gcomhshaol.**

**3	Ba mheicníocht an-raidiciúil a bhí i gcoincheap bíobalta na hIubhaile (Léiv. 25) chun tús nua a thabhairt do na boicht. Pléigh é seo.**

**4	Mínigh coincheapa na maoirseachta agus an tiarnais i dtéacsanna an chruthaithe in Geineasas. Tabhair sampla faoi conas a d’fhéadfaí ceann de na coincheapa seo a chur i bhfeidhm i bhfadhb chomhshaoil reatha.**

## ROINN G: ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA

**Cuid a haon: Siombailí, deasghnátha agus sacraimintí**

1 Ainmnigh dhá chineál dhifriúla deasghnátha agus tabhair sampla de gach ceann acu.

**2 Deirtear go bhfuil cumhacht ag siombailí. Mínigh, le sampla amháin as gach ceann, an chumhacht atá ag siombailí sa tsochaí shaolta chomhaimseartha agus i reiligiún comhaimseartha.**

**3 Tabhair sampla de dheasghnáth saolta sa chultúr comhaimseartha agus mínigh an tábhacht atá leis dóibh siúd a bhíonn rannpháirteach ann.**

**Cuid a dó**: **An Urnaí**

1 Mínigh na cúiseanna go bhfuil machnamh tábhachtach i saol duine óig.

2 Tabhair dhá shampla – ó thraidisiúin reiligiúnacha dhifriúla – de spás naofa, agus liostaigh na gnéithe a shainaithníonn na háiteanna mar áiteanna naofa.

3 Roghnaigh urnaí fhoirmiúil ó cheann acu seo a leanas – an traidisiún Búdaíoch, Giúdach, Hiondúch nó Ioslamach. Déan comparáid agus codarsnacht idir an urnaí sin agus urnaí Chríostaí.

**Cuid a trí**: **Machnamh agus rinnfheitheamh**

1. a. Mínigh an téarma ‘machnamh’.

   b. Mínigh an tábhacht atá le machnamh i dtraidisiún mór-reiligiúin amháin.

**2. Déan comparáid agus codarsnacht idir traidisiúin mhachnaimh an Bhúdachais agus na Críostaíochta.**

## ROINN H: AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

**Cuid a haon: An Bíobla ina chlasaic bheo agus ina théacs naofa**

1 Mínigh cén fáth go bhfuilimid in ann a rá gur téacs clasaiceach é an Bíobla.

2 Tabhair sampla amháin den chaoi a raibh tionchar ag an mBíobla ar bhunreacht nó ar fhorógra neamhspleáchais.

nó

Tabhair sampla amháin den chaoi a raibh tionchar ag an mBíobla ar phíosa ealaíne nó ar phíosa ceoil.

4 Conas a foirmíodh an chanóin agus tabhair sampla de phíosa litríochta a fágadh ar lár ón gcanóin.

**5 Déan cur síos ar bhealach amháin a raibh tionchar ag an mBíobla ar Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine.**

**6 Mínigh conas mar a bhí tionchar ag critic atheagair ar léirmhíniú bíobalta.**

**Cuid a dó**: **An téacs agus an pobal**

1 Tabhair dhá shampla a léiríonn conas a rinneadh caomhnú ar an traidisiún béil sna Soiscéil.

2 Scríobh Naomh Lúcás a Shoiscéal le haghaidh na nGintlithe. Mínigh an chaoi a raibh tionchar ag an lucht leanúna seo ar a shoiscéal.

3 Mínigh céimeanna forbartha an Bhíobla ón traidisiún béil go dtí an traidisiún scríofa.

4 Mínigh an 'fhadhb shionoptach'.

**5 Tugtar na Soiscéil Shionoptacha ar shoiscéil Mhatha, Mharcais agus Lúcáis. Tabhair cosúlacht amháin idir péire ar bith de na trí shoiscéal Shionoptacha agus tabhair réimse éagsúlachta amháin idir péire ar bith de na trí shoiscéal Shionoptacha.**

**6 Ba é Naomh Marcas an chéad duine a scríobh a shoiscéal. Bhí foinse scríofa 'Q' aige áfach, ar a mbunódh sé a shaothar.**
**Mínigh an tábhacht a bhí le Q ó thaobh an tionchair a bhí aige ar shoiscéal Mharcais.**

**Cuid a trí**: **Litríocht an Bhíobla**

1 Tabhair breac-chuntas ar pharabal, trí pharabal a ndearna tú staidéar air a úsáid mar shampla.

2 Roghnaigh parabal a ndearna tú staidéar air agus abair

a. Cén teachtaireacht a bhí sa pharabal seo don lucht éisteachta bunaidh?

b. Cén teachtaireacht a d’fhéadfadh an parabal seo a thabhairt do lucht éisteachta inniu?

**3 Is sampla é leabhar Iób den Bhíobla mar scéal. Cad tá chomh tarraingteach faoi scéal Iób?**

**4 Tabhair breac-chuntas ar stíl leithleach filíochta na Salm.**

**5 Tá go leor seánraí liteartha ar fáil sa Bhíobla. Mínigh.**

**Cuid a ceathair: Téacsanna bíobalta**

1 Roghnaigh ceann de na téacsanna seo a leanas:

- Eacs 20:1-21 Na Deich nAithne
- 1Sam 2: 1-10 Laoi Buíochais Hanná
- Is 52: 13-53:12 Iosrael Athbhunaithe.

Scríobh alt maidir le bunús, seánra/cineál agus ciall an tsleachta seo.

2 Roghnaigh ceann de na téacsanna seo a leanas ón Tiomna Nua:

- Mc 9: 2-13 An Claochlú
- Lúc 6: 20-49 Seanmóir ar an Sliabh
- Eoin 1: 1-18 An Brollach.

Déan anailís ar an téacs seo ag tagairt do na ceannteidil seo a leanas:

a. bunús

b. údaracht/foinse

c. seánra

d. brí

e. an méid a deirtear ann faoi Dhia agus faoin ngaol idir Dia agus pobal Dé.

## ROINN I: CÚRSAÍ REILIGIÚIN: TAITHÍ NA hÉIREANN

**Cuid a haon: Patrúin an Athraithe**

1 Tabhair breac-chuntas ar thrí dhifríocht idir an bealach a chleachtann daoine óga creideamh reiligiúnach in Éirinn inniu agus mar a chleacht a seantuismitheoirí é.

2 Aithin na príomhthreochtaí i gcreideamh agus i gcleachtadh reiligiúnach san Eoraip chomhaimseartha.

**Cuid a dó**: **Éire sa Ré Réamh-Chríostaí**

1 a. Ainmnigh áit amháin i do cheantar a thaispeánann fianaise de chreideamh reiligiúnach in Éirinn roimh aimsir Naomh Pádraig.

b. Déan cur síos gairid ar an gcreideamh reiligiúnach agus/nó ar na cleachtais reiligiúnacha a chreidtear a tharla san áit seo.

c. Déan cur síos ar chleachtas deabhóide amháin sa lá atá inniu ann a bhfuil a bhunús sa ré réamh-Chríostaí.

nó

2. a. Ainmnigh áit réamh-Chríostaí amháin a bhfuil tábhacht náisiúnta léi.

b. Déan cur síos gairid ar an gcreideamh reiligiúnach agus/nó ar na cleachtais reiligiúnacha a chreidtear a tharla san áit seo.

c. Tabhair sampla amháin ó mhiotas nó ó shága Éireannach a thugann léargas ar chreideamh agus/nó ar chleachtais reiligiúnacha réamh-Chríostaí.

## ROINN J: AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

**Cuid a haon: Na fiontair eolaíochta agus diagachta**

1 Déanann eolaithe agus diagairí iarracht dul i ngleic leis na ‘mórcheisteanna’. Liostaigh 3 cheist a d’fhéadfadh a bheith comónta don reiligiún agus don eolaíocht le chéile.

2 a. Cén chiall atá le creideamh a bheith agat i ‘nDia na mbearnaí’?

b. Cé chomh háisiúil, dar leat a d’fhéadfadh an íomhá seo de Dhia a bheith sa saol nua-aimseartha.

c. Cuir i láthair íomhá mhalartach de Dhia agus tabhair míniú gairid ar an mbaint a d’fhéadfadh a bheith ag an íomhá seo leis an eolaíocht.

*3 ‘Science, like theology, needs to be seen as an activity of a community of motivated believers, holding core assumptions and testing out new possibilities’*

**Pléigh an ráiteas seo, ag déanamh tagairt ar leith don tábhacht atá leis an bpobal i bhfiontair eolaíochta.**

## Cuid a dó: An gaol idir an reiligiún agus eolaíocht

1 'Science in never done in a vacuum. It is always influenced by the world around it.' Déan cur síos gairid ar an gcineál saoil inar tháinig smaointe Galileo beo.

nó

Déan cur síos gairid ar príomhtheoiricí Galileo.

2 a. Mínigh an tuiscint atá agat ar 'géarchéim éiceolaíoch' sa saol inniu.

b. Tabhair peirspictíocht eolaíoch ar an ngéarchéim seo. c. Tabhair peirspictíocht diagaire ar an ngéarchéim.

**3. Thug teoiric na héabhlóide maidir le roghnú nádúrtha a bhí ag Darwin míniú eile ar an argóint reiligiúnach bunaithe ar dhearadh. Mínigh cén fáth gur tharraing an teoiric seo an oiread conspóide le tagairt faoi leith den fhreagra a thug mór-reiligiún domhanda amháin ar an scéal.**

## Codanna a trí agus a ceathair: Saincheisteanna reatha don reiligiún agus don eolaíocht – an bunús/an bheatha agus an bás

1 Cuir tuiscint eolaíoch agus reiligiúnach ar phointe an bháis i gcomparáid lena chéile. Conas a d'fhéadfaidís a bheith mar an gcéanna? Conas a d'fhéadfaidís a bheith difriúil óna chéile?

**2 Roghnaigh ceann amháin de na saincheisteanna seo a leanas:**

- **clónáil**
- **an bheatha ghéinathraithe**
- **fadú na beatha**
- **deireadh a chur leis an mbeatha**

**Mínigh cén fáth go bhféadfadh tuairimí difriúla a bheith ag an reiligiún agus ag an eolaíocht ar an gceist seo.**

# CUID 5. OBAIR CHÚRSA

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe d'oideachas reiligiúin i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúin ag an leibhéal sinsearach. Tá obair an chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe. Mar sin is cuid lárnach de shiollabas oideachas reiligiúin na hArdteistiméireachta í an obair chúrsa. Tá nasc díreach ag an obair chúrsa le haidhmeanna foriomlána an tsiollabais. Cé gur féidir leis an obair chúrsa tacú le haidhmeanna an tsiollabais ar fad, baineann an obair chúrsa leis an tríú haidhm go háirithe:

*A aithint go ndeachaigh tuiscintí ar Dhia, ar thraidisiúin reiligiúin, go háirithe an traidisiún Críostaí, chun leasa an chultúir ina mairimid agus go dtéann siad i bhfeidhm fós ar ár stíl mhaireachtála phearsanta, ar chaidreamh idirphearsanta agus ar chaidreamh idir daoine aonair, a bpobail agus a mbaineann leo.*

Gach bliain, leagtar amach dhá rannóg as cuid a trí den siollabas don obair chúrsa agus eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit liosta de na teidil a bhíonn faoi chaibidil. Ní bheidh na codanna seo den siollabas le feiceáil ar an bpáipéar scrúdaithe. Sannfar 20% den mharc iomlán ar an obair chúrsa. Caithfidh daltaí píosa AMHÁIN oibre a chur isteach.

**1 Aidhmeanna den obair chúrsa d'oideachas reiligiúin na hArdteistiméireachta:**

- deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó imní
- forbairt a dhéanamh ar eolas, tuiscint, scileanna agus dearcaí na ndaltaí, dé réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na rannóige atá ainmnithe don obair chúrsa
- deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, anailís agus mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe.
- scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt

## 2. Ról an mhúinteora san obair chúrsa

- Féachaint ar theidil obair an chúrsa go bhfeicfidh siad cá nascann siad leis an siollabas. Aird ar leith a thabhairt ar chuspóirí chodanna ábhartha den siollabas mar aon leis an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na dearcaí, agus na torthaí foghlama a bhaineann leo. Is orthu seo a dhéanfar an measúnú tríd an obair chúrsa.
- Aithint conas a bheadh na teidil seo in ann cur ar chumas na ndaltaí tabhairt faoi thaighde, mhachnamh criticiúil agus anailís.
- Aithint cad ba chóir duit a mhúineadh d'fhonn roghnú na dteideal don obair chúrsa a éascú.

- Na codanna sin den siollabas atá riachtanach dar leat a mhúineadh. Ná déan dearmad go bhféadfadh forluí a bheith idir teidil don obair chúrsa agus rannóg eile den siollabas atá múinte agat cheana féin nó a mbeadh sé i gceist agat í a mhúineadh.
- Féadfaidh an múinteoir ansin

a Rogha iomlán a thabhairt do na daltaí ó na teidil atá liostaithe

b Rogha theoranta a thabhairt do na daltaí ó na teidil atá liostaithe

c Moladh a dhéanamh go nglacfadh an rang iomlán le topaic amháin. Leis an gcur chuige seo, tá sé tábhachtach a chinntiú go nglactar le bealaí cuir chuige difriúla maidir leis an topaic.

Agus iad ag tabhairt faoi obair chúrsa, is féidir le daltaí oibriú as a stuaim féin nó i ngrúpaí, nó tabhairt faoi imscrúdú mar rang iomlán. Mar sin féin, caithfidh gach dalta leabhrán aonair den obair chúrsa a chomhlánú agus a chur isteach agus déanfar measúnú ar an leabhrán sin.

Ná déantar dearmad gur féidir le daltaí teideal don obair chúrsa a roghnú atá difriúil ón teideal atá ag an rang.

I measc na mbealaí cuir chuige a d’fhéadfaí a thógáil san obair chúrsa, áirítear iad seo a leanas:

- cur síos ar imeacht nó ar eispéireas a raibh baint ag na daltaí leis

- próifíl ar an méid a chuir duine ar leith le traidisiún reiligiúnach

- dul siar ar fhorbairt stairiúil d’eagraíocht, de phríomhsmaoineamh, de shaincheist nó de mheitheal smaointeoireachta a raibh tionchar aige ar an smaointeoireacht reiligiúnach

- bealaí cuir chuige contrártha a leagan amach maidir le saincheist a bhfuil imní fúithi ar bhonn diagachta agus ansin teacht ar sheasamh éigin bunaithe ar an eolas atá ag an dalta féin

- cás-staidéar

- suirbhé: thabharfadh an leabhrán don obair chúrsa breac-chuntas ar aidhm an taighde agus ar an modheolaíocht a úsáideadh, agus thabharfaí achoimre ann ar na príomhthorthaí/príomhchonclúidí

- agallamh nó sraith agallamh: léireodh an leabhrán don obair chúrsa na cúiseanna go bhfuiltear ag tabhairt faoin agallamh, thabharfaí achoimre ar na tuairimí a léirítear le hathfhriotail ábhartha agus thiocfadh sé ar chonclúidí

- eile.

### 3 Cad leis a bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an dalta le chéile?

Tá an leabhrán don obair chúrsa roinnte in dhá chuid:

Cuid A: achoimre den imscrúdú a rinne na daltaí ar an teideal.

Cuid B: machnamh pearsanta an dalta ar an bhfoghlaim, ar na scileanna agus ar an eispéireas a bhain sé/sí amach trí thabhairt faoin obair chúrsa.

Ba chóir do Dhaltaí freagraí a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas i gCuid B

- cén fáth a raibh spéis agam sa teideal
- Céard iad na peirspictíochtaí difriúla ar tháinig tú trasna orthu le linn duit an obair chúrsa a dhéanamh ar do theideal roghnaithe?
- Cén ceisteanna a tháinig chun cinn trí obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal seo?
- Cén léargais phearsanta a fuair tú trí obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal seo?
- Céard é an rud ba luachmhaire a bhain leis an obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal seo?

## 4 Formáid

Faoi na rialacháin reatha, caithfidh daltaí leabhar cúrsa lámhscríofa a chur isteach. Sa chás nach bhfuil dalta in ann scríobh, glacfar le closchaiséad nó le leabhrán clóscríofa. Moltar go ndéantar seiceáil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit maidir le haon athruithe a dhéanfar amach anseo ar chur i láthair obair an chúrsa.

## 5 Príomhscileanna a fhorbrófar trí obair chúrsa

- Scileanna taighde, lena n-áirítear ríomhairí, leabharlanna, suirbhéanna nó na meáin a úsáid.

- An cumas chun faisnéis a roghnú, a anailísiú agus a mheas chun críocha áirithe.

- Scileanna smaointeoireachta criticiúla, lena n-áirítear an cumas chun údarás na bhfoinsí difriúla faisnéise a cheistiú agus an cumas chun idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus tuairim.

- Scileanna cumarsáide: an cumas chun faisnéis a shórtáil agus a chur in eagar duit féin, agus an cumas chun smaointe a chur i láthair go pointeáilte agus go meabhrach.

- Scileanna machnaimh: an cumas chun machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim an duine féin agus an éifeacht atá ag an bhfoghlaim sin ar smaointe, ar dhearcaí agus ar eispéireas an duine.

- An cumas chun tuairimí/bealaí cuir chuige difriúla maidir le topaic a léirmhíniú, a chur i gcodarsnacht le chéile agus a mheas (daltaí ardleibhéil).

- An cumas chun frith-argóintí a fhorbairt (daltaí ardleibhéil).

## 6 Critéir chun measúnú a dhéanamh ar obair chúrsa Ardleibhéil agus Ghnáthleibhéil

1 Beifear ag súil go mbainfidh an dalta Ardleibhéil úsáid as raon níos mó d’fhoinsí faisnéise nuair a bheidh sé/sí ag comhlánú an chuid sin den obair chúrsa a bhaineann le taighde.

2 Beifear ag súil go dtaispeánfaidh an dalta Ardleibhéil tuiscint níos cruinne ar an teideal agus go dtabharfaidh sé/sí faoi ó pheirspictíochtaí éagsúla.

3 Beifear ag súil go dtaispeánfaidh an dalta Ardleibhéil cumas níos mó chun machnamh pearsanta agus criticiúil a dhéanamh ar gach a bhfuil foghlamtha tríd an obair chúrsa.

## 7 Measúnú ar obair chúrsa

Leagtar amach dhá rannóg as rannóga E, F, G, H, I agus J don obair chúrsa gach bliain. Caithfidh daltaí an chuid den scrúdú a bhaineann le hobair chúrsa a chomhlánú. Bronnfar 20% den mharc iomlán bunaithe ar an obair chúrsa.

**Marcanna don obair chúrsa**

| **Gnáthleibhéal** | **Ardleibhéal** |
|---|---|
| Cuid A - 10% | Cuid A - 10% |
| Cuid B - 10% | Cuid B - 10% |

**Fad obair an chúrsa**

| **Gnáthleibhéal** | **Ardleibhéal** |
|---|---|
| 1,000 focal ar a laghad | 1,200 focal ar a laghad |
| 1,500 focal ar a mhéad | 1,500 focal ar a mhéad |

## TEIDIL SHAMPLACHA D'OBAIR CHÚRSA OIDEACHAS REILIGIÚIN NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

**Roinn E: An reiligiún agus cúrsaí inscne**

Ról athraitheach na bhfear agus na mban leis na cianta ó thaobh traidisiún reiligiúnach a fhorbairt.

An tionchar agus an cúnamh a thug bean amháin d'fhorbairt traidisiúin reiligiúnaigh.

**Roinn F: Saincheisteanna córa agus síochána**

Roghnaigh ceann acu seo a leanas agus déan cás-staidéar ag iniúchadh na faidhbe ó thaobh mar atá cúrsaí faoi láthair agus ó thaobh na bhfáthanna go bhfuil cúrsaí mar sin:

- ocras domhanda
- bochtaineacht in Éirinn
- idirdhealú in Éirinn.

'Tá cúram an domhain ina ábhar cúraim do gach mór-reiligiún domhanda.' ('*Care of the earth is a concern for all major world religions*.') Déan iniúchadh air sin i dtaca le saincheist chomhshaoil amháin inniu.

**Roinn G: Adhradh, urnaí agus deasghnátha**

'Baineadh úsáid as deasghnátha riamh anall chun pointí ama tábhachtacha i saol an duine dhaonna a aithint.' ('*Ritual has always been used to mark moments of significance in human life*.') Déan iniúchadh ar an ráiteas seo. Bunús agus feidhm na bpaidreacha dúchais i bpéire de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

- An Búdachas
- An Chríostaíocht
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas
- An Giúdachas.

**Roinn H: An Bíobla: Litríocht agus téacs naofa**

An tionchar a bhí ag an mBíobla ar shaol duine aonair nó ar ghrúpa sa traidisiún Críostaí Roghnaigh téacs bíobalta agus déan iniúchadh ar an tábhacht a bhaineann leis na seánraí liteartha éagsúla sa Bhíobla a thuiscint chun an téacs seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm.

**Roinn I: Cúrsaí reiligiúin: taithí na hÉireann**

Patrún an chreidimh reiligiúnaigh i do phobal i gcomparáid leis an bpatrún creidimh in Éirinn trí chéile. Tá go leor láithreáin seandálaíochta in Éirinn ina bhfuil fianaise de chreideamh reiligiúnach. Déan taighde ar cheann de na láithreáin seo agus déan cur síos ar na creidimh reiligiúnacha agus/nó ar na cleachtais reiligiúnacha a bhain leis nuair a bunaíodh é agus sa lá atá inniu ann.

**Roinn J: An reiligiún agus an eolaíocht**

'Tá gnéithe oibiachtúla agus suibiachtúla le sonrú i mbealaí cuir chuige na heolaíochta agus an reiligiúil ar aon.' ('*Both science and religion have objective and subjective elements in their approaches*.') Déan iniúchadh ar conas mar a fheictear é sin sna bealaí cuir chuige eolaíochta agus reiligiúnacha i leith saincheiste a roghnaíonn tú féin.

Bíonn dialóg idir dearcaí reiligiúnacha agus eolaíochta i gceist le ceisteanna faoi thús agus deireadh saoil.  Taispeáin conas mar is féidir le dialóg a bheith ann idir reiligiún agus eolaíocht i dtaobh **ceann amháin** de na ceisteanna sin.

## CUID 6 - Tugtar leabharliosta roghnaithe do gach rannóg den siollabas sa chuid seo:


**ROINN A**

Cassidy, E. (2003) The Search for Meaning and Values Into the Classroom Series Baile Átha Cliath: Veritas

Delius, C. eag. (2000) The Story of Philosophy: From Antiquity to the Present Köln: Konemann

Gaarder. J.  (1995) Sophie's World Londain: Phoenix House

**ROINN B**

Freyne, Sean (2002) Texts, Contexts and Cultures Londain: Collins

Lane, Dermot (1975) The Reality of Jesus Baile Átha Cliath: Veritas

Liechty, Joseph & Clegg, Cecilia (2001) Moving Beyond Sectarianism: Religion, Conflict and Reconciliation in Northern Ireland  Baile Átha Cliath: Columba Press

Norris, T. (2004) Christianity: Origins and Contemporary Expressions Into the Classroom Series Baile Átha Cliath: Veritas

Pelikan, Jaroslav (2000) Jesus Through the Centuries: His Place in the History of Culture Yale University Press

**ROINN C**

Barnes, P. (2003) World Religion, Into the Classroom Series Baile Átha Cliath: Veritas

Beck, M. et al eag. (1997) Exploring Religion An Astráil: Oxford University Press

Brodd, J. agus Wilt, M. (1998) World Religions: A Voyage of Discovery Minnesota: Saint Mary's Press

Brodd, J. agus Wilt, M. (1998) Teaching Manual for World Religions - a voyage of discovery Minnesota: Saint Mary's Press

Hickman, C. & Meredith S. (2001) The Usborne Internet-Linked Encyclopaedia of World Religions Londain: Usborne Publishing Ltd.

Smith, Houston (1991) The World Religions Harper Collins.

**ROINN D**

Boyle, N. (1994) The Challenge of God Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan

Brown, C. (1998) Crash Course on Christian Ethics Londain: Hodder agus Stoughton

Hannon, P. (le teacht in 2004) Moral Decision Making, Into the Classroom Series Baile Átha Cliath: Veritas

Hogan, Linda (2001) Confronting the Truth: Conscience in the Catholic Tradition, Darton, Longman agus Todd

Mc Namara, V. (1988) The Truth in Love: Reflections on Christian Morality, Baile Átha Cliath, Gill and Macmillan

**ROINN E**

Cullen, S. (2004) Religion and Gender, Into the Classroom Series Baile Átha Cliath: Veritas

Wendle Moltmann, E. Women in the New Testament

Schussler Fiorenza, E. In Memory of Her Nua Eabhrac, SCM Press

Reuther, R. Sexism and God-Talk London, SCM Press

**ROINN F**

Holland, J. agus Henriot, P. (1980, eagrán athbhreithnithe 1993) Social Analysis: Linking Faith and Justice Washington DC: Orbis Books

Himes, Kenneth (2001) Responses to 101 Questions on Catholic Social Teaching New Jersey: Paulist

McDonagh, Sean (1990) The Greening of the Church Londain: Chapman

Féach freisin ar raon ábhar ó Chomhairle Dhomhanda na nEaglaisí

**ROINN G:**

Collins, P. (2000) Prayer in Practice Baile Átha Cliath: Columba Press

De Mello, Anthony (1986) Wellsprin: A Book of Spiritual Exercises Garden City, N.Y Image Books

Drumm, M. (1998) Passage to Pasch Baile Átha Cliath: Columba Press

O'Donnell, C. (2004) Worship, Prayer and Ritual Into the Classroom Series Baile Átha Cliath: Veritas

**ROINN H:**

Boadt, L. (1984) Reading the Old Testament: An Introduction Nua Eabhrac: Paulist Press

Brown, R.E., Fitzmyer J.A. & Murphy R.E. eag. (1990) The New Jerome Biblical Commentary Londain: Chapman

Brown, R.E. (1997) Introduction to the New Testament Nua Eabhrac; Doubleday

Achtemeier, P.J., Green, J.B., & Thompson, M.M. (2001) Introducing the New Testament: Its Literature and Theology Grand Rapids: Eerdmans

Hegarty, B. (2003) The Bible: Literature and Sacred Text Into the Classroom Series Baile Átha Cliath: Veritas

**ROINN I**

Milne, K. A Short History of the Church of Ireland Colomba Press

O'Duinn, S. Where Three Streams Meet

Walsh J.R. & Bradley, T. A History of the Irish Church

O'Dwyer, P. Towards a History of Irish Spirituality

Harbison, P. Pre-Christian Ireland: From the First Settlers to the Early Celts
Londain: Thames agus Hudson

Walsh, J. (2003) Religion: the Irish Experience Into the Classroom Series Baile Átha Cliath: Veritas

**ROINN J**

Barbour, Ian (2002) When Science Meets Religion: Enemies, Strangers or Partners?
Londain: SPCK

Southgate, Christopher et al, (1999) God, Humanity and the Cosmos: A Textbook in Science and Religion Pennsylvania: Trinity International Press

Peters, Ted and Bennett eds, Gaymon (2002) Bridging Science and Religion
Londain: SCM Press

McCarthy F. agus McCann, J. (2003) Religion and Science Into the Classroom Series Baile Átha Cliath: Veritas

## LIOSTA ROGHNAITHE DE LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN

### Oideachas ginearálta

http://www.bbc.co.uk/learning - féach ar an rannóg maidir le reiligiún agus eiticí agus reiligiúin dhomhanda.
http://www.educationguardian.co.uk
http://www.eblast.com - ciclipéid agus naisc chuig an Idirlíon.
http://school.discovery.com/
http://www.teachnet.ie - féach ar na tionscadail d'oideachas reiligiúin, idir thionscadail don bhunscoil agus don iarbhunscoil

### Oideachas reiligiúin

http://www.galwayeducationcentre.ie - seirbhís thacaíochta d'oideachas reiligiúin an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta.
http://www.antobar.ie - láithreán acmhainní d'oideachas reiligiúin arna thiomsú ag An Tobar, Coláiste Mhuire, Baile Átha Cliath.
http://www.logos.ie - acmhainní d'oideachas reiligiúin an Teastais Shóisearaigh ar an Idirlíon
http://www.religiousresources.org - liosta cuimsitheach d'acmhainní reiligiúnacha ar an Idirlíon.
http://re-xs.ucsm.ac.uk/gcsere/index.html - An láithreán d'Oideachas Reiligiúin GCSE le hacmhainní maithe ar reiligiúin dhomhanda, Soiscéal Mharcais agus peirspictíochtaí Críostaí maidir leis an saol agus maireachtáil
http://re-xs.ucsm.ac.uk/ - An tSeirbhís Mhalartaithe d'Oideachas Reiligiúin (*Religious Education Exchange Service*) arna bunú ag Eaglais Shasana. Soláthraíonn sí ábhair mhaithe ar reiligiúin dhomhanda agus ar shaincheisteanna eitice agus morálta.
http://www.theresite.org.uk - raon leathan acmhainní atá ábhartha d'oideachas reiligiúin
http://www.education.cant.ac.uk/renet Láithreán gréasáin RE Net le naisc chuig láithreáin ghréasáin agus acmhainní áisiúla
http://cleo.ucsm.ac.uk/content/profpolicies/assessment/assessment_sheets/re/re.htm - treoircheisteanna áisiúla chun daltaí a ullmhú le cuairt a thabhairt ar áit bheannaithe
http://www.osb.org/liturgy/ - láithreán maith ar liotúirge
http://www.interfaithcalendar.org - na mór-imeachtaí reiligiúnacha go léir agus a gcuid dátaí
http://www.adherents.com - staitisticí suas chun dáta faoi líon agus leithdháileadh na mór-reiligiún.

http://www.religioustolerance.org - láithreán atá dírithe ar chaoinfhulaingt reiligiúnach, saoirse agus éagsúlacht a chur chun cinn.

http://www.faithcentral.net.nz/inclass/history.htm - láithreán maith maidir le stair na hEaglaise.

http://www.mythicjourneys.org/big/myth/ - miotais an chruthaithe ó thart timpeall an domhain.

http://www.silk.net/RelEd/lessonplans3.htm - acmhainní do scoileanna Caitliceacha Rómhánacha sna SA.

http://www.faithcentral.net.nz - acmhainní do scoileanna Caitliceacha Rómhánacha sa Nua Shéalainn.

http://www.refit.ucsm.ac.uk - cás-staidéir ag taispeáint conas is féidir Teicneolaíocht na Faisnéise a úsáid mar uirlis in O.R.

http://www.abc.net.au/religion - tá liosta an-chuimsitheach sa rannóg ar scríbhinní agus ar scéalta diaga ina bhfuil liosta de théacsanna naofa is féidir a íoslódáil.

http://www.religion-online.org - bailiúchán aistí agus leabhar ar thopaicí diagachta ó scoláirí mór le rá.

**Eaglaisí agus eagraíochtaí reiligiúnacha**

http://www.ireland.anglican.org

http://www.presbyterianireland.org

http://www.irishmethodist.org

http://www.ipag.com/quakers

http://www.catholicireland.net

http://cori.ie

**Cúrsaí córa agus cearta an duine**

www.trocaire.org

www.oxfam.org

www.amnesty.org

www.oneworld.net

www.developmenteducation.ie

www.savethechildren.org.uk

www.bbc.co.uk/education/humanrights/

www.friendsoftheirishenvironment.net

## AGUISÍN 1

## PLEANÁIL DON OIDEACHAS REILIGIÚIN

## CREATLACH AN CHURACLAIM DON tSRAITH SHINSEARACH

Tugann an creatlach roghnach seo d'oideachas reiligiúin na sraithe sinsearaí struchtúr do mhúinteoirí nach bhfuil ag ullmhú na ndaltaí don scrúdú Ardteistiméireachta in oideachas reiligiún agus is féidir leo clár oideachais reiligiúin don tsraith shinsearach a phleanáil laistigh den struchtúr sin.

Tá nasc láidir idir an creatlach seo agus na siollabais don oideachas reiligiúin sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht. Le caidreamh láidir den sórt sin ba cheart go mbeadh sé níos éasca bainistiú a dhéanamh ar an ábhar scrúdaithe roghnach i dtráthchlár na sraithe sinsearaí. Tugann sé deis freisin do dhaltaí a rinne an cúrsa don Teastas Sóisearach ach nár roghnaigh an cúrsa a thógáil don Ardteistiméireacht roinnt oibre a leanann uaidh a dhéanamh.

Mar gheall ar an nasc seo, tá roinnt rann le fáil i siollabas na hArdteistiméireachta agus i gcuraclam na sraithe sinsearaí araon. Mar sin féin, níl an oiread sonraíochta sonraithe in aon chor i gceist leis an gcreatlach seo is atá le cúrsa na hArdteistiméireachta. Tá an chreatlach seo níos giorra, agus tugann sé rogha agus scóip níos mó do mhúinteoirí agus do scoileanna a bheith cruthaitheach.

Tá sé deartha mar chreatlach dhá bhliain, ach is féidir é a shíneadh chun sraith shinsearach trí bliana a chlúdach má táthar chun an idirbhliain a chur san áireamh leis.

Cuirtear gach roinn i láthair in dhá chuid. Leagann an chéad chuid amach na topaicí a chlúdófar sa roinn agus na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo. Tairgeann an dara cuid raon taighde a bheifear in ann a dhéanamh ar gach téama. Tá sé i gceist go dtabharfadh na daltaí ceann amháin ar a laghad de na réimsí taighde seo chun críche, ach féadfaidh múinteoir/scoil cinneadh a dhéanamh deiseanna a thairiscint do dhaltaí tabhairt faoi gach imscrúdú ar rannóg áirithe.

Tá na himscrúduithe deartha go cúramach chun deiseanna agus tacaíocht a thairiscint do stíleanna agus mhodheolaíochtaí éagsúla an fhoghlaimeora lena n-áirítear:

- grúpobair
- obair thionscadail
- foghlaim féinteoraithe
- taighde
- cuairteanna agus cainteoirí
- naisc thraschuraclaim
- úsáid TFC, go háirithe úsáid an idirlín.

Tá an chreatlach seo deartha le haird agus híogaireacht faoi leith do na comhthéacsanna éagsúla inar féidir é a úsáid – reiligiúnach, sóisialta, éiteas scoile, srl. Agus raon leathan de shaincheisteanna reiligiúnacha, de thraidisiúin reiligiúnacha agus de bhealaí chun tuiscint a fháil ar dhuine ag cuardach brí á gcur os comhair na ndaltaí, cuideoidh an chreatlach chun cur le forás

spioradálta agus morálta daltaí as gach creideamh agus daltaí nach bhfuil aon chreideamh faoi leith acu. Cuideoidh sé freisin chun ómós folláin a fhorbairt do chreidimh daoine eile agus a bheith oscailte chun labhairt faoi rudaí nuair a bhíonn daoine ar thóir comhthuisceana. Cuideoidh an úsáid a bhainfear as roghanna imscrúdaithe ag deireadh gach ranna le scoileanna úsáid a bhaint as an gcreatlach ar bhealach solúbtha agus é a shaincheapadh chun dul in oiriúint d'éiteas áirithe scoile agus do leas áirithe na ndaltaí.

**Creatlach an churaclaim d'oideachas reiligiúin na sraithe sinsearaí: forbhreathnú**

Cuirtear an creatlach i láthair in ocht gcuid agus moltar do dhaltaí staidéar a dhéanamh ar dhá roinn ar a laghad gach bliain. Is féidir roghnú agus seicheamhú na rann a éagsúlú chun iad a chur in oiriúint don mhúinteoir agus do leas na ndaltaí. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach Roinn A a úsáid mar réamhrá don chlár iomlán oibre.

**Achoimre ar ábhair**

Roinn A – Ag cuardach brí

Roinn B – An Chríostaíocht

Roinn C – Creidimh reiligiúnacha in Éirinn inniu

Roinn D – Moráltacht á cur i ngníomh

Roinn E – Labhairt faoi Dhia

Roinn F – Creideamh beo – an rud cóir a dhéanamh

Roinn G – Ag ceiliúradh an chreidimh

Roinn H – Scéal

**Measúnú an oideachais reiligiúin sa tsraith shinsearach**

Is cuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama é an measúnú. Tugann sé aiseolas do dhaltaí faoi dhul chun cinn a gcuid foghlama féin. Tugann sé faisnéis do mhúinteoirí a thabharfaidh treoir chun an chéad chéim eile den fhoghlaim a phleanáil agus a dhearadh. Tugann sé faisnéis do thuismitheoirí maidir le dul chun cinn a gcuid leanaí ar scoil. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcéad cheann de na feidhmeanna sin. Tá fianaise níos mó agus níos mó againn a thugann le fios go bhféadfadh caighdeán an aiseolais a thugtar do dhaltaí a bheith ina phríomhfhachtóir ó thaobh iad a spreagadh agus a chur ag obair. Ag leibhéal na sraithe sinsearaí, is féidir le daltaí a bheith rannpháirteach go stuama i bhféinmheasúnú agus iad a bheith ar an eolas faoina gcuid láidreachtaí agus laigí féin mar fhoghlaimeoirí.

Tá an chreatlach don oideachas reiligiúin sa tsraith shinsearach deartha chun tacú le foirmeacha measúnaithe atá suimitheach agus múnlaitheach. Is féidir na torthaí a úsáid chun tástálacha scríofa a dhéanamh agus is féidir le múinteoirí iad sin a thabhairt do dhaltaí ó am go ham, go háirithe nuair a chuirtear measúnuithe den chineál céanna ar fáil d'ábhair eile ag an leibhéal sinsearach. Is féidir na torthaí a úsáid freisin mar threoir chun obair bhaile a thabhairt agus a mheas.

Tá na réimsí taighde i ngach roinn deartha chun tacaíocht ar leith a thabhairt do mheasúnú ar phunann ar féidir leis a bheith suimitheach agus múnlaitheach agus atá in ann, ní hamháin foinse faisnéise shaibhir a sholáthar faoi dhul chun cinn na ndaltaí san oideachas reiligiúin, ach ina

theannta sin tugann siad taifead inbhraite den ghnóthachtáil thar dhá bhliain nó trí bliana sa tsraith shinsearach. Is féidir le scoileanna, nó le grúpa scoileanna, punann oideachais reiligiúin *pro forma* a sholáthar, rud a chuirfeadh le stádas na punainne féin agus leis an bpróiseas trína gcuirtear le chéile é.

| | |
|---|---|
| **Roinn A** | **AIDHMEANNA** |
| **Ag cuardach brí** | 1 Iniúchadh a dhéanamh ar an ngá atá ag an duine ceisteanna a chur agus na mórcheisteanna a aithint. |
| | 2 Iniúchadh a dhéanamh ar roinnt de na freagraí ársa agus comhaimseartha atá ar na mórcheisteanna. |
| | 3 An patrún atá ag creideamh reiligiúnach a aithint mar fhreagra ar na mórcheisteanna. |
| | 4 Imscrúdú a dhéanamh ar an seasamh atá ag creideamh reiligiúnach sa tsochaí chomhaimseartha. |

| **Topaic 1** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Ag cuardach** | • Léirithe comhaimseartha ar an gcuardach brí. | • Roinnt samplaí a thabhairt den chuardach brí sa chultúr comhaimseartha. |
| | • Na mórcheisteanna a bhaineann le sprioc agus le haidhm an tsaoil, an bhrí atá leis an maith agus an olc, agus eispéireas na fulaingthe. | • Cur síos a dhéanamh ar na mórcheisteanna agus machnamh a dhéanamh ar mar a théann daltaí i ngleic leo sin. |
| | • An cuardach a sheachaint – an t-eispéireas a bhaineann le neamhshuim. | • Míniú agus samplaí a thabhairt de neamhshuim maidir leis an gcuardach brí. |
| | | • Samplaí a thabhairt de bhealaí inar féidir éalú ón gcuardach brí. |
| | | • Fianaise ó dhuine éigin a bhí ag cuardach brí a léamh nó cuireadh a thabhairt do dhuine éigin a scéal féin a insint. |

**Roghanna taighde**

A Ag smaoineamh ar chuardach – fealsúnacht mar thóraíocht na críonnachta.

B Ag cuardach brí in ealaín, i gceol agus i scannáin.

C Ag machnamh ar an gcuardach brí (cineálacha urnaí – ag úsáid na colainne, ceoil, mídheamhna, srl.).

| **Topaic 2** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Siombail** | • Cineálacha difriúla siombailí.<br><br>• Tábhacht an tsiombalachais sa saol saolta agus sa saol naofa.<br><br>• Cumhacht an tsiombalachais.<br><br>• Siombailí nua do ré nua. | • Cur síos a dhéanamh ar na cineálacha difriúla siombailí.<br>• Samplaí a thabhairt den chaoi a n-úsáidtear siombailí sa saol reiligiúnach agus sa saol saolta.<br>• Cumhacht an tsiombalachais a thaispeáint chun spreagadh a thabhairt, tionchar a imirt nó inspioráid a thabhairt.<br>• Siombailí nua a aithint agus aon chaidreamh a d'fhéadfadh a bheith acu le siombailí níos sine. |

**Roghanna taighde**

A Ag déanamh miotas – déan imscrúdú ar an duine daonna ag déanamh miotas san am atá caite agus i láthair na huaire.

B Cosmeolaíocht – scéalta na cruinne. Déan imscrúdú ar dhá chosmeolaíocht nua-aimseartha – m.sh. an ollphléasc agus cosmeolaíocht an chruthaitheora.

C Ag dul i ngleic le siombailí – tabhair cuairt ar áiteanna (reiligiúnacha agus saolta) ina bhfuil tábhacht le siombailí.

| **Topaic 3** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Creideamh reiligiúnach – freagra ar chuardach brí na beatha** | • An bhrí atá le fulaingt agus leis an olc mar a thuigeann peirspictíocht reiligiúnach iad.<br><br>• Samplaí de dhaoine a mbíonn tionchar ag a gcreideamh ar a saol.<br><br>• Spioradáltacht – an modh beatha atá ag duine.<br><br>• Léirithe comhaimseartha ar | • Achoimre a chur i láthair de pheirspictíochtaí ar fhulaingt agus ar an olc ó dhá pheirspictíocht reiligiúnacha.<br><br>• An chumhacht atá ag creideamh reiligiúnach i saol duine áirithe nó grúpa daoine a thaispeáint.<br><br>• Cur síos a dhéanamh ar roinnt gnéithe a bhaineann le |

| | |
|---|---|
| spioradáltacht nua. | spioradáltacht chomhaimseartha. |
| • An ról atá ag an gcreideamh reiligiúnach in Éirinn sa lá atá inniu ann. | • Roinnt samplaí a thabhairt den chaoi a mbíonn tionchar i gcónaí ag reiligiún ar shaol daoine in Éirinn. |

**Roghanna taighde**

A Cén fáth go bhfulaingíonn daoine maithe? Déan imscrúdú ar fhreagraí difriúla ar an gceist seo trí litríocht. (Mar shampla, Elie Wiesel, Night)

B Daoine creidmheacha – daoine dóchasacha. Déan imscrúdú ar dhaoine nó ar eagraíochtaí a fhaigheann spreagadh ó chreideamh agus ó dhóchas.

C Déan suirbhé ar phatrúin chreidimh i measc daoine óga agus déan comparáid idir na patrúin seo agus treochtaí náisiúnta.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn B**<br><br>**An Chríostaíocht** | **AIDHMEANNA**<br>1 Iniúchadh a dhéanamh ar an gcomhthéacs stairiúil inar rugadh Íosa.<br>2 Tuiscint a fhorbairt ar theachtaireacht agus ar fhís Íosa i gcomhthéacs a linne.<br><br>3 Imscrúdú a dhéanamh ar luathghluaiseacht na Críostaíochta – a féiniúlacht agus a fís.<br><br>4 Imscrúdú a dhéanamh ar iarrachtaí comhaimseartha agus stairiúla chun filleadh ar an bhfís bhunaidh. | |
| **Topaic 1** | **Ábhar** | **Torthaí** |
| **Íosa - a shaol agus a ré** | • Na córais pholaitiúla, shóisialta agus reiligiúnacha sa Phalaistín in aimsir Íosa.<br><br>• Fianaise stairiúil ar Íosa.<br><br>• Ionchais dhifriúla den Mheisias in aimsir Íosa.<br><br>• Tuiscint Ghiúdach ar Ríocht Dé.<br><br>• Fís Íosa maidir le Ríocht Dé.<br><br>• Teachtaireacht Íosa i gcoinbhleacht leis an mbunaíocht. | • Cur síos a dhéanamh ar na córais pholaitiúla, shóisialta agus reiligiúnacha sa Phalaistín in aimsir Íosa.<br><br>• Dhá fhoinse stairiúla d'fhianaise faoi Íosa a thabhairt.<br><br>• Ionchais dhifriúla den Mheisias in aimsir Íosa a mhíniú – Sagartúil, Dáivíoch, agus Fáidhiúil.<br><br>• Cur síos a dhéanamh ar an tuiscint Ghiúdach ar Ríocht Dé in aimsir Íosa.<br><br>• Breac-chuntas a thabhairt ar thréithe na Ríochta mar a bhí i seanmóireacht Íosa.<br><br>• Plé a dhéanamh ar an bhfáth go bhfacthas Íosa mar bhagairt ar an mbunaíocht.<br><br>• Míniú cén fáth gur cuireadh Íosa ar a thriail. |

**Roghanna taighde**

A Íosa ina ré agus ina áit féin – iniúchadh ar an gcomhthéacs Giúdach inar rugadh Íosa.

B Iniúchadh ar an bPalaistín mar a bhí agus mar atá.

C Iniúchadh ar an téama 'ag fanacht' (i gceol, i scannáin agus i saol an dalta féin).

D An triail.

Déan aithris arís ar thriail Íosa.

Déan imscrúdú ar na coincheapa difriúla na córa agus an dlí sa lá atá inniu ann.

Déan taighde ar chásanna inar tharla iomrall ceartais sa saol comhaimseartha, agus déan na cásanna seo a phlé.

| **Topaic 2** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Luathghluaiseacht na Críostaíochta** | • Bás agus aiséirí Íosa – dúshlán dá lucht leanúna.<br><br>• Na chéad phobail Chríostaí mar a fheictear iad trí scríbhinní Phóil.<br><br>• Creideamh, iompar agus stíl mhaireachtála phobail luaithe na Críostaíochta.<br><br>• Teannais laistigh den phobal agus leis an saol i gcoitinne.<br><br>• Conas a bhog an pobal ón bPalaistín go dtí an Róimh – príomhphointí ama ar an mbealach.<br><br>• Fianaise sheandálaíochta ar na chéad phobail Chríostaí. | • Breac-chuntas a thabhairt ar an bhfreagra a thug lucht leanúna Íosa ar a fhulaingt agus ar a bhás.<br><br>• Míniú a thabhairt ar an tionchar a bhí ag an aiséirí ar na deisceabail.<br><br>• Cuntas a thabhairt ar na creidimh, ar iompar agus ar stíl mhaireachtála na luathphobal Críostaí, ag úsáid scríbhinní Phóil.<br><br>• Breac-chuntas a thabhairt ar roinnt foinsí teannais laistigh den phobal Críostaí (m.sh. iad sin nach raibh timpeallghearrtha a chuimsiú) agus lasmuigh de.<br><br>• Cuntas a thabhairt ar na príomhphointí i scaipeadh na Críostaíochta ón bPalaistín go dtí an Róimh.<br><br>• Dhá shampla a thabhairt d'fhianaise sheandálaíochta maidir leis na chéad phobail Chríostaí. |

Roghanna taighde

A Déan imscrúdú ar fhoinsí neamh-bhíobalta ar bhás Íosa.

B Déan taighde ar thuiscintí reiligiúnacha difriúla maidir leis an aiséirí agus an saol tar éis bháis.

C Déan iniúchadh ar na dinimicí a bhaineann le caidrimh idir an Eaglais agus an Stát – mar a bhí agus mar atá.

D Déan aithris ar phointe coinbhleachta laistigh den luathphobal Críostaí. Déan é seo a phlé ó pheirspictíochtaí difriúla.

| **Topaic 2** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Ag filleadh ar an mbunús** | • Ag filleadh ar an mbunús mar phatrún in institiúidí reiligiúnacha agus saolta.<br><br>• An cuspóir agus an iarmhairt a bhaineann leis an bhfís bhunaidh a | • Samplaí a thabhairt den treocht chomhaimseartha maidir le filleadh ar an mbunús.<br><br>• Míniú a thabhairt ar chuspóir an fhillte agus ar a iarmhairt. |

| | | |
|---|---|---|
| | aimsiú arís.<br><br>• Ag filleadh ar an mbunús mar phatrún sa Chríostaíocht | • Plé a dhéanamh ar dhá iarracht ar a laghad a rinneadh chun fís bhunaidh na Críostaíochta a athchóiriú – m.sh. gluaiseacht Mhainistreach an 12ú haois, Luther, an Ghluaiseacht Shoiscéalaíochta sa Phrotastúnachas go luath sa 19ú haois, an Dara Comhairle Vatacánach, Diagacht na Saoirse. |

**Roghanna taighde**

A  Déan iniúchadh sonrach ar shampla amháin d'iarracht le filleadh ar an mbunús sa Chríostaíocht.

B  Ullmhaigh díospóireacht sa rang ar an topaic 'Tá an Chríostaíocht imithe ar seachrán agus caithfidh sí filleadh ar a fís bhunaidh'.

C Cuir duine níos sine faoi agallamh maidir leis na hathruithe atá feicthe acu ina saol ar thraidisiún reiligiúnach áirithe.

**Roinn C** — **AIDHMEANNA**

**Creidimh reiligiúnacha in Éirinn inniu**

1. Chun meas agus ómós a spreagadh don saibhreas atá ag traidisiúin reiligiúnacha in Éirinn sa lá atá inniu ann.

2. Chun iniúchadh a dhéanamh ar dhá mhórthraidisiún reiligiúnacha bheo, agus comparáid agus codarsnacht a dhéanamh ar ghnéithe díobh sin.

3. Imscrúdú a dhéanamh ar ghluaiseachtaí reiligiúnacha nua atá tagtha chun cinn in Éirinn sa lá atá inniu ann.

| **Topaic 1** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Reiligiún – ilghnéitheacht shaibhir creidiúintí** | • Traidisiúin reiligiúnacha in Éirinn.<br><br>• Treochtaí reiligiúnacha in Éirinn.<br><br>• Ag maireachtáil le héagsúlacht – deis nó bagairt? | • Taighde a dhéanamh ar líon na dtraidisiún reiligiúnach difriúil in Éirinn inniu agus ar a mbunús.<br><br>• Cur síos a dhéanamh ar mhórthreochtaí reiligiúnacha in Éirinn sa lá atá inniu ann. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Plé idirchreidmheach. | • Sainmhíniú a thabhairt ar a bhfuil i gceist le plé idirchreidmheach agus nádúr agus cuspóir dialóige den sórt sin a phlé. |

**Roghanna taighde**

A  Cuir díospóireacht ar bun faoin topaic - 'Láidreoidh ilchineálacht reiligiúnach in Éirinn creideamh gach duine'.

B  Tabhair faoi shuirbhé i do cheantar áitiúil le fáil amach cad iad na traidisiúin reiligiúnacha a bhfuil fianaise orthu ann.

C  Bain úsáid as an idirlíon chun taighde a dhéanamh ar staid reatha an phlé idirchreidmhigh. (Féach liosta acmhainní le haghaidh seoltaí idirlín.)

| **Topaic 2** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Súil níos géire ar dhá mhórthraidisiún bheo** | Roghnaigh péire astu seo a leanas – An Chríostaíocht, An Giúdachas, An tIoslamachas, An Búdachas, An Hiondúchas agus déan iniúchadh:<br>• ar a mbunús, a mbunaitheoir agus a suíomh<br><br>• a bhfís den slánú/saoradh<br><br>• a samhail den duine<br><br>• an bealach a dhéanann na traidisiúin sin an 'Pobal' a eagrú<br><br>• an ról atá ag deasghnátha agus ag ceiliúradh sa dá thraidisiún<br><br>• ionad na mban agus na bhfear laistigh den dá thraidisiún. | • Úsáid a bhaint as an idirlíon chun taighde a dhéanamh ar bhunús, ar bhunaitheoir agus ar shuíomh dhá mhór-reiligiún dhomhanda.<br><br>• Comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir an fhís den slánú/saoradh a mholann an dá thraidisiún.<br><br>• Cur síos a dhéanamh ar an tuiscint maidir leis an duine daonna a chuireann an dá thraidisiún i láthair<br><br>• Cuntas a thabhairt ar an gcaoi a n-eagraítear an pobal ar leibhéil áitiúla agus dhomhanda.<br><br>• Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann an traidisiún ceiliúradh ar eochairmhóimintí sa bheatha nó sna séasúir. |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Comparáid a chur i láthair de ról na bhfear agus na mban in dhá reiligiún dhomhanda. |

**Roghanna taighde**

A Tabhair cuireadh do chainteoir labhairt faoina (h)eispéireas féin ag maireachtáil leis an gcreideamh.
B Eagraigh cuairt ranga chuig ionad adhartha i gcomhairle leis an gceannaire reiligiúnach ábhartha.
C Eagraigh cuardach gréasáin chun tuilleadh a fháil amach faoi na mór-reiligiúin dhomhanda. (Féach an liosta acmhainní le seoltaí idirlín a fháil.)

| **Topaic 3** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Gluaiseachtaí reiligiúnacha nua** | • Cad is cultas ann?<br>• Cad is seict ann? | • Sainmhíniú ar 'cultas' agus samplaí a thabhairt. |
| | • An gaol idir reiligiúin thraidisiúnta agus gluaiseachtaí reiligiúnacha nua. | • Sainmhíniú ar 'seict' agus samplaí a thabhairt. |
| | • Staidéar ar ghluaiseacht reiligiúnach nua lena n-áirítear a bunú, a mórchreidiúintí agus stíl mhaireachtála a cuid ball. | • Plé a dhéanamh ar na fáthanna a gcuirtear in aghaidh sainmhínithe go minic. |
| | | • Taighde a dhéanamh ar ghluaiseacht reiligiúnach nua amháin atá gníomhach in Éirinn sa lá atá inniu ann. |

**Roghanna taighde**

A Eagraigh díospóireacht ar an topaic 'Is ionann cultas duine amháin agus reiligiún duine eile. Bíonn gach reiligiún ina chultas nó ina sheict i dtosach'.

B Gluaiseachtaí reiligiúnacha nua – bagairt nó deis?

C Pléigh tréithe na ngluaiseachtaí reiligiúnacha nua a théann i gcion ar dhaoine óga. Pléigh conas is féidir le creidimh eile rud éigin a fhoghlaim uaidh seo.

| **Roinn D** | **AIDHMEANNA** |
|---|---|
| **Moráltacht á cur i ngníomh** | 1 Na céimeanna a bhaineann le forás morálta a thuiscint.<br><br>2 Próiseas a bhaineann le cinnteoireacht ar bhonn morálta a chur in iúl do dhaltaí, agus smaoineamh ar an impleacht atá ag an bpróiseas seo do chinnteoireacht phearsanta.<br><br>3 Na gnéithe agus an comhthéacs a bhaineann le cinntí morálta a thuiscint.<br><br>4 Machnamh criticiúil a dhéanamh ar raon saincheisteanna morálta ó thaobh peirspictíocht reiligiúnach de. |

| **Topaic 1** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **A bheith morálta** | • Cén fáth a mbeifeá morálta?<br><br>• Peirspictíochtaí stairiúla ar mhoráltacht.<br><br>• Na céimeanna d’fhorás morálta.<br><br>• Tionchair ar phrionsabail mhorálta: piaraí, teaghlach, na meáin, cultúr, reiligiún, srl.<br><br>• An coinsias – conas a dhéantar forbairt air?<br>Cad is coinsias oilte ann?<br>An ról atá ag reiligiún ó thaobh an coinsias a threorú?<br><br>• Peaca pearsanta agus struchtúrach. | • Machnamh pearsanta ar phríomhthionchair ar phrionsabail & ar chinntí morálta pearsanta.<br><br>• Tabhair samplaí a léiríonn an mhoráltacht mar fheiniméan nádúrtha.<br><br>• Tabhair samplaí agus mínigh conas atá ár dtuiscint ar shaincheisteanna morálta ag athrú leis an stair, m.sh. sclábhaíocht, fostú páistí, pionós an bháis.<br><br>• Liostaigh na céimeanna den fhorás morálta mar atá leagtha amach ag teoiricí amháin.<br><br>• Tabhair sainmhíniú ar an gcoinsias, agus mínigh an ról atá aige sa chinnteoireacht mhorálta.<br><br>• Tabhair sainmhíniú ar an bpeaca pearsanta agus struchtúrach. |

**Roghanna taighde**

A Úsáid nuachtáin agus meáin eile chun díospóireacht mhorálta reatha a leanúint.

B Úsáid nuachtáin agus meáin eile chun samplaí reatha de pheacaí pearsanta agus struchtúracha a aimsiú. Ina theannta sin, aimsigh samplaí de dhaoine ag gníomhú ar bhealach a mheastar mar bhealach 'maith' nó 'morálta'.

C Féach siar ar mar a d'fhorbair tuiscint faoi shaincheist mhorálta amháin de réir a chéile, m.sh. sclábhaíocht, pionós corpartha, fostú páistí.

| **Topaic 2** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **An mhoráltacht agus creideamh reiligiúnach** | An difríocht idir an duine reiligiúnach agus an duine morálta a lua. | • Na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir duine reiligiúnach agus duine morálta a lua. |
| | • Fís eiticiúil Íosa maidir le 'gaol ceart'. | • Cuntas a thabhairt ar an tuiscint a bhí ag Íosa ar an 'ngaol ceart'. |
| | • An tionchar a bhí ag cúlra Giúdach Íosa ar a fhís mhorálta – m.sh. an riail óir. | • É seo a phlé le samplaí faoin gcaoi a raibh tionchar ag cúlra Giúdach Íosa ar a fhís mhorálta. |
| | • Tuiscint na Críostaíochta ar pheaca agus ar athmhuintearas. | • É seo a phlé le samplaí faoin gcaoi a mbíonn impleachtaí pearsanta, sóisialta agus struchtúracha ag an bpeaca. |
| | • Fís eiticiúil traidisiún creidimh eile. | • Achoimre a thabhairt ar an bhfís eiticiúil atá ag mór-reiligiún amháin, seachas an Chríostaíocht. |

**Roghanna taighde**

A Déan comparáid ar an riail óir mar a bhíonn i dtraidisiúin reiligiúnacha dhifriúla.

B Déan iniúchadh ar conas a ionchorpraítear cúram don domhan i bhfís mhorálta mhór-reiligiúin amháin.

| **Topaic 3** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Aincheisteanna morálta** | • An próiseas a bhaineann le cinnteoireacht mhorálta. | • Próiseas a mholadh chun cinnteoireacht mhorálta aibí a dhéanamh i gcás aincheist mhorálta. |
| | • Samplaí de chinnteoireacht mhorálta á cur i ngníomh. | |
| | • An ról atá ag reiligiún i gcinnteoireacht mhorálta. | • Tabhair samplaí den phróiseas thuas ag cur péire díobh seo a leanas san áireamh: |

- aincheist pholaitiúil nó eacnamaíoch
- aincheist idirphearsanta nó ghnéasach
- saincheist lena mbaineann cúrsaí leighis agus eiticí eolaíochta.

• Míniú a thabhairt ar an ról atá ag peirspictíocht reiligiúnach i gcinnteoireacht mhorálta.

**Roghanna taighde**

A Déan plé i ngrúpaí beaga ar conas a d’fhéadfaí próiseas cinnteoireachta morálta a úsáid chun roinnt aincheisteanna morálta difriúla a réiteach.

B Féach ar scannán comhaimseartha a thugann aghaidh ar an téama a bhaineann le cinnteoireacht mhorálta agus pléigh na peirspictíochtaí difriúla atá léirithe sa scannán agus na nithe a d’imir tionchar orthu.

C Coinnigh dialann chun luachanna agus na tionchair phearsanta a bhíonn ar chinnteoireacht phearsanta a aithint.

| Roinn E | AIDHMEANNA | |
|---|---|---|
| **Labhairt faoi Dhia** | 1 Imscrúdú a dhéanamh ar shamhail reatha Dé agus í a chur i gcomparáid leis an íomhá de Dhia a bhíonn ag daoine nuair a bhíonn siad óg.<br><br>2 Imscrúdú a dhéanamh ar íomhánna de Dhia in ealaín/ceol/litríocht agus i gcultúr comhaimseartha.<br><br>3 Imscrúdú a dhéanamh ar íomhánna de Dhia in dhá mhór-reiligiún.<br><br>4 Iniúchadh a dhéanamh ar íomhánna de Dhia sa scrioptúr/i dtéacsanna naofa. | |
| **Topaic 1** | **Ábhar** | **Torthaí** |
| **An íomhá atá agam de Dhia** | • An íomhá atá agam de Dhia. | • Machnamh criticiúil a dhéanamh ar an íomhá atá agam féin de Dhia. |
| | • Íomhánna de Dhia in ealaín/ceol/litríocht agus i gcultúr comhaimseartha. | • Samplaí a thabhairt d'íomhánna éagsúla de Dhia in ealaín/ceol/litríocht agus i gcultúr comhaimseartha. |
| | • 'Dia na mbearnaí'. | • A bheith in ann critíc a thabhairt ar 'Dia na mbearnaí'. |

**Roghanna taighde**

A  Déan iniúchadh ar íomhánna de Dhia in ealaín, i gceol nó i litríocht.

B  Déan iniúchadh ar chuntais dhifriúla de bhunús na cruinne ó thaobh na heolaíochta agus an reiligiúin de.

C  Cuir íomhánna de Dhia ón óige i gcomparáid le híomhánna de Dhia le linn bhlianta an déagóra.

| Topaic 2 | Ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **Íomhánna de Dhia i dtéacs naofa** | • Íomhánna inscneacha de Dhia i dtéacsanna naofa. | • Taighde a dhéanamh ar íomhánna éagsúla de Dhia i |

| | | |
|---|---|---|
| | | dtéacsanna naofa. |
| | • An gaol idir íomhánna de Dhia i dtéacsanna naofa agus ionad na bhfear agus na mban ina gcuid traidisiún agus adhartha. | • An gaol a d'fhéadfadh a bheith idir íomhánna inscneacha de Dhia agus ról na mban agus na bhfear sa traidisiún agus i gcúrsaí adhartha a phlé. |

**Roghanna taighde**

A Déan iniúchadh ar shaincheist córa chomhaimseartha agus conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag íomhánna difriúla de Dhia ar an tuiscint atá ag an duine ar an tsaincheist sin.

B Féach siar ar ról na mban agus ar an gcúnamh a thug mná i dtraidisiún Eaglaise amháin.

C Eagraigh díospóireacht ar an topaic 'Nuair atá Dia fireann ansin is é Dia an fear'.

| **Topaic 3** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Dia 'i gcúrsaí beaga an tsaoil'** | • Na himpleachtaí atá ag íomhánna de Dhia don bheatha. | • Plé a dhéanamh ar an ngaol atá idir íomhá an duine de Dhia agus tuairim duine faoin saol agus caidrimh le daoine eile. |
| | • Comharthaí agus deasghnátha – pointí speisialta de láithreacht Dé. | • Breac-chuntas a thabhairt ar thuiscint Chríostaí ar na sacraimintí |
| | • Deasghnátha Neamh-Chríostaí. | • Sampla a thabhairt de dheasghnáth neamh-Chríostaí agus míniú a thabhairt ar an tábhacht atá leis do lucht leanúna an traidisiúin sin. |

**Roghanna taighde**

A Tabhair cuireadh do dhaltaí dialann a choinneáil ag breacadh síos na n-amanna nuair a

aithníonn siad an ‘tuilleadh’ ina saol ó lá go lá.
Cruthaigh spás do dhaltaí chun scéalta a insint óna dtaithí féin ar na hamanna seo.

B Tabhair cuireadh do dhaltaí a bheith rannpháirteach i ndeasghnáth/féachaint ar dheasghnáth Críostaí agus neamh-Chríostaí araon.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn F** | **AIDHMEANNA** | |
| **Creideamh beo – an rud cóir a dhéanamh** | 1 Bunphrionsabail agus bunmhodhanna na hanailíse sóisialta a chur i láthair.<br><br>2 Na naisc idir creideamh reiligiúnach agus tiomantas, agus bearta ar son na córa agus na síochána a aithint agus a anailísiú .<br><br>3 Iniúchadh a dhéanamh ar raon saincheisteanna córa ó pheirspictíocht reiligiúnach.<br><br>4 A bheith rannpháirteach i ngníomh ar son na córa mar léiriú ar chreideamh i mbun gnímh. | |
| **Topaic 1** | **Ábhar** | **Torthaí** |
| **Anailís shóisialta** | • Machnamh a dhéanamh ar do chás féin agus ar do chomhthéacs féin i bhfianaise ceisteanna faoi chumhacht, acmhainní, brí, luachanna agus caidrimh.<br><br>• Príomhstruchtúir eacnamaíocha, pholaitiúla, chultúrtha agus shóisialta a aithint.<br><br>• Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn struchtúir chun an 'status quo' a choimeád.<br><br>• Anailís shóisialta – uirlis i dteagasc reiligiúnach agus saolta. | 1 Na struchtúir eacnamaíocha, pholaitiúla, chultúrtha agus shóisialta is mó a aithint laistigh de chás an duine féin a mbíonn tionchar acu ar na nithe seo a leanas:<br><br>• leithdháileadh acmhainní<br><br>• na foinsí agus na cineálacha cumhachta<br><br>• príomhchaidrimh phearsanta agus idirphearsanta<br><br>• an bhrí agus an luach a thugtar do dhaoine agus dá gcás.<br><br>2 A bheith in ann plé a dhéanamh ar conas a fheidhmíonn fachtóirí struchtúracha chun míchothromaíochtaí áirithe a |

| | | |
|---|---|---|
| | | choimeád m.sh. bochtaineacht, inscne, idirdhealú. |
| | | 3. Breac-chuntas a thabhairt ar conas a bhaineann pobal creidmheach úsáid as anailís shóisialta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist chomhaimseartha maidir leis an gcóir. |

**Roghanna taighde**

A I ngrúpaí beaga déan imscrúdú ar shaincheisteanna éagsúla idirdhealaithe atá ann inniu agus na cúiseanna atá leo.

B Súil ar na meáin – féach ar thuairiscí i nuachtáin áitiúla agus náisiúnta chun féachaint conas a dhéantar tuairisciú ar cheisteanna a bhaineann le bochtaineacht.

C Tóg doiciméad eisithe ag pobal creidimh agus déan staidéar ar conas a úsáidtear anailís shóisialta ann.

| **Topaic 2** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Cóir – i gcroílár gach rud** | • Tuiscintí difriúla saolta maidir lena bhfuil i gceist le 'cóir'.<br><br>• Tuiscintí maidir lena bhfuil i gceist le cóir i bpobail chreidimh dhifriúla. | • A bheith in ann comparáid a dhéanamh idir tuiscint shaolta ar an gcóir agus tuiscint reiligiúnach ar an gcóir. |
| | • An fhís Ghiúdach-Chríostaí maidir leis an gcóir. | • Breac-chuntas a thabhairt ar phríomhghnéithe den fhís Ghiúdach-Chríostaí ar an gcóir. |
| | • Íosa agus an chóir. | • Breac-chuntas a thabhairt ar phríomhthréithe den fhís a bhí ag Íosa de Ríocht Dé.<br><br>• Samplaí a thabhairt d'Íosa ag seasamh ar son na córa ina chomhthéacs féin agus an bhaint atá ag na samplaí sin le saincheist sa lá atá inniu ann. |

**Roghanna taighde**

A Déan ról-imirt ar chás inar sheas Íosa ar son na córa. Ansin pléigh cásanna comhaimseartha a bhféadfadh baint a bheith acu leis an scéal seo.

B Déan iniúchadh ar an ngaol atá idir an chóir agus an tsíocháin trí chás-staidéir.

C Déan taighde ar shaol daoine atá ag obair ar son na córa.

| **Topaic 3** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **An chóir i mbun gnímh** | • An nasc idir an chóir agus an tsíocháin. | • Míniú agus léiriú a thabhairt ar an ngaol idir an chóir agus an tsíocháin. |
| | • An féidir a rá go bhfuil cogadh ceart riamh? | • Achoimre agus critíc a thabhairt ar theoiric an chogaidh chóir. |
| | • Cén fáth a bhfulaingíonn daoine ocras? | |
| | • Cearta daonna – cearta ó Dhia? (iniúchadh ar cheisteanna ciníochais, gnéasachais, srl) | • Míniú a thabhairt ar na cúiseanna a bhíonn le hocras domhanda agus freagra reiligiúnach a mholadh. |
| | • Cúram don domhan. | • Míniú a thabhairt ar an nasc idir dínit dhaonna agus cearta daonna i smaointeoireacht reiligiúnach. |
| | • Eagraíochtaí a oibríonn ar son na córa ó fhís reiligiúnach. | |
| | | • Míniú conas a thagann ciníochas, gnéasachas agus foirmeacha eile idirdhealaithe salach ar mhaireachtáil reiligiúnach. |
| | | • Míniú conas atá cúram don domhan nasctha leis an gcreideamh reiligiúnach. |

**Roghanna taighde**

A Ag baint úsáide as cás-staidéir, pléigh an ráiteas '*Injustice anywhere is a threat to justice everywhere*'. Martin Luther King Jn.

B   Tabhair cuairteoir isteach sa rang ó eagraíocht a oibríonn ar son na córa agus, mar bhealach chun é seo a leanúint suas, socraigh gníomh éigin ar son na córa is féidir le daltaí a dhéanamh.

C  Ag baint úsáide as an idirlíon, leabhair, scannáin, srl. déan taighde ar shaol duine a bhfuil ómós agat dó mar gheall ar an obair a dhéanann sé/sí ar son na córa, na síochána nó chun cúram a thabhairt don domhan.

| **Topaic 3** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Machnamh agus rinnfheitheamh** | • An gá atá ag an duine machnamh a dhéanamh i saol gnóthach. | • Plé a dhéanamh ar na fáthanna a bhfuil machnamh tábhachtach i saol duine óig. |
| | • Feidhm an mhachnaimh in dhá mhór reiligiún dhomhanda.<br>• An úsáid a bhaintear as téacsanna naofa agus inspioráideacha i gcúrsaí machnaimh. | • Míniú a thabhairt ar an téarma ‘machnamh’ agus cur síos a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as in dhá mhór-reiligiún dhomhanda. |
| | • An úsáid a bhaintear as mantra i gcúrsaí machnaimh. | • Taithí a fháil ar conas a úsáidtear téacsanna naofa agus mantra i gcúrsaí machnaimh. |
| | • Bunús agus forbairt roinnt traidisiún rinnfheithimh. | • Cuntas a thabhairt ar an mbunús atá ag traidisiún rinnfheithimh amháin agus forbairt an traidisiúin sin. |
| | • Roinnt léirithe nua-aimseartha ar an traidisiún seo. | • Plé a dhéanamh ar an tóir a bhíonn ar an traidisiún rinnfheithimh i gcónaí. |

**Roghanna taighde**

A  Tabhair cuireadh do dhaoine difriúla labhairt leis an rang faoi bhealaí machnaimh/urnaí.

B  Léigh píosaí ó údair dhifriúla ón traidisiún rinnfheithimh.

C  Cruthaigh spás naofa/spás ciúin, áit a mbeidh daltaí in ann taithí a fháil ar shuaimhneas agus ar mhachnamh.

| **Roinn H** | **AIDHMEANNA** | |
|---|---|---|
| **Scéal** | 1 Tuiscint a fháil ar chumhacht an scéil chun an fhírinne a chur in iúl ar go leor leibhéal.<br><br>2 Iniúchadh a dhéanamh ar an mbrí atá leis an 'bhfírinne' sa Bhíobla nó i dtéacs naofa eile.<br><br>3 Iniúchadh a dhéanamh ar chumhacht athraithe an scéil mar a bhí agus mar atá. | |
| **Topaic 1** | **Ábhar** | **Torthaí** |
| **Scéal** | • Cé a insíonn na scéalta?<br>• Cén cineálacha scéalta a bhíonn i réim inár gcultúr?<br><br>• Scéalta a bhfuil brí leo agus a bhfuil cumhacht athraithe acu.<br><br>Samplaí ón gcultúr comhaimseartha.<br><br>Samplaí ó théacsanna naofa. | • Samplaí a thabhairt de chineálacha difriúla scéalta sa lá atá inniu ann<br><br>• Cur síos a dhéanamh ar na gnéithe a bhaineann le scéal 'clasaiceach'.<br>• Scéal a roinnt ó eispéireas atá agat féin agus a bhfuil brí éigin leis.<br><br>• Samplaí a thaispeáint den chumhacht atá ag an téacs naofa mar scéal chun spreagadh agus inspioráid a thabhairt. |

**Roghanna taighde**

A Aimsigh samplaí de scéal comhaimseartha mar pharabal, mhiotas, idé-eolaíocht, aoir, srl.

B Bunaigh club leabhar ina léann gach duine 'clasaic' agus cuireann sé/sí i láthair an ranga é.

C Déan taighde ar chás-staidéir a léiríonn an tábhacht atá leis an scéal i saol daoine.

| **Topaic 2** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Cad is fírinne ann?** | • An bhrí atá leis an bhfírinne i saol coibhneasachta.<br><br>• Mura bhfuil sé "fíor", an ann dó?<br><br>• An fhírinne agus téacsanna naofa. | • A bheith in ann príomhchoincheapa a shainmhíniú.<br><br>• An difríocht idir tuiscint eolaíochta agus reiligiúnach den 'fhírinne' a thuiscint |

| | | |
|---|---|---|
| | • Daoine fásta ag baint brí as téacsanna naofa. | • A bheith in ann samplaí a thabhairt ó thaithí an duine féin ar chineálacha difriúla 'fírinne'. |
| | | • A bheith in ann samplaí a thabhairt ó théacsanna naofa de chineálacha difriúla fírinne. |
| | | • A bheith in ann achoimre a thabhairt de chur chuige comhaimseartha maidir le téacs naofa a léamh. |
| | | • A bheith in ann sampla de théacsanna naofa/bíobalta a léamh le 'críonnacht an duine fhásta'. |

**Roghanna taighde**

A Cuir nóisin eolaíochta den fhírinne i gcomparáid le coincheapa na fírinne a fhaightear i bhfilíocht, i gceol, agus i reiligiún.

B Tabhair cuireadh do dhaltaí i ngrúpaí rogha téacsanna naofa a léamh agus na sraitheanna difriúla den 'fhírinne' a nochtadh.

C Tabhair cuireadh do scoláire den Scrioptúr labhairt leis an rang faoi bhealaí cuir chuige nua-aimseartha maidir le téacsanna naofa a léamh.

| **Topaic 3** | **Ábhar** | **Torthaí** |
|---|---|---|
| **Scéal nochta Dé** | • Scéal Dé in go leor foirmeacha – brí an fhoilsithe i dtraidisiúin reiligiúnacha. | • Samplaí a thabhairt ó dhá mhór-reiligiún dhomhanda de scéalta faoi fhoilsiú Dé. |
| | • Cá bhfuil Dia ag labhairt inniu? | • Iniúchadh a dhéanamh ar scéalta comhaimseartha difriúla faoi fhoilsiú Dé. |
| | • Cuid de scéal Dé ar fad? Scéal an mhic léinn | • A bheith in ann plé a dhéanamh ar conas a bhíonn tionchar ag léirmhíniú reiligiúnach ar an mbeatha ar an duine. |

**Roghanna taighde**

A  Coinnigh súil ar na nuachtáin ar feadh seachtaine agus aithin na scéalta ar fad a bhfuil ábhar reiligiúnach ag baint leo.

B  Féach ar léirmhínithe difriúla d'fhoilsiú Dé i scríbhneoireacht chomhaimseartha, i gceol, i ndrámaíocht nó i scannáin.

C    Coinnigh dialann chun cuntas a choinneáil de na háiteanna agus na hamanna a bhféadfadh duine Dia a fheiceáil/a mhothú ina saol féin nó i saol daoine eile.